2026/2394

6.11.2026

MOLADH (AE) 2026/2394 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Deireadh Fómhair 2026

maidir le téarmaí conarthacha eiseamláireacha neamhcheangailteacha maidir le rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí agus clásail chonarthacha chaighdeánacha neamhcheangailteacha le haghaidh conarthaí néalríomhaireachta

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/2854 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 maidir le rialacha comhchuibhithe i dtaca le rochtain chothrom ar shonraí agus úsáid chothrom sonraí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Shonraí) ([1]), agus go háirithe Airteagal 41 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cuidíonn cearta agus oibleagáidí conarthacha cothroma le hiontaoibh idir rannpháirtithe sa mhargadh agus is féidir leo tacú leis an méadú ar rochtain chothrom ar shonraí agus ar úsáid chothrom sonraí chomh maith le margadh níos iomaíche do sheirbhísí próiseála sonraí, agus ar an gcaoi sin tairbhí iomlána geilleagair sonraí san Aontas a bhaint amach.

(2) Chun freastal ar riachtanais an gheilleagair dhigitigh agus chun fáil réidh leis na bacainní ar mhargadh inmheánach dea-fheidhmiúil le haghaidh sonraí, bunaíodh creat comhchuibhithe le Rialachán (AE) 2023/2854 lena sonraítear cén duine atá i dteideal sonraí táirge nó sonraí seirbhíse gaolmhara a úsáid, cé na coinníollacha a bhaineann leis sin agus cén bunús atá leis. Conarthaí is ea an uirlis lárnach a úsáidtear chun na críche sin i Rialachán (AE) 2023/2854. Ó cuireadh an Rialachán sin i bhfeidhm, níl úsáid sonraí bunaithe a thuilleadh ar rialú *de facto* ar shonraí, ach ar chonarthaí. Déantar é sin chun deimhneacht dhlíthiúil a chruthú a mhéid a bhaineann le cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe agus, ar an gcaoi sin, chun comhroinnt sonraí a chur chun cinn. Ina theannta sin, féachtar lena áirithiú le Rialachán (AE) 2023/2854, trí chonarthaí cothroma, go mbeidh cion cothrom de na tairbhí ann do na páirtithe uile sa slabhra luacha sonraí.

(3) Le Rialachán (AE) 2023/2854 déantar foráil maidir le cearta agus oibleagáidí páirtithe a bhfuil baint acu le rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí, leagtar síos rialacha maidir le comhroinnt éigeantach sonraí, agus cuirtear ar a gcumas do na páirtithe an tráth céanna feidhmiú praiticiúil a gceart agus a n-oibleagáidí i ndáil leis an rochtain sin ar shonraí agus an úsáid sin a chinneadh trí chonarthaí.

(4) Tá seirbhísí próiseála sonraí ina gcumasóir bunúsach don aistriú digiteach agus ina bpríomhthoisc iomaíochais sa ré dhigiteach. Príomhchoinníoll i dtaca le margadh níos iomaíche ina bhfuil bacainní iontrála níos ísle do sholáthraithe nua is ea cumas custaiméara malartú ó sheirbhís amháin chuig seirbhís eile, nó úsáid a bhaint as seirbhísí roinnt soláthraithe i gcomhthráth. Le Rialachán (AE) 2023/2854 leagtar síos rialacha maidir le cearta custaiméirí malartú ó sholáthraí seirbhíse próiseála sonraí chuig soláthraí eile nó chuig bonneagar san áitreabh, agus soláthraítear coinníollacha agus nósanna imeachta sonracha, lena gcumhdaítear freisin slándáil agus leanúnachas gnó le linn an phróisis malartaithe. Cuirtear úsáid chomhthreomhar seirbhísí iomadúla próiseála sonraí san áireamh i Rialachán (AE) 2023/2854 freisin, rud a thacaíonn le straitéisí ilnéil a chur in úsáid go rathúil. Ina theannta sin, foráiltear le Rialachán (AE) 2023/2854 nach mór do na páirtithe uile a bhfuil baint acu le malartú oibriú i gcomhar de mheon macánta.

(5) Déantar cearta agus oibleagáidí custaiméirí agus soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí a shainiú i gconarthaí seirbhíse próiseála sonraí. Le Rialachán (AE) 2023/2854 tugtar isteach oibleagáid ar sholáthraithe seirbhíse próiseála sonraí deireadh a chur le bacainní a d'fhéadfadh cosc a chur ar chustaiméirí malartú, lena n-áirítear bacainní conarthacha.

(6) De bhun Airteagal 41 de Rialachán (AE) 2023/2854, cuirtear de chúram ar an gCoimisiún téarmaí conarthacha eiseamláireacha maidir le rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí agus clásail chonarthacha chaighdeánacha le haghaidh conarthaí néalríomhaireachta a fhorbairt, mar uirlis lena dtacaítear leis na páirtithe na conarthaí sin a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích agus chun samhlacha a chur chun cinn ina bhfuil cearta agus oibleagáidí conarthacha atá cothrom, réasúnta agus neamh-idirdhealaitheach.

([1]) IO L, 2023/2854, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2854/oj.

(7) De réir Rialachán (AE) 2023/2854, tá sé de phríomhchuspóir ag na samhlacha sin cuidiú le fiontair, go háirithe FBManna, conarthaí den sórt sin a dhréachtú, a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích. Luaitear freisin le Rialachán (AE) 2023/2854 gur cheart a bheith d'éifeacht thairbhiúil ag na téarmaí conarthacha eiseamláireacha sin, nuair a úsáidtear go forleathan agus go hiomlán iad, go n-imreoidh siad tionchar ar dhearadh conarthaí maidir le rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí agus, dá bhrí sin, gur cheart caidreamh conarthach níos cothroime a bheith mar thoradh orthu agus rochtain á fáil ar shonraí agus iad á gcomhroinnt.

(8) Léirítear leis na cuspóirí sin gur cheart ról tábhachtach a bheith ag téarmaí conarthacha eiseamláireacha agus clásail chonarthacha chaighdeánacha maidir le Rialachán (AE) 2023/2854 a chur i bhfeidhm agus maidir le léiriú a thabhairt ar an gcaoi a bhféadfaí conarthaí cothroma lena gcuirtear Rialachán (AE) 2023/2854 i bhfeidhm a dhearadh, lena n-áirítear do chúirteanna agus clásal ginearálta an rialaithe éagóra a leagtar síos i Rialachán (AE) 2023/2854 á chur i bhfeidhm acu. Thairis sin, mar a fhoráiltear in aithris 55 de Rialachán (AE) 2023/2854, ba cheart do chomhlachtaí um réiteach díospóidí na téarmaí conarthacha eiseamláireacha a chur san áireamh chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Rialacháin a áirithiú.

(9) Is coincheap fíor-riachtanach í an tsaoirse chonarthach sa chaidreamh gnólacht le gnólacht agus, dá réir sin, cumhdaítear í leis an tsaoirse fiontraíochta faoi Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Leis seo, cuireann an Coimisiún samhlacha de chineál neamhcheangailteach ar fáil do rannpháirtithe sa mhargadh le haghaidh a gcaidrimh chonarthaigh agus, má roghnaíonn na páirtithe conarthacha iad a úsáid, is féidir iad a oiriúnú, mar a mhínítear freisin in Iarscríbhinn I, lena dtugtar isteach na téarmaí agus na clásail eiseamláireacha. Ba le haghaidh caidreamh gnólacht le gnólacht go príomha a forbraíodh na téarmaí agus na clásail sin agus Rialachán (AE) 2023/2854 agus reachtaíocht eile de chuid an Aontais á gcur san áireamh. Mar is amhlaidh i gcás na gconarthaí uile, i gcás ina ngabhfaidh páirtithe de chaidreamh conarthach a bhaineann le sonraí, ní mór dóibh forálacha sainordaitheacha dhlí an Aontais a chomhlíonadh, amhail Rialachán (AE) 2023/2854, Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) nó forálacha sainordaitheacha dhlí na dtomhaltóirí, chomh maith le forálacha sainordaitheacha an dlí náisiúnta is infheidhme maidir leis an gconradh áirithe sin.

(10) Dá mbeadh téarmaí conarthacha éagóracha ann, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé chomh hinmharthana ó thaobh na tráchtála de nó, uaireanta, go mbeadh sé toirmeascach ó thaobh na heacnamaíochta de rochtain a fháil ar shonraí nó malartú idir soláthraithe seirbhíse próiseála sonraí.

(11) Le Rialachán (AE) 2023/2854 tugtar isteach rialú éagóra ar théarmaí conarthacha maidir le rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí nó dliteanas agus leigheasanna i leith an tsáraithe nó foirceannadh oibleagáidí a bhaineann le sonraí, i gcás ina bhforchuirfidh páirtí go haontaobhach iad i gconarthaí a thugtar i gcrích idir fiontair. Leis na téarmaí eiseamláireacha agus na clásail chaighdeánacha, breithníodh freisin na forálacha a bhaineann leis an rialú éagóra sin.

(12) Is gá téarmaí conarthacha eiseamláireacha a leagan síos le haghaidh roinnt conarthaí lena gcumhdaítear rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí faoi raon feidhme Chaibidlí II, III agus IV de Rialachán (AE) 2023/2854. Leis an gcéad chonradh eiseamláireach a mholtar, rialaítear an chomhbhaint dhlíthiúil idir úsáideoir táirge nasctha nó seirbhíse gaolmhaire, atá i dteideal, faoi Rialachán (AE) 2023/2854, rochtain a fháil ar shonraí agus iad a úsáid, agus sealbhóir sonraí (Iarscríbhinn II). Cé go bhféadfar na téarmaí conarthacha eiseamláireacha sin a úsáid mar chonradh ar leithligh i gcomhthráth le conarthaí eile, is é sin a) an conradh chun táirge nasctha a cheannach, a fháil ar cíos nó a léasú, b) an conradh maidir le soláthar seirbhísí gaolmhara nó c) aon chonradh is gá a thabhairt i gcrích faoi Rialachán (AE) 2016/679, féadfar iad a chomhtháthú freisin i gconradh foriomlán, lena gcumhdaítear mar shampla ceannach an táirge nasctha. Is idir an t-úsáideoir agus faighteoir sonraí (Iarscríbhinn III) atá an dara cineál conartha a chumhdaítear leis na téarmaí conarthacha eiseamláireacha. Is idir an sealbhóir sonraí agus faighteoir sonraí atá an tríú conradh eiseamláireach a chumhdaítear, a bhaineann le cásanna ina bhfuil oibleagáid dhlíthiúil ar shealbhóir sonraí sonraí a chur ar fáil do thríú páirtí, amhail oibleagáid chun sonraí maidir le táirgí nasctha nó seirbhísí gaolmhara a chur ar fáil d'fhaighteoir sonraí arna shonrú ag an úsáideoir (Iarscríbhinn IV). An ceathrú conradh eiseamláireach a chumhdaítear, tugtar i gcrích é idir fiontair a chomhroinneann sonraí ar bhonn deonach agus tá sé faoi réir an rialaithe éagóra faoi Rialachán (AE) 2023/2854 (Iarscríbhinn V).

(13) Is gá clásail chonarthacha chaighdeánacha a leagan síos is féidir a áireamh i gconarthaí maidir le seirbhísí próiseála sonraí chun léiriú a thabhairt ar chearta agus oibleagáidí custaiméirí agus soláthraithe, i bhfianaise Chaibidil VI de Rialachán (AE) 2023/2854 agus i bhfianaise gur gá bacainní conarthacha ar mhalartú a bhaint agus chun cearta agus oibleagáidí conarthacha atá cothrom, réasúnta agus neamh-idirdhealaitheach a áirithiú (Iarscríbhinní VI go XII).

([2]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), (IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

(14) Chun úsáid na dtéarmaí eiseamláireacha agus na gclásal caighdeánach a éascú, ba cheart treoraíocht agus mínithe i bhfoirm boscaí faisnéise a áireamh. Is é is aidhm don treoraíocht agus do na mínithe tacú leis na páirtithe trí thagairtí a sholáthar do na hoibleagáidí dlíthiúla ábhartha, crostagairtí a dhéanamh idir na téarmaí agus na clásail agus, nuair is gá, trína mhíniú cé na hiarmhairtí a bheidh ag na roghanna nach mór do na páirtithe a dhéanamh, mar a léirítear sna roghanna éagsúla le haghaidh téarma nó clásal conarthach ar leith,

AG MOLADH AN MHÉID SEO A LEANAS:

(1) Go n-úsáidfidh na páirtithe conarthacha na téarmaí conarthacha eiseamláireacha maidir le rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí mar a leagtar amach in Iarscríbhinní I go V.

(2) Go n-úsáidfidh na páirtithe conarthacha na clásail chonarthacha chaighdeánacha mar a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus VI go XII - le haghaidh conarthaí néalríomhaireachta.

(3) Go gcuirfidh na Ballstáit úsáid na dtéarmaí conarthacha eiseamláireacha agus na gclásal conarthach caighdeánach molta chun cinn, lena n-áirítear trína gcomhlachtaí ainmnithe um réiteach díospóidí agus trína n-údaráis inniúla dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2023/2854.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Michael McGRATH
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN I

RÉAMHRÁ GINEARÁLTA

1. **Cúlra**

In 2022, bhunaigh an Coimisiún Grúpa Saineolaithe a bhí comhdhéanta de shaineolaithe a ceapadh ina gcáil phearsanta chun tacú leis an gCoimisiún uirlisí praiticiúla a sholáthar do na rannpháirtithe sa mhargadh a mbeadh cearta agus oibleagáidí nua á bhfeidhmiú acu faoi Rialachán (AE) 2023/2854 (dá ngairtear thíos an Gníomh um Shonraí). Dhréachtaigh na saineolaithe téarmaí conarthacha eiseamláireacha le haghaidh rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí agus clásail chonarthacha chaighdeánacha le haghaidh seirbhísí próiseála sonraí. Áiríodh na téarmaí conarthacha eiseamláireacha agus na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo i dTuarascáil, a foilsíodh i mí Aibreáin 2025 ar chlárlann an ghrúpa . Fuair an Grúpa Saineolaithe tacaíocht ó fhoghrúpa ina raibh cuideachtaí agus eagraíochtaí gnó Eorpacha agus náisiúnta. Thug an foghrúpa aiseolas do na saineolaithe le linn an phróisis dréachtaithe.

Chun ionchur breise a sholáthar do na saineolaithe, d'eagraigh ranna an Choimisiúin comhairliúcháin spriocdhírithe trí na dréachtshamhlacha a thástáil le cuideachtaí a dheonaigh gabháil don chleachtadh sin, chomh maith le dhá bhabhta comhairliúcháin phoiblí (ceann amháin i gcás an leagain de na téarmaí conarthacha eiseamláireacha agus de na clásail chonarthacha chaighdeánacha a d'ullmhaigh na saineolaithe agus ceann eile i gcás na leaganacha críochnaitheacha a áirítear sa Tuarascáil ón nGrúpa Saineolaithe).

Ar bhonn na Tuarascála ón nGrúpa Saineolaithe agus ar bhonn an ionchuir a fuarthas le linn na n-imeachtaí comhairliúcháin phoiblí agus mar a cheanglaítear faoi Airteagal 41 den Ghníomh um Shonraí, d'ullmhaigh an Coimisiún na téarmaí conarthacha eiseamláireacha agus na clásail chonarthacha chaighdeánacha, a áirítear mar iarscríbhinní a ghabhann leis an Moladh seo.

Tá na téarmaí conarthacha eiseamláireacha agus na clásail chonarthacha chaighdeánacha neamhcheangailteach. Dréachtaíodh iad sa chaoi gur féidir leis na páirtithe iad a oiriúnú de réir a riachtanas conarthach. Mar sin féin, ní mór do na páirtithe cuimhneamh gur dréachtaíodh na téarmaí conarthacha eiseamláireacha agus na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo sa chaoi go mbeidís i gcomhréir leis na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear leis an nGníomh um Shonraí agus gur ceapadh iad freisin sa chaoi go mbeidís comhsheasmhach le chéile. Áirítear iontu faisnéis maidir lena gcineál deonach agus comhairle atá le breithniú ag na páirtithe maidir leis na hiarmhairtí dlíthiúla a bheidh ann agus athruithe á ndéanamh acu. Ina theannta sin, ba cheart do chomhlachtaí um réiteach díospóidí a ainmnítear faoi Airteagal 10 den Ghníomh um Shonraí na téarmaí conarthacha eiseamláireacha agus na clásail chonarthacha chaighdeánacha a chur san áireamh.

Ba le haghaidh caidreamh conarthach gnólacht le gnólacht go príomha a dréachtaíodh na téarmaí conarthacha eiseamláireacha agus na clásail chonarthacha chaighdeánacha. Mar sin féin, is féidir iad a úsáid freisin sa chaidreamh idir gnólachtaí agus tomhaltóirí. Sa chás sin, áfach, ba ghá forálacha breise a chur leo chun an conradh a thabhairt i gcomhréir leis na rialacha sainordaitheacha maidir le cosaint tomhaltóirí (e.g. ceart an tomhaltóra chun tarraingt siar i gcás conarthaí a thugtar i gcrích ar líne/go cianda).

Úsáid na dtéarmaí conarthacha eiseamláireacha agus na gclásal conarthach caighdeánach sin, ní scaoileann sí na páirtithe óna n-oibleagáid a áirithiú go gcomhlíonfar aon fhoráil éigeantach is infheidhme de dhlí an Aontais nó den dlí náisiúnta. Tá sé de rogha na bpáirtithe agus dá rogha iomlán na téarmaí conarthacha eiseamláireacha agus na clásail chonarthacha chaighdeánacha a úsáid. Níl an Coimisiún faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a eascróidh as úsáid na gclásal.


Féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na téarmaí conarthacha eiseamláireacha agus na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo i bhfianaise a gcur i bhfeidhm agus a n-éifeachta ar ghnólachtaí agus ar chleachtais mhargaidh.

2. **Téarmaí conarthacha eiseamláireacha**

Forbraíodh na téarmaí conarthacha eiseamláireacha a leagtar amach in Iarscríbhinní II-V chun cuidiú le páirtithe conarthaí maidir le rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí (pearsanta agus neamhphearsanta) a dhréachtú agus a chaibidliú. Is é is aidhm do na conarthaí sin cearta agus oibleagáidí conarthacha atá cothrom, réasúnta agus neamh-idirdhealaitheach a áirithiú, lena n-áirítear cúiteamh réasúnta agus cosaint rún trádála.

Sainmhínítear na páirtithe conarthacha ag tús gach téarma chonarthaigh eiseamláirigh, agus na téarmaí a shainmhínítear leis an nGníomh um Shonraí ina ndiaidh, i gcás inarb ábhartha: sonraí, sealbhóir sonraí, úsáideoir, faighteoir sonraí, etc.

Cad iad na téarmaí conarthacha eiseamláireacha atá le húsáid le haghaidh cén cineál comhroinnte sonraí?



Ceapadh na téarmaí conarthacha eiseamláireacha in Iarscríbhinn II le haghaidh conarthaí idir sealbhóir sonraí agus úsáideoir táirge nasctha nó seirbhíse gaolmhaire, i gcás inar mian leis an sealbhóir sonraí úsáid a bhaint as sonraí a ghintear tríd an táirge/an tseirbhís a úsáid.

Ceapadh na téarmaí conarthacha eiseamláireacha in Iarscríbhinn III le haghaidh conarthaí idir úsáideoir táirge nasctha nó seirbhíse gaolmhaire agus faighteoir sonraí tríú páirtí, i gcás ina n-iarrann an t-úsáideoir ar shealbhóir sonraí sonraí a chur ar fáil d'fhaighteoir sonraí faoi Airteagal 5 den Ghníomh um Shonraí.

Ceapadh na téarmaí conarthacha eiseamláireacha in Iarscríbhinn IV le haghaidh conarthaí idir sealbhóir sonraí agus faighteoir sonraí tríú páirtí ar gnólacht é, i gcás ina bhfuil sé d'oibleagáid ar shealbhóir sonraí (faoi Airteagal 5 den Ghníomh um Shonraí) sonraí a chur ar fáil d'fhaighteoir arna iarraidh sin do cheann d'úsáideoirí an táirge. Féadfar iad a úsáid freisin agus leasuithe iomchuí orthu i gcás ina mbeidh sé d'oibleagáid ar shealbhóir sonraí sonraí a chur ar fáil d'fhaighteoir sonraí tríú páirtí faoi dhlí eile de chuid an Aontais nó faoi reachtaíocht náisiúnta eile a ghlactar faoi dhlí an Aontais.



Ceapadh na téarmaí conarthacha eiseamláireacha in Iarscríbhinn V le haghaidh conarthaí idir comhroinnteoir sonraí agus faighteoir sonraí i gcás inar mian leis an comhroinnteoir sonraí sonraí a chur ar fáil d'fhaighteoir sonraí go deonach agus go neamhspleách ar aon iarraidh ó úsáideoir nó ó pháirtí comhchosúil. Roghnaíodh an téarma 'comhroinnteoir sonraí' chun na cásanna iomadúla a d'fhéadfadh a bheith i gceist anseo a chur san áireamh.

Ba cheart do na páirtithe a gcás féin a shainaithint faoi threoir na gcásanna éagsúla a mhínítear thuas agus ansin na téarmaí conarthacha eiseamláireacha ábhartha a úsáid.

Stádas dlí na dtéarmaí conarthacha eiseamláireacha i ndáil leis an nGníomh um Shonraí agus le dlíthe eile is infheidhme

Ní dhéanann úsáid téarmaí conarthacha eiseamláireacha ag páirtithe conarthacha difear d'aon cheann de na cearta ná na hoibleagáidí atá acu faoin nGníomh um Shonraí nó faoi dhlí eile de chuid an Aontais nó faoi dhlíthe Ballstáit a ghlactar i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear oibleagáidí an rialaitheora agus cearta ábhar sonraí faoi Rialachán (AE) 2016/679, agus faoi dhlí na hiomaíochta.

Ba cheart do na páirtithe aird ar leith a thabhairt i gcás ina mbainfidh comhroinnt sonraí le sonraí pearsanta nó le tacair sonraí measctha. Go sonrach, ní mór do shealbhóirí sonraí sonraí pearsanta a chur ar fáil d'úsáideoirí nó do thríú páirtithe, mar a shainordaítear faoi Rialachán (AE) 2023/2854, fad atá bunús dlí ann i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus an fad sin amháin.

Maidir le haon chonradh, ní fhágann úsáid na dtéarmaí conarthacha eiseamláireacha ag na páirtithe go gcoisctear ar chúirt nó binse inniúil ná ar aon údarás riaracháin inniúil an conradh nó téarmaí áirithe de a chur i leataobh mura gcomhlíontar dlí an Aontais nó dlí Ballstáit.

3. CLÁSAIL CHONARTHACHA CHAIGHDEÁNACHA

Tá sé beartaithe leis na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo cúnamh a thabhairt do na páirtithe maidir le cur chun feidhme conarthach na gceart agus na n-oibleagáidí a eascraíonn as an nGníomh um Shonraí. Is tacar clásal modúlach iad na clásail chonarthacha chaighdeánacha, a chomhlánaíonn a chéile, ach is féidir iad a úsáid ar leithligh freisin. Tá sé beartaithe iad a chur isteach i gComhaontuithe Seirbhísí Próiseála Sonraí.

Is é is aidhm do na clásail chonarthacha chaighdeánacha cuidiú le custaiméirí agus soláthraithe na Seirbhísí Próiseála Sonraí uile a thagann faoi raon feidhme an Ghnímh um Shonraí, bídís poiblí, príobháideach nó eile, nó ina bhfiontair bheaga, mheánmhéide nó mhóra.

I gcomhréir le sainmhíniú an Ghnímh um Shonraí ar Sheirbhís Próiseála Sonraí, tá na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo infheidhme maidir le gach samhail néalseirbhíse, lena n-áirítear infreastruchtúr mar sheirbhís (IaaS), ardán mar sheirbhís (PaaS) agus bogearraí mar sheirbhís (SaaS), i gcás ina léiríonn siad na saintréithe a leagtar síos in Airteagal 2(8) den Ghníomh um Shonraí.

Ní ionchorpraítear ceanglais an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ([1]) sna clásail chonarthacha chaighdeánacha faoin nGníomh um Shonraí. Forálacha conarthacha chun comhlíonadh RGCS a áirithiú, ba cheart iad a áireamh sa chomhaontú. Ghlac an Coimisiún clásail chonarthacha chaighdeánacha maidir leis an gcaidreamh idir an rialaitheoir agus an próiseálaí, chun cuidiú le comhlíonadh RGCS agus le sonraí pearsanta a aistriú chuig tíortha lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) araon ([2]).

Leis na clásail chonarthacha chaighdeánacha faoi RGCS, tugtar caoi d'eintitis a úsáideann iad a áirithiú agus a léiriú go gcomhlíonann siad ceanglais áirithe de RGCS. Ní féidir leis na páirtithe na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo a mhodhnú, ach is féidir iad a áireamh i gconradh níos leithne nó a úsáid mar chomhaontú neamhspleách.

Conas na clásail chonarthacha chaighdeánacha a úsáid?

Cé go moltar go n-úsáidfear an tacar iomlán clásal conarthach caighdeánach, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach é atá sna clásail chonarthacha chaighdeánacha seo an Comhaontú iomlán maidir le Seirbhísí Próiseála Sonraí a mbeadh feidhm aige idir custaiméir agus soláthraí. Ábhair bhreise nach dtugtar aghaidh orthu leis an nGníomh um Shonraí ná leis na clásail chonarthacha chaighdeánacha, ní mór iad a bheith mar chuid de Chomhaontú den sórt sin.

Leagtar amach in Iarscríbhinn XII tacar 'Sainmhínithe' a úsáidtear sna clásail chonarthacha chaighdeánacha éagsúla agus atá ailínithe leis an nGníomh um Shonraí. Má úsáidtear sainmhínithe seachas iad siúd a mholtar sna clásail chonarthacha chaighdeánacha, ní mór na clásail chonarthacha chaighdeánacha a oiriúnú dá réir. Níl ann sin ach sampla amháin d'oiriúnuithe is féidir a dhéanamh agus úsáid á baint fós as an tacar iomlán clásal conarthach caighdeánach, nó as cuid de.

Chun tagairt dóibh a éascú, tá crostagairtí sna clásail chonarthacha chaighdeánacha lena nasctar forálacha áirithe de na clásail chonarthacha chaighdeánacha le forálacha ábhartha sa Ghníomh um Shonraí nó le clásail chonarthacha chaighdeánacha eile.

D'fhéadfadh feidhm a bheith ag rialacha agus ceanglais bhreise maidir le Seirbhísí Próiseála Sonraí in earnálacha sonracha ba cheart a chur san áireamh freisin (san earnáil airgeadais, sláinte, teileachumarsáide, tionsclaíochta, fuinnimh nó phoiblí, mar shampla). Leis an nGníomh um Shonraí, déantar foráil maidir le heisceachtaí ó oibleagáidí áirithe a bhaineann le clásail chonarthacha chaighdeánacha maidir le malartú agus scor. Is féidir tuilleadh mínithe a fháil sna clásail chonarthacha chaighdeánacha maidir le malartú agus scor.

Déantar foráil leis an nGníomh um Shonraí maidir le féidearthachtaí sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhíospóidí:

tá rochtain ag custaiméir agus soláthraí ar chomhlacht um réiteach díospóidí arna ainmniú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 10((4) den Ghníomh um Shonraí; agus

is féidir le gach ceann de na páirtithe gearán a dhéanamh leis an údarás inniúil ina Bhallstát féin i gcomhréir le hAirteagal 37((5)(b) den Ghníomh um Shonraí.

([1]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([2]) Foilseacháin maidir leis na Clásail Chonarthacha Chaighdeánacha - An Coimisiún Eorpach.

Mar sin féin, tráth an ainmnithe, sainíonn na Ballstáit cúraimí agus cumhachtaí an údaráis inniúil lena mbaineann, a d'fhéadfadh a bheith éagsúil go feadh méid áirithe idir Ballstáit éagsúla. D'fhéadfadh sé nach mbeadh an t-údarás sin inniúil chun gach díospóid idir an custaiméir agus an soláthraí a réiteach. Ní mór do na páirtithe measúnú a dhéanamh ar an mbealach is iomchuí chun a thabhairt ar an bpáirtí eile a oibleagáidí dlíthiúla agus conarthacha a chomhlíonadh, agus conas díospóidí a réiteach.

Féadfaidh na páirtithe a chomhaontú go gcumhdófar seirbhísí iomadúla le haon Chomhaontú amháin, ar a bhféadfar an 'máistir-chomhaontú seirbhísí' a thabhairt nó a bhféadfar teideal eile a thabhairt dó ('an Comhaontú'). Is cúis eile é sin go moltar go gcuirfí na clásail chonarthacha chaighdeánacha leis an gComhaontú. Má chumhdaítear na seirbhísí uile leis, agus má chinneann an custaiméir seirbhís amháin nó líon áirithe seirbhísí a mhalartú, leanfaidh an Comhaontú de bheith i bhfeidhm maidir leis na seirbhísí eile.

Má tá sé beartaithe ag na páirtithe gan na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo a úsáid ach go páirteach nó athruithe a dhéanamh orthu, ba cheart dóibh cuimhneamh go cúramach ar an gcaoi a ndéanfadh sé sin difear do na cearta agus na hoibleagáidí conarthacha. Moltar comhairle dlí agus comhairle ghairmiúil eile i gcónaí i gcásanna den sórt sin.

IARSCRÍBHINN II

TÉARMAÍ CONARTHACHA EISEAMLÁIREACHA

le haghaidh conarthaí maidir le rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí idir sealbhóirí sonraí agus úsáideoirí táirgí nasctha agus seirbhísí gaolmhara

Tá na téarmaí conarthacha eiseamláireacha sin ceaptha aghaidh a thabhairt ar rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí agus ar ábhair chonarthacha ghaolmhara a d'fhéadfadh teacht chun cinn idir Sealbhóir Sonraí agus úsáideoirí (mar a shainmhínítear le Rialachán (AE) 2023/2854 – dá ngairtear an 'Gníomh um Shonraí' anseo feasta).

Is é príomhúrnuacht an Ghnímh um Shonraí ina leith sin:

— go dtugtar an ceart d'úsáideoirí rochtain a fháil ar na sonraí arna nginiúint ag a gcuid táirgí nasctha agus/nó seirbhísí gaolmhara (agus bearta cosanta ann le haghaidh sonraí a chosnaítear mar rúin trádála);

— gur féidir le húsáideoirí na sonraí sin a chomhroinnt freisin le tríú páirtithe, e.g. chun tairbhiú de sheirbhísí iarmhargaidh;

— nach mór don Sealbhóir Sonraí conradh a thabhairt i gcrích leis an úsáideoir chun sonraí neamhphearsanta a úsáid agus a chomhroinnt;

— go bhfuil téarmaí conarthacha éagóracha a bhaineann le rochtain ar na sonraí agus úsáid na sonraí, nó dliteanas agus leigheasanna i leith sárú nó foirceannadh oibleagáidí a bhaineann le sonraí, neamhcheangailteach má d'fhorchuir fiontar go haontaobhach ar fhiontar eile iad.

Tá struchtúr modúlach ag an gConradh seo, agus cé gur féidir é a úsáid mar chonradh iomlán, is féidir leis na Páirtithe freisin clásail áirithe a roghnú a oireann dá gcás áirithe. B'fhéidir nach mbeadh roinnt téarmaí ábhartha do gach táirge agus gach conradh, mar shampla iad siúd a bhaineann le rúin trádála a chosaint nó le bearta cosanta teicniúla a chur i bhfeidhm. Níor cheart do na Páirtithe iad sin a áireamh sa chonradh ach amháin i gcás inarb ábhartha. Ar an gcaoi chéanna, níor ghá teorainneacha ar rochtain, ar úsáid nó ar chomhroinnt sonraí a áireamh sna conarthaí ach amháin i gcás inarb ábhartha, i.e. dá mbainfí an bonn de cheanglais slándála an táirge murach sin, rud a mbeadh éifeacht dhíobhálach thromchúiseach aige ar shláinte, ar shábháilteacht nó ar shlándáil daoine nádúrtha.

Tá roghanna i roinnt clásal, agus sna cásanna sin ba cheart do na Páirtithe machnamh a dhéanamh ar a riachtanais shonracha, ar a gcaidreamh gnó agus ar a leasanna sonracha chun go sainaithneoidh siad an rogha is fearr a oireann dá gconradh.

Tá roinnt clásal marcáilte *(más infheidhme)* freisin agus ba cheart iad a áireamh má chomhlíontar coinníollacha áirithe.

Cé go molann an Coimisiún na téarmaí conarthacha eiseamláireacha, tá siad neamhcheangailteach agus féadfaidh na Páirtithe maolú orthu i gcónaí.

1. Páirtithe agus Táirge/Seirbhís Ghaolmhar (Seirbhísí Gaolmhara)

1.1. Páirtithe sa Chonradh

Déantar an Conradh seo maidir le rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí

idir

(cuir isteach ainm, sonraí teagmhála agus tagairtí breise) ('Sealbhóir Sonraí')

De réir an Ghnímh um Shonraí, ciallaíonn 'sealbhóir sonraí' duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil sé de cheart ag an duine sin nó a bhfuil an oibleagáid ar an duine sin, i gcomhréir leis an nGníomh um Shonraí, le dlí an Aontais is infheidhme nó leis an reachtaíocht náisiúnta arna glacadh i gcomhréir le dlí an Aontais, sonraí a úsáid agus a chur ar fáil, lena n-áirítear, i gcás ina bhfuil comhaontú conarthach ina leith ann, sonraí táirge nó sonraí seirbhíse gaolmhaire a d'aisghabh nó a ghin an duine sin le linn seirbhís ghaolmhar a sholáthar.

I bhformhór na gcásanna, is féidir gurb é an Sealbhóir Sonraí monaróir an táirge nó soláthraí na seirbhíse gaolmhaire ábhartha, nó páirtí eile a théann i gcomhar leis an monaróir nó leis an soláthraí ar féidir leis na sonraí a aisghabháil ón táirge nó ón tseirbhís ghaolmhar.

Más féidir le níos mó ná páirtí amháin cáiliú mar Shealbhóir Sonraí, is féidir déileáil leis sin ar bhealaí éagsúla, mar shampla:

(a) tugann gach ceann de na Páirtithe a chomhaontú féin i gcrích leis an Úsáideoir mar Shealbhóir Sonraí neamhspleách; nó
(b) tugann ceann de na Páirtithe comhaontú i gcrích leis an Úsáideoir agus, dá bhrí sin, gníomhaíonn sé mar an Sealbhóir Sonraí; in éagmais comhaontú leis an Úsáideoir, meastar gur tríú páirtithe iad na Páirtithe eile de réir bhrí chlásal 3.2. Bunaithe ar an gConradh leis an Úsáideoir agus ar Chonarthaí leis na tríú páirtithe sin, is féidir leis an Sealbhóir Sonraí rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí a chomhordú.

Cé acu ceann den dá fhéidearthacht is fearr i gcás ar leith, braitheann sé ar roinnt mhaith tosca. D'fhéadfadh sé gur mhian leis na Páirtithe a mheas, mar shampla, arbh fhearr le hÚsáideoirí gan ach comhpháirtí conarthach amháin agus Conradh amháin a bheith acu. Ba cheart do na Páirtithe a bheith ar an eolas go bhfuil dlúthnasc idir an rogha idir an dá rogha agus an frása 'Páirtithe' i gclásal 3.2.1.

agus

[ROGHA 1] [(*cuir isteach ainm, sonraí teagmhála agus tagairtí breise*) ('Úsáideoir')]

[ROGHA 2] [aon Pháirtí a shainaithníonn é féin mar an t-úsáideoir de réir bhrí an Ghnímh um Shonraí agus a dhearbhaíonn go n-aontaíonn sé le téarmaí an Chonartha seo trí na bearta seo a leanas a dhéanamh: (*cuir isteach na bearta teicniúla atá le déanamh ag aon pháirtí atá cáilithe mar Úsáideoir, amhail faisnéis atá le soláthar agus dearbhuithe atá le déanamh trí chomhéadan úsáideora*) ('Úsáideoir')]

dá ngairtear 'na Páirtithe' i dteannta a chéile, agus 'an Páirtí' ina n-aonar, sa Chonradh seo.

De réir an Ghnímh um Shonraí, ciallaíonn 'úsáideoir' 'duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil táirge nasctha acu nó ar aistríodh ar bhonn conarthach cearta sealadacha chuig an duine sin chun an táirge nasctha sin a úsáid, nó a fhaigheann seirbhísí gaolmhara. D'fhéadfadh an Conradh seo teacht chun bheith ábhartha i raon leathan cásanna éagsúla. Ar thaobh amháin, tá cásanna ann inarb eol don Sealbhóir Sonraí cé hé an tÚsáideoir agus ina ndéanann dlíodóirí ar gach taobh caibidlíocht ar chonradh saincheaptha maidir le rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí (e.g. aerlíne a bheith ag ceannach eitleán ó mhonaróir eitleán). Ar an taobh eile, tá cásanna ann ina ndéantar olltáirgí agus ollseirbhísí a leathadh amach chuig na milliúin tomhaltóirí nach eol cé hiad ina n-aonar (agus nár mhian linn fiú go nochtfaí a gcéannacht ar chúiseanna cosanta sonraí) agus nach féidir caibidlíocht aonair a dhéanamh ina leith (e.g. meaisíní caife nasctha).

I gcásanna den chineál deireanach sin, agus roinnt mhaith cásanna eile idir na cinn fhoircneacha, d'fhéadfadh sé a bheith ina chuidiú an tÚsáideoir a shainaithint ní de réir ainm ach de réir bearta a dhéantar (amhail cuntas úsáideora a chruthú nó díreach meaisín caife nasctha a phlugáil isteach agus aontú leis na téarmaí agus na coinníollacha a thaispeántar trí chliceáil ar 'OK'). Ba cheart do pháirtithe a bheith ar an eolas, go háirithe i gcásanna a bhaineann le tomhaltóirí, go ndéanfaidh na cúirteanna measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil an nós imeachta ceaptha ar bhealach a chomhlíonann rialacha dhlí ginearálta na gconarthaí agus dhlí ginearálta na dtomhaltóirí is infheidhme, ar dá réir a d'fhéadfadh sé gur ghá téarmaí agus coinníollacha a áireamh sa chonradh.

1.2. **Táirge/Seirbhís Ghaolmhar (Seirbhísí Gaolmhara)**

Déantar an Conradh seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an táirge (na táirgí) nasctha seo a leanas ('an Táirge'): (cuir isteach ainm agus sonraíochtaí breise an táirge nasctha shonraigh nó an chineáil táirgí a chumhdaítear leis an gconradh seo);

(b) an tseirbhís ghaolmhar (na seirbhísí gaolmhara) seo a leanas ('an tSeirbhís Ghaolmhar ('na Seirbhísí Gaolmhara')): (cuir isteach ainm agus sonraíochtaí breise na seirbhísí gaolmhara sonracha nó an chineáil seirbhísí gaolmhara a chumhdaítear leis an gconradh seo, más infheidhme).

1.2.1. Dearbhaíonn an tÚsáideoir gurb é úinéir an Táirge é nó go bhfuil sé i dteideal an Táirge a úsáid faoi chonradh cíosa, faoi chonradh léasa nó faoi chonradh comhchosúil agus/nó an tSeirbhís Ghaolmhar (na Seirbhísí Gaolmhara) a fháil faoi chonradh seirbhíse.

[ROGHA 1] [Geallann an tÚsáideoir go soláthróidh sé don Sealbhóir Sonraí, ar iarraidh chuí-réasúnaithe, aon doiciméadacht ábhartha chun tacú leis na dearbhuithe sin, i gcás inar gá.]

[ROGHA 2] [Leagtar amach i bh**Foscríbhinn 9** doiciméadacht a thacaíonn leis na dearbhuithe sin chomh maith le mionsonraí maidir le cé a mheasfar a bheith ina Úsáideoir faoin gConradh seo.]

Faoin nGníomh um Shonraí, ní mór don Sealbhóir Sonraí gan a cheangal ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach aon fhaisnéis a sholáthar thar a bhfuil riachtanach chun a fhíorú an gcáilíonn duine mar Úsáideoir chun críocha an Ghnímh um Shonraí. I roinnt mhaith cásanna, go háirithe maidir le hollearraí tomhaltais nó trealamh gnó lena mbaineann íogaireacht réasúnta íseal i ndáil leis na sonraí a ghintear (e.g. meaisíní caife nasctha, féach thuas), beidh sé díréireach de ghnáth tuilleadh fiosrúchán a dhéanamh.

2. Sonraí a chumhdaítear leis an gConradh

Is éard atá sna sonraí a chumhdaítear leis an gConradh seo aon Sonraí Táirge nó aon Sonraí Seirbhíse Gaolmhaire (Seirbhísí Gaolmhara) atá ar fáil go héasca de réir bhrí an Ghnímh um Shonraí, agus áirítear orthu sonraí neamhphearsanta agus pearsanta araon ('na Sonraí').

Liostaíonn an Sealbhóir Sonraí na Sonraí i bh**Foscríbhinn 1**, mar aon le tuairisc ar chineál nó ar nádúr na sonraí, ar a méid measta, ar mhinicíocht a mbailithe, ar shuíomh stórála na Sonraí agus ar fhad a gcoinneála.

Más rud é, le linn an Chonartha seo, nach mór Sonraí seachas na sonraí a shonraítear i bhFoscríbhinn 1 a chur ar fáil don Úsáideoir, leasófar **Foscríbhinn 1** dá réir.

De réir an Ghnímh um Shonraí, ciallaíonn '**Sonraí Táirge**' 'sonraí a ghintear trí úsáid a bhaint as táirge nasctha ar sonraí iad a dhear an monaróir le bheith in-aisghafa, trí sheirbhís cumarsáide leictreonaí, trí nasc fisiceach nó trí rochtain ar ghaireas, ag úsáideoir, sealbhóir sonraí nó tríú páirtí, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, an monaróir'.

Ciallaíonn '**Sonraí Seirbhíse Gaolmhaire**' 'sonraí lena léirítear digitiú gníomhaíochtaí úsáideoirí nó imeachtaí a bhaineann leis an táirge nasctha, arna dtaifeadadh d'aon ghnó ag an úsáideoir nó a ghintear mar sheachtháirge ghníomhaíocht an úsáideora le linn don soláthraí seirbhís ghaolmhar a sholáthar'.

Is féidir idir shonraí pearsanta agus neamhphearsanta a bheith sna Sonraí Táirge agus sna Sonraí Seirbhísí Gaolmhara. Áirítear orthu sin 'sonraí i bhfoirm amh' chomh maith le 'sonraí a rinneadh a réamhphróiseáil chun iad a dhéanamh intuigthe agus inúsáidte sula ndéanfar próiseáil [...] orthu ina dhiaidh sin'. Ach eisiatar leo 'faisnéis a thugtar le fios le sonraí den sórt sin nó a dhíorthaítear ó shonraí den sórt sin, ar toradh í ar infheistíochtaí breise i sannadh luachanna nó léargas ó na sonraí' (Aithris (15)).

Ciallaíonn '**Sonraí atá ar Fáil go hÉasca**' 'sonraí táirge agus sonraí seirbhíse gaolmhaire a fhaigheann sealbhóir sonraí go dleathach nó ar féidir le sealbhóir sonraí a fháil go dleathach ón táirge nasctha nó ón tseirbhís ghaolmhar, gan iarracht dhíréireach lena bhfuil níos mó ná oibríocht shimplí i gceist'.

Mar a mhínítear sna haithrisí, ní áirítear sa mhíniú sin 'sonraí arna nginiúint trí úsáid táirge nasctha i gcás nach bhforáiltear i ndearadh an táirge nasctha go ndéanfar na sonraí sin a stóráil nó a tharchur lasmuigh den chomhpháirt ina ngintear iad nó den táirge nasctha ina iomláine' (Aithris (20)). 'Ba cheart do roghanna dearaidh monaróirí, agus, i gcás inarb ábhartha, dlí an Aontais nó an dlí náisiúnta lena dtugtar aghaidh ar riachtanais agus cuspóirí earnáilsonracha nó ar chinntí ábhartha na n-údarás inniúil, a chinneadh cé na sonraí atá táirge nasctha in ann a chur ar fáil.' (Aithris (14)).

3. Úsáid agus comhroinnt Sonraí ag an Sealbhóir Sonraí

3.1. Úsáid Sonraí neamhphearsanta chomhaontaithe ag an Sealbhóir Sonraí

3.1.1. Gan dochar d'aon cheart dlíthiúil na sonraí a úsáid, geallann an Sealbhóir Sonraí nach n-úsáidfidh sé na Sonraí ar Sonraí neamhphearsanta iad ach amháin chun na gcríoch a chomhaontaítear leis an Úsáideoir mar a leanas:

(a) comhaontú a dhéanamh leis an Úsáideoir nó gníomhaíochtaí a bhaineann le comhaontú den sórt sin (e.g. sonraisc a eisiúint, tuarascálacha nó anailís a ghiniúint agus a sholáthar, réamh-mheastacháin airgeadais, measúnuithe tionchair, sochair foirne a ríomh);

(b) tacaíocht, baránta, ráthaíocht nó gníomhaíochtaí comhchosúla a sholáthar nó measúnú a dhéanamh ar éilimh Úsáideoirí, Sealbhóirí Sonraí nó tríú páirtithe (e.g. maidir le mífheidhmeanna an Táirge) a bhaineann leis an Táirge nó leis an tSeirbhís Ghaolmhar;

(c) faireachán agus cothabháil a dhéanamh ar fheidhmiú, sábháilteacht agus slándáil an Táirge nó na Seirbhíse Gaolmhaire agus rialú cáilíochta a áirithiú;

(d) feabhas a chur ar fheidhmiú aon Táirge nó Seirbhíse Gaolmhaire a thairgeann an Sealbhóir Sonraí;

(e) táirgí nó seirbhísí nua a bheith á bhforbairt ag an Sealbhóir Sonraí, ag tríú páirtithe a ghníomhaíonn thar ceann an tSealbhóra Sonraí (i.e. i gcás ina gcinneann an Sealbhóir Sonraí cé na cúraimí a chuirfear ar iontaoibh na bPáirtithe sin agus ina dtairbhíonn sé díobh), i gcomhar le páirtithe eile nó trí chuideachtaí sainchuspóireach (amhail comhfhiontair);

(f) na Sonraí sin a chomhiomlánú le sonraí eile nó sonraí díorthaithe a chruthú, chun aon chríoch dhleathach, lena n-áirítear chun na sonraí comhiomlánaithe nó díorthaithe sin a dhíol le tríú páirtithe nó a chur ar fáil dóibh ar bhealach eile, ar choinníoll nach bhfágann na sonraí sin go mbeifear in ann sonraí sonracha arna dtarchur chuig an Sealbhóir Sonraí ón táirge nasctha a shainaithint nó go mbeidh tríú páirtí in ann na sonraí sin a dhíorthú ón tacar sonraí.

Ba cheart do na Páirtithe na cuspóirí a leagan amach ar lena n-aghaidh a fhéadfaidh an Sealbhóir Sonraí úsáid a bhaint as Sonraí neamhphearsanta mar aon le mionsonraí maidir le conas a fhéadfaidh sé iad a úsáid. Tá na príomhúsáidí coiteanna sa liosta, ach tá sé de shaoirse ag na Páirtithe cinn a roghnú as measc na n-úsáidí a liostaítear sa chlásal seo nó cur leis an liosta.

Agus úsáid sonraí á comhaontú acu, féadfaidh na Páirtithe na Sonraí a ghrúpáil ina gcatagóirí, más iomchuí. Ar chatagóirí níos leithne, féadfar na nithe seo a leanas a áireamh:

— sonraí maidir le stádas táirge nó seirbhíse (e.g. cumraíocht, leagan, teachtaireachtaí diagnóiseacha, sonraí tomhaltais, sonraí cothabhála);

— sonraí úsáide custaiméara (e.g. amanna gníomhaíochta, cineálacha gníomhaíochta, geoshuíomh táirge) – tabhair faoi deara go bhféadfadh sé go mbeadh na sonraí sin ina sonraí pearsanta i gcásanna áirithe agus nach gcumhdófar iad leis an gclásal seo ach le clásal 3.3. agus le forálacha eile den chonradh;

— sonraí maidir le comhshaol an úsáideora (e.g. dálaí ithreach, méid an limistéir);

— sonraí comhshaoil ginearálta (e.g. sonraí aimsire).

Ba cheart do pháirtithe a bheith ar an eolas go nglactar leis san fhoclaíocht réamhshocraithe a thugtar thuas sa tacar téarmaí seo gurb iad na cuspóirí a liostaítear ann na cuspóirí atá á saothrú ag an Sealbhóir Sonraí atá ina Pháirtí sa Chonradh seo. Mar shampla, a mhéid a bhaineann le táirgí nó seirbhísí nua a fhorbairt, glactar leis gurb é an Sealbhóir Sonraí a shaothraíonn na gníomhaíochtaí forbartha, cé go mb'fhéidir go saothraíonn sé iad in éineacht le Páirtithe eile, amhail monaróir comhpháirteanna. Ba cheart, dá bhrí sin, comhroinnt Sonraí leis na Páirtithe sin a cheadú mar réamhshocrú, mar a fhoráiltear i gclásal 3.2.1 (a) (i) agus (ii).

Chun go n-úsáidfeadh tríú páirtithe na Sonraí chun críoch neamhspleách, cheanglófaí go ndéanfadh na tríú páirtithe sin conradh ar leithligh leis an Úsáideoir nó go mbeadh feidhm ag clásal roghnach 3.2.1 (a) (iii) lena gceadaítear don Sealbhóir Sonraí Sonraí a dhíol leis na tríú páirtithe sin nó a dheonú dóibh chun a gcríoch féin.

Ba cheart don Úsáideoir measúnú a dhéanamh ar iarmhairtí na n-úsáidí sin ag an Sealbhóir Sonraí nó ag tríú páirtithe dá oibríochtaí agus dá leasanna, go háirithe ar cheart don Sealbhóir Sonraí luach saothair a thabhairt dó, mar shampla i gcás ina bhféadfaidh an Sealbhóir Sonraí na Sonraí arna nginiúint ag an Úsáideoir a dhíol le tríú páirtithe.

3.1.2. Geallann an Sealbhóir Sonraí gan na Sonraí a úsáid:

(a) chun léargas a fháil ar staid eacnamaíoch, ar shócmhainní ná ar mhodhanna táirgthe an Úsáideora, nó ar úsáid an Táirge nó na Seirbhíse Gaolmhaire ag an Úsáideoir ar aon bhealach eile a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de staid tráchtála an Úsáideora sna margaí ina bhfuil an tÚsáideoir gníomhach;

(b) [ROGHA] (*sonraigh úsáidí sonraí a dhéanann dochar suntasach, mar shampla, do leasanna dlisteanacha an Úsáideora*)].

D'fhéadfadh sé gur mhian leis na Páirtithe tuilleadh mionsonraí a sholáthar maidir leis an gcineál úsáide Sonraí a mheasann siad a bheith chomh dochrach sin nach mór é a eisiamh. Beidh sé sin ag brath ar an earnáil ábhartha agus ar imthosca eile. Go sonrach, d'fhéadfadh sé gur mhian leis an úsáideoir an méid seo a leanas a eisiamh:

— úsáid catagóirí áirithe Sonraí atá thar a bheith íogair; agus/nó

— úsáid na Sonraí chun críocha ar leith.

Ní fhéadfaidh aon cheann de na húsáidí Sonraí a chomhaontaítear faoi chlásal 3.1.1 teacht salach ar an gclásal seo, agus geallann an Sealbhóir Sonraí a áirithiú, trí mhodhanna iomchuí conarthacha, eagraíochtúla agus teicniúla, nach mbeidh aon tríú páirtí, laistigh d'eagraíocht an tSealbhóra Sonraí, ag gabháil don úsáid Sonraí sin.

3.2. **Sonraí neamhphearsanta a chomhroinnt le tríú páirtithe agus seirbhísí próiseála a úsáid**

3.2.1. Gan dochar do cheanglais dlí de bhun dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta ar an Sealbhóir Sonraí sonraí a chur ar fáil, féadfaidh an Sealbhóir Sonraí na Sonraí ar Sonraí neamhphearsanta iad a chomhroinnt le tríú páirtithe, más amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) úsáideann an tríú páirtí na Sonraí go heisiach chun na gcríoch seo a leanas:

i) cúnamh a thabhairt don Sealbhóir Sonraí na cuspóirí a cheadaítear faoi chlásal 3.1.1 a bhaint amach;

ii) na críocha a cheadaítear faoi chlásal 3.1.1 a bhaint amach, i gcomhar leis an Sealbhóir Sonraí nó trí chuideachtaí sainchuspóireacha;

iii) [ROGHA] [(sonraigh na cuspóirí is féidir leis na tríú páirtithe a shaothrú dá riachtanais féin, go neamhspleách ar an Sealbhóir Sonraí, agus cé acu in aghaidh cúitimh nó saor in aisce a chomhroinntear na Sonraí chun na gcríoch sin);] agus

(b) cuireann an Sealbhóir Sonraí ceangal conarthach ar an tríú páirtí:

i) gan na Sonraí a úsáid chun aon chríoch ná ar aon bhealach a théann thar an úsáid a cheadaítear i gcomhréir le clásal 3.2.1 (a) roimhe seo;

ii) ábhar chlásal 3.1.2 a chomhlíonadh;

iii) na bearta cosanta a cheanglaítear faoi chlásal 3.4.1 a chur i bhfeidhm; agus

iv) [ROGHA 1] [gan na Sonraí sin a chomhroinnt a thuilleadh mura ndéanfaidh an tÚsáideoir comhaontú ginearálta nó sonrach le haghaidh aistriú breise den sórt sin. Ní mór don Sealbhóir Sonraí oibleagáid a chur ar an tríú páirtí lena chomhroinneann siad Sonraí na clásail a chomhfhreagraíonn do phointí (i) go (iv) a áireamh ina gconarthaí le faighteoirí.] [ROGHA 2] [gan na Sonraí sin a chomhroinnt a thuilleadh ach amháin mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn 5.]

[ROGHA] [Leagtar amach i bh**Foscríbhinn 5** mionsonraí breise, lena n-áirítear maidir le céannacht nó catagóirí tríú páirtithe lena bhféadfar Sonraí a chomhroinnt, srianta ar úsáid na Sonraí ag tríú páirtithe, chomh maith le tuilleadh coinníollacha agus beart cosanta.]

3.2.2. D'ainneoin chlásal 3.2.1, féadfaidh an Sealbhóir Sonraí seirbhísí próiseála a úsáid, e.g. néalseirbhísí (lena n-áirítear infreastruchtúr mar sheirbhís, ardán mar sheirbhís agus bogearraí mar sheirbhís), seirbhísí óstála, nó seirbhísí comhchosúla chun na críocha a chomhaontaítear faoi chlásal 3.1.1 a bhaint amach ar a shon féin agus faoina fhreagracht féin. Féadfaidh na tríú páirtithe na seirbhísí sin a úsáid freisin chun na críocha a chomhaontaítear faoi chlásal 3.2.1 (a) a bhaint amach ar a son féin agus faoina bhfreagracht féin.

3.3. **Úsáid agus comhroinnt Sonraí pearsanta ag an Sealbhóir Sonraí**

3.3.1. Ní fhéadfaidh an Sealbhóir Sonraí aon Sonraí ar Sonraí pearsanta iad a úsáid, a chomhroinnt le tríú páirtithe nó a phróiseáil ar bhealach eile, ach amháin má tá bunús dlí ann dá bhforáiltear le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) (RGCS) agus faoi na coinníollacha a cheadaítear leis agus, i gcás inarb ábhartha, le Treoir 2002/58/CE (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach).

([1]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

3.4. **Bearta cosanta arna ndéanamh ag an Sealbhóir Sonraí**

3.4.1. Geallann an Sealbhóir Sonraí na bearta cosanta a chur i bhfeidhm chun caillteanas Sonraí agus rochtain neamhúdaraithe ar na Sonraí a chosc, ar bearta iad [ROGHA 1] [atá réasúnta agus iomchuí sna himthosca, agus staid na heolaíochta agus na teicneolaíochta, an díobháil a d'fhéadfaí a dhéanamh don Úsáideoir agus na costais a bhaineann leis na bearta cosanta á gcur san áireamh.] [ROGHA 2] [a leagtar amach go mionsonraithe i bhFoscríbhinn 6.]

Ba cheart do na Páirtithe a mheas an mian leo na mionsonraí uile maidir le conas is féidir leasanna tábhachtacha an Úsáideora a chosaint go héifeachtach a áireamh, i bhFoscríbhinn ar leithligh más gá. Féadfaidh bearta a bheith de chineál teicniúil (e.g. criptiú, ballaí dóiteáin, stóráil dheighilte) agus de chineál eagraíochtúil (e.g. rannpháirtíocht tríú páirtí iontaofa). Ós rud é nach mór na bearta a bheith comhréireach, beidh a n-ábhar an-éagsúil ó chéile, ag brath ar chineál na Sonraí agus na leasanna i gceist.

4. **(más infheidhme) Rochtain ar shonraí ag an Úsáideoir arna iarraidh sin**

Tá feidhm ag clásail 4 mura féidir leis an Úsáideoir rochtain dhíreach a fháil ar na Sonraí ón Táirge nó ón tSeirbhís Ghaolmhar i gcomhréir le hAirteagal 3 den Ghníomh um Shonraí. Sa chás sin, tá an tÚsáideoir i dteideal rochtain a fháil ar na Sonraí ón Sealbhóir arna iarraidh sin, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Ghníomh um Shonraí. Más mian leis an Úsáideoir rochtain ar na Sonraí a thabhairt d'Fhaighteoir Sonraí, beidh feidhm ag clásail 7 thíos.

4.1. **Oibleagáid Sonraí a chur ar fáil**

4.1.1. Ní mór don Sealbhóir Sonraí na Sonraí, in éineacht leis na meiteashonraí ábhartha is gá chun na Sonraí sin a léirmhíniú agus a úsáid, a chur ar fáil don Úsáideoir, arna iarraidh sin don Úsáideoir nó do pháirtí atá ag gníomhú thar a cheann. Is féidir an iarraidh a chur in iúl trí (*tabhair tuairisc ar nós imeachta um iarraidh shimplí a dhéanamh trí mhodhanna leictreonacha i gcás inar féidir go teicniúil*). Chun a fhíorú gurb é an tÚsáideoir a dhéanann an iarraidh, ní éileoidh an Sealbhóir Sonraí aon fhaisnéis thar a bhfuil riachtanach. *(más infheidhme)* [Más Páirtí atá ag gníomhú thar ceann an Úsáideora a dhéanann an iarraidh, cuirtear fianaise ar a shainordú i gceangal leis an iarraidh.]

Léirítear i bhFoscríbhinn 2 na mionsonraí a d'fhéadfadh a bheith in iarraidh.

4.1.2. I gcás nach é an tÚsáideoir an t-ábhar sonraí, ní chuirfidh an Sealbhóir Sonraí na Sonraí ar Sonraí pearsanta iad ar fáil don Úsáideoir ach i gcás ina bhfuil bunús dlí bailí ann chun Sonraí pearsanta a chur ar fáil faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/679 agus, i gcás inarb ábhartha, gan ach i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 9 den Rialachán sin agus in Airteagal 5(3) de Threoir 2002/58/CE (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach).

I ndáil leis sin, i gcás nach é an tÚsáideoir an t-ábhar sonraí, ní mór don Úsáideoir a chur in iúl don Sealbhóir Sonraí, i ngach iarraidh a chuirtear isteach faoin gclásal roimhe seo, an bunús dlí atá leis an bpróiseáil faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/679 (agus, i gcás inarb ábhartha, an maolú is infheidhme faoi Airteagal 9 den Rialachán sin agus Airteagal 5(3) de Threoir 2002/58/CE) ar a n-iarrtar Sonraí pearsanta a chur ar fáil.

4.2. **Saintréithe Sonraí agus socruithe rochtana**

4.2.1. Ní mór don Sealbhóir Sonraí na Sonraí a chur ar fáil don Úsáideoir, saor in aisce don Úsáideoir, agus na Sonraí den cháilíocht chéanna ar a laghad agus atá ar fáil don Sealbhóir Sonraí, agus in aon chás i bhformáid chuimsitheach, struchtúrtha, a úsáidtear go coitianta agus atá inléite ag meaisín.

Ciallaíonn 'meiteashonraí' tuairisc struchtúrtha ar ábhar nó úsáid na Sonraí lena n-éascaítear aimsiú nó úsáid na Sonraí sin. De réir Airteagal 4(1) den Ghníomh um Shonraí, ní mór na meiteashonraí a chur ar fáil in éineacht leis na Sonraí, a mhéid '*ar gá leo chun na sonraí [...] a léiriú agus a úsáid*'.

Cé nach leagtar síos na meiteashonraí ábhartha is gá chun na Sonraí sin a léirmhíniú agus a úsáid agus, dá bhrí sin, nach mór iad a shainaithint ar bhonn cás ar chás, sonraítear sa Ghníomh um Shonraí gur '*cheart a áireamh sna sonraí atá le cur ar fáil na meiteashonraí ábhartha, lena n-áirítear a gcomhthéacs bunúsach agus a stampa ama, chun go mbeidh na sonraí inúsáidte, in éineacht le sonraí eile, amhail sonraí a shórtáiltear agus a aicmítear le pointí sonraí eile a bhaineann leo, nó a dhéantar a fhormáidiú arís i bhformáid a úsáidtear go coitianta*' (Aithris (15).

Féadfaidh an Sealbhóir Sonraí agus an tÚsáideoir seirbhísí tríú páirtí a úsáid (lena n-áirítear tríú páirtí a sholáthraíonn Seirbhísí Idirghabhála Sonraí mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2022/868 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2])) chun caoi a thabhairt d'fheidhmiú chearta an Úsáideora faoi chlásal 4.1 den Chonradh. Ní mheasfar gur Faighteoir Sonraí faoin nGníomh um Shonraí é tríú páirtí den sórt sin agus féadfaidh soláthraí a mheastar a bheith ina gheatóir faoi Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/1925 na seirbhísí sin a thairiscint, ach amháin má phróiseálann sé na Sonraí chun a chríoch gnó féin.

Ní mheasfar gur Faighteoir Sonraí faoin nGníomh um Shonraí é tríú páirtí a sholáthraíonn seirbhís thar ceann an tSealbhóra Sonraí nó an Úsáideora agus féadfaidh soláthraí a mheastar a bheith ina gheatóir faoi Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) na seirbhísí sin a thairiscint, ach amháin má phróiseálann sé na Sonraí chun a chríoch gnó féin.

4.2.2. Ní mór rochtain ar na Sonraí a iarradh a thabhairt don Úsáideoir:

(a) go héasca agus go slán;

(b) gan moill mhíchuí;

(más infheidhme) [(c) go leanúnach agus i bhfíor-am].

4.2.3. Chun ceanglais chlásail 4.2.1 agus 4.2.2 a chomhlíonadh, sonraíonn an Sealbhóir Sonraí na socruithe rochtana sin i bhFoscríbhinn 1.

Faoi Airteagal 4(1) den Ghníomh um Shonraí, ní mór na Sonraí a chur ar fáil gan moill mhíchuí agus, i gcás inarb ábhartha agus inar féidir go teicniúil, go leanúnach agus i bhfíor-am.

Ós rud é go bhfuil bealaí éagsúla ann chun na ceanglais dlí sin a chur chun feidhme, ba cheart don Sealbhóir Sonraí na mionsonraí uile maidir leis an gcaoi a mbeidh rochtain le soláthar a shonrú i bhFoscríbhinn 1. Níor cheart do choinníollacha rochtana an bonn a bhaint d'aon cheann de na cearta a thugtar don Úsáideoir faoin nGníomh um Shonraí nó faoi dhlí eile is infheidhme.

Agus an srian sin á chur san áireamh, ba cheart don Sealbhóir Sonraí, mar chéad chéim, cinneadh a dhéanamh an mian leis foráil a dhéanamh maidir leis an méid seo a leanas:

— aistriú iomlán na Sonraí, i.e. aistrítear cóip de na Sonraí chuig meán atá faoi rialú an Úsáideora:

— trí tharchur arna spreagadh ag an Sealbhóir Sonraí (brú), amhail tarchur ar líne, uaslódáil isteach i néalspás an Úsáideora nó seachadadh meáin inláimhsithe ar a stóráiltear na Sonraí; nó

— trí aisghabháil arna spreagadh ag an Úsáideoir (tarraingt), amhail i gcás ina soláthraítear dó comhéadan feidhmchláir (API), rochtain ar néalspás an tSealbhóra Sonraí nó uirlisí comhchosúla a chuireann ar a chumas don Úsáideoir rochtain a fháil ar na Sonraí agus iad a asbhaint; nó

— rochtain ar na Sonraí san áit a stóráiltear iad, i.e. déantar na Sonraí a rochtain agus a phróiseáil ar mheán atá faoi rialú an tSealbhóra Sonraí nó tríú páirtí iontaofa, amhail tríd an Úsáideoir a bheith ag logáil isteach i spás tiomnaithe ar fhreastalaithe an tSealbhóra Sonraí nó tríú páirtí iontaofa, ach ní aistrítear na Sonraí chuig meán atá faoi rialú an Úsáideora, mura ndéantar socruithe speisialta.

Tugann aistriú iomlán an tsaoirse is mó don Úsáideoir, ach trí rochtain a thabhairt ar an áit a stóráiltear na sonraí méadaítear na rioscaí d'Úsáideoirí go bhfaighfear amach faoina gcuid smaointe gnó. Ina theannta sin, faoi Airteagal 13(5), pointe (e), den Ghníomh um Shonraí, 'glacfar leis go bhfuil téarma conarthach éagórach (...) más é an méid seo a leanas is cuspóir nó is éifeacht dó: (...) go gcuirtear cosc ar an bpáirtí ar ar forchuireadh an téarma go haontaobhach cóip de na sonraí a sholáthair an páirtí sin nó a ghin sé nó sí a fháil le linn thréimhse an chonartha nó laistigh de thréimhse réasúnta tar éis fhoirceannadh an chonartha'. Dá bhrí sin, is é aistriú iomlán an riail ba cheart a bheith ann mar réamhshocrú.

([2]) Rialachán (AE) 2022/868 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le rialachas sonraí Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) (IO L 152, 3.6.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/868/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (An Gníomh um Margaí Digiteacha) (IO L 265, 12.10.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/1925/oj).

Mar sin féin, fágann aistriú iomlán go laghdaítear go mór cumas an tSealbhóra Sonraí mí-úsáid a chosc agus a leasanna a chosaint, e.g. rúin trádála. Dá bhrí sin, ba cheart freisin a bheith in ann rochtain a fháil ar an áit a stóráiltear na sonraí agus iad a phróiseáil. Chun an rochtain sin a réiteach le leasanna an Úsáideora, is minic is fearr rochtain a fháil ar mheán atá faoi rialú tríú páirtí iontaofa, áit a stóráiltear na sonraí, ná rochtain a fháil ar mheán atá faoi rialú an tSealbhóra Sonraí. Is í cianrochtain an chiall ba cheart, de ghnáth, a bheith i gceist le rochtain ar an áit a stóráiltear na Sonraí, agus ba cheart rochtain ar an láthair a bheith teoranta do ghéarchásanna a bhfuil an leibhéal is airde íogaireachta ag baint leo.

Má thugtar rochtain ar an áit a stóráiltear na Sonraí, tá roinnt saincheisteanna le réiteach, lena n-áirítear conas a áirithiú nach nochtar smaointe gnó an Úsáideora agus cé na Sonraí a bhfuil cead ag an Úsáideoir a asbhaint agus a aistriú chuig meán atá faoina rialú féin (e.g. sonraí díorthaithe nó sonraí bunaithe ar thátal a eascraíonn as gníomhaíochtaí próiseála an Úsáideora).

De réir Airteagal 4(1) den Ghníomh um Shonraí, ní mór na Sonraí a chur ar fáil gan moill mhíchuí agus, i gcás inarb ábhartha agus inar féidir go teicniúil, go leanúnach agus i bhfíor-am. Dá bhrí sin, ba cheart don Sealbhóir Sonraí a shonrú san fhoscríbhinn cé acu is féidir nó nach féidir rochtain a sholáthar go leanúnach agus i bhfíor-am, agus mura féidir, cén mhinicíocht rochtana atá ann.

Ba cheart don Sealbhóir Sonraí raon saincheisteanna breise a mheas freisin, amhail cé na dintiúir rochtana is gá, agus cé na fostaithe de chuid an Úsáideora agus cén líon díobh a fhéadfaidh rochtain a fháil ar na Sonraí.

4.2.4. Ní mór don Sealbhóir Sonraí an fhaisnéis is gá chun rochtain a fháil ar na Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 4 den Ghníomh um Shonraí a sholáthar don Úsáideoir, gan aon chostas breise.

Áirítear leis sin, go háirithe, faisnéis a sholáthar atá ar fáil go héasca don Sealbhóir Sonraí maidir le haon cheart a bheadh ag tríú páirtithe i ndáil leis na Sonraí, amhail cearta ábhar sonraí a eascraíonn as Rialachán (AE) 2016/679, nó fíorais a bhféadfadh na cearta sin eascairt astu.

Sonraíonn an Sealbhóir Sonraí an fhaisnéis sin i bh**Foscríbhinn 1**.

Bíonn sé de shaoirse i gcónaí ag na Páirtithe teacht ar chomhaontú maidir le haon tacaíocht bhreise, a théann thar cheanglais an Ghnímh um Shonraí, saor in aisce nó ar tháille.

4.2.5. Geallann an Sealbhóir Sonraí gan aon fhaisnéis a choimeád maidir le rochtain an Úsáideora ar na sonraí a iarrtar thar a bhfuil riachtanach le haghaidh na nithe seo a leanas:

(a) forghníomhú fónta (i) iarraidh an Úsáideora ar rochtain agus (ii) an Chonartha seo;

(b) slándáil agus cothabháil an bhonneagair sonraí;

(c) comhlíonadh oibleagáidí dlíthiúla atá ar an Sealbhóir Sonraí an fhaisnéis sin a choimeád.

4.3. **Lúba aiseolais**

Má shainaithníonn an tÚsáideoir teagmhas a bhaineann le clásal 2 maidir leis na Sonraí a chumhdaítear leis an gConradh, le ceanglais chlásail 4.2.1 nó 4.2.2 nó **Fhoscríbhinn 1** maidir leis na saintréithe Sonraí agus na socruithe rochtana agus má sholáthraíonn an tÚsáideoir tuairisc mhionsonraithe ar an teagmhas don Sealbhóir Sonraí, ní mór don Sealbhóir Sonraí agus don Úsáideoir oibriú i gcomhar de mheon macánta chun an chúis leis an teagmhas a shainaithint.

Má mhainnigh an Sealbhóir Sonraí a oibleagáidí a chomhlíonadh agus gurbh in ba chúis leis an teagmhas, ní mór dó an sárú a leigheas gan moill mhíchuí. Mura ndéanann an Sealbhóir Sonraí amhlaidh, meastar gur neamhchomhlíonadh bunúsach é agus féadfaidh an tÚsáideoir clásal 12 den Chonradh seo a agairt. Má mheasann an tÚsáideoir go bhfuil sárú á dhéanamh ar a cheart rochtana faoi Airteagal 4(1) den Ghníomh um Shonraí, tá an tÚsáideoir i dteideal gearán a dhéanamh freisin leis an údarás inniúil, a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 37(5)(b) den Ghníomh um Shonraí.

Tugann an clásal sin deis don Sealbhóir Sonraí aon sárú ar a oibleagáidí dlíthiúla nó conarthacha a cheartú. Mura ndéanann an Sealbhóir Sonraí amhlaidh gan moill mhíchuí, ceadaítear don úsáideoir na leigheasanna conarthacha dá bhforáiltear sa Chonradh a úsáid i gcás neamhchomhlíonadh bunúsach an Chonartha.

Má mheasann an tÚsáideoir go bhfuil sárú á dhéanamh ar a cheart rochtana faoi Airteagal 4(1) den Ghníomh um Shonraí, tá an tÚsáideoir i dteideal gearán a dhéanamh freisin leis an údarás inniúil, a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 37(5), pointe (b), den Ghníomh um Shonraí. Mar sin féin, ba cheart don úsáideoir a bheith ar an eolas nach ionann ó Bhallstát go Ballstát cúraimí agus cumhachtaí beachta na n-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 37.

Bíonn sé de cheart i gcónaí ag an Úsáideoir leigheas éifeachtach a lorg os comhair na cúirte inniúla nó an díospóid a tharchur chuig aon chomhlacht malartach um réiteach díospóidí.
Dá bhrí sin, ní mór don Úsáideoir measúnú cúramach a dhéanamh ar an mbealach is iomchuí chun tabhairt ar an Sealbhóir Sonraí a oibleagáidí dlíthiúla agus conarthacha a chomhlíonadh.

4.4. **Athruithe aontaobhacha arna ndéanamh ag an Sealbhóir Sonraí**

4.4.1. Féadfaidh an Sealbhóir Sonraí athrú aontaobhach a dhéanamh ar shonraíochtaí shaintréithe na Sonraí nó na socruithe rochtana a luaitear i bh**Foscríbhinn 1**, má thugann gnáthiompar gnó an tSealbhóra Sonraí údar oibiachtúil leis sin, mar shampla trí mhodhnú teicniúil i ngeall ar leochaileacht slándála phráinneach sa líne táirgí nó sna seirbhísí gaolmhara nó i ngeall ar athrú ar bhonneagar an tSealbhóra Sonraí. Ní mór d'aon athrú ceanglais chlásail 4.2.1 agus 4.2.2 a chomhlíonadh.

Ní mór don Sealbhóir Sonraí fógra faoin athrú a thabhairt don Úsáideoir ar a laghad *(sonraigh tréimhse réasúnta ama)* sula dtiocfaidh an t-athrú i bhfeidhm.

D'fhéadfadh sé go mbeadh tréimhse fógra níos giorra leordhóthanach:

(a) i gcás nach ndéanfaidh an t-athrú difear diúltach do rochtain ar shonraí ná d'úsáid sonraí ag an úsáideoir; nó

(b) i gcás ina mbeadh fógra den sórt sin dodhéanta nó míréasúnta sna himthosca, amhail i gcás ina mbeidh gá le hathruithe láithreacha i ngeall ar leochaileacht slándála atá díreach braite.

5. **(más rud é nach mór na sonraí a chuireann an Sealbhóir Sonraí ar fáil arna iarraidh sin don Úsáideoir a chosaint mar rúin trádála) Rúin trádála a chosaint**

1. **Rúin trádála a chomhroinnt** – Ní féidir le Sealbhóirí Sonraí, i bprionsabal, diúltú d'iarraidh ar rochtain ar Shonraí faoin nGníomh um Shonraí ar an mbonn go meastar Sonraí áirithe a bheith faoi chosaint mar rún trádála agus ar an mbonn sin amháin, óir dhéanfadh sé sin éifeachtaí beartaithe an Ghnímh um Shonraí a threascairt.

Féach clásail 5.1.

Rúin trádála – Má shainaithníonn an Sealbhóir Sonraí, áfach, go bhfuil Sonraí áirithe a chumhdaítear leis an gConradh seo faoi chosaint mar rúin trádála, mar a shainmhínítear le Treoir (AE) 2016/943 ([4]) (dá ngairtear an 'Treoir maidir le Rúin Trádála'), tá siad i dteideal cearta áirithe, go príomha chun leanúint de chaomhnú rúndachta na rún atá i gceist.

Faoi Airteagal 2(1) den Treoir maidir le Rúin Trádála, ciallaíonn an téarma 'Rún Trádála' faisnéis a chomhlíonann trí cheanglas: (a) is rún í sa chiall nach bhfuil daoine laistigh de na ciorcail a dhéileálann de ghnáth leis an gcineál sin faisnéise i gceist ar an eolas go ginearálta fúithi ná nach bhfuil rochtain acu uirthi, ina hiomláine nó i bhfoirmíocht agus cóimeáil bheacht a comhpháirteanna; (b) tá luach tráchtála aige toisc gur rún é; agus (c) tá sí faoi réir bearta réasúnta, sna himthosca, ag an duine a bhfuil an fhaisnéis faoina rialú go dleathach aige chun í a choimeád faoi rún.

Ciallaíonn 'Sealbhóir Rúin Trádála' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a rialaíonn Rún Trádála den sórt sin go dleathach.

([4]) Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le fios gnó agus faisnéis ghnó neamhnochta (rúin trádála) a chosaint ar iad a fháil, a úsáid agus a nochtadh go neamhdhleathach (IO L 157, 15.6.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/943/oj).

Ní féidir sonraí a shainaithint mar rúin trádála ach amháin má dhéanann an Sealbhóir Sonraí nó an Sealbhóir Rúin Trádála iad a chosaint amhlaidh i gcás ina ndéantar iarraidh ar rochtain ar shonraí i gcomhréir le hAirteagal 4 den Ghníomh um Shonraí.

Féach clásal 5.1.1.

2. **Sainaithint tosaigh rún trádála** – Níl cearta Sealbhóirí Sonraí i leith rúin trádála infheidhme – ar dtús – ach amháin má shainaithnítear sa Chonradh na Sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála agus a mhéid a shainaithnítear sa Chonradh iad.

Féach clásal 5.1.2.

3. **Le linn an Chonartha** – D'fhéadfadh feidhm a bheith ag cearta Sealbhóirí Sonraí i leith rúin trádála freisin, áfach, le linn an Chonartha, maidir le Sonraí nua atá le cur ar fáil.

Féach clásal 5.1.3.

4. **Cearta iniúchóireachta** – Chun rúndacht na Sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála a chaomhnú, agus gan cur isteach ar ghníomhaíochtaí a chéile, féadfar cearta iniúchóireachta áirithe a mheas trí rannpháirt a thabhairt do thríú páirtithe neamhspleácha, lena n-áirítear sásraí i gcás easaontais a bhaineann le torthaí na tuarascála iniúchóireachta. Féadfaidh na Páirtithe úsáid a bhaint as bearta de mhalairt ar iniúchtaí.

Féach clásal 5.2.3.

5. **Cearta Sealbhóra Rúin Trádála (1/4)** – Féadfaidh an Sealbhóir Sonraí (nó Sealbhóir Rúin Trádála tríú páirtí) teacht ar chomhaontú leis an Úsáideoir maidir le ceanglais chun rúndacht na rún trádála a chaomhnú mar choinníoll chun na rúin trádála shainaitheanta sin a chomhroinnt, amhail bearta teicniúla agus eagraíochtúla comhréireacha áirithe a dhéanamh.

Féach clásail 5.2 agus 5.3.

6. **Cearta Sealbhóra Rúin Trádála (2/4)** – Mura bhfuil na bearta tosaigh leordhóthanach, féadfaidh an Sealbhóir Rúin Trádála, ar bhonn cás ar chás, i ndáil le Sonraí sonracha agus sainaitheanta atá faoi chosaint mar rúin trádála, leibhéal na mbeart a mhéadú go haontaobhach, nó a iarraidh go gcomhaontófar bearta breise leis an Úsáideoir. Mura bhfuil aon chomhaontú ann maidir leis na bearta is gá, féadfaidh an Sealbhóir Sonraí comhroinnt Sonraí sonracha atá faoi chosaint mar rúin trádála a chur ar fionraí, faoi na coinníollacha a leagtar amach sa Ghníomh um Shonraí.

Féach clásal 5.4.1.

7. **Cearta Sealbhóra Rúin Trádála (3/4)** – Féadfaidh an sealbhóir rúin trádála freisin, ar bhonn cás ar chás, diúltú rúin trádála shainaitheanta shonracha a chomhroinnt, in imthosca eisceachtúla amháin agus faoi na coinníollacha a leagtar amach sa Ghníomh um Shonraí.

Féach clásal 5.4.2.

8. **Cearta Sealbhóra Rúin Trádála (4/4)** – Féadfaidh Sealbhóir Rúin Trádála comhroinnt sonraí a choinneáil siar nó a chur ar fionraí má sháraíonn an tÚsáideoir a oibleagáidí maidir le rúin trádála a chosaint.

Féach clásal 5.4.3.

9. **Coinneáil Sonraí ina bhfuil Rúin Trádála Shainaitheanta** – Má dhéanann an Sealbhóir Sonraí comhroinnt sonraí a choinneáil siar nó a chur ar fionraí i gcomhréir le clásail 5.4.1, 5.4.2 nó 5.4.3, beidh an Sealbhóir Sonraí fós faoi oibleagáid na Sonraí gaolmhara ina bhfuil Rúin Trádála Shainaitheanta a choimeád ar fáil go héasca trína gcoinneáil go dtí go dtiocfaidh an tráth a fhéadfar iad a chomhroinnt faoi raon feidhme an Chonartha.

Féach clásal 5.6.

10. **Sealbhóir Rúin Trádála Shainaitheanta ar tríú páirtí é** – Más tríú páirtí é an Sealbhóir Rúin Trádála, ní mór don Sealbhóir Sonraí a áirithiú go mbeidh a rúin trádála siúd faoi chosaint ag clásal 5 freisin agus go bhfaighidh sé gach údarú ábhartha ón Sealbhóir Rúin Trádála sin ar tríú páirtí é.

Féach clásal 5.1.2.

5.1. **Infheidhmeacht socruithe maidir le rúin trádála**

5.1.1. Na bearta cosanta a chomhaontaítear i gclásail 5.2. agus 5.3 den Chonradh seo, chomh maith leis na cearta gaolmhara a chomhaontaítear i gclásal 5.4, tá feidhm acu go heisiach maidir le Sonraí nó meiteashonraí a áirítear sna Sonraí atá le cur ar fáil ag an Sealbhóir Sonraí don Úsáideoir, atá faoi chosaint mar rúin trádála (mar a shainmhínítear sa Treoir maidir le Rúin Trádála), atá i seilbh an tSealbhóra Sonraí nó Sealbhóra Rúin Trádála eile (mar a shainmhínítear sa Treoir sin).

5.1.2. Leagtar amach i bhFoscríbhinn 4 sainaithint Sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála agus céannacht an tSealbhóra (na Sealbhóirí) Rúin Trádála.

Dearbhaíonn an Sealbhóir Sonraí don Úsáideoir go bhfuil na cearta ábhartha uile acu ó aon sealbhóir rúin trádála ar tríú páirtí é chun an Conradh seo a dhéanamh a mhéid a bhaineann leis na Sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála.

I gcomhréir le hAirteagal 4(6) den Ghníomh um Shonraí, ‘déanfaidh an sealbhóir sonraí nó, i gcás nach iad an duine céanna iad, an sealbhóir rúin trádála,, na sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála a shainaithint, lena n-áirítear sna meiteashonraí ábhartha’.

Dá bhrí sin, ba cheart don Sealbhóir Sonraí na Sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála a shainaithint i bh**Foscríbhinn 4**. Níor cheart don Sealbhóir Sonraí a bheidh faoi oibleagáid, áfach, tuairisc a thabhairt ar an rún trádála féin. Is leordhóthanach a shainaithint cé na Sonraí nach mór a chosaint chun rúndacht an rúin trádála a áirithiú, dá mba rud é go bhféadfadh an anailís ar na Sonraí sin an rún trádála a nochtadh.

5.1.3. Más rud é go gcuirtear ar fáil don Úsáideoir, le linn an Chonartha seo, sonraí nua atá faoi chosaint mar rúin trádála mar a leagtar amach i gclásal 5.1.1, arna iarraidh sin don Sealbhóir Sonraí, leasófar Foscríbhinn 4 dá réir sin.

Go dtí go leasófar agus go gcomhaontófar **Foscríbhinn 4** idir na Páirtithe, féadfaidh an Sealbhóir Sonraí comhroinnt na sonraí nua atá faoi chosaint mar rúin trádála a choinneáil siar nó a chur ar fionraí go sealadach. I gcás mar sin, tabharfar bunús cuí le cinneadh an tsealbhóra sonraí agus cuirfear ar fáil i scríbhinn é don úsáideoir gan moill mhíchuí. Tabharfaidh an sealbhóir sonraí fógra freisin don údarás inniúil a ainmnítear de bhun Airteagal 37 de Rialachán (AE) 2023/2854 go bhfuil comhroinnt sonraí coinnithe siar nó curtha ar fionraí aige agus sainaithneoidh sé na bearta nár comhaontaíodh ná nár cuireadh chun feidhme.

5.1.4. Fanfaidh na hoibleagáidí a leagtar amach i gclásail 5.2 agus 5.3 i bhfeidhm tar éis aon fhoirceannadh ar an gConradh, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.

5.2. **Bearta cosanta arna ndéanamh ag an Úsáideoir**

5.2.1. Ní mór don Úsáideoir na bearta cosanta a leagtar amach i bh**Foscríbhinn 4** a chur i bhfeidhm (dá ngairtear anseo feasta: ‘Bearta Cosanta Úsáideora’).

Ba cheart do na Páirtithe, i bhfoscríbhinn ar leithligh, mionsonraí uile na mbeart sin a leagan amach, lena n-áirítear i gcásanna ina gcomhroinneann an tÚsáideoir na sonraí le tríú páirtithe. Féadfaidh bearta a bheith teicniúil (e.g. criptiú, ballaí dóiteáin, stóráil dheighilte, etc.) agus eagraíochtúil (e.g. rialachas inmheánach, bainistiú céannachta agus seiceálacha rochtana iomchuí, rannpháirtíocht tríú páirtí iontaofa, comhaontuithe rúndachta).

Ós gá na bearta a bheith comhréireach, beidh a n-ábhar éagsúil ag brath ar chineál an rúin (na rún) trádála is infheidhme. Beidh na bearta ag brath freisin ar cé acu (i) an soláthrófar rochtain ar an áit a stóráiltear na Sonraí nó (ii) an bhfuil na Sonraí le haistriú go hiomlán chuig an úsáideoir. Sa chéad chás, tá leibhéal níos airde rialaithe ag an Sealbhóir Sonraí agus is féidir leis cuid de na bearta cosanta a chur i bhfeidhm é féin, ach d’fhéadfadh sé gur lú an úsáid a bhainfeadh an tÚsáideoir as na Sonraí. In aon chás, beidh ar an dá Pháirtí díriú ar na héifeachtaí atá beartaithe ag an nGníomh um Shonraí a bhaint amach. Ar an gcúis sin, ní mór cothromaíocht a bhaint amach idir na leasanna éagsúla gan na héifeachtaí beartaithe sin a threascairt.

5.2.2. Má cheadaítear don Úsáideoir na Sonraí a chur ar fáil do thríú páirtí, is féidir leis an Úsáideoir Sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála a chomhroinnt, más amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) (i) cuireann siad an Sealbhóir Sonraí ar an eolas, gan moill mhíchuí, go mbeidh sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála á gcur ar fáil do thríú páirtí; (ii) sonraíonn siad na Sonraí atá i gceist agus (iii) tugann siad céannacht, áit bhunaithe agus sonraí teagmhála an tríú páirtí don Sealbhóir Sonraí;

(b) cuireann an tríú páirtí na bearta cosanta a leagtar amach i bhFoscríbhinn 4 i bhfeidhm.

5.2.3. [ROGHA] [Chun a fhíorú ar chuir an tÚsáideoir na Bearta Cosanta Úsáideora chun feidhme agus a mhéid atá siad á gcoinneáil ar bun aige, comhaontaíonn an tÚsáideoir (i) tuarascáil iniúchóireachta ar mheasúnú comhréireachta slándála a fháil gach bliain, ar chostas an Úsáideora, ó thríú páirtí neamhspleách arna roghnú ag an Úsáideoir; nó (ii) a cheadú gach bliain go ndéanfaidh tríú páirtí neamhspleách arna roghnú ag an Sealbhóir Sonraí, faoi réir comhaontú rúndachta arna sholáthar ag an Úsáideoir a bheith sínithe ag an tríú páirtí neamhspleách sin, iniúchadh um measúnú comhréireachta slándála, ar chostas an tSealbhóra Sonraí. Ní mór a léiriú sa tuarascáil iniúchóireachta slándála sin go gcomhlíonann an tÚsáideoir clásail 5 agus Foscríbhinn 4 de réir mar is infheidhme an tráth sin. Cuirfear torthaí na dtuarascálacha iniúchóireachta faoi bhráid an dá Pháirtí gan moill mhíchuí.

Féadfaidh an tÚsáideoir rogha a dhéanamh idir (i) agus (ii). Má mheasann Páirtí go bhfuil an tuarascáil iniúchóireachta slándála a fuair sé ar chostas an Pháirtí eile mícheart, coinníonn sé an ceart chun tuarascáil iniúchóireachta slándála a fháil ó thríú páirtí neamhspleách eile ar a chostas féin. Má fheidhmítear an ceart sin, pléifidh an bheirt iniúchóirí tríú páirtí neamhspleácha, in éineacht leis na Páirtithe, aon difríocht idir an dá thuarascáil sin agus féachfaidh siad le haon ábhar atá ar feitheamh a réiteach de mheon macánta.]

Tá an clásal sin marcáilte mar rogha, toisc go bhféadfaidh na Páirtithe bearta eile a chomhaontú chun a fhíorú go gcomhlíonann an tÚsáideoir a oibleagáidí na Bearta Cosanta Úsáideora a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun.

5.3. **Bearta cosanta arna ndéanamh ag an Sealbhóir Rúin Trádála**

5.3.1. Féadfaidh an Sealbhóir Sonraí na bearta a chomhaontaítear i bh**Foscríbhinn 4** a chur i bhfeidhm chun rúndacht na Sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála a chaomhnú (dá ngairtear anseo feasta: 'Bearta Cosanta an tSealbhóra Sonraí').

5.3.2. Féadfaidh an Sealbhóir Sonraí réitigh chosanta theicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur chun feidhme go haontaobhach, amhail nuashonrú bogearraí, mura ndéanann siad difear diúltach don Úsáideoir faoin gConradh seo.

5.3.3. Geallann an tÚsáideoir gan Bearta Cosanta an tSealbhóra Sonraí ná na bearta a dhéantar i gcomhréir le clásal 5.3.2 a athrú ná a bhaint, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.

5.4. **Oibleagáid maidir le comhroinnt agus an ceart chun diúltú, coinneáil siar nó foirceannadh**

5.4.1. I gcás nach mbeidh Bearta Cosanta an Úsáideora Shainaitheanta ná Bearta Cosanta an tSealbhóra Sonraí leordhóthanach go hábhartha chun píosa áirithe Sonraí atá faoi chosaint mar rún trádála a chosaint go leormhaith, féadfaidh an Sealbhóir Sonraí a iarraidh go gcomhaontófar bearta cosanta breise, trí fhógra a thabhairt don Úsáideoir ina mbeidh tuairisc mhionsonraithe ar neamhdhóthanacht na mbeart; mura dtagtar, tar éis tréimhse réasúnta ama, ar aon chomhaontú maidir leis na bearta breise is gá agus más cuí-réasúnaithe an gá atá leis na bearta sin, e.g. i dtuarascáil iniúchóireachta slándála, féadfaidh an Sealbhóir Sonraí comhroinnt na Sonraí sonracha atá i gceist a choinneáil siar nó a chur ar fionraí; sa chás sin, ní mór don Sealbhóir Sonraí fógra a thabhairt don Úsáideoir; ní mór an fógra a bheith cuí-réasúnaithe, ní mór a léiriú ann cé na bearta nár comhaontaíodh, i gcás inarb ábhartha, na rúin trádála lena mbaineann, agus ní mór é a thabhairt i scríbhinn gan moill mhíchuí; ní mór don Sealbhóir Sonraí leanúint d'aon Sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála a chomhroinnt seachas na Sonraí sonracha sin.

5.4.2. Más ridhócha, in imthosca eisceachtúla, go ndéanfar damáiste tromchúiseach eacnamaíoch don Sealbhóir Sonraí mar gheall ar Shonraí áirithe faoi chosaint mar rún trádála a bheith á nochtadh don Úsáideoir d'ainneoin Bearta Cosanta an Úsáideora agus Bearta Cosanta an tSealbhóra Sonraí a bheith curtha chun feidhme, féadfaidh an Sealbhóir Sonraí diúltú do chomhroinnt na Sonraí sonracha atá i gceist nó an chomhroinnt sin a chur ar fionraí.

Ní mór don Sealbhóir Sonraí fógra cuí-réasúnaithe a thabhairt gan moill mhíchuí don Úsáideoir agus don údarás inniúil a ainmnítear de bhun Airteagal 37 den Ghníomh um Shonraí.

Mar sin féin, ní mór don Sealbhóir Sonraí leanúint d'aon Sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála seachas na Sonraí sonracha sin a chomhroinnt.

Comhroinnt sonraí a dhiúltú nó scor di faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2023/2854, tá sé teoranta d'imthosca eisceachtúla. Dá bhrí sin, ní mór an fógra a bheith cuí-réasúnaithe. I measc na ngnéithe atá le cur san áireamh tá, mar shampla, easpa in-fhorfheidhmitheachta cosanta rún trádála i dtíortha nach de chuid an Aontais iad, cineál agus leibhéal rúndachta an rúin trádála atá i gceist nó uathúlacht agus úrnuacht an táirge nasctha ábhartha.

5.4.3. Má mhainníonn an tÚsáideoir a Bhearta Cosanta Úsáideora a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun agus má tá an mhainneachtain sin cuí-réasúnaithe ag an Sealbhóir Sonraí, e.g. i dtuarascáil iniúchóireachta slándála, tá an Sealbhóir Sonraí i dteideal comhroinnt na Rún Trádála Sainaitheanta sonrach a choinneáil siar nó a chur ar fionraí go dtí go mbeidh an teagmhas réitithe ag an Úsáideoir.

Sa chás sin, ní mór don Sealbhóir Sonraí, gan moill mhíchuí, fógra cuí-réasúnaithe a thabhairt i scríbhinn don Úsáideoir agus don údarás inniúil a ainmnítear de bhun Airteagal 37 den Ghníomh um Shonraí.

5.4.4. Ní thugann clásal 5.4.1 teidlíocht don Sealbhóir Sonraí an Conradh seo a fhoirceannadh.

Le clásail 5.4.2 nó 5.4.3, níl an Sealbhóir Sonraí i dteideal an Conradh seo a fhoirceannadh ach amháin maidir leis na Rúin Trádála Shainaitheanta shonracha, agus más amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) comhlíonadh coinníollacha uile chlásal 5.4.2 nó chlásal 5.4.3;

(b) níor tháinig na Páirtithe ar aon réiteach tar éis tréimhse réasúnta ama, d'ainneoin iarracht teacht ar réiteach cairdiúil, lena n-áirítear tar éis idirghabháil ón údarás inniúil a ainmnítear faoi Airteagal 37 den Ghníomh um Shonraí; agus

(c) ní dhearna cúirt inniúil cinneadh cúirte i bhfabhar an Úsáideora lena gcuirtear d'oibleagáid ar an Sealbhóir Sonraí na Sonraí a chur ar fáil agus níl aon imeacht cúirte maidir le cinneadh den sórt sin ar feitheamh.

5.5. **Deireadh le táirgeadh agus scriosadh earraí sáraitheacha**

Gan dochar do leigheasanna eile atá ar fáil don Sealbhóir Sonraí i gcomhréir leis an gConradh seo nó leis an dlí is infheidhme, má athraíonn nó má bhaineann an tÚsáideoir bearta cosanta teicniúla arna gcur i bhfeidhm ag an Sealbhóir Sonraí nó mura gcoinníonn sé ar bun na bearta teicniúla agus eagraíochtúla a rinne sé i gcomhaontú leis an Sealbhóir Sonraí i gcomhréir le clásail 5.2 agus 5.3, féadfaidh an Sealbhóir Sonraí a iarraidh ar an Úsáideoir an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) na sonraí a chuir an Sealbhóir Sonraí ar fáil agus aon chóipeanna díobh a scriosadh; agus/nó

(b) deireadh a chur le táirgeadh, tairiscint nó cur ar an margadh nó úsáid earraí, sonraí díorthacha nó seirbhísí arna dtáirgeadh ar bhonn an eolais a fhaightear trí na Rúin Trádála Shainaitheanta, nó earraí sáraitheacha a allmhairiú, a onnmhairiú nó a stóráil chun na gcríoch sin, agus aon earraí sáraitheacha a scriosadh, i gcás ina bhfuil riosca tromchúiseach ann go ndéanfaidh úsáid neamhdhleathach na sonraí sin dochar mór don Sealbhóir Sonraí nó don Sealbhóir Rúin Trádála nó i gcás nach mbeadh beart den sórt sin díréireach i bhfianaise leasanna an tSealbhóra Sonraí nó an tSealbhóra Rúin Trádála; agus/nó

(c) cúiteamh a thabhairt don pháirtí atá thíos le mí-úsáid nó nochtadh na sonraí sin a bhfuarthas rochtain orthu nó a úsáideadh go neamhdhleathach.

5.6. **Coinneáil Sonraí atá faoi chosaint mar Rúin Trádála Shainaitheanta**

5.6.1. I gcás ina bhfeidhmeoidh an Sealbhóir Sonraí an ceart chun comhroinnt Sonraí leis an Úsáideoir a dhiúltú, a choinneáil siar nó a chur ar fionraí i gcomhréir le clásail 5.4.1, 5.4.2 agus 5.4.3, beidh air a áirithiú go gcoinneofar na Sonraí atá i gceist, sa chaoi go gcuirfear na Sonraí sin ar fáil don Úsáideoir:

(a) nuair a chomhaontófar na cosaintí iomchuí agus a chuirfear chun feidhme iad, nó

(b) nuair a eiseofar cinneadh ceangailteach ó údarás inniúil nó ó chúirt lena gceanglaítear ar an Sealbhóir Sonraí na Sonraí a sholáthar don Úsáideoir.

Tagann deireadh leis an oibleagáid choinneála sin i gcás ina gceadóidh údarás inniúil nó cúirt i gcinneadh ceangailteach go scriosfar na Sonraí coinnithe sin nó i gcás ina dtiocfaidh deireadh leis an gconradh.

5.6.2. Is é an Sealbhóir Sonraí a íocfaidh na costais is gá chun na Sonraí a choinneáil faoi chlásal 5.6.1. Mar sin féin, íocfaidh an tÚsáideoir na costais sin a mhéid a choinnítear comhroinnt sonraí siar nó a chuirtear ar fionraí í i gcomhréir le clásal 5.4.3.

6. **(má chuireann an Sealbhóir Sonraí na Sonraí ar fáil arna iarraidh sin don Úsáideoir) Úsáid sonraí ag an Úsáideoir**

6.1. **Úsáid cheadaithe agus comhroinnt Sonraí**

6.1.1. Féadfaidh an tÚsáideoir na Sonraí a chuireann an Sealbhóir Sonraí ar fáil arna iarraidh sin dó a úsáid chun aon chríoch dhleathach agus/nó, a mhéid a aistrítear na Sonraí chuig an Úsáideoir nó a mhéid is féidir leis an Úsáideoir iad a aisghabháil, na Sonraí a chomhroinnt faoi shaoirse faoi réir na dteorainneacha i gclásal 6.2.

6.2. **Srianta ar Shonraí a úsáid agus a chomhroinnt**

6.2.1. Geallann an tÚsáideoir gan na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) na Sonraí a úsáid chun táirge nasctha a fhorbairt a rachaidh in iomaíocht leis an Táirge, ná na Sonraí a chomhroinnt le tríú páirtí chun na críche sin;

(b) na Sonraí sin a úsáid chun léargas a fháil ar staid eacnamaíoch, ar shócmhainní agus ar mhodhanna táirgthe an mhonaróra nó, i gcás inarb infheidhme, an tSealbhóra Sonraí;

(c) modhanna comhéigneacha a úsáid nó mí-úsáid a bhaint as bearnaí i mbonneagar teicniúil an tSealbhóra Sonraí atá ceaptha na Sonraí a chosaint ionas go bhfaighidh sé rochtain ar Shonraí;

(d) na Sonraí a chomhroinnt le tríú páirtí a mheastar a bheith ina gheatóir faoi Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/1925.

6.2.2. [ROGHA] [Thairis sin agus i gcomhréir le hAirteagal 4(2) den Ghníomh um Shonraí, comhaontaíonn an tÚsáideoir agus an Sealbhóir Sonraí an phróiseáil seo a leanas a shrianadh nó a thoirmeasc mar a leanas (*sonraigh an phróiseáil lena mbaineann: sonraí a rochtain, a úsáid agus/nó a chomhroinnt a thuilleadh*), a mbeadh sé mar thoradh air go mbainfí an bonn de na ceanglais slándála don Táirge, mar a leagtar síos le dlí an Aontais (*sonraigh an ceanglas dlí slándála lena mbaineann*), rud a mbeadh éifeacht thromchúiseach aige ar shláinte, ar shábháilteacht nó ar shlándáil daoine nádúrtha.

Geallann an tÚsáideoir gan (sonraigh srianta nó toirmisc ábhartha a bhaineann leis an bpróiseáil thuasluaite).]

7. **Sonraí a chomhroinnt le Faighteoir Sonraí arna iarraidh sin don Úsáideoir**

7.1. **Sonraí a chur ar fáil d'Fhaighteoir Sonraí**

7.1.1. Ní mór don Sealbhóir Sonraí na Sonraí, in éineacht leis na meiteashonraí ábhartha is gá chun na Sonraí sin a léirmhíniú agus a úsáid, a chur ar fáil d'Fhaighteoir Sonraí, saor in aisce don Úsáideoir, arna iarraidh sin don Úsáideoir nó do pháirtí atá ag gníomhú thar a cheann. Is féidir an iarraidh a dhéanamh agus úsáid á baint as an bhfoirm a shonraítear i bh**Foscríbhinn 3**, a sheoltar chuig (*tabhair tuairisc ar nós imeachta um iarraidh shimplí a dhéanamh trí mhodhanna leictreonacha i gcás inar féidir go teicniúil*). Chun a fhíorú gurb é an tÚsáideoir a dhéanann an iarraidh, ní cheanglófar ar an Sealbhóir Sonraí aon fhaisnéis thar a bhfuil riachtanach a sholáthar.

7.1.2. I gcás nach é an tÚsáideoir an t-ábhar sonraí, ní chuirfidh an Sealbhóir Sonraí na Sonraí ar sonraí pearsanta iad ar fáil do thríú páirtí arna iarraidh sin don Úsáideoir ach i gcás ina bhfuil bunús dlí bailí ann chun sonraí pearsanta a chur ar fáil faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/679 (RGCS) agus ní chuirfidh sé ar fáil dó iad ach, i gcás inarb ábhartha, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 9 den Rialachán sin agus in Airteagal 5(3) de Threoir 2002/58/CE (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach).

I ndáil leis sin, i gcás nach é an tÚsáideoir an t-ábhar sonraí, ní mór don Úsáideoir a chur in iúl don Sealbhóir Sonraí, i ngach iarraidh a chuirtear isteach faoin gclásal roimhe seo, an bunús dlí atá leis an bpróiseáil faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/679 (agus, i gcás inarb ábhartha, an maolú is infheidhme faoi Airteagal 9 den Rialachán sin agus Airteagal 5(3) de Threoir 2002/58/CE) ar a n-iarrtar sonraí pearsanta a chur ar fáil.

7.1.3. Ní mór don Sealbhóir Sonraí na Sonraí a chur ar fáil don Fhaighteoir Sonraí, agus na Sonraí den cháilíocht chéanna ar a laghad agus atá ar fáil don Sealbhóir Sonraí, agus in aon chás i bhformáid chuimsitheach, struchtúrtha, a úsáidtear go coitianta agus atá inléite ag meaisín, go héasca agus go slán.

7.1.4. I gcás ina gcuirfidh an tÚsáideoir iarraidh den sórt sin isteach, comhaontóidh an Sealbhóir Sonraí leis an bhFaighteoir Sonraí na socruithe chun na Sonraí a chur ar fáil i gcomhréir le Caibidlí III agus IV den Ghníomh um Shonraí.

7.1.5. Aithníonn an tÚsáideoir nach féidir le hiarraidh faoi chlásal 7.1.1 dul chun tairbhe do thríú páirtí a mheastar a bheith ina gheatóir faoi Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/1925 [ROGHA] [agus nach féidir í a dhéanamh i gcomhthéacs táirgí nasctha, substaintí nó próiseas nua nár cuireadh ar an margadh go fóill a thástáil].

7.1.6. Aithníonn an tÚsáideoir nach bpróiseálfaidh an tríú páirtí ach na sonraí a chuirtear ar fáil dó de bhun chlásal 7.1.1 chun na gcríoch agus faoi na coinníollacha a chomhaontaítear leis an Úsáideoir. Ní fhéadfar an Sealbhóir Sonraí a chur faoi dhliteanas i leith an Úsáideora as comhaontú den sórt sin idir an tÚsáideoir agus an tríú páirtí a bheith in easnamh, mura rud é go raibh an Sealbhóir Sonraí ar an eolas faoin easnamh sin nó gur cheart dó a bheith ar an eolas faoi.

8. **[ROGHA más eintiteas gnó é an tÚsáideoir] Teorainneacha le Cearta an Úsáideora**

Aontaíonn an t-úsáideoir (*sonraigh cuspóir, cineál agus fad na teorann ar cheart an Úsáideora na Sonraí a úsáid nó a chomhroinnt agus sainaithin an chuid de na Sonraí lena mbaineann na teorainneacha sin*).

I gcomhréir le hAirteagal 7(2) den Ghníomh um Shonraí, 'Aon téarma conarthach lena ndéantar, chun aimhleasa an úsáideora, feidhmiú chearta an úsáideora faoi [Chaibidil II] a eisiamh, maolú orthu ná a éifeacht a athrú, ní bheidh sé ina cheangal ar an úsáideoir'.

Ba cheart é seo a léamh i bhfianaise Aithris (25) ina sonraítear nach '[g]cuirtear cosc ar úsáideoirí, i gcás caidreamh gnólacht le gnólacht, sonraí a chur ar fáil do thríú páirtithe nó do shealbhóirí sonraí faoi aon téarma conarthach dleathach, lena n-áirítear trí chomhaontú a dhéanamh comhroinnt bhreise na sonraí sin a theorannú nó a shrianadh, nó trína gcúiteamh go comhréireach, mar shampla mar mhalairt ar a gceart chun na sonraí sin a úsáid nó a chomhroinnt'.

Dá bhrí sin, ní bheidh teorainneacha den sórt sin bailí ach amháin mura ndéanann siad aon dochar don Úsáideoir, rud a fhágann nár cheart do na teorainneacha dochar a dhéanamh do leasanna dlisteanacha an Úsáideora.

Ina theannta sin, níor cheart an clásal sin a úsáid chun a chearta dlíthiúla faoi Airteagail 4 agus 5 den Ghníomh um Shonraí a bhaint go hiomlán den Úsáideoir, mar shampla tríd an Úsáideoir a bheith ag géilleadh go hiomlán a cheart chun rochtain a fháil ar Shonraí. Ní fhéadfadh an tÚsáideoir glacadh le teorainneacha ar a chearta ach amháin i gcás ina bhfuil siad teoranta ó thaobh raon feidhme agus ama de. agus nach chun aimhleasa an Úsáideora iad. D'fhéadfaidís a bheith ina dteorainneacha sonracha ar úsáid na Sonraí a bhfuarthas rochtain orthu, mar shampla, nó ina gcomhaontú gan na Sonraí a chomhroinnt a thuilleadh le tríú páirtí mar a léirítear in Aithris 25, nó gan ligean d'Fhaighteoir Sonraí na Sonraí a chomhroinnt a thuilleadh le tríú páirtí.

D'fhéadfaí an clásal sin a úsáid i gcás ina bhfuil leas ag an Úsáideoir i dteorainneacha den sórt sin, mar shampla, i gcás ina ngabhann an Sealbhóir Sonraí agus an tÚsáideoir do thionscadal tionsclaíoch comhpháirteach.

D'fhéadfadh feidhm a bheith aige freisin má chúitítear an tÚsáideoir. Ach níor leor ann féin cúiteamh a fháil chun a mheas nach ndéanann teorainneacha dochar don Úsáideoir. Ba cheart an cúiteamh sin a bheith i gcomhréir leis na teorainneacha.

Féadfaidh an tÚsáideoir, dá lánrogha féin, glacadh leis an teorainn (na teorainneacha) faoin gclásal seo nó diúltú dó (dóibh).

9. **Cúiteamh don Úsáideoir**

9.1. **Cúiteamh**

Geallann an Sealbhóir Sonraí an tÚsáideoir a chúiteamh mar a leagtar amach go mionsonraithe i bh**Foscríbhinn 7**, *(más infheidhme)* lena n-áirítear maidir leis na teorainneacha ar chearta an Úsáideora i gcomhréir le clásal 8.

Is féidir leis na Páirtithe teacht ar chomhaontú maidir le cúiteamh as an Sealbhóir Sonraí a bheith ag úsáid agus ag comhroinnt na Sonraí, aon uair a cheapann siad go bhfuil sé cothrom agus réasúnta. Féadfaidh siad cuimhneamh ar chúiteamh den sórt sin, mar shampla, má úsáideann an Sealbhóir Sonraí na Sonraí chun táirgí nó seirbhísí nua a fhorbairt nó má chruthaíonn an Sealbhóir Sonraí sonraí comhiomlánaithe nó díorthaithe chun críoch tráchtála. Os a choinne sin, má úsáidtear na Sonraí go heisiach le haghaidh riachtanais aon chomhaontaithe a thugtar i gcrích leis an Úsáideoir nó chun feidhmiú, sábháilteacht agus slándáil an Táirge nó na Seirbhíse Gaolmhaire a áirithiú, mar shampla, d'fhéadfadh sé nach n-áireofaí cúiteamh.

Mar sin féin, ba cheart do na Páirtithe a bheith ar an eolas, mar shampla, má chuireann an tÚsáideoir teorainn lena chearta i gcomhréir le clásal 8, gur cheart an tÚsáideoir a chúiteamh, mar a mhínítear sa bhosca míniúcháin faoi chlásal 8, agus gur cheart an cúiteamh a bheith comhréireach lena ghéire atá an teorannú.

Ar an gcaoi chéanna, b'fhéidir go mbeadh gá le cúiteamh chun a áirithiú go gcaithfear go cothrom leis an Úsáideoir, má aontaíonn an tÚsáideoir go bhféadfaidh an Sealbhóir Sonraí na Sonraí a dhíol le tríú páirtithe i gcomhréir le clásal 3.2.1 (a) (iii).

Má bhíonn cúiteamh dlite, ní mór do na Páirtithe teacht ar chomhaontú maidir lena chineál, bíodh sé ina chúiteamh airgid nó eile.

9.2. **(infheidhme maidir le cúiteamh airgid) Ús i gcás íocaíochtaí déanacha**

Má chuirtear moill ar íocaíocht an chúitimh, ba cheart don Sealbhóir Sonraí ús a íoc leis an Úsáideoir ar chúiteamh thar téarma ón tráth atá an íocaíocht dlite go dtí tráth na híocaíochta mar a leagtar síos sa dlí is infheidhme.

10. **Aistriú úsáide agus úsáideoirí iomadúla**

Féadfaidh an tÚsáideoir Tosaigh úinéireacht an Táirge nó a cheart chun an Táirge a úsáid a aistriú go buan chuig Úsáideoir Iartheachtach, mar shampla i gcás ina ndíolann an t-úsáideoir an Táirge (aistriú úsáide).

Féadfaidh an tÚsáideoir Tosaigh cearta a dheonú freisin d'Úsáideoirí Breise chun an Táirge a úsáid agus/nó seirbhísí gaolmhara a fháil, agus a ról mar Úsáideoir (úsáideoirí iomadúla) á choinneáil ar bun aige, mar shampla sna cásanna seo a leanas:

— ligeann gnólacht a veain ar fholéas le gnólacht eile ar feadh tréimhsí áirithe den bhliain;

— déanann cuideachta gluaisteán ar cíos a gluaisteáin a ligean ar cíos le custaiméirí.

Ceart an tSealbhóra Sonraí chun na Sonraí a úsáid

Sna cásanna sin, ní mór don Sealbhóir Sonraí conradh a thabhairt i gcrích leis na hÚsáideoirí Iartheachtacha nó Breise chun go mbeidh sé in ann úsáid a bhaint as sonraí a ghintear trí úsáid an Táirge nó na Seirbhísí Gaolmhara ag na húsáideoirí sin. Moltar sna clásail thíos réitigh fhéideartha chun conradh den sórt sin a thabhairt i gcrích, sa chaoi gur féidir leis na Páirtithe an réiteach is fearr a oireann do shainiúlachtaí an cháis a roghnú.

I gcás aistriú, d'fhéadfadh na Páirtithe a chomhaontú, mar shampla, go dtabharfaidh an tÚsáideoir Tosaigh fógra don Sealbhóir Sonraí faoin aistriú, faoi chéannacht agus faoi shonraí teagmhála an Úsáideora Iartheachtaigh sa chaoi go mbeidh an Sealbhóir Sonraí in ann teagmháil a dhéanamh leis an Úsáideoir Iartheachtach agus conradh a thabhairt i gcrích leis.

I gcás úsáideoirí iomadúla, d'fhéadfadh réiteach den sórt sin a bheith ródhian ar an Sealbhóir Sonraí. Má tá an tÚsáideoir Tosaigh in ann gníomhú thar ceann an tSealbhóra Sonraí, féidearthacht amháin dá bhrí sin is ea go bhfaighidh an tÚsáideoir Tosaigh comhaontú ó Úsáideoirí Breise ina mbeidh na coinníollacha maidir le rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí a leagtar amach sa Chonradh seo.

I gcásanna eile, d'fhéadfadh sé a bheith indéanta agus níos fearr fós don Úsáideoir Tosaigh fógra a thabhairt don Sealbhóir Sonraí faoi shonraí teagmhála Úsáideora Breise, sa chaoi go mbeidh an Sealbhóir Sonraí in ann conradh a thabhairt i gcrích go díreach leis an Úsáideoir Breise.

D'fhéadfadh sé freisin nach gá don Úsáideoir Tosaigh fógra a thabhairt don Sealbhóir Sonraí maidir le hÚsáideoir Iartheachtach nó Breise chun conradh a thabhairt i gcrích, toisc go bhfágann na himthosca gur féidir leo conradh a thabhairt i gcrích gan aon ghníomhaíocht ón Úsáideoir Tosaigh. D'fhéadfadh sé tarlú, mar shampla, gur gá cuntas a chruthú lena sainaithnítear an t-úsáideoir chun an Táirge agus/nó an tSeirbhís Ghaolmhar a úsáid. Más amhlaidh an cás, beidh an Sealbhóir Sonraí in ann conradh a thabhairt i gcrích leis an Úsáideoir Iartheachtach nó Breise nuair a chruthaíonn sé a chuntais féin. D'fhéadfadh sé, áfach, go gceanglódh sé sin ar an Úsáideoir Tosaigh a áirithiú nach mbainfidh an tÚsáideoir Iartheachtach nó Breise úsáid as a chuntas.

Cearta rochtana na bPáirtithe i ndáil le haistriú úsáide agus úsáideoirí iomadúla

I gcás aistriú úsáide nó úsáideoirí iomadúla, ba cheart cinnteacht a thabhairt leis an gConradh maidir le cé atá in ann rochtain a fháil ar na Sonraí agus maidir leis na coinníollacha faoinar féidir rochtain a fháil orthu. Mar shampla, i gcás ina ligeann cuideachta (an tÚsáideoir Tosaigh) innealra talmhaíochta nasctha ar cíos le feirmeoirí aonair (Úsáideoirí Breise) ar bhonn laethúil nó seachtainiúil, d'fhéadfadh sé go nochtfadh na sonraí arna nginiúint ag an innealra talmhaíochta faisnéis íogair ghnó de chuid na bhfeirmeoirí aonair. Ní féidir leis an monaróir (an Sealbhóir Sonraí) aon sonraí faoi chlásal 4 den Chonradh seo a chur ar fáil don Úsáideoir Tosaigh (an chuideachta ar léi an t-innealra) gan a áirithiú nach mbeadh sé sin ina shárú ar aon fhaisnéis rúnda nó ar chearta feirmeoirí aonair (na hÚsáideoirí Breise).

D'fhéadfadh cearta rochtana an Úsáideora Breise nó Iartheachtaigh a bheith ag brath go háirithe ar chatagóiriú conarthach na Sonraí, mar shampla:

— Sonraí Inbhainte an Úsáideora – Is minic a ligeann na táirgí nó na seirbhísí gaolmhara don úsáideoir na Sonraí a ghintear le linn a úsáide a scriosadh. I gcás aistriú, ba cheart don úsáideoir na Sonraí sin a scriosadh. Mura scriosfar, d'fhéadfadh rochtain a bheith ag an Úsáideoir Breise nó Iartheachtach ar na Sonraí sin.

— Sonraí a Bhíonn Inbhainte i gCónaí – Sonraí nár cheart don Sealbhóir Sonraí a chur ar fáil don Úsáideoir Breise nó Iartheachtach.

— Sonraí Iarmharacha – Sonraí seachas Sonraí Inbhainte an Úsáideora nó Sonraí a Bhíonn Inbhainte i gCónaí; ní bheidh na Sonraí sin inbhainte agus ní bheidh siad faoi réir comhaontú rúndachta (i.e. beidh na Sonraí ar fáil d'Úsáideoirí Iartheachtacha nua freisin). D'fhéadfaí a áireamh ar na Sonraí sin na Sonraí nach mór a bheith inrochtana ag an Úsáideoir Breise nó Iartheachtach trí oibriú an dlí nó sa chleachtas (mar shampla, Sonraí a bhaineann leis na nuashonruithe a dhéantar i bhfeithicil nasctha).

Ba cheart don Sealbhóir Sonraí na Sonraí a shórtáil sna catagóirí sin, go háirithe san fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 3(2) agus (3) den Ghníomh um Shonraí, sa Chonradh seo (mar shampla, i bhFoscríbhinn 1) nó sa doiciméadacht a bhaineann leis an Táirge nó leis an tSeirbhís Ghaolmhar.

Díríonn clásal 10 seo ar an nGníomh um Shonraí; ní dhéanann sé difear d'aon reachtaíocht bhreise, lena n-áirítear reachtaíocht earnála, lena bhféadfaí aistriú táirge nasctha nó seirbhíse gaolmhaire a rialáil (e.g. athphróiseáil feistí leighis).

10.1. **Aistriú úsáide**

I gcás ina ndéanann an tÚsáideoir (i) úinéireacht an Táirge, nó (ii) a chearta sealadacha chun an Táirge a úsáid, agus/nó (iii) a chearta chun Seirbhísí Gaolmhara a fháil a aistriú ar bhonn conarthach chuig duine ina dhiaidh sin ('Úsáideoir Iartheachtach') agus ina gcailleann sé stádas úsáideora tar éis an aistrithe, geallann na Páirtithe na ceanglais a leagtar amach sa chlásal seo a chomhlíonadh.

[ROGHA 1] [Ní mór don Úsáideoir Tosaigh fógra a thabhairt don Sealbhóir Sonraí faoin aistriú, agus sonraí teagmhála riachtanacha an Úsáideora Iartheachtaigh a sholáthar, sa chaoi gur féidir leis an Sealbhóir Sonraí conradh a thabhairt i gcrích leis maidir leis an úsáid a bhainfidh an Sealbhóir Sonraí as na Sonraí.]

[ROGHA 2] [Glacann an Sealbhóir Sonraí na bearta is gá chun Conradh a thabhairt i gcrích leis an Úsáideoir Iartheachtach maidir leis an úsáid a bhainfidh an Sealbhóir Sonraí as na Sonraí. *(más infheidhme)* Ní mór don Úsáideoir Tosaigh a áirithiú nach féidir leis an Úsáideoir Iartheachtach cuntas an Úsáideora Tosaigh a úsáid.]

Maidir le cearta an tSealbhóra Sonraí úsáid a bhaint as Sonraí Táirge nó Sonraí Seirbhísí Gaolmhara arna nginiúint roimh an aistriú, ní dhéanfaidh aistriú difear dóibh, i.e. na cearta agus na hoibleagáidí a bhaineann leis na Sonraí a aistríodh faoin gConradh roimh an aistriú, leanfar díobh tar éis an aistrithe.

10.2. **Úsáideoirí iomadúla**

I gcás ina ndeonaíonn an tÚsáideoir Tosaigh ceart do pháirtí eile ('Úsáideoir Breise') chun an Táirge agus/nó an tSeirbhís Ghaolmhar (na Seirbhísí Gaolmhara) a úsáid agus ina gcoinníonn sé a stádas mar Úsáideoir, geallann na Páirtithe na ceanglais a leagtar amach sa chlásal seo a chomhlíonadh.

10.2.1. Comhaontú an Úsáideora Breise maidir le húsáid agus comhroinnt Sonraí ag an Sealbhóir Sonraí

[ROGHA 1] [Sa Chonradh idir an tÚsáideoir Tosaigh agus an tÚsáideoir Breise, áiríonn an tÚsáideoir Tosaigh, thar ceann an tSealbhóra Sonraí, clásail lena dtugtar léiriú substaintiúil ar ábhar an Chonartha seo idir an tÚsáideoir Tosaigh agus an Sealbhóir Sonraí agus go háirithe clásal 3 maidir le húsáid agus comhroinnt na Sonraí Táirge agus/nó na Sonraí Seirbhíse Gaolmhaire ag an Sealbhóir Sonraí, ar feadh thréimhse úsáid shealadach an Táirge agus/nó na Seirbhíse Gaolmhaire.]

[ROGHA 2] [Tugann an tÚsáideoir Tosaigh fógra don Sealbhóir Sonraí faoi chearta an Úsáideora Breise an Táirge agus/nó an tSeirbhís Ghaolmhar a úsáid agus faoi fhad na gceart sin agus faoina shonraí teagmhála, sa chaoi gur féidir leis an Sealbhóir Sonraí comhaontú a thabhairt i gcrích leis an Úsáideoir Breise maidir le húsáid agus comhroinnt na Sonraí sin ag an Sealbhóir Sonraí.]

[ROGHA 3] [Déanann an Sealbhóir Sonraí na bearta is gá chun comhaontú a thabhairt i gcrích leis an Úsáideoir Breise. *(más infheidhme)* Ní mór don Úsáideoir Tosaigh a áirithiú nach féidir leis an Úsáideoir Breise cuntas an Úsáideora Tosaigh a úsáid.]

10.2.2. Rochtain ar Shonraí ag an Úsáideoir Breise

[ROGHA] [Gníomhaíonn an tÚsáideoir Tosaigh mar chéad phointe teagmhála don Úsáideoir Breise, má dhéanann an tÚsáideoir Breise iarraidh ar rochtain ar Shonraí faoi Airteagail 4 nó 5 den Ghníomh um Shonraí. Ní mór don Sealbhóir Sonraí oibriú i gcomhar leis an Úsáideoir Tosaigh chun aghaidh a thabhairt ar an iarraidh, mar a shonraítear i bh**Foscríbhinn 10**.]

10.3. **Dliteanas an Úsáideora Tosaigh**

A mhéid a bheidh úsáid agus comhroinnt Sonraí Táirge nó Sonraí Seirbhísí Gaolmhara ag an Sealbhóir Sonraí mar thoradh ar mhainneachtain an Úsáideora Tosaigh a oibleagáidí faoi chlásail 10.1 agus 10.2 a chomhlíonadh in éagmais Conradh leis an Úsáideoir Iartheachtach nó Breise, slánóidh an tÚsáideoir Tosaigh an Sealbhóir Sonraí le haghaidh aon éileamh ar dhamáistí ag an Úsáideoir Iartheachtach nó Breise i leith an tSealbhóra Sonraí as an úsáid a bhaineann sé as na Sonraí tar éis aistriú nó úsáid shealadach an Táirge agus/nó na Seirbhíse Gaolmhaire (Seirbhísí Gaolmhara).

11. **Dáta cur i bhfeidhm, fad an Chonartha agus foirceannadh**

11.1. **Dáta cur i bhfeidhm agus fad**

Níorbh ann don Chonradh seo de ghnáth mar chonradh neamhspleách, ach thabharfaí i gcrích é i gcomhthráth leis an gconradh lena n-aistrítear úinéireacht an Táirge chuig an Úsáideoir, rud a thabharfadh cearta sealadacha dó an Táirge a úsáid agus/nó leis an gconradh maidir le Seirbhís Ghaolmhar.

Ní mór don Chonradh seo leanúint de bheith i bhfeidhm go ginearálta fad a cheadaítear don Úsáideoir leis an gconradh eile sin an Táirge nó an tSeirbhís Ghaolmhar a úsáid. Ar an gcaoi chéanna, níor cheart an Sealbhóir Sonraí ná an tÚsáideoir a bheith in ann an Conradh seo a fhoirceannadh ach amháin i gcás ina ndéanann an Páirtí eile sárú substainteach ar oibleagáidí, mar is é an toradh a bheadh air sin ina mhalairt de chás go n-úsáidfeadh an tÚsáideoir an Táirge agus/nó an tSeirbhís Ghaolmhar gan aon chreat conarthach maidir le cearta agus oibleagáidí faoin nGníomh um Shonraí.

11.1.1. Tagann an Conradh seo [ROGHA 1] [i bhfeidhm láithreach] [ROGHA 2] [i bhfeidhm ón (*sonraigh an dáta*)].

11.1.2. Tugtar an Conradh i gcrích le haghaidh [ROGHA 1] [tréimhse neamhchinntithe] [ROGHA 2] [téarma seasta (*sonraigh*)], faoi réir aon fhoras le haghaidh dul in éag nó foirceannadh faoin gConradh seo.

11.2. **Foirceannadh**

Gan beann ar an tréimhse chonartha a chomhaontaítear faoi chlásal 11.1, déantar an conradh seo a fhoirceannadh:

(a) i gcás ina scriostar an Táirge nó ina scoirtear go buan den tSeirbhís Ghaolmhar, nó i gcás ina gcailleann an Táirge nó an tSeirbhís Ghaolmhar an cumas na Sonraí a ghiniúint ar bhealach dochúlaithe; nó

(b) i gcás ina gcailleann an tÚsáideoir úinéireacht ar an Táirge nó i gcás ina dtagann deireadh le cearta an Úsáideora maidir leis an Táirge faoi chomhaontú cíosa nó léasa nó faoi chomhaontú comhchosúil nó ina dtagann deireadh le cearta an úsáideora maidir leis an tseirbhís ghaolmhar; nó

(c) i gcás ina gcomhaontaíonn an dá Pháirtí amhlaidh.

Beidh pointí (b) agus (c) gan dochar don chonradh a bheidh fós i bhfeidhm idir an Sealbhóir Sonraí agus aon Úsáideoir Iartheachtacha nó Breise.

11.3. **Éifeachtaí an dul in éag agus an fhoirceanta**

11.3.1. Le dul in éag thréimhse an chonartha nó le foirceannadh an Chonartha seo, scaoiltear an dá Pháirtí óna n-oibleagáid comhlíonadh amach anseo a fheidhmiú agus a ghlacadh ach ní dhéantar difear do na cearta ná do na dliteanais a fabhraíodh suas le tráth an fhoirceanta.

Ní dhéanann dul in éag ná foirceannadh difear d'aon fhoráil sa chonradh seo atá le hoibriú fiú tar éis dheireadh an chonartha, go háirithe clásal 13.1 maidir le rúndacht, clásal 13.4 maidir leis an dlí is infheidhme agus clásal 13.6 maidir le réiteach díospóidí.

11.3.2. Beidh na héifeachtaí seo a leanas ag foirceannadh nó dul in éag an Chonartha:

(a) scoirfidh an Sealbhóir Sonraí d'aisghabháil na Sonraí arna nginiúint nó arna dtaifeadadh ó dháta an fhoirceanta nó an éaga;

(b) tá an Sealbhóir Sonraí fós i dteideal na Sonraí arna nginiúint nó arna dtaifeadadh roimh dháta an fhoirceanta nó an éaga a úsáid agus a chomhroinnt mar a shonraítear sa Chonradh seo.

12. **Leigheasanna ar shárú conartha**

D'fhéadfadh sé gur mhian leis na Páirtithe teacht ar chomhaontú ní hamháin maidir leis na cearta agus na hoibleagáidí a bhaineann go sonrach le sonraí (a leanann roinnt mhaith acu cheana féin as an nGníomh um Shonraí) ach freisin maidir le hábhair a bhaineann le dlí ginearálta na gconarthaí, amhail cearta agus leigheasanna páirtí chonarthaigh i gcás neamhchomhlíonadh an pháirtí chonarthaigh eile.

I gcás na n-ábhar sin a bhaineann le dlí ginearálta na gconarthaí, d'fhéadfadh sé gur mhian le Páirtithe brath ar rialacha réamhshocraithe reachtúla, nó ar theimpléid chonartha eile. Más mian leo na téarmaí conarthacha eiseamláireacha sin a úsáid, ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil siad comhoiriúnach le haon dlí náisiúnta sainordaitheach a mbeadh feidhm aige maidir leis an gConradh.

12.1. **Cásanna neamhchomhlíonta**

12.1.1. Neamhchomhlíonadh oibleagáide ag Páirtí, tá sé bunúsach don chonradh seo más amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) leis an neamhchomhlíonadh, baintear go substaintiúil dá raibh i dteideal ag an bPáirtí eile coinne a bheith aige leis faoin gConradh seo, murar thuar an Páirtí neamhchomhlíontach go mbeadh an toradh sin ann agus mura mbeadh sé intuartha le réasún aige; nó

(b) is léir ó na himthosca nach féidir brath ar an dóigh a bhfeidhmeoidh an Páirtí neamhchomhlíontach amach anseo.

12.1.2. Maitear neamhchomhlíonadh Páirtí más é is cúis leis bac nach bhfuil neart aige air agus nach bhféadfadh coinne réasúnta a bheith leis go gcuirfeadh an Páirtí sin an bac san áireamh tráth thabhairt i gcrích an Chonartha seo, nó go ndéanfadh sé an bac nó a iarmhairtí a sheachaint nó a shárú.

I gcás nach bhfuil sa bhac ach bac sealadach, beidh feidhm ag an maitheamh le haghaidh na tréimhse ina mbeidh an bac ann. Mar sin féin, más neamhchomhlíonadh bunúsach atá sa mhoill, féadfaidh an Páirtí eile caitheamh léi amhlaidh.

Ní mór don Pháirtí neamhchomhlíontach a áirithiú go bhfaighidh an Páirtí eile fógra, gan moill mhíchuí, faoin mbac agus faoina éifeacht ar a chumas comhlíonadh tar éis don Pháirtí neamhchomhlíontach teacht ar an eolas faoi na himthosca sin nó faoin tráth a mbeadh coinne réasúnta leis go dtiocfadh sé ar an eolas fúthu. Tá an Páirtí eile i dteideal damáistí i leith damáiste eacnamaíoch as gan an fógra sin a fháil.

12.2. **Leigheasanna**

12.2.1. I gcás neamhchomhlíonadh ag Páirtí, beidh na leigheasanna a liostaítear sna clásail seo a leanas ag an bPáirtí eile, gan dochar d'aon leigheas atá ar fáil faoin dlí is infheidhme.

12.2.2. Féadfar leigheasanna nach bhfuil ar neamhréir a charnadh.

12.2.3. Ní fhéadfaidh Páirtí dul i muinín leighis a mhéid atá sé ina chúis le neamhchomhlíonadh an Pháirtí eile, amhail i gcás ina bhfágann easnamh ina bhonneagar sonraí féin nárbh fhéidir leis an bPáirtí eile a oibleagáidí a chomhlíonadh go cuí. Ní fhéadfaidh Páirtí brath ach oiread ar éileamh ar dhamáistí a bhain dó a mhéid a d'fhéadfadh sé an damáiste a laghdú trí bhearta réasúnta a dhéanamh.

12.2.4. Is féidir leis an bPáirtí éagóirithe:

(a) a iarraidh go gcomhlíonfaidh an Páirtí neamhchomhlíontach, gan moill mhíchuí, a oibleagáidí faoin gConradh seo, mura mbeadh sé neamhdhleathach nó dodhéanta nó mura mbeadh comhlíonadh sonrach ina chúis le costais ar an bPáirtí neamhchomhlíontach a bheadh díréireach leis an sochar a gheobhadh an Páirtí eile;

(b) a iarraidh go léirscriosfaidh an Páirtí neamhchomhlíontach Sonraí a bhfuarthas rochtain orthu nó a úsáideadh de shárú ar an gconradh seo agus aon chóip díobh;

(c) damáistí a éileamh i leith díobháil eacnamaíoch a rinneadh dó de dheasca neamhchomhlíonadh an Pháirtí eile nach maitear faoi chlásal 12.1.2. Ní bheidh an Páirtí neamhchomhlíontach faoi dhliteanas ach amháin i leith damáiste a thuar sé nó a mbeadh coinne réasúnta lena thuar tráth thabhairt i gcrích an chonartha seo mar thoradh ar a neamhchomhlíonadh, mura rud é gur d'aon ghnó nó trí mhórfhaillí a rinneadh an neamhchomhlíonadh.

12.2.5. Is féidir leis an Sealbhóir Sonraí comhroinnt Sonraí leis an Úsáideoir a chur ar fionraí freisin go dtí go gcomhlíonfaidh an tÚsáideoir a oibleagáidí nó a shrianta, trí fhógra cuí-réasúnaithe a thabhairt don Úsáideoir gan moill mhíchuí:

(a) más neamhchomhlíonadh bunúsach é neamhchomhlíonadh oibleagáidí an Úsáideora;

(b) *(más infheidhme)* ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha eile ar fad a leagtar amach i gclásal 5.4.3, i gcásanna a thuairiscítear i gclásal 5.4.3.

12.2.6. Is féidir leis an Úsáideoir an méid seo a leanas a dhéanamh freisin:

(a) an comhaontú a tugadh don Sealbhóir Sonraí faoi chlásal 3 nó a chomhaontú leis na teorainneacha ar chearta an Úsáideora a comhaontaíodh faoi chlásal 8 a chur ar fionraí, go dtí go gcomhlíonfaidh an Sealbhóir Sonraí a oibleagáidí, mura ndéanfadh sé sin dochar don Sealbhóir Sonraí a bheadh thar a bheith díréireach i gcomparáid leis an neamhchomhlíonadh nó lena éifeachtaí;

(b) an cead a tugadh don Sealbhóir Sonraí faoi chlásal 3 agus/nó a chomhaontú leis na teorainneacha ar chearta an Úsáideora a comhaontaíodh faoi chlásal 8 a tharraingt siar, trí fhógra a thabhairt don Sealbhóir Sonraí, más amhlaidh an méid seo a leanas:

i) is neamhchomhlíonadh bunúsach é neamhchomhlíonadh an tSealbhóra Sonraí; nó

ii) i gcás neamhchomhlíonadh nach neamhchomhlíonadh bunúsach é, tá fógra tugtha ag an Úsáideoir lena socraítear tréimhse réasúnta ama chun an neamhchomhlíonadh a leigheas agus tá an tréimhse dulta i léig gan comhlíonadh an tSealbhóra Sonraí. Glactar leis go bhfuil an tréimhse a shonraítear réasúnta mura ndéanann an Sealbhóir Sonraí agóid ina haghaidh gan moill mhíchuí.

12.2.7. [ROGHA] [I gcás ina mainníonn Páirtí a oibleagáidí a chomhlíonadh faoin gConradh seo, íocfaidh sé, in aon chás, na pionóis a leagtar amach go mionsonraithe i bhFoscríbhinn 8, a mheasann na Páirtithe a bheith ina ndamáistí de réir bhrí chlásal 12.2.4 (c). Tá sé de cheart ag an bPáirtí neamhchomhlíontach a iarraidh go laghdófar an pionós go dtí méid réasúnta i gcás inar féidir leis a chruthú go bhfuil an pionós thar a bheith iomarcach i ndáil leis an damáiste a eascraíonn as an neamhchomhlíonadh.]

D'fhéadfadh sé gur mhian leis na Páirtithe pionóis a shainiú le haghaidh cineálacha sainithe neamhchomhlíonta, óir b'fhéidir go mbeadh sé ródhian ar an bPáirtí éagóirithe méid an damáiste iarbhír arb é mainneachtain Sonraí a sholáthar is cúis leis, mar shampla, a chruthú. Ba cheart pionóis a bheith comhréireach.

13. **Foráil Ghinearálta**

13.1. **Rúndacht**

13.1.1. Measfar an fhaisnéis seo a leanas a bheith rúnda:

(a) faisnéis a thagraíonn do rúin trádála, do staid airgeadais nó d'aon ghné eile d'oibríochtaí páirtí, murar chuir an Páirtí sin an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí;

(b) faisnéis a thagraíonn don Úsáideoir agus d'aon tríú páirtí, mura bhfuil an fhaisnéis sin curtha ar fáil go poiblí acu cheana féin.

13.1.2. Comhaontaíonn an dá Pháirtí gach beart réasúnta a dhéanamh chun faisnéis rúnda a stóráil go slán agus gan an fhaisnéis sin a chur ar fáil d'aon tríú páirtí, mura rud é

(a) go bhfuil ceann de na Páirtithe faoi oibleagáid dhlíthiúil an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil,

(b) gur gá do cheann de na Páirtithe an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil chun a oibleagáidí faoin gconradh seo a chomhlíonadh, nó

(c) go bhfuair ceann de na Páirtithe toiliú roimh ré ón bPáirtí eile nó ón bpáirtí a sholáthraíonn an fhaisnéis rúnda nó a ndéanann a nochtadh difear dó.

13.1.3. Leanfaidh na hoibleagáidí rúndachta sin de bheith infheidhme tar éis fhoirceannadh an Chonartha ar feadh tréimhse (*sonraigh an tréimhse*).

13.1.4. Leis na hoibleagáidí rúndachta sin, ní bhaintear aon oibleagáid níos déine faoi (i) Rialachán (AE) 2016/679 (RGCS), (ii) na forálacha lena gcuirtear Treoir 2002/58/CE nó Treoir (AE) 2016/943 chun feidhme, nó (iii) aon dlí eile de chuid an Aontais nó dlí Ballstáit (iv) (más infheidhme) chlásal 6 den Chonradh seo.

13.2. **Modhanna cumarsáide**

Aon fhógra nó aon chumarsáid eile a cheanglaítear leis an gConradh seo, ní mór é a bheith i scríbhinn agus féadfar é a sheachadadh de láimh, a sheoladh leis an bpost réamhíoctha, nó a tharchur trí mheán leictreonach, lena n-áirítear ríomhphost, ar choinníoll go gcoinneoidh an seoltóir cruthúnas gur seoladh é chuig na seoltaí a liostaítear thíos:

Páirtí	Duine Teagmhála	Seoladh Ríomhphoist	Uimhir theileafóin	Seoladh
Úsáideoir	[Ainm]/[Post]	[Seoladh Ríomhphoist]	[Fón]	[Seoladh]
Faighteoir Sonraí	[Ainm]/[Post]	[Seoladh Ríomhphoist]	[Fón]	[Seoladh]

Measfar go bhfuarthas aon fhógra nó teachtaireacht den sórt sin:

(a) má sheachadtar de láimh é, ar dháta an tseachadta;

(b) má sheoltar leis an bpost réamhíoctha é, ar an tríú lá gnó tar éis a sheolta;

(c) má sheoltar trí mheán leictreonach é, ar dháta an tarchuir, ar choinníoll nach bhfuair an seoltóir aon teachtaireacht earráide lena léirítear nár seachadadh.

13.3. **Conradh Iomlán, modhnuithe agus inscoiteacht**

13.3.1. Is é atá sa Chonradh seo (in éineacht leis na foscríbhinní a ghabhann leis agus aon doiciméad eile dá dtagraítear sa Chonradh seo) an Conradh iomlán idir na Páirtithe i leith ábhar an Chonartha seo agus gabhann sé ionad gach conartha nó comhaontaithe agus tuisceana roimhe sin de chuid na bPáirtithe, ó bhéal agus i scríbhinn, i leith ábhar an Chonartha seo.

13.3.2. Ní bheidh aon mhodhnú ar an gConradh seo bailí ach amháin má chomhaontaítear i scríbhinn é, lena n-áirítear in aon fhoirm leictreonach.

13.3.3. Má chinntear go bhfuil aon fhoráil den Chonradh seo ar neamhní, neamhbhailí, in-neamhnithe nó neamh-infhorfheidhmithe ar cibé cúis, agus má tá an fhoráil sin inscoite ó na téarmaí atá fágtha den chonradh, leanfaidh na forálacha sin de bheith bailí agus in-fhorfheidhmithe. Is de réir chlásal 13.5 a dhéileálfar le haon bhearna nó débhríocht sa Chonradh seo a eascraíonn as sin.

13.4. **An dlí is infheidhme**

13.4.1. Is le dlí (*sonraigh an Ballstát*) a rialaítear an Conradh seo.

13.5. **Léirmhíniú**

13.5.1. Tugann na Páirtithe an Conradh seo i gcrích i bhfianaise chearta agus oibleagáidí na bPáirtithe faoin nGníomh um Shonraí. Ní mór aon fhoráil sa Chonradh seo a léirmhíniú ionas go gcomhlíonfar an Gníomh um Shonraí agus dlí eile de chuid an Aontais nó reachtaíocht náisiúnta eile arna glacadh i gcomhréir le dlí an Aontais chomh maith le haon dlí náisiúnta is infheidhme atá comhoiriúnach le dlí an Aontais agus nach féidir maolú air trí chomhaontú.

13.5.2. Mura féidir bearna nó débhríocht sa chonradh seo a réiteach ar an mbealach dá dtagraítear i gclásal 13.5.1, ní mór an conradh seo a léirmhíniú i bhfianaise na rialacha léirmhínithe dá bhforáiltear leis an dlí is infheidhme (féach clásal 13.4).

13.6. **Díospóidí a réiteach**

13.6.1. Comhaontaíonn na Páirtithe a ndícheall a dhéanamh díospóidí a réiteach go cairdiúil agus, sula dtabharfaidh siad cás os comhair cúirte nó binse, a ndíospóid a chur faoi bhráid (*cuir isteach ainm agus sonraí teagmhála comhlachta ar leith um réiteach díospóidí; i gcás díospóidí laistigh dá n-inniúlachtaí mar a shainítear in Airteagal 10(1) den Ghníomh um Shonraí, féadfaidh aon chomhlacht um réiteach díospóidí i mBallstát a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 10 den Ghníomh um Shonraí a bheith i gceist*).

13.6.2. Díospóid a chur faoi bhráid comhlacht um réiteach díospóidí i gcomhréir le clásal 13.6.1., ní dhéanann sé difear mar sin féin do cheart an Úsáideora gearán a dhéanamh leis an údarás inniúil náisiúnta a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 37 den Ghníomh um Shonraí, ná do cheart aon Pháirtí leigheas éifeachtach a lorg os comhair cúirte nó binse i mBallstát.

13.6.3. [ROGHA, más gnólacht é an t-úsáideoir] [Beidh dlínse eisiach ag cúirteanna (*sonraigh an Ballstát*) chun an cás a bhaineann leis an gConradh seo a éisteacht.]

Foscríbhinn 1

Mionsonraí na sonraí a chumhdaítear leis an gConradh seo agus mionsonraí socruithe rochtana

San Fhoscríbhinn seo, ba cheart do na Páirtithe mionsonraí a sholáthar maidir leis na sonraí a chumhdaítear leis an gConradh seo, na socruithe rochtana agus na modhanna agus an fhaisnéis is gá chun rochtain a fháil ar na sonraí agus iad a úsáid, mar a shonraítear i gclásail 2 agus 3.

A. **Ábhar na Sonraí a shonrú**

Ba cheart na Sonraí Táirge agus na Sonraí Seirbhíse Gaolmhaire a chumhdaítear leis an gConradh a shórtáil agus a liostú ar dtús san fhoscríbhinn, agus léiriú a thabhairt ar ábhar na Sonraí agus ar mhinicíocht a mbailithe, sa chaoi go gcuirfear an tÚsáideoir ar an eolas ar bhealach beacht faoin bhfaisnéis atá sna Sonraí (liosta struchtúrtha de phointí sonraí nó catagóirí beachta sonraí).

B. **Fad na coinneála**

Ba cheart fad na coinneála a léiriú san fhoscríbhinn ansin sa chaoi go gcuirfear an tÚsáideoir ar an eolas faoi fhad infhaighteachta na Sonraí. Féadfaidh siad é sin a dhéanamh ar bhealach gráinneach le haghaidh gach pointe sonraí nó gach grúpa pointí sonraí.

C. **Córas Sonraí**

Ba cheart a shonrú san fhoscríbhinn anseo an sonraí ar leith iad na Sonraí uile nó cuid díobh a rialaítear le córas sonrach. D'fhéadfaí a léiriú san fhoscríbhinn, mar shampla, an gcáilíonn na Sonraí mar shonraí pearsanta agus cad iad na Sonraí a cháilíonn mar shonraí pearsanta.

D. **Struchtúr agus formáid na Sonraí**

Ba cheart a shonrú san fhoscríbhinn anseo cén fhormáid struchtúrtha, a úsáidtear go coitianta agus atá inléite ag meaisín, ina gcuirtear na Sonraí ar fáil.

E. **Beartas rochtana**

D'fhéadfadh sé tarlú go ndéanfadh an tÚsáideoir a chearta chun an Táirge a úsáid nó chun na Seirbhísí Gaolmhara a fháil a aistriú chuig Úsáideoir Iartheachtach nó go mbeadh na cearta sin i bpáirt ag úsáideoirí iomadúla. Sna cásanna sin, ba cheart do na páirtithe a shonrú anseo na cearta rochtana ar na Sonraí i gcás ina n-aistreofar úsáid an táirge nó i gcás úsáideoirí iomadúla. D'fhéadfaí na nithe seo a leanas go háirithe a liostú san fhoscríbhinn

— Sonraí Inbhainte an Úsáideora – is minic a ligeann na táirgí nó na seirbhísí gaolmhara don úsáideoir na Sonraí a ghintear le linn a úsáide a scriosadh. I gcás aistriú, ba cheart don úsáideoir na Sonraí sin a scriosadh. Mura scriosfar, d'fhéadfadh rochtain a bheith ag an úsáideoir iartheachtach ar na Sonraí sin;

— Sonraí a Bhíonn Inbhainte i gCónaí – Sonraí nár cheart don Sealbhóir Sonraí a chur ar fáil don úsáideoir iartheachtach;

— Sonraí Iarmharacha – Sonraí seachas Sonraí Inbhainte an Úsáideora nó Sonraí a Bhíonn Inbhainte i gCónaí; ní bheidh na Sonraí sin inbhainte agus ní bheidh siad faoi réir comhaontú rúndachta (i.e. beidh na Sonraí ar fáil d'Úsáideoirí Iartheachtacha nua freisin). D'fhéadfaí a áireamh ar na Sonraí sin na Sonraí nach mór a bheith inrochtana ag an Úsáideoir Iartheachtach trí oibriú an dlí nó sa chleachtas (mar shampla, Sonraí a bhaineann leis na nuashonruithe a dhéantar san fheithicil nasctha).

F. **Meán Aistrithe/Rochtana**

Ba cheart a léiriú san fhoscríbhinn anseo cén meán leictreonach áisiúil slán trínar féidir leis an Sealbhóir Sonraí na Sonraí a chur ar fáil don Úsáideoir, trí aistriú nó trí rochtain.

G. **An fhaisnéis is gá chun cearta rochtana an Úsáideora a fheidhmiú**

Is féidir a shonrú san fhoscríbhinn anseo an fhaisnéis is gá chun cearta rochtana an Úsáideora a fheidhmiú. D'fhéadfaí a áireamh inti duine teagmhála chun saincheisteanna teicniúla a réiteach, ar thaobh an tSealbhóra Sonraí agus ar thaobh an Úsáideora de.

Foscríbhinn 2

Ábhar iarrata ar rochtain ón Úsáideoir

Baineann an fhoirm seo le hiarraidh ar leith amháin. Is féidir iarrataí iomadúla a dhéanamh faoi shreafaí sonraí áirithe agus moltar iad dhéanamh chun na sreafaí sin a dheighilt, mar shampla, sa chaoi go mbeifear in ann iad a bhainistiú ó shreabhadh sonraí go sreabhadh sonraí, ó chuspóir go cuspóir agus ó shaolré sonraí go saolré sonraí (amhail, mar shampla, sreafaí sonraí pearsanta agus a leithéid).

Cé go liostaítear príomheilimintí iarrata san fhoirm seo, féadfar a foirm a oiriúnú, go háirithe chun í a réiteach le nósanna imeachta leictreonacha.

Sainaithint an Úsáideora	Ainm: Sonraigh Uimh. an Chonartha: *Sonraigh*
Sainaithint an duine a bhfuil an iarraidh á déanamh aige thar ceann an Úsáideora (más infheidhme)	Ainm: Sonraigh Caidreamh leis an Úsáideoir: *Sonraigh* Cuir i gceangal fianaise ar an gcumhacht chun gníomhú thar ceann an Úsáideora
Táirgí agus/nó Seirbhísí lena mbaineann an iarraidh	Táirge/Seirbhís 1: Sonraigh (e.g. sraithuimhir) Táirge/Seirbhís 2: Sonraigh (e.g. sraithuimhir)
Pointí sonraí lena mbaineann an iarraidh	☐ Na sonraí uile atá ar fáil go héasca don Sealbhóir Sonraí ☐ Eile: Sonraigh na pointí sonraí a chumhdaítear leis an iarraidh
Cineál na Sonraí a iarrtar	☐ Lena n-áirítear Sonraí pearsanta Murab é an tÚsáideoir an t-ábhar sonraí, sonraigh cén bunús dlí bailí atá leis an bpróiseáil faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/679 agus, i gcás inarb ábhartha, conas a chomhlíontar coinníollacha Airteagal 9 den Rialachán sin agus Airteagal 5(3) de Threoir 2002/58/CE ☐ Sonraí neamhphearsanta amháin
Dáta na Sonraí lena mbaineann an iarraidh	☐ Sonraí roimhe seo: Sonraigh an tréimhse ☐ Sonraí amach anseo: Sonraigh an tréimhse
Uainiú na rochtana ar na Sonraí (ag brath ar a sonraítear i bhFoscríbhinn 1)	☐ Go leanúnach ☐ I bhfíor-am ☐ Eile: sonraigh
Módúlachtaí rochtana ar na Sonraí (ag brath ar a sonraítear i bhFoscríbhinn 1)	☐ Aistriú na Sonraí ☐ Rochtain ar na Sonraí san áit a bhfuil siad stóráilte
Ceann scríbe an aistrithe:	Sonraigh é ag brath ar an bhfreagra ar an bpointe roimhe seo
Dáta na hiarrata	Sonraigh

Foscríbhinn 3

Foirm le haghaidh iarraidh ar rochtain ón Úsáideoir chun sonraí a chur ar fáil do thríú páirtí

Baineann an fhoirm seo le hiarraidh ar leith amháin. Is féidir iarrataí iomadúla a dhéanamh faoi shreafaí sonraí áirithe agus moltar iad dhéanamh chun na sreafaí sin a dheighilt, mar shampla, sa chaoi go mbeidh Faighteoir Sonraí ar leith arna cheapadh ag an Úsáideoir in ann iad a bhainistiú ó shreabhadh sonraí go sreabhadh sonraí agus ó chuspóir go cuspóir.

Sainaithint an Úsáideora	Ainm: Sonraigh Uimh. an Chonartha: *Sonraigh*
Sainaithint an duine a bhfuil an iarraidh á déanamh aige thar ceann an Úsáideora (más infheidhme)	Ainm: Sonraigh Caidreamh leis an Úsáideoir: *Sonraigh*
Táirgí agus/nó Seirbhísí lena mbaineann an iarraidh	Táirge/Seirbhís 1: *Sonraigh* Táirge/Seirbhís 2: *Sonraigh*
Sonraí lena mbaineann an iarraidh Tabhair do d'aire: níl feidhm aige i gcomhthéacs táirgí nasctha, substaintí nó próisis nua nár cuireadh ar an margadh go fóill a thástáil	☐ Rogha 1: Na sonraí uile atá ar fáil go héasca don Sealbhóir Sonraí ☐ Rogha 2: Sonraigh, i gcomhréir le Foscríbhinn 1 den chonradh idir an tÚsáideoir agus an Faighteoir Sonraí lena sonraítear na Sonraí atá le comhroinnt leis an bhFaighteoir Sonraí ☐ Rogha 3: Mar a shonraíonn an Faighteoir Sonraí i bhfoscríbhinn 2 den chonradh idir an Sealbhóir Sonraí agus an Faighteoir Sonraí
Má áirítear pearsanta sonraí sna sonraí	Sonraigh cén bunús dlí bailí atá leis an bpróiseáil faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/679 agus, i gcás inarb ábhartha, conas a chomhlíontar coinníollacha Airteagal 9 den Rialachán sin agus Airteagal 5(3) de Threoir 2002/58/CE
Sainaithint an tríú páirtí Tabhair do d'aire: ní féidir leis a bheith ina gheatóir faoi Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/1925	Ainm: Sonraigh Sonraí teagmhála: *Sonraigh*

Foscríbhinn 4

Mionsonraí beart chun rúin trádála a chosaint

(le dréachtú ag na páirtithe)

[ROGHA] Foscríbhinn 5

Mionsonraí maidir le sonraí a chomhroinnt le tríú páirtithe

(le dréachtú ag na páirtithe)

Foscríbhinn 6

Mionsonraí maidir le bearta cosanta

(le dréachtú ag na páirtithe)

[ROGHA] Foscríbhinn 7

Mionsonraí maidir le cúiteamh don Úsáideoir

(le dréachtú ag na páirtithe)

[ROGHA] Foscríbhinn 8

Mionsonraí maidir le pionóis

(le dréachtú ag na páirtithe)

[ROGHA] Foscríbhinn 9

Doiciméadacht maidir le húinéireacht an Táirge nó maidir le cearta conarthacha chun an Táirge nó Seirbhísí Gaolmhara a úsáid

(Doiciméadacht le cur i gceangal ag na páirtithe)

[ROGHA] Foscríbhinn 10

Mionsonraí maidir le socruithe rochtana sonraí ag Úsáideoirí Breise

(le dréachtú ag na páirtithe)

IARSCRÍBHINN III

TÉARMAÍ CONARTHACHA EISEAMLÁIREACHA

le haghaidh conarthaí idir úsáideoirí agus faighteoirí sonraí

Ceapadh na téarmaí conarthacha eiseamláireacha seo le haghaidh Conarthaí idir Úsáideoir táirge nasctha agus/nó seirbhíse gaolmhaire agus Faighteoir Sonraí ar gá don Úsáideoir nó ar mian leis a chuid sonraí a chomhroinnt leis faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2023/2854 (dá ngairtear an 'Gníomh um Shonraí' anseo feasta).

Is é príomhúrnuacht an Ghnímh um Shonraí ina leith sin:

— is féidir leis an Úsáideoir oibleagáid a chur ar an Sealbhóir Sonraí sonraí a chomhroinnt le Faighteoir Sonraí dá rogha féin;

— cinneann an tÚsáideoir i gConradh leis an bhFaighteoir Sonraí na críocha ar chucu is féidir leis an bhFaighteoir Sonraí sonraí a úsáid agus a chomhroinnt agus na coinníollacha faoinar féidir sin;

— téarmaí conarthacha éagóracha a bhaineann le rochtain ar na Sonraí agus úsáid na Sonraí, nó dliteanas agus leigheasanna i leith sárú nó foirceannadh oibleagáidí a bhaineann le sonraí, tá siad neamhcheangailteach má d'fhorchuir fiontar go haontaobhach ar fhiontar eile iad.

Is minic a leanfadh an Conradh seo an conradh a thugtar i gcrích idir an Sealbhóir Sonraí agus an tÚsáideoir, agus roimh an gconradh is gá a thabhairt i gcrích freisin idir an Sealbhóir Sonraí agus an Faighteoir Sonraí.

Tá struchtúr modúlach ag an gConradh seo agus cé go bhféadfadh sé a bheith ann mar Chonradh neamhspleách agus úsáid á baint as na clásail uile (i gcás inarb é comhroinnt sonraí is príomhchríoch don Chonradh), is féidir leis na Páirtithe clásail áirithe a roghnú freisin a oireann dá gcás ar leith. Mura mbeadh i gcomhroinnt sonraí ach réamhchoinníoll chun conradh arna thabhairt i gcrích chun críche eile a chomhlíonadh, e.g. conradh chun meaisín tionsclaíoch a dheisiú agus a chothabháil, d'fhéadfadh sé a bheith leordhóthanach clásail 1.2, 1.3, 2, 3 agus 4 (cé is moite de chlásal 4.1.1(b)) a úsáid, ós dócha go ndéanfaí ábhar na gclásal atá fágtha sa Chonradh seo a chumhdach leis an gconradh deisiúcháin agus cothabhála.

1. **Páirtithe agus Táirge/Seirbhísí Gaolmhara**

1.1. **Páirtithe sa Chonradh**

Déantar an Conradh seo maidir le rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí idir

(cuir isteach ainm, sonraí teagmhála agus tagairtí breise) ('Úsáideoir')

agus

(cuir isteach ainm, sonraí teagmhála agus tagairtí breise) ('Faighteoir Sonraí')

dá ngairtear 'na Páirtithe' i dteannta a chéile, agus 'an Páirtí' ina n-aonar, sa Chonradh seo.

Ciallaíonn '**Úsáideoir**' duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil táirge nasctha acu nó ar aistríodh ar bhonn conarthach cearta sealadacha chuig an duine sin chun an táirge nasctha sin a úsáid, nó a fhaigheann seirbhísí gaolmhara.

Is tríú páirtí de rogha an Úsáideora é '**Faighteoir Sonraí**'. D'fhéadfadh sé a bheith ina dhuine nádúrtha nó dlítheanach, ag gníomhú chun críocha a bhaineann le trádáil, gnó, ceird nó gairm an duine sin, seachas Úsáideoir táirge nasctha nó seirbhíse gaolmhaire, a gcuireann an Sealbhóir Sonraí na sonraí ar fáil dó, lena n-áirítear tríú páirtí tar éis iarraidh a fháil ón Úsáideoir ar an Sealbhóir Sonraí nó i gcomhréir le hoibleagáid dhlíthiúil faoi dhlí an Aontais nó faoi reachtaíocht náisiúnta arna glacadh i gcomhréir le dlí an Aontais.

D'fhéadfadh an Faighteoir Sonraí sin a bheith in iomaíocht leis an Sealbhóir Sonraí ábhartha. Mar sin féin, níl geatóir incháilithe le bheith ina Fhaighteoir Sonraí ná le teacht chun bheith ina Fhaighteoir Sonraí.

1.2. **Incháilitheacht an Fhaighteora Sonraí**

Dearbhaíonn an Faighteoir Sonraí nach bhfuil siad ainmnithe mar gheatóir de bhun Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/1925 ([1]) ('an Gníomh um Margaí Digiteacha').

([1]) Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (An Gníomh um Margaí Digiteacha) (IO L 265, 12.10.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/1925/oj).

1.3. **Iarraidh ar an Sealbhóir Sonraí agus comhar na bPáirtithe**

1.3.1. Comhaontaíonn na Páirtithe an méid seo a leanas:

[ROGHA 1] [Iarrfaidh an tÚsáideoir ar

(cuir isteach ainm, sonraí teagmhála agus tagairtí breise) ('Sealbhóir Sonraí')

na Sonraí a shonraítear i gclásal 2 a chur ar fáil don Fhaighteoir Sonraí.]

[ROGHA 2] [Tugann an tÚsáideoir sainordú don Fhaighteoir Sonraí a iarraidh ar

(cuir isteach ainm, sonraí teagmhála agus tagairtí breise) ('Sealbhóir Sonraí')

thar ceann an Úsáideora na Sonraí a shonraítear i gclásal 2 a chur ar fáil don Fhaighteoir Sonraí.]

1.3.2. Oibreoidh an tÚsáideoir agus an Faighteoir Sonraí i gcomhar de mheon macánta chun socrú a dhéanamh maidir le teagmháil agus rannpháirtíocht leordhóthanach leis an Sealbhóir Sonraí. Go sonrach, déanfaidh an Faighteoir Sonraí comhaontú conarthach ar leithligh leis an Sealbhóir Sonraí ('Conradh H2R'), [ROGHA: i ndlúthchomhairle leis an Úsáideoir] agus i gcomhréir leis an dlí is infheidhme lena n-áirítear an Gníomh um Shonraí ach gan bheith teoranta dó. Ní mór don Fhaighteoir Sonraí a áirithiú go gcomhlíonann an Conradh H2R an conradh seo.

1.3.3. Déantar an Conradh seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an táirge (na táirgí) nasctha seo a leanas ('an Táirge'): *(cuir isteach ainm agus sonraíochtaí breise an Táirge nasctha shonraigh a chumhdaítear leis an gConradh)*;

(b) an tseirbhís ghaolmhar (na seirbhísí gaolmhara) seo a leanas ('an tSeirbhís Ghaolmhar ('na Seirbhísí Gaolmhara')): *(cuir isteach ainm agus sonraíochtaí breise na Seirbhísí Gaolmhara sonracha nó an chineáil Seirbhísí Gaolmhara a chumhdaítear leis an gConradh, más infheidhme)*.

Dearbhaíonn an tÚsáideoir gurb é úinéir an Táirge é nó go bhfuil sé i dteideal an Táirge a úsáid faoi chonradh cíosa, faoi chonradh léasa nó faoi chonradh comhchosúil agus/nó an tSeirbhís Ghaolmhar (na Seirbhísí Gaolmhara) a fháil faoi chonradh seirbhíse.

[ROGHA 1] [Geallann an tÚsáideoir go soláthróidh sé don Fhaighteoir Sonraí, ar iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil, aon doiciméadacht ábhartha chun tacú leis an dearbhú seo, i gcás inar gá.]]

[ROGHA 2] [Doiciméadacht a thacaíonn leis an dearbhú seo chomh maith leis na sonraí maidir le cé a mheasfar a bheith ina Úsáideoir faoin gConradh seo, leagtar amach iad i bh**Foscríbhinn 5.**]

2. **Sonraí a chumhdaítear leis an gConradh**

Is éard atá sna Sonraí a chumhdaítear leis an gConradh seo na Sonraí Táirge nó na Sonraí Seirbhíse Gaolmhaire (Seirbhísí Gaolmhara) uile atá ar fáil go héasca agus a ghintear trí úsáid an Táirge nó na Seirbhísí Gaolmhara:

[ROGHA 1] [de réir bhrí an Ghnímh um Shonraí.]

[ROGHA 2] [de réir bhrí an Ghnímh um Shonraí, mar a liostaítear i bhFoscríbhinn 1.]

[ROGHA 3] [de réir bhrí an Ghnímh um Shonraí, de réir mar is gá chun na gcríoch a chomhaontaítear faoi chlásal 3 agus a liostaíonn an Faighteoir Sonraí a thuilleadh i bhFoscríbhinn 2 a ghabhann leis an gConradh H2R.]

Níl an tÚsáideoir freagrach as cáilíocht, saintréithe ná cainníocht na Sonraí ná as a n-oiriúnacht do chríoch ar leith.

De réir an Ghnímh um Shonraí, ciallaíonn '**sonraí táirge**' 'sonraí a ghintear trí úsáid a bhaint as táirge nasctha ar sonraí iad a dhear an monaróir le bheith in-aisghafa, trí sheirbhís cumarsáide leictreonaí, trí nasc fisiceach nó trí rochtain ar ghaireas, ag Úsáideoir, Sealbhóir Sonraí nó tríú páirtí, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, an monaróir'.

Ciallaíonn '**sonraí seirbhíse gaolmhaire**' sonraí lena léirítear digitiú gníomhaíochtaí Úsáideoirí nó imeachtaí a bhaineann leis an táirge nasctha, arna dtaifeadadh d'aon ghnó ag an Úsáideoir nó a ghintear mar sheachtháirge ghníomhaíochtaí an Úsáideora le linn don soláthraí seirbhís ghaolmhar a sholáthar.

Is féidir idir shonraí pearsanta agus neamhphearsanta a bheith sna sonraí táirge agus sna sonraí seirbhísí gaolmhara.

Cumhdaítear le '**sonraí atá ar fáil go héasca**' sonraí táirge agus sonraí seirbhíse gaolmhaire a fhaigheann sealbhóir sonraí go dleathach nó ar féidir le sealbhóir sonraí a fháil go dleathach ón táirge nasctha nó ón tseirbhís ghaolmhar, gan iarracht dhíréireach lena bhfuil níos mó ná oibríocht shimplí i gceist'.

Mar a mhínítear sna haithrisí, ní áirítear sa mhíniú sin 'sonraí arna nginiúint trí úsáid táirge nasctha i gcás nach bhforáiltear i ndearadh an táirge nasctha go ndéanfar na sonraí sin a stóráil nó a tharchur lasmuigh den chomhpháirt ina ngintear iad nó den táirge nasctha ina iomláine' (Aithris (20)). 'Ba cheart do roghanna dearaidh monaróirí, agus, i gcás inarb ábhartha, dlí an Aontais nó an dlí náisiúnta lena dtugtar aghaidh ar riachtanais agus cuspóirí earnáilsonracha nó ar chinntí ábhartha na n-údarás inniúil, a chinneadh cé na sonraí atá táirge nasctha in ann a chur ar fáil.' (Aithris (14).

3. Úsáid sonraí ag an bhFaighteoir Sonraí

D'fhéadfadh comhaontuithe comhroinnte sonraí idir Úsáideoirí agus Faighteoirí Sonraí a bheith ina gcaidreamh nua, mar shampla, nó d'fhéadfaidís cur le caidreamh atá ann cheana idir na Páirtithe, bíodh sin chun críoch comhroinnte sonraí tráchtála nó ná bíodh. Ba cheart comhaontuithe den sórt sin a bheith neamheisiach, cé is moite de chásanna a bhfuil raon feidhme dea-shainithe acu, a bhaineann go sonrach le sonraí, a bhaineann go sonrach leis an margadh, a bhaineann go sonrach le críoch ar leith, a bhfuil teorainn ama leo agus a bhfuil dea-luach saothair ag dul leo.

3.1. Úsáid chomhaontaithe na Sonraí

Is faoin Úsáideoir atá sé a mheas cén chuid dá Shonraí agus cad chuige a ligfidís don Fhaighteoir Sonraí na Sonraí a úsáid agus go háirithe a mhéid ba cheart a cheadú don Fhaighteoir Sonraí na Sonraí a chomhroinnt le tríú páirtithe eile.

Mar shampla, féadfaidh an tÚsáideoir a iarraidh ar an bhFaighteoir Sonraí faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú an Táirge nó na seirbhíse gaolmhaire agus gníomhú mar idirghabhálaí a thugann fógra faoi éilimh bharánta do dhíoltóir an trealaimh thar ceann an Úsáideora.

Ba cheart don Úsáideoir a mheas freisin ar cheart a cheadú don Fhaighteoir na Sonraí a chomhroinnt le heintitis tráchtála nó neamhthráchtála. Féadfar a áireamh ar chomhroinnt sonraí neamhthráchtála comhroinnt agus úsáid sonraí ar bhonn altrúchais nó ar bhonn neamhbhrabúsach eile chun leas an phobail nó chun críoch eolaíoch, staidrimh nó taighde anailísigh eile (i gcás inarb infheidhme agus inar gá, nó i gcás nach infheidhme nó nach gá ach ina bhfuil sé beartaithe i gcomhréir le hAirteagal 89 RGCS, leis an Treoir maidir le Sonraí Oscailte (AE) 2019/1024, leis an Rialachán maidir le Tacair Sonraí Ardluacha (AE) 2023/138, leis an nGníomh um Rialachas Sonraí (AE) 2022/868, leis an Rialachán maidir le Spásanna Sonraí Sláinte (AE) 2025/327, agus a leithéid), ag an bhFaighteoir Sonraí nó tríd an bhFaighteoir Sonraí le pobail, bardais, réigiúin, náisiúin, eagraíochtaí neamhrialtasach agus eagraíochtaí neamhthráchtála ábhartha eile. I gcás comhroinnt sonraí tráchtála, moltar gan tagairt a dhéanamh don téarma 'díol' ná é a úsáid toisc go bhféadfadh sé sin a thabhairt le tuiscint do roinnt páirtithe leasmhara go n-aistrítear teideal i leith na Sonraí ábhartha/rialú orthu, nó go dtugtar na Sonraí ábhartha sin ar láimh ar bhealach eile don Fhaighteoir Sonraí go heisiach. Níl gá leis sin ná ní mholtar é, go háirithe ós sócmhainn dhigiteach agus modh digiteach araon iad Sonraí, agus ós féidir iad a úsáid chun roinnt mhaith críoch ar feadh a saolré – fiú chun críoch tráchtála iomadúil – agus buntáiste margaidh á thabhairt fós d'Fhaighteoirí Sonraí nó cruthú luacha eacnamaíoch eile lena dtugtar údar freisin le luach saothair cothrom don Úsáideoir as an gceadúnas sin a dheonú chun na Sonraí a úsáid (a athúsáid).

Ba cheart don Úsáideoir measúnú a dhéanamh ar na hiarmhairtí a bhaineann leis an gceart a dheonú don Fhaighteoir Sonraí na sonraí a úsáid, agus más infheidhme, a chomhroinnt agus a mheas freisin ar cheart na cearta sin a dheonú mar mhalairt ar chúiteamh.

3.1.1. Ní fhéadfaidh an Faighteoir Sonraí na Sonraí a úsáid ach amháin chun na gcríoch seo a leanas, nach féidir a bheith contrártha do na cleachtais a liostaítear i gclásal 3.2: (*cuir isteach na críocha a comhaontaíodh*).

Samplaí de chríocha arna gcomhaontú ag an bhFaighteoir Sonraí:

— seirbhísí tráthrialta cothabhála/iarmhargaidh an Táirge a thairiscint don Úsáideoir;

— taighde a dhéanamh laistigh de réimsí sonracha;

— seirbhísí nua a fhorbairt nó táirgí nó seirbhísí nua a fheabhsú, a uasghrádú nó a chothú, lena n-áirítear réitigh intleachta saorga (IS);

— na Sonraí a chomhiomlánú le sonraí eile nó sonraí díorthaithe a chruthú, chun aon chríoch dhleathach, lena n-áirítear chun na sonraí comhiomlánaithe nó díorthaithe sin a dhíol le tríú páirtithe nó iad a chur ar fáil dóibh ar bhealach eile.

3.1.2. Ní mór don Fhaighteoir Sonraí na Sonraí a léirscriosadh i gcás nach mbeidh na Sonraí ag teastáil a thuilleadh chun na gcríoch comhaontaithe.

3.2. **Úsáid neamhúdaraithe na Sonraí**

Ní fhéadfaidh an Faighteoir Sonraí na Sonraí a úsáid:

(a) chun aon chríoch seachas na críocha a chomhaontaítear i gclásal 3.1;

(b) chun aon chríoch a sháraíonn dlí an Aontais nó an dlí náisiúnta is infheidhme;

(c) chun daoine nádúrtha a phróifíliú de réir bhrí Airteagal 4(4) RGCS, ach amháin más gá sin chun an tseirbhís a iarrann an t-úsáideoir a sholáthar

(d) chun táirge a fhorbairt a rachaidh in iomaíocht leis an Táirge;

(e) chun léargas a fháil ar staid eacnamaíoch, ar shócmhainní ná ar mhodhanna táirgthe an Úsáideora, ná ar úsáid an Táirge nó na Seirbhíse Gaolmhaire ag an Úsáideoir ar aon bhealach a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de staid tráchtála an Úsáideora sna margaí ina bhfuil an tÚsáideoir gníomhach, ach amháin má tá cead tugtha ag an Úsáideoir úsáid den sórt sin a bhaint astu;

(f) ar bhealach a mbeidh drochthionchar aige ar shlándáil an Táirge nó aon Seirbhíse Gaolmhaire;

(g) [ROGHA] [eile: (*sonraigh, go háirithe, úsáidí a dhéanann* dochar suntasach do leasanna dlisteanacha an Úsáideora)].

3.3. **Úsáid sonraí pearsanta ag an bhFaighteoir Sonraí**

Ní úsáidfidh an Faighteoir Sonraí aon Sonraí ar sonraí pearsanta iad ná ní phróiseálfaidh sé iad ar bhealach eile ach amháin má tá bunús dlí ann lena ndéantar foráil maidir leis sin agus faoi na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/679 (RGCS) agus, i gcás inarb ábhartha, i dTreoir 2002/58/CE (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) agus faoi na coinníollacha sin amháin.

Agus próiseáil sonraí pearsanta á rialáil i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme maidir le cosaint sonraí (lena n-áirítear Rialachán (AE) 2016/679 ach gan bheith teoranta dó), ní mór do na Páirtithe a mheas an é an tÚsáideoir an t-ábhar sonraí i ndáil leis na sonraí pearsanta uile atá sna Sonraí nó le cuid díobh.

3.4. **Bearta cosanta a chur i bhfeidhm**

Geallann an Sealbhóir Sonraí bearta cosanta a chur i bhfeidhm chun caillteanas Sonraí agus rochtain neamhúdaraithe ar na Sonraí a chosc, ar bearta iad [ROGHA 1] [atá réasúnta sna himthosca, agus staid na heolaíochta agus na teicneolaíochta, an díobháil a d'fhéadfaí a dhéanamh don Úsáideoir agus na costais a bhaineann leis na bearta cosanta á gcur san áireamh.] [ROGHA 2] [mar a leagtar amach go mionsonraithe i bh**Foscríbhinn 2**.]

Ba cheart do na Páirtithe a mheas an mian leo na mionsonraí uile maidir leis an gcaoi ar féidir leasanna tábhachtacha an Úsáideora a chosaint go héifeachtach a áireamh i bhFoscríbhinn ar leithligh. Féadfaidh bearta a bheith de chineál teicniúil (e.g. criptiú, ballaí dóiteáin, stóráil dheighilte) agus de chineál eagraíochtúil (e.g. rannpháirtíocht tríú páirtí iontaofa). Ós rud é nach mór na bearta a bheith comhréireach, beidh a n-ábhar an-éagsúil ó chéile, ag brath ar chineál na Sonraí agus na leasanna i gceist.

4. **Comhroinnt sonraí le tríú páirtithe agus úsáid seirbhísí próiseála sonraí**

I gcomhréir le hAirteagal 6 (2) (c) den Ghníomh um Shonraí, ní fhéadfaidh an Faighteoir Sonraí 'na sonraí a fhaigheann sé nó sí a chur ar fáil do thríú páirtí, ach amháin má chuirtear na sonraí ar fáil ar bhonn conartha leis an úsáideoir, agus ar choinníoll go ndéanfaidh an tríú páirtí eile na bearta uile is gá arna gcomhaontú idir sealbhóir na sonraí agus an tríú páirtí chun rúndacht rún trádála a chaomhnú'.

Dá bhrí sin, má roghnaíonn an tÚsáideoir an ceart sin a thabhairt don Fhaighteoir Sonraí, ba cheart an clásal seo a chur isteach, b'fhéidir mar mhalairt ar chúiteamh.

4.1. **Coinníollacha maidir le comhroinnt sonraí**

4.1.1. Féadfaidh an Faighteoir Sonraí Sonraí ar sonraí neamhphearsanta iad a chomhroinnt le tríú páirtithe más amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) úsáideann an tríú páirtí na Sonraí go heisiach chun na gcríoch seo a leanas:

i) tá cúnamh á thabhairt don Fhaighteoir Sonraí na críocha a chomhaontaítear i gclásal 3.1 a bhaint amach;

ii) tá na críocha a chomhaontaítear i gclásal 3.1 á mbaint amach, i gcomhar leis an bhFaighteoir Sonraí nó trí chuideachtaí sainchuspóireacha; agus

iii) [ROGHA] [(*sonraigh na críocha ar leith is féidir leis na tríú páirtithe a shaothrú dá riachtanais féin, go neamhspleách ar an bhFaighteoir Sonraí, agus an gcomhroinntear na Sonraí chun na gcríoch sin mar mhalairt ar chúiteamh nó saor in aisce*); agus]

(b) níl an tríú páirtí ainmnithe mar gheatóir, de bhun Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/1925 ('an Gníomh um Margaí Digiteacha'); agus

(c) cuireann an Faighteoir Sonraí ceangal conarthach ar an tríú páirtí:

i) gan na Sonraí a úsáid chun aon chríoch seachas na críocha a chomhaontaítear i gclásal 4.1.1 (a);

ii) gan léargas a fháil ar staid eacnamaíoch, ar shócmhainní ná ar mhodhanna táirgthe an Úsáideora, nó ar úsáid an Táirge nó na Seirbhíse Gaolmhaire ag an Úsáideoir ar aon bhealach eile a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de staid tráchtála an Úsáideora sna margaí ina bhfuil an tÚsáideoir gníomhach;

iii) gan Sonraí a úsáid ar bhealach a dhéanfadh dochar suntasach ar shlí eile do leasanna dlisteanacha an Úsáideora, go háirithe i gcás ina bhfuil sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de sna sonraí sin nó ina bhfuil siad faoi chosaint ag rúin trádála nó ag cearta maoine intleachtúla;

iv) na bearta cosanta a cheanglaítear faoi chlásal 3.4 a chur i bhfeidhm; agus

v) na Sonraí a léirscriosadh i gcás nach mbeidh na Sonraí ag teastáil a thuilleadh chun na gcríoch a chomhaontaítear i gclásal 4.1.1 (a);

vi) gan na Sonraí sin a chomhroinnt a thuilleadh.

4.1.2. Leagtar amach go mionsonraithe i bh**Foscríbhinn 3** sonraí breise, lena n-áirítear céannacht na dtríú páirtithe, srianta ar úsáid na sonraí ag tríú páirtithe, chomh maith le coinníollacha agus bearta cosanta breise.

4.1.3. D'ainneoin chlásail 4.1.1 go 4.1.2, féadfaidh an Faighteoir Sonraí seirbhísí próiseála a úsáid, e.g. néalseirbhísí (lena n-áirítear infreastruchtúr mar sheirbhís, ardán mar sheirbhís agus bogearraí mar sheirbhís), seirbhísí óstála, nó seirbhísí comhchosúla chun na gcríoch a chomhaontaítear faoi chlásal 3.2.1 (a) a bhaint amach ar a shon féin agus faoina fhreagracht féin. Féadfaidh na tríú páirtithe na seirbhísí sin a úsáid freisin chun na críocha a chomhaontaítear faoi chlásal 4.1.1 (a) a bhaint amach ar a son féin agus faoina bhfreagracht féin. Ní dhéanfaidh an Faighteoir Sonraí aon Sonraí ar sonraí pearsanta iad a chomhroinnt le tríú páirtithe ná a phróiseáil ar bhealach eile ach amháin má tá bunús dlí ann lena ndéantar foráil maidir leis sin agus faoi na coinníollacha a cheadaítear faoi Rialachán (AE) 2016/679 (RGCS) agus, i gcás inarb ábhartha, faoi Threoir 2002/58/CE (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) agus faoi na coinníollacha sin amháin.

5. **Cúiteamh**

Geallann an Faighteoir Sonraí an tÚsáideoir a chúiteamh mar a leagtar amach go mionsonraithe i bh**Foscríbhinn 4.**

Is féidir leis na Páirtithe teacht ar chomhaontú maidir le cúiteamh as an bhFaighteoir Sonraí a bheith ag úsáid agus ag comhroinnt na Sonraí, aon uair a cheapann siad go bhfuil sé cothrom agus réasúnta. Féadfaidh siad cuimhneamh ar chúiteamh den sórt sin, mar shampla, má úsáideann an Faighteoir Sonraí na Sonraí chun táirgí nó seirbhísí nua a fhorbairt nó má chruthaíonn an Faighteoir Sonraí sonraí comhiomlánaithe nó díorthaithe chun críoch tráchtála. Os a choinne sin, má úsáidtear na Sonraí go heisiach le haghaidh riachtanais aon chomhaontaithe a thugtar i gcrích leis an Úsáideoir, mar shampla, d'fhéadfadh sé nach n-áireofaí cúiteamh.

Ar an gcaoi chéanna, b'fhéidir go mbeadh gá le cúiteamh chun a áirithiú go gcaithfear go cothrom leis an Úsáideoir, má aontaíonn an tÚsáideoir go bhféadfaidh an Faighteoir Sonraí na Sonraí a dhíol le tríú páirtithe i gcomhréir le clásal 4.1.1 (a) (iii). Má bhíonn cúiteamh dlite, ní mór do na Páirtithe teacht ar chomhaontú maidir lena chineál, bíodh sé ina chúiteamh airgid nó eile.

6. **Dáta cur i bhfeidhm, fad an Chonartha agus foirceannadh**

6.1. **Dáta cur i bhfeidhm agus fad**

6.1.1. Tagann an Conradh seo [ROGHA 1] [i bhfeidhm láithreach] [ROGHA 2] [i bhfeidhm ón (*sonraigh an dáta*)].

6.1.2. [ROGHA] [Tugtar an Conradh seo i gcrích le haghaidh [ROGHA 1] [tréimhse neamhchinntithe] [ROGHA 2] [tréimhse sheasta (sonraigh)], faoi réir aon fhoras le haghaidh dul in éag nó foirceannadh faoin gConradh seo.]

6.2. **Foirceannadh**

6.2.1. Féadfaidh an Faighteoir Sonraí an Conradh seo a fhoirceannadh trí fhógra a thabhairt don Úsáideoir laistigh de (*sonraigh an tréimhse fógra*) má foirceannadh an Conradh H2R.

6.2.2. Má chailleann an tÚsáideoir a stádas mar Úsáideoir, déantar an Conradh seo a fhoirceannadh. Tabharfaidh an tÚsáideoir fógra don Fhaighteoir Sonraí laistigh de (*sonraigh an tréimhse fógra*).

6.2.3. [ROGHA i gcás tréimhse neamhchinntithe nó más mian leis na Páirtithe foirceannadh a cheadú ar mhaithe le háisiúlacht] [Féadfaidh ceachtar Páirtí an Conradh seo a fhoirceannadh aon tráth roimh thús thréimhse an chonartha nó lena linn trí fhógra (*sonraigh tréimhse*) a thabhairt don Pháirtí eile.] [ROGHA] Má fhoirceannann an tÚsáideoir an Conradh seo faoin gclásal seo roimh *(cuir isteach pointe ama nó íostréimhse chonartha)*, tabharfaidh an tÚsáideoir cúiteamh don Pháirtí eile as na costais arna dtabhú i ndáil le cur chun feidhme an Chonartha seo, mar a leanas: *(sonraigh de réir mar is iomchuí)*.

I gcásanna ina bhfuil oibleagáid chonarthach ar an Úsáideoir Sonraí a chomhroinnt leis an bhFaighteoir Sonraí, níor cheart an clásal seo a áireamh toisc go bhféadfadh sárú ar chonradh eile a bheith mar thoradh air.

6.3. **Éifeachtaí an dul in éag nó an fhoirceanta**

6.3.1. Le dul in éag thréimhse an chonartha nó le foirceannadh an Chonartha seo, scaoiltear an dá Pháirtí óna n-oibleagáid comhlíonadh amach anseo a fheidhmiú agus a ghlacadh ach ní dhéantar difear do na cearta ná do na dliteanais a fabhraíodh suas le tráth an éaga nó an fhoirceanta.

Ní dhéanann dul in éag ná foirceannadh difear d'aon fhoráil atá le hoibriú fiú tar éis dheireadh an Chonartha, go háirithe aon teorainn ar úsáid cheadaithe agus ar chomhroinnt na Sonraí ag an bhFaighteoir Sonraí faoi chlásail 3 agus 4, clásal 8.1 maidir le rúndacht, clásal 8.3 maidir leis an dlí is infheidhme agus clásal 8.6 maidir le réiteach díospóidí.

6.3.2. Go sonrach, beidh na héifeachtaí seo a leanas ag foirceannadh nó ag dul in éag an Chonartha:

(a) scoirfidh an Faighteoir Sonraí láithreach d'aisghabháil na Sonraí arna nginiúint nó arna dtaifeadadh ó dháta an fhoirceanta nó an éaga;

(b) [ROGHA] tá an Faighteoir Sonraí fós i dteideal na Sonraí arna nginiúint nó arna dtaifeadadh roimh dháta an fhoirceanta nó an éaga a úsáid agus a chomhroinnt mar a shonraítear i gclásail 3 agus 4 [ROGHA ar feadh tréimhse *(sonraigh am)*].

D'fhéadfadh cásanna a bheith ann inar gá don Fhaighteoir Sonraí infheistíocht a dhéanamh i gcomhroinnt sonraí, amhail trína bhonneagar digiteach a oiriúnú; amúchfar an infheistíocht le himeacht ama. Sa chás sin, d'fhéadfadh sé gur mhian leis na Páirtithe a áirithiú go bhfaighidh an Faighteoir Sonraí cúiteamh ón bPáirtí a fhoirceannann. Ba cheart méid an chúitimh a bheith inchinntithe.

7. Leigheasanna ar neamhchomhlíonadh

7.1. Cásanna neamhchomhlíonta

7.1.1. Neamhchomhlíonadh oibleagáide ag Páirtí, is neamhchomhlíonadh bunúsach é más amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) leis an neamhchomhlíonadh, baintear go substaintiúil dá raibh i dteideal ag an bPáirtí eile coinne a bheith aige leis faoin gConradh seo, murar thuar an Páirtí neamhchomhlíontach go mbeadh an toradh sin ann agus mura mbeadh sé intuartha le réasún aige; nó

(b) is léir ó na himthosca nach féidir brath ar an gcaoi a bhfeidhmeoidh an Páirtí neamhchomhlíontach amach anseo.

7.1.2. Maitear neamhchomhlíonadh Páirtí más é is cúis leis bac nach bhfuil neart aige air agus nach bhféadfadh coinne réasúnta a bheith leis go gcuirfeadh an Páirtí sin an bac san áireamh tráth thabhairt i gcrích an Chonartha seo, nó go ndéanfadh sé an bac nó a iarmhairtí a sheachaint nó a shárú.

7.1.3. I gcás nach mbeidh sa bhac ach bac sealadach, beidh maitheamh neamhchomhlíonadh an Pháirtí i bhfeidhm le haghaidh na tréimhse ina mbeidh an bac ann. Mar sin féin, más neamhchomhlíonadh bunúsach atá sa mhoill, féadfaidh an Páirtí eile caitheamh léi amhlaidh.

Ní mór don Pháirtí neamhchomhlíontach a áirithiú go bhfaighidh an Páirtí eile fógra, gan moill mhíchuí, faoin mbac agus faoina éifeacht ar a chumas comhlíonadh tar éis don Pháirtí neamhchomhlíontach teacht ar an eolas faoi na himthosca sin nó faoin tráth a mbeadh coinne réasúnta leis go dtiocfadh sé ar an eolas fúthu. Tá an Páirtí eile i dteideal damáistí i leith damáiste eacnamaíoch as gan an fógra sin a fháil.

7.2. Leigheasanna ar neamhchomhlíonadh

7.2.1. I gcás neamhchomhlíonadh ag Páirtí, beidh na leigheasanna a liostaítear sna clásail seo a leanas ag an bPáirtí eile, gan dochar d'aon leigheas atá ar fáil faoin dlí is infheidhme.

7.2.2. Féadfar leigheasanna nach bhfuil ar neamhréir a charnadh.

7.2.3. Ní fhéadfaidh Páirtí dul i muinín leighis a mhéid atá sé ina chúis le neamhchomhlíonadh an Pháirtí eile, amhail i gcás ina bhfágann easnamh ina bhonneagar sonraí féin nárbh fhéidir leis an bPáirtí eile a oibleagáidí a chomhlíonadh go cuí. Ní fhéadfaidh Páirtí brath ach oiread ar éileamh ar dhamáistí a bhain dó a mhéid a d'fhéadfadh sé an damáiste a laghdú trí bhearta réasúnta a dhéanamh.

7.2.4. Is féidir leis an bPáirtí éagóirithe:

(a) an Conradh seo a fhoirceannadh le héifeacht láithreach gan phionós, trí fhógra a thabhairt don Pháirtí eile, más amhlaidh an méid seo a leanas:

i) is neamhchomhlíonadh bunúsach é neamhchomhlíonadh an Pháirtí eile; nó

ii) i gcás neamhchomhlíonadh nach neamhchomhlíonadh bunúsach é, tá fógra tugtha ag an bPáirtí éagóirithe lena socraítear tréimhse réasúnta ama chun an neamhchomhlíonadh a leigheas agus tá an tréimhse dulta i léig gan comhlíonadh an Pháirtí eile;

(b) damáistí a éileamh i leith díobháil eacnamaíoch a rinneadh dó de dheasca neamhchomhlíonadh an Pháirtí eile nach maitear faoi chlásal 7.1.2; ní bheidh an Páirtí neamhchomhlíontach faoi dhliteanas ach amháin i leith damáiste a thuar sé nó a mbeadh coinne réasúnta lena thuar tráth thabhairt i gcrích an Chonartha seo mar thoradh dóchúil ar a neamhchomhlíonadh, mura rud é gur d'aon ghnó nó trí mhórfhaillí a rinneadh an neamhchomhlíonadh;

(c) a iarraidh go gcomhlíonfaidh an Páirtí neamhchomhlíontach, gan moill mhíchuí, a oibleagáidí faoin gConradh seo, mura mbeadh sé neamhdhleathach nó dodhéanta nó mura mbeadh comhlíonadh sonrach ina chúis le costais ar an bPáirtí neamhchomhlíontach a bheadh díréireach leis an sochar a gheobhadh an Páirtí eile; [ROGHA] [i gcás ina mainneoidh Páirtí a oibleagáidí a chomhlíonadh faoin gConradh seo, íocfaidh sé, in aon chás, na pionóis a leagtar amach go mionsonraithe i bhFoscríbhinn 6, a mheasann na Páirtithe a bheith ina ndamáistí de réir bhrí chlásal 7.2.4 (b); tá sé de cheart ag an bPáirtí neamhchomhlíontach a iarraidh go laghdófar an pionós go dtí méid réasúnta i gcás inar féidir leis a chruthú go bhfuil an pionós thar a bheith iomarcach i ndáil leis an damáiste a eascraíonn as an neamhchomhlíonadh.]

8. **Forálacha ginearálta**

8.1. **Rúndacht**

8.1.1. Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a mheas a bheith ina faisnéis rúnda:

(a) faisnéis a thagraíonn do rúin trádála, do staid airgeadais nó d'aon ghné eile d'oibríochtaí an Pháirtí eile, murar chuir an Páirtí eile an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí;

(b) (*más infheidhme*) faisnéis lena leagtar amach an bonn ar a ríomhtar an cúiteamh;

(c) faisnéis a thagraíonn don Sealbhóir Sonraí agus d'aon tríú páirtí cosanta eile, mura bhfuil an fhaisnéis sin curtha ar fáil go poiblí ag an tríú páirtí cosanta.

8.1.2. Comhaontaíonn an dá Pháirtí gach beart réasúnta a dhéanamh chun an fhaisnéis dá dtagraítear i gclásal 8.1.1. a stóráil go slán agus a choimeád faoi rún iomlán agus gan an fhaisnéis sin a nochtadh ná a chur ar fáil d'aon tríú páirtí, mura rud é:

(a) go bhfuil ceann de na Páirtithe faoi oibleagáid dhlíthiúil an fhaisnéis ábhartha a nochtadh nó a chur ar fáil; nó

(b) gur gá do cheann de na Páirtithe an fhaisnéis ábhartha a nochtadh nó a chur ar fáil chun a oibleagáidí faoin gConradh seo a chomhlíonadh; nó

(c) go bhfuair ceann de na Páirtithe toiliú roimh ré ón bPáirtí eile nó ón bpáirtí a sholáthraíonn an fhaisnéis rúnda nó a ndéanann nochtadh na faisnéise sin difear dó.

8.1.3. In aon chás, féadfaidh an tÚsáideoir agus an Faighteoir Sonraí an fhaisnéis sin a nochtadh nó a chur ar fáil don Sealbhóir Sonraí de réir mar is gá chun an Faighteoir Sonraí nó an tÚsáideoir a shainaithint nó chun teagmháil a dhéanamh leis chun an Conradh H2R dá dtagraítear i gclásal 1.3.2 a dhéanamh.

8.1.4. Leanfaidh na hoibleagáidí rúndachta sin de bheith infheidhme tar éis fhoirceannadh an Chonartha ar feadh tréimhse (*sonraigh an tréimhse*).

8.1.5. Leis na hoibleagáidí rúndachta sin, ní bhaintear aon oibleagáid níos déine faoi (i) Rialachán (AE) 2016/679 (RGCS), (ii) na forálacha lena gcuirtear Treoir 2002/58/CE nó Treoir (AE) 2016/943 chun feidhme nó (iii) aon dlí eile de chuid an Aontais nó de chuid Ballstáit.

8.2. **Modhanna cumarsáide**

Aon fhógra nó aon chumarsáid eile a cheanglaítear nó a cheadaítear a thabhairt faoin gConradh seo, ní mór é a bheith i scríbhinn agus féadfar é a sheachadadh de láimh, a sheoladh leis an bpost réamhíoctha, nó a tharchur trí mheán leictreonach, lena n-áirítear ríomhphost, ar choinníoll go gcoinneoidh an seoltóir cruthúnas gur seoladh é chuig na seoltaí a liostaítear thíos:

Páirtí	Duine Teagmhála	Seoladh Ríomhphoist	Uimhir theileafóin	Seoladh
Úsáideoir	[Ainm]/[Post]	[Seoladh Ríomhphoist]	[Fón]	[Seoladh]
Faighteoir Sonraí	[Ainm]/[Post]	[Seoladh Ríomhphoist]	[Fón]	[Seoladh]

Measfar go bhfuarthas aon fhógra nó teachtaireacht den sórt sin:

(a) má sheachadtar de láimh é, ar dháta an tseachadta;

(b) má sheoltar leis an bpost réamhíoctha é, ar an tríú lá gnó tar éis a sheolta;

(c) má sheoltar trí mheán leictreonach é, ar dháta an tarchuir, ar choinníoll nach bhfuair an seoltóir aon teachtaireacht earráide lena léirítear nár seachadadh.

8.3. **An Conradh iomlán, leasuithe agus inscoiteacht**

8.3.1. Is é atá sa Chonradh seo (mar aon leis na Foscríbhinní a ghabhann leis agus aon doiciméad eile dá dtagraítear ann) an Conradh iomlán idir na Páirtithe i leith ábhar an Chonartha seo agus gabhann sé ionad gach comhaontaithe nó conartha agus tuisceana roimhe sin idir na Páirtithe, ó bhéal nó i scríbhinn, a mhéid a bhaineann le hábhar an Chonartha seo.

8.3.2. Ní bheidh aon leasú ar an gConradh seo bailí ach amháin má chomhaontaíonn na Páirtithe leis i scríbhinn, lena n-áirítear in aon fhoirm leictreonach.

8.3.3. Má chinntear go bhfuil aon fhoráil den Chonradh seo ar neamhní, neamhbhailí, in-neamhnithe nó neamh-infhorfheidhmithe ar cibé cúis, agus má tá an fhoráil sin inscoite ó na téarmaí atá fágtha den Chonradh, ní dhéanfaidh sin difear do na forálacha siúd atá fágtha agus leanfaidh siad de bheith bailí agus infhorfheidhmithe, ach amháin mura bhfuil an fhoráil inscoite ó na forálacha atá fágtha den Chonradh seo. Aon bhearna nó débhríocht sa Chonradh seo a eascraíonn as sin, ní mór déileáil léi de bhun chlásal 8.4.

8.4. **An dlí is infheidhme**

Is le dlí (*sonraigh an Ballstát*) a rialaítear an Conradh seo.

8.5. **Léirmhíniú**

8.5.1. Tugann na Páirtithe an Conradh seo i gcrích i bhfianaise chearta agus oibleagáidí na bPáirtithe faoin nGníomh um Shonraí. Ní mór aon fhoráil sa Chonradh seo a léirmhíniú ionas go gcomhlíonfar an Gníomh um Shonraí agus dlí eile de chuid an Aontais nó reachtaíocht náisiúnta eile a ghlactar i gcomhréir le dlí an Aontais, chomh maith le haon dlí náisiúnta is infheidhme atá comhoiriúnach le dlí an Aontais agus nach féidir maolú air trí chomhaontú.

8.5.2. Mura féidir bearna nó débhríocht sa Chonradh seo a réiteach ar an mbealach dá dtagraítear i gclásal 8.5.1, ní mór an Conradh seo a léirmhíniú i bhfianaise na rialacha léirmhínithe dá bhforáiltear leis an dlí is infheidhme (féach clásal 8.4).

8.6. **Díospóidí a réiteach**

8.6.1. Comhaontaíonn na Páirtithe a ndícheall a dhéanamh díospóidí a réiteach go cairdiúil agus, sula dtabharfaidh siad cás os comhair cúirte nó binse, a ndíospóid a chur faoi bhráid (*cuir isteach ainm agus sonraí teagmhála comhlachta ar leith um réiteach díospóidí; i gcás díospóidí laistigh dá ndlínse mar a shainítear in Airteagal 10(1) den Ghníomh um Shonraí, féadfaidh aon chomhlacht um réiteach díospóidí i mBallstát a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 10 den Ghníomh um Shonraí a bheith i gceist).*

8.6.1. [ROGHA, más gnólacht é an t-úsáideoir] [Beidh dlínse eisiach ag cúirteanna (*sonraigh an Ballstát*) chun an cás a bhaineann leis an gConradh seo a éisteacht.]

Tá tuairisc ar na Sonraí i **bhFoscríbhinn 1**

[Le dréachtú ag na Páirtithe]

Liostaítear i **bhFoscríbhinn 2** na bearta cosanta atá le déanamh ag an bhFaighteoir Sonraí

[Le dréachtú ag na Páirtithe]

Tá faisnéis i **bhFoscríbhinn 3** maidir leis na Sonraí a bheith á gcomhroinnt le tríú páirtithe ag an bhFaighteoir Sonraí

[Le dréachtú ag na Páirtithe]

Tá faisnéis i **bhFoscríbhinn 4** maidir le cúiteamh don Úsáideoir as an bhFaighteoir Sonraí a bheith ag úsáid agus ag comhroinnt na Sonraí

[Le dréachtú ag na Páirtithe]

Tá doiciméadacht i **bhFoscríbhinn 5** maidir le húinéireacht an Táirge nó maidir le cearta conarthacha chun an Táirge nó Seirbhísí Gaolmhara a úsáid

[Le dréachtú ag na Páirtithe]

[ROGHA] Tá mionsonraí i **bhFoscríbhinn 6** maidir le pionóis

[Le dréachtú ag na Páirtithe]

IARSCRÍBHINN IV

TÉARMAÍ CONARTHACHA EISEAMLÁIREACHA

le hAghaidh conarthaí idir sealbhóirí sonraí agus faighteoirí sonraí maidir le sonraí a chur ar fáil arna iarraidh sin d'úsáideoirí táirgí nasctha agus seirbhísí gaolmhara

Ceapadh na téarmaí conarthacha eiseamláireacha sin le haghaidh Conarthaí idir Sealbhóir Sonraí agus Faighteoir Sonraí ar gnólacht é, i gcás ina bhfuil sé d'oibleagáid ar Shealbhóir Sonraí (faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2023/2854 – dá ngairtear an 'Gníomh um Shonraí' anseo feasta) Sonraí ó tháirge nasctha agus/nó ó sheirbhís ghaolmhar a chur ar fáil d'Fhaighteoir Sonraí arna iarraidh sin don Úsáideoir.

Is é príomhúrnuacht an Ghnímh um Shonraí ina leith sin:

— tá sé d'oibleagáid ar an Sealbhóir Sonraí Sonraí a chomhroinnt leis an bhFaighteoir Sonraí arna iarraidh sin don Úsáideoir (agus bearta cosanta ann le haghaidh Sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála);

— is féidir leis an Sealbhóir Sonraí cúiteamh réasúnta a iarraidh ar an bhFaighteoir Sonraí;

— téarmaí conarthacha éagóracha a bhaineann le rochtain ar na Sonraí agus úsáid na Sonraí, nó dliteanas agus leigheasanna i leith sárú nó foirceannadh oibleagáidí a bhaineann le sonraí, tá siad neamhcheangailteach má d'fhorchuir fiontar go haontaobhach ar fhiontar eile iad.

Tá struchtúr modúlach ag an gConradh seo, agus cé gur féidir é a úsáid mar chonradh iomlán, is féidir leis na Páirtithe freisin clásail áirithe a roghnú a oireann dá gcás áirithe. Tá roghanna i roinnt clásal, agus sna cásanna sin ba cheart do na Páirtithe machnamh a dhéanamh ar a riachtanais shonracha, ar a gcaidreamh gnó agus ar a leasanna sonracha chun an rogha is fearr a oireann dá gConradh a shainaithint.

Tá roinnt clásal marcáilte *(más infheidhme)* freisin agus ba cheart iad a áireamh má chomhlíontar coinníollacha áirithe.

Cé go molann an Coimisiún na téarmaí conarthacha eiseamláireacha, tá siad neamhcheangailteach agus féadfaidh na Páirtithe maolú orthu i gcónaí.
Féadfar na téarmaí conarthacha eiseamláireacha sin a úsáid freisin agus leasuithe iomchuí orthu i gcás ina mbeidh sé d'oibleagáid ar Shealbhóir Sonraí Sonraí a chur ar fáil d'Fhaighteoir Sonraí faoi dhlí eile de chuid an Aontais nó faoi reachtaíocht náisiúnta eile a ghlactar i gcomhréir le dlí an Aontais.

1. **Páirtithe, Úsáideoir Iarrthach agus Táirge/Seirbhís Ghaolmhar (Seirbhísí Gaolmhara)**

1.1. **Páirtithe sa Chonradh**

Déantar an Conradh seo maidir le rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí

idir

(*cuir isteach ainm, sonraí teagmhála agus tagairtí breise*) ('Sealbhóir Sonraí')

agus

(*cuir isteach ainm, sonraí teagmhála agus tagairtí breise*) ('Faighteoir Sonraí')

dá ngairtear 'na Páirtithe' i dteannta a chéile, agus 'an Páirtí' ina n-aonar, sa Chonradh seo.

Ní mór do na Páirtithe a shainaithint anseo cé hé an Sealbhóir Sonraí agus cé hé an Faighteoir Sonraí, de réir bhrí Airteagal 2(13) agus (14) den Ghníomh um Shonraí.

De réir an Ghnímh um Shonraí, ciallaíonn 'sealbhóir sonraí' duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil sé de cheart ag an duine sin nó a bhfuil an oibleagáid ar an duine sin, i gcomhréir leis an nGníomh um Shonraí, le dlí an Aontais is infheidhme nó leis an reachtaíocht náisiúnta arna glacadh i gcomhréir le dlí an Aontais, sonraí a úsáid agus a chur ar fáil, lena n-áirítear, i gcás ina bhfuil comhaontú conarthach ina leith ann, Sonraí Táirge nó Sonraí Seirbhíse Gaolmhaire a d'aisghabh nó a ghin an duine sin le linn seirbhís ghaolmhar a sholáthar.

De réir an Ghnímh um Shonraí, ciallaíonn 'faighteoir sonraí' duine nádúrtha nó dlítheanach, ag gníomhú chun críocha a bhaineann le trádáil, gnó, ceird nó gairm an duine sin, seachas Úsáideoir táirge nasctha nó seirbhíse gaolmhaire, a gcuireann an Sealbhóir Sonraí na Sonraí ar fáil dó, lena n-áirítear tríú páirtí tar éis iarraidh a fháil ón Úsáideoir ar an Sealbhóir Sonraí nó i gcomhréir le hoibleagáid dhlíthiúil faoi dhlí an Aontais nó faoi reachtaíocht náisiúnta arna glacadh i gcomhréir le dlí an Aontais. I gcomhréir le hAirteagal 1(3)(d) den Ghníomh um Shonraí, níl sé d'oibleagáid ar shealbhóirí sonraí Sonraí a chur ar fáil ach do 'fhaighteoirí sonraí san Aontas'. Níl sé d'oibleagáid orthu iad a chur ar fáil d'Fhaighteoirí Sonraí a bhfuil a n-áit bhunaithe lasmuigh den Aontas.

1.2. **Úsáideoir Iarrthach, Táirge/Seirbhís Ghaolmhar (Seirbhísí Gaolmhara)**

1.2.1. Tá an Conradh seo bunaithe ar thoimhde chomhpháirteach na bPáirtithe go bhfuil sé d'oibleagáid ar an Sealbhóir Sonraí faoi Airteagal 5 den Ghníomh um Shonraí sonraí a chur ar fáil don Fhaighteoir Sonraí arna iarraidh sin do

(*cuir isteach ainm, sonraí teagmhála agus tagairtí breise*) ('Úsáideoir Iarrthach') nó thar a cheann

agus gur Úsáideoir é an tÚsáideoir Iarrthach (de réir bhrí Airteagal 2(12) den Ghníomh um Shonraí) díobh seo a leanas:

an Táirge seo a leanas: (*cuir isteach ainm agus sonraíochtaí breise an táirge nasctha shonraigh nó an chineáil táirgí a chumhdaítear leis an gConradh*); agus/nó

an tSeirbhís Ghaolmhar (na Seirbhísí Gaolmhara) seo a leanas: (*cuir isteach ainm agus sonraíochtaí breise na seirbhíse gaolmhaire sonraí (seirbhísí gaolmhara sonracha) nó an chineáil seirbhíse gaolmhaire (seirbhísí gaolmhara) a chumhdaítear leis an gConradh, más infheidhme*).

Ní mór do na Páirtithe a shainaithint anseo cé hé an tÚsáideoir de réir bhrí Airteagal 2(12) den Ghníomh um Shonraí, a dhéanann iarraidh ar an Sealbhóir Sonraí, faoi Airteagal 5 den Ghníomh um Shonraí

Ciallaíonn '**Úsáideoir**' duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil táirge nasctha acu nó ar aistríodh ar bhonn conarthach cearta sealadacha chuig an duine sin chun an táirge nasctha sin a úsáid, nó a fhaigheann seirbhísí gaolmhara.

Ní mór do na Páirtithe a shainaithint freisin cén táirge nasctha agus, más infheidhme, cén tseirbhís ghaolmhar a úsáideann an tÚsáideoir Iarrthach.

De réir an Ghnímh um Shonraí, ciallaíonn '**táirge nasctha**' rud:
(i) a fhaigheann, a ghineann nó a bhailíonn sonraí a bhaineann lena úsáid nó lena thimpeallacht;
(ii) atá in ann sonraí táirge a chur in iúl trí sheirbhís cumarsáide leictreonaí, trí nasc fisiceach nó trí rochtain ar ghaireas;
(iii) nach é a phríomhfheidhm sonraí a stóráil, a phróiseáil nó a tharchur thar ceann tríú páirtithe, seachas an tÚsáideoir.

Ciallaíonn '**seirbhís ghaolmhar**' seirbhís dhigiteach (seachas seirbhís cumarsáide leictreonaí, lena n-áirítear bogearraí):
(i) atá nasctha leis an táirge tráth an cheannaigh, an chíosa nó an léasa i riocht agus go gcoiscfí ar an táirge nasctha ceann amháin nó níos mó dá fheidhmeanna a chomhlíonadh dá mbeadh an tseirbhís in easnamh; nó
(ii) a nascann an monaróir nó tríú páirtí leis an táirge ina dhiaidh sin chun cur le feidhmeanna an táirge nasctha, iad a thabhairt cothrom le dáta nó iad a oiriúnú.

2. **Bunús an Chonartha**

2.1. **Cáilíocht an Úsáideora Iarrthaigh agus iarraidh bhailí a bheith ann**

2.1.1. Dearbhaíonn gach Páirtí, ar feadh a eolais féin, gur Úsáideoir (de réir bhrí Airteagal 2(12) den Ghníomh um Shonraí) den Táirge agus den tSeirbhís Ghaolmhar (de na Seirbhísí Gaolmhara) a shonraítear i gclásal 1.2.1 é an tÚsáideoir Iarrthach.

2.1.2. Dearbhaíonn gach Páirtí gur iarr an tÚsáideoir Iarrthach ar an Sealbhóir Sonraí na Sonraí a shonraítear i gclásal 3.1 a chur ar fáil don Fhaighteoir Sonraí. Tá fianaise ar an iarraidh i gceangal leis an gConradh seo i bh**Foscríbhinn 1**.

2.1.3. *(Más infheidhme)* Dearbhaíonn gach Páirtí, ar feadh a eolais, go bhfuair an Páirtí atá ag gníomhú thar ceann an Úsáideora Iarrthaigh an t-údarás is gá ón Úsáideoir Iarrthach an iarraidh seo a chur isteach i gcomhréir leis an dlí is infheidhme. Tá fianaise ar an údarú i gceangal leis an gConradh seo i bh**Foscríbhinn 1**.

Faoin nGníomh um Shonraí, féadfaidh tríú páirtí atá ag gníomhú thar ceann an Úsáideora Iarrthaigh an iarraidh a dhéanamh. Féadfaidh an tríú páirtí sin, mar shampla, a bheith ina bhróicéir sonraí nó ina ghníomhaire nó ionadaí d'aon chineál eile, lena n-áirítear an Faighteoir Sonraí féin.

Ar ndóigh, má mhaíonn tríú páirtí, lena n-áirítear an Faighteoir Sonraí, go bhfuil sé údaraithe ag an Úsáideoir Iarrthach, d'fhéadfadh an cás sin a bheith ina fhoinse mí-úsáide i gcomparáid leis an ngnáthchás iarrata. Dá bhrí sin, ní mór do na Páirtithe bearta réasúnta a dhéanamh chun a fhíorú nach ndearnadh aon chalaois ná ionramháil agus gur cuireadh an iarraidh sin isteach i gceart.

2.1.4. Dearbhaíonn gach Páirtí, ar feadh a eolais, go bhfuil an iarraidh bailí faoin dlí is infheidhme, nár tarraingíodh siar í agus nach bhfuil sí dulta in éag.

Má tá tásca ann go bhfuil an iarraidh neamhbhailí nó gur tarraingíodh siar í, ní mór do na Páirtithe bearta réasúnta a dhéanamh chun a fhíorú go bhfuil an iarraidh fós bailí. Murab amhlaidh an cás, d'fhéadfadh sé nach mbeadh cead ag an Sealbhóir Sonraí na sonraí a chomhroinnt leis an bhFaighteoir Sonraí agus d'fhéadfadh sé a bheith faoi dhliteanas as déanamh amhlaidh. D'fhéadfadh an Faighteoir Sonraí a bheith faoi dhliteanas freisin as sonraí a iarraidh nach bhfuil siad i dteideal a iarraidh.

D'fhéadfadh bailíocht na hiarrata a bheith ag brath ar roinnt mhaith tosca faoin dlí is infheidhme. Chun go mbeadh iarraidh bailí ó thaobh an dlí de, mar shampla, d'fhéadfadh sé gur ghá na nithe seo a leanas a bheith amhlaidh ina leith:

— cáilíonn sí mar léiriú sainráite ar mhianta an Úsáideora Iarrthaigh a tugadh faoi shaoirse agus atá eolasach go leordhóthanach;

— déanfar í faoin inniúlacht dhlítheanach is gá.

2.2. **Incháilitheacht an Fhaighteora Sonraí**

2.2.1. Dearbhaíonn an Faighteoir Sonraí go bhfuil conradh i bhfeidhm idir é agus an tÚsáideoir Iarrthach lena gceadaítear dó na Sonraí a úsáid agus, de réir an chonartha sin, go n-úsáidfear na Sonraí go heisiach chun (*cuir isteach an chríoch (na críocha) de réir an chonartha idir an Faighteoir Sonraí agus an tÚsáideoir Iarrthach*):

(*más féidir rúin trádála a nochtadh leis na Sonraí*) Dearbhaíonn an Faighteoir Sonraí go bhfuil géarghá leis na Sonraí chun an chríoch sin a chomhlíonadh.

I gcomhréir le hAirteagal 6(1) den Ghníomh um Shonraí, ní féidir leis an bhFaighteoir Sonraí na Sonraí a úsáid ach amháin ar bhonn conradh arna thabhairt i gcrích agus chun na gcríoch a chomhaontaítear leis an Úsáideoir. Ba cheart don Fhaighteoir Sonraí dearbhuithe a dhéanamh anseo lena ndeimhnítear gurb amhlaidh an cás. Mura bhfuil na dearbhuithe sin ceart nó mura bhfuil siad ceart a thuilleadh, féadfaidh an deis a bheith ag an Sealbhóir Sonraí an conradh a fhoirceannadh i gcomhréir le clásal 2.4.3.

Ba cheart do na Páirtithe féachaint leis na críocha a chomhaontaítear a bhunú ar bhealach a ligfidh don Sealbhóir Sonraí a chinneadh an ceadmhach don Fhaighteoir Sonraí na Sonraí a úsáid, ach gan é a bheith chomh mionsonraithe sin go nochtfaí don Fhaighteoir Sonraí smaointe rúnda gnó ar leis an Sealbhóir Sonraí iad.

I gcás ina bhfuil rúin trádála an tSealbhóra Sonraí i mbaol, ní mór na críocha iomlána a nochtadh, chun é a chur ar a chumas don Sealbhóir Sonraí a mheas an bhfuil géarghá le soláthar na sonraí chun an chríoch shonraithe a bhaint amach.

2.2.2. Dearbhaíonn an Faighteoir Sonraí nach bhfuil sé ainmnithe mar 'gheatóir' de bhun Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/1925 ('an Gníomh um Margaí Digiteacha').

2.3. **Comhlíonadh an dlí maidir le cosaint sonraí**

2.3.1. A mhéid a cháilíonn na Sonraí mar shonraí pearsanta, dearbhaíonn gach Páirtí go gcomhlíonann sé Rialachán (AE) 2016/679 agus, i gcás inarb ábhartha, Treoir 2002/58/CE.

2.3.2. Go sonrach, i gcás nach é an tÚsáideoir Iarrthach an t-ábhar sonraí, ní fhéadfaidh an Sealbhóir Sonraí na Sonraí ar sonraí pearsanta iad a chur ar fáil don Fhaighteoir Sonraí ach a mhéid a cheadaítear faoi Rialachán (AE) 2016/679 agus, i gcás inarb ábhartha, faoi Threoir 2002/58/CE.

Is coincheap an-leathan é an coincheap ‘sonraí pearsanta’ faoi RGCS. Cumhdaítear leis aon sonraí a bhaineann le duine sainaitheanta nó duine in-sainaitheanta i.e. duine nádúrtha in-sainaitheanta is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d’aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó ceann amháin nó níos mó de thosca a bhaineann go sonrach le céannacht fhisiceach, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine nádúrtha sin.

Is féidir sonraí neamhphearsanta teacht chun bheith ina sonraí pearsanta, mar shampla i gcás inar cuid de thacar sonraí measctha iad, i gcás ina gcomhcheanglaítear iad le sonraí nua agus ina bhfágann toradh an chomhcheangail sin gur féidir na sonraí a nascadh le duine aonair sainaitheanta nó in-sainaitheanta. D’fhéadfadh sé sin tarlú freisin i gcás ina dtagann cumais nua próiseála sonraí chun cinn.

Ba cheart do na Páirtithe tosú trí mheasúnú cúramach a dhéanamh ar shonraí pearsanta a bheith sna Sonraí agus ar a róil féin, agus ar ról an Úsáideora, faoi RGCS:

— ciallaíonn ‘ábhar sonraí’ an duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta lena mbaineann an fhaisnéis;

— ciallaíonn ‘rialaitheoir’ an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-údarás poiblí, an ghníomhaireacht nó an comhlacht eile a chinneann, ina aonar nó i gcomhpháirt, críocha agus modhanna na próiseála; i gcás ina gcinntear críocha agus modhanna na próiseála sin leis an dlí, féadfaidh an dlí sin foráil a dhéanamh maidir leis an rialaitheoir;

— ciallaíonn ‘próiseálaí’ duine nádúrtha nó dlítheanach, údarás poiblí, gníomhaireacht nó comhlacht eile a phróiseálann sonraí pearsanta thar ceann an rialaitheora;

— ciallaíonn ‘faighteoir’ duine nádúrtha nó dlítheanach, údarás poiblí, gníomhaireacht nó comhlacht eile, dá nochtar na sonraí pearsanta, bíodh sé ina thríú páirtí nó ná bíodh (gan údaráis phoiblí a áireamh, a fhéadfaidh sonraí pearsanta a fháil mar chuid d’fhiosrúchán ar leith faoin dlí is infheidhme).

Ba cheart do na Páirtithe cuimhneamh go bhféadfadh níos mó ná ról amháin a bheith ag páirtí ag brath ar chríoch na próiseála, agus/nó go bhféadfadh ról a bheith aige i gcomhpháirt le páirtí eile.

Tá gá le bunús dlí faoi RGCS chun a cheadú go gcomhroinnfí na Sonraí leis an bhFaighteoir Sonraí. Toiliú na n-ábhar sonraí lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 6(1)(a) nó leas dlisteanach de réir bhrí Airteagal 6(1)(f) RGCS, d’fhéadfaidís a bheith ina mbunús dlí féideartha le sonraí pearsanta a chomhroinnt i gcás nach é an t-úsáideoir iarrthach an t-ábhar sonraí. Chun a mheasúnú an bhfuil leas dlisteanach den sórt sin ann, féadfar an oibleagáid na sonraí a chur ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 5 den Ghníomh um Shonraí a chur san áireamh, cé nach bunús dlí leordhóthanach ann féin í an oibleagáid sin.

2.4. **Míchruinneas dearbhuithe**

2.4.1. Aon Pháirtí a thagann ar an eolas nach bhfuil aon dearbhú dá dtagraítear i gclásail 2.1 go 2.3 cruinn, nó nach bhfuil sé cruinn a thuilleadh, nó nach bhfanfaidh sé cruinn sa todhchaí intuartha, ní mór dó, gan moill mhíchuí, fógra a thabhairt don Pháirtí eile, mura rud é go bhfuil an Páirtí eile ar an eolas nó gur cheart don Pháirtí eile a bheith ar an eolas faoi sin cheana.

Mura bhfuil aon dearbhú dá dtagraítear i gclásail 2.1 go 2.3 cruinn nó mura bhfuil sé cruinn a thuilleadh, ba cheart don Pháirtí bearta iomchuí a dhéanamh. Go sonrach, má dhíol an tÚsáideoir Iarrthach an táirge agus má scoireann sé de bheith ina Úsáideoir agus má fhaigheann an Sealbhóir Sonraí faisnéis iomchuí, ba cheart don Sealbhóir Sonraí an Conradh leis an bhFaighteoir Sonraí a fhoirceannadh maidir leis an Úsáideoir sin. Ba cheart dó an chúis leis an bhfoirceannadh a chur in iúl san fhógra um fhoirceannadh. Níor leor gan ach fógra a thabhairt sa chás seo, toisc nach bhfuil aon bhealach ann chun an cás a cheartú. Más mian leis an bhFaighteoir Sonraí leanúint de na Sonraí a fháil, ní mór dó dul i dteagmháil leis an Úsáideoir nua. I gcásanna áirithe, áfach, féadfaidh na Páirtithe an sárú ionadaíochta a cheartú. B’amhlaidh an cás, mar shampla, dá mba dhuine neamhúdaraithe a d’eisigh iarraidh an Úsáideora (e.g. an fostaí nach raibh aon chumhacht aige ionadaíocht a dhéanamh don chuideachta is úsáideoir). Sa chás sin, d’fhéadfadh sé go bhfágfadh an dlí is infheidhme go bhféadfaí gníomhaíocht den sórt sin a bhailíochtú le héifeacht chúlghabhálach.

2.4.2. Ar theacht ar an eolas dó faoin gcás sin, ní mór don Pháirtí lena mbaineann gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh agus míchruinneas an dearbhaithe a cheartú, a mhéid is féidir. D’fhéadfaí a áireamh leis sin, ag brath ar na himthosca, fógra a thabhairt don Úsáideoir Iarrthach nó d’aon tríú páirtí faoi chosaint a ndéantar difear dó nó na Sonraí a bheidh á gcur ar fáil ag an Sealbhóir Sonraí nó na Sonraí a bheidh á n-úsáid ag an bhFaighteoir Sonraí a chur ar fionraí go sealadach, má tháinig sé chun bheith neamhdhleathach na Sonraí a chur ar fáil nó a úsáid.

2.4.3. Mura gceartaítear an cás agus mura féidir é a cheartú, ní mór an Conradh seo a fhoirceannadh trí bhíthin fógra um fhoirceannadh i scríbhinn lena luaitear na cúiseanna leis an bhfoirceannadh a thug ceachtar Páirtí don Pháirtí eile.

Tá éifeacht láithreach ag an bhfoirceannadh. I gcás nach ndéanann an míchruinneas difear ach do chuid de na Sonraí a chumhdaítear leis an gConradh seo, ní mór an chuid ábhartha agus an chuid sin amháin a fhoirceannadh.

Rialaítear éifeachtaí an fhoirceanta le clásal 7.3.

3. Na Sonraí a chur ar fáil

3.1. Sonraí a chumhdaítear leis an gConradh

3.1.1. Is éard atá sna Sonraí a chumhdaítear leis an gConradh seo na Sonraí Táirge nó na Sonraí Seirbhíse Gaolmhaire (Seirbhísí Gaolmhara) atá ar fáil go héasca de réir bhrí an Ghnímh um Shonraí a shainaithnítear san iarraidh arna déanamh ag an Úsáideoir Iarrthach i gcomhréir le hAirteagal 5 den Ghníomh um Shonraí, agus áirítear iontu sonraí neamhphearsanta agus pearsanta araon ('na Sonraí').

Liostaítear na Sonraí go mionsonraithe i bh**Foscríbhinn 2**.

Más rud é, le linn an Chonartha seo, nach mór sonraí seachas na sonraí a liostaítear i bh**Foscríbhinn 2** a chur ar fáil don Fhaighteoir Sonraí, leasófar **Foscríbhinn 2** dá réir.

Ba cheart do na Páirtithe, i bhFoscríbhinn 2, na sonraí agus na meiteashonraí a chumhdaítear leis an gConradh a shonrú, i gcomhréir leis an iarraidh arna déanamh ag an Úsáideoir Iarrthach.

I gcomhréir le hAirteagail 5 agus 2(15), (16) agus (17) den Ghníomh um Shonraí, is iad sonraí táirge nó sonraí seirbhíse gaolmhaire atá ar fáil go héasca agus na sonraí sin amháin is féidir a bheith sna Sonraí:

— Is sonraí iad sonraí táirge a ghintear trí úsáid a bhaint as an Táirge a dhear an monaróir le bheith in-aisghafa, trí sheirbhís cumarsáide leictreonaí, trí nasc fisiceach nó trí rochtain ar ghaireas, ag Úsáideoir, Sealbhóir Sonraí nó tríú páirtí, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, an monaróir.

— Is sonraí iad sonraí seirbhíse gaolmhaire lena léirítear digitiú gníomhaíochtaí Úsáideoirí nó imeachtaí a bhaineann leis an táirge nasctha, arna dtaifeadadh d'aon ghnó ag Úsáideoir nó a ghintear mar sheachtháirge ghníomhaíocht an Úsáideora le linn na seirbhís ghaolmhar a sholáthar.

— Is éard is sonraí atá ar fáil go héasca ann sonraí is féidir leis an Sealbhóir Sonraí a fháil go dleathach ón táirge nó ón tseirbhís ghaolmhar, gan iarracht dhíréireach a dhéanamh a mbeadh níos mó ná oibríocht shimplí i gceist léi.

Ós rud é go leagtar síos leis an gConradh seo na socruithe chun na Sonraí a chur ar fáil don Fhaighteoir Sonraí arna iarraidh sin don Úsáideoir Iarrthach, is iad na Sonraí sin na cinn a shainaithnítear san iarraidh.

Ní mór an tuairisc ar na Sonraí a bheith leordhóthanach chun a chinneadh cé na sonraí a chumhdaítear le córas sonrach, más ann dó. Go sonrach, ba cheart do na Páirtithe na mionsonraí a leagan amach maidir le cé acu cinn de na Sonraí a cháilíonn mar shonraí pearsanta.

3.2. Saintréithe Sonraí agus socruithe rochtana

3.2.1. Ní mór don Sealbhóir Sonraí na Sonraí, chomh maith leis na meiteashonraí ábhartha is gá chun na sonraí sin a léirmhíniú agus a úsáid, a chur ar fáil don Fhaighteoir Sonraí, agus na Sonraí den cháilíocht chéanna ar a laghad agus atá ar fáil don Sealbhóir Sonraí, agus in aon chás i bhformáid chuimsitheach, struchtúrtha, a úsáidtear go coitianta agus atá inléite ag meaisín.

Ciallaíonn 'meiteashonraí' tuairisc struchtúrtha ar ábhar nó úsáid na sonraí lena n-éascaítear aimsiú nó úsáid na sonraí sin. I gcomhréir le hAirteagal 5(1) den Ghníomh um Shonraí, ní mór na meiteashonraí a chur ar fáil leis na Sonraí, a mhéid atá '*gá [leis na meiteashonraí] chun na [S]onraí sin a léirmhíniú agus a úsáid*'.

Cé nach leagtar síos na meiteashonraí ábhartha is gá chun na sonraí sin a léirmhíniú agus a úsáid agus, dá bhrí sin, nach mór iad a shainaithint ar bhonn cás ar chás, sonraítear sa Ghníomh um Shonraí gur '*cheart a áireamh sna sonraí atá le cur ar fáil na meiteashonraí ábhartha, lena n-áirítear a gcomhthéacs bunúsach agus a stampa ama, chun go mbeidh na sonraí inúsáidte, in éineacht le sonraí eile, amhail sonraí a shórtáiltear agus a aicmítear le pointí sonraí eile a bhaineann leo, nó a dhéantar a fhormáidiú arís i bhformáid a úsáidtear go coitianta*' (Aithris (15) den Ghníomh um Shonraí).

3.2.2. Ní mór don Fhaighteoir Sonraí rochtain a fháil ar na Sonraí

(a) go héasca agus go slán;

(b) gan moill mhíchuí;

(más infheidhme) (c) go leanúnach agus i bhfíor-am.

3.2.3. Chun ceanglais chlásail 3.2.1 agus 3.2.2 a chomhlíonadh, comhaontaíonn na Páirtithe na sonraíochtaí a leagtar amach i bhFoscríbhinn 2.

I gcomhréir le hAirteagal 5(1) den Ghníomh um Shonraí, ní mór na Sonraí a chur ar fáil gan moill mhíchuí agus, i gcás inarb ábhartha agus inar féidir go teicniúil, go leanúnach agus i bhfíor-am.

Ós rud é go bhfuil bealaí éagsúla ann chun na ceanglais dlí sin a chur chun feidhme, ba cheart do na Páirtithe na mionsonraí uile maidir leis an gcaoi a mbeidh rochtain le soláthar a chomhaontú i bh**Foscríbhinn 2**.

Agus an méid sin á dhéanamh acu, ba cheart dóibh, mar chéad chéim, a chinneadh an mian leo foráil a dhéanamh maidir leis na nithe seo a leanas:

— **aistriú iomlán** na Sonraí, i.e. aistrítear cóip de na Sonraí chuig meán faoi rialú an Fhaighteora Sonraí:

  — trí tharchur arna spreagadh ag an Sealbhóir Sonraí (brú), amhail tarchur ar líne, uaslódáil isteach i néalspás an Fhaighteora Sonraí nó seachadadh meáin inláimhsithe ar a stóráiltear na Sonraí; nó

  — trí aisghabháil arna spreagadh ag an Úsáideoir (tarraingt), amhail i gcás ina soláthraítear dó comhéadan feidhmchláir (API), rochtain ar néalspás an tSealbhóra Sonraí nó uirlisí comhchosúla a chuireann ar a chumas don Úsáideoir rochtain a fháil ar na Sonraí agus iad a asbhaint; nó

— **rochtain ar na Sonraí san áit a stóráiltear iad**, i.e. déantar na Sonraí a rochtain agus a phróiseáil ar mheán atá faoi rialú an tSealbhóra Sonraí nó tríú páirtí iontaofa, amhail tríd an bhFaighteoir Sonraí a bheith ag logáil isteach i spás tiomnaithe ar fhreastalaithe an tSealbhóra Sonraí nó tríú páirtí iontaofa, ach ní aistrítear na Sonraí chuig meán atá faoi rialú an Fhaighteora Sonraí, mura ndéantar socruithe speisialta.

Tugann aistriú iomlán an tsaoirse is mó don Fhaighteoir Sonraí, ach laghdaíonn sé go mór cumas an tSealbhóra Sonraí mí-úsáid a chosc.

Trí rochtain a thabhairt ar an áit a stóráiltear na sonraí, méadaítear na rioscaí d'Fhaighteoirí Sonraí go bhfaighfear amach faoina gcuid smaointe gnó, ach cuirtear go mór le cumas an tSealbhóra Sonraí mí-úsáid a chosc.

Cé is moite d'aistriú iomlán agus rochtain ar an áit a stóráiltear na sonraí, tá tuilleadh féidearthachtaí teicniúla ann, lena n-áirítear rochtain ar ghléas an Úsáideora Iarrthaigh.

Má roghnaíonn na Páirtithe rochtain a fháil ar an áit a stóráiltear na Sonraí, tá roinnt mionsonraí le réiteach, lena n-áirítear conas a áirithiú nach nochtfar smaointe gnó an Fhaighteora Sonraí agus cé na sonraí is ceadmhach don Fhaighteoir Sonraí a aistriú chuig meán atá faoina rialú féin (e.g. sonraí díorthaithe nó sonraí bunaithe ar thátal a eascraíonn as gníomhaíochtaí próiseála an Fhaighteora Sonraí).

Go ginearálta, ní mór gan coinníollacha rochtana ar an áit a stóráiltear na sonraí an bonn a bhaint d'aon cheann de na cearta a thugtar don Úsáideoir Iarrthach nó don Fhaighteoir Sonraí faoin nGníomh um Shonraí nó faoi dhlí eile is infheidhme.

Is minic is fearr rochtain ar an áit a stóráiltear na sonraí ar mheán atá faoi rialú tríú páirtí iontaofa ná rochtain ar mheán atá faoi rialú an tSealbhóra Sonraí. Is í cianrochtain an chiall ba cheart, de ghnáth, a bheith i gceist le rochtain ar an áit a stóráiltear na Sonraí, agus ba cheart rochtain ar an láthair a bheith teoranta do ghéarchásanna a bhfuil an leibhéal is airde íogaireachta ag baint leo.

Ní mór do na Páirtithe uainiú na rochtana ar na Sonraí a chinneadh freisin. I gcomhréir le hAirteagal 5(1) den Ghníomh um Shonraí, arna iarraidh sin don Úsáideoir, ní mór na Sonraí a chur ar fáil gan moill mhíchuí agus, i gcás inarb ábhartha agus inar féidir go teicniúil, go leanúnach agus i bhfíor-am.

Mar sin féin, ní bhíonn gá leis an rochtain sin i gcónaí chun na gcríoch a chomhaontaítear idir an Faighteoir Sonraí agus an tÚsáideoir Iarrthach a bhaint amach i gcás sonrach. Dá bhrí sin, ní mór do na Páirtithe teacht ar chomhaontú maidir le ceisteanna a bhaineann le huainiú na rochtana ar na Sonraí, amhail, i gcás inarb ábhartha agus inar féidir go teicniúil, an soláthraítear rochtain i bhfíor-am, agus mura soláthraítear, cé chomh minic a sholáthraítear í.

Ní mór do na Páirtithe raon saincheisteanna breise a mheas freisin, amhail cé na dintiúir rochtana atá ag teastáil, agus cé na fostaithe de chuid an Fhaighteora Sonraí agus cén líon díobh a fhéadfaidh rochtain a fháil ar na Sonraí.

3.2.4. Má chuirtear na Sonraí ar fáil i gcomhréir leis na sonraíochtaí san Fhoscríbhinn maidir le saintréithe sonraí agus socruithe rochtana, agus má dhealraíonn sé nach leor na sonraíochtaí comhaontaithe chun na ceanglais dá dtagraítear i gclásail 3.2.1 agus 3.2.2 a chomhlíonadh, geallann na Páirtithe go rachaidh siad i mbun caibidlíochta de mheon macánta agus go n-oiriúnóidh siad na sonraíochtaí sa chaoi go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais chomhaontaithe.

3.2.5. Ní mór don Sealbhóir Sonraí an fhaisnéis is gá a sholáthar don Fhaighteoir Sonraí chun rochtain a fháil ar na Sonraí nó chun iad a fháil i gcomhréir le hAirteagal 5 den Ghníomh um Shonraí.

Áirítear leis sin, go háirithe, faisnéis a sholáthar atá ar fáil go héasca don Sealbhóir Sonraí maidir le tionscnamh na Sonraí agus aon cheart a bheadh ag tríú páirtithe i ndáil leis na Sonraí, amhail cearta ábhar sonraí a eascraíonn as Rialachán (AE) 2016/679 (RGCS), nó fíorais a bhféadfadh na cearta sin eascairt astu.

Sonraíonn an Sealbhóir Sonraí an fhaisnéis sin i bh**Foscríbhinn 2**.

Bíonn sé de shaoirse i gcónaí ag na Páirtithe teacht ar chomhaontú maidir le haon tacaíocht bhreise, a théann thar cheanglais an Ghnímh um Shonraí, saor in aisce nó ar tháille.

3.2.6. Geallann an Sealbhóir Sonraí gan aon fhaisnéis a choimeád maidir le rochtain an Fhaighteora Sonraí ar na Sonraí a iarrtar thar a bhfuil riachtanach le haghaidh:

(a) fhorghníomhú fónta (i) iarraidh an Úsáideora Iarrthaigh ar rochtain agus (ii) an Chonartha seo;

(b) slándáil agus cothabháil an bhonneagair sonraí; agus

(c) comhlíonadh oibleagáidí dlíthiúla atá ar an Sealbhóir Sonraí an fhaisnéis sin a choimeád.

3.3. **Lúba aiseolais**

3.3.1. Má shainaithníonn an Faighteoir Sonraí teagmhas a bhaineann le clásal 3.1 maidir leis na Sonraí a chumhdaítear leis an gConradh nó le clásal 3.2 maidir leis na saintréithe Sonraí agus na socruithe rochtana agus má sholáthraíonn an Faighteoir Sonraí tuairisc mhionsonraithe ar an teagmhas don Sealbhóir Sonraí, ní mór don Sealbhóir Sonraí agus don Fhaighteoir Sonraí oibriú i gcomhar de mheon macánta chun an chúis leis an teagmhas a shainaithint. Má mhainnigh an Sealbhóir Sonraí a oibleagáidí a chomhlíonadh agus gurbh in ba chúis leis an teagmhas, ní mór dó an sárú a leigheas gan moill mhíchuí. Mura ndéanann an Sealbhóir Sonraí amhlaidh, meastar gur sárú bunúsach é agus tá an Faighteoir Sonraí i dteideal clásal 8 den Chonradh seo a agairt (leigheasanna ar shárú conartha).

3.3.2. Mura féidir ceann de na sonraíochtaí a chomhaontaítear i gcomhréir le clásal 3.2 a bhaint amach nó má tá ualach rómhór ag baint leo mar gheall ar athrú eisceachtúil ar imthosca a tharlaíonn tar éis an Conradh a thabhairt i gcrích, ní mór don Sealbhóir Sonraí tuairisc mhionsonraithe air sin a sholáthar don Fhaighteoir Sonraí agus rachaidh na Páirtithe i mbun caibidlíochta de mheon macánta agus oiriúnóidh siad na sonraíochtaí ionas go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais a leagtar síos sna clásail sin. Go sonrach, ní mór do gach Páirtí faisnéis leordhóthanach a sholáthar don Pháirtí eile chun measúnú agus plé a dhéanamh ar an gcás ar leith agus é a réiteach. Ní dhéanann an clásal seo difear do cheart an Fhaighteora Sonraí leigheasanna a agairt i gcomhréir le clásal 8.

3.4. **Athruithe aontaobhacha arna ndéanamh ag an Sealbhóir Sonraí**

3.4.1. Féadfaidh an Sealbhóir Sonraí athrú aontaobhach a dhéanamh ar mhionsonraí maidir le sonraíochtaí shaintréithe na Sonraí agus na socruithe rochtana, má thugann gnáthiompar gnó an tSealbhóra Sonraí údar oibiachtúil leis sin – mar shampla trí mhodhnú teicniúil i ngeall ar leochaileacht slándála phráinneach sa líne táirgí nó sna seirbhísí gaolmhara a thairgeann an Sealbhóir Sonraí nó i ngeall ar athrú ar bhonneagar an tSealbhóra Sonraí. Ní mór d'aon athrú ceanglais chlásal 3.2 a chomhlíonadh.

3.4.2. Ní mór don Sealbhóir Sonraí fógra a thabhairt faoin athrú don Fhaighteoir Sonraí ar a laghad *(sonraigh tréimhse réasúnta ama)* sula dtiocfaidh an t-athrú i bhfeidhm.

D'fhéadfadh sé go mbeadh tréimhse fógra níos giorra leordhóthanach:

(a) i gcás nach ndéanfaidh an t-athrú difear diúltach do rochtain ar shonraí ná d'úsáid sonraí ag an bhFaighteoir Sonraí; nó

(b) i gcás ina mbeadh fógra den sórt sin dodhéanta nó míréasúnta sna himthosca, amhail i gcás ina mbeidh gá le hathruithe láithreacha i ngeall ar leochaileacht slándála atá díreach braite.

3.4.3. I gcás ina mbeidh tionchar diúltach ag an athrú ar rochtain ar shonraí agus ar úsáid sonraí ag an bhFaighteoir Sonraí, tá an Faighteoir Sonraí i dteideal an Conradh (an chuid ábhartha den Chonradh) a fhoirceannadh gan aon chúiteamh a bheith dlite don Sealbhóir Sonraí, d'ainneoin aon cheart nó leigheas eile a d'fhéadfadh a bheith ag an bhFaighteoir Sonraí.

4. **(más gá na Sonraí a chosaint mar rúin trádála) Rúin trádála a chosaint**

1. **Rúin trádála a chomhroinnt** – Ní féidir le sealbhóirí sonraí, i bprionsabal, diúltú d'iarraidh ar rochtain ar shonraí faoin nGníomh um Shonraí ar an mbonn go measfar sonraí áirithe a bheith faoi chosaint mar rún trádála agus ar an mbonn sin amháin, óir dhéanfadh sé sin éifeachtaí beartaithe an Ghnímh um Shonraí a threascairt.

Féach clásail 4.1.

2. **Rúin trádála** – Má shainaithníonn an Sealbhóir Sonraí, áfach, go gcosnaítear Sonraí áirithe a chumhdaítear leis an gConradh seo mar rúin trádála, mar a shainmhínítear le Treoir (AE) 2016/943[8] (dá ngairtear an 'Treoir maidir le Rúin Trádála'), tá siad i dteideal cearta áirithe, go príomha chun leanúint de chaomhnú rúndachta na rún atá i gceist.

I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den Treoir maidir le Rúin Trádála, ciallaíonn an téarma 'Rún Trádála' faisnéis a chomhlíonann trí cheanglas: (a) is rún í sa chiall nach bhfuil daoine laistigh de na ciorcail a dhéileálann de ghnáth leis an gcineál sin faisnéise i gceist ar an eolas go ginearálta fúithi ná nach bhfuil rochtain acu uirthi, ina hiomláine nó i bhfoirmíocht agus cóimeáil bheacht a comhpháirteanna; agus (b) tá luach tráchtála aici toisc gur rún í; agus (c) tá sí faoi réir bearta réasúnta, sna himthosca, ag an duine a bhfuil an fhaisnéis faoina rialú go dleathach aige chun í a choimeád faoi rún.

Ciallaíonn 'Sealbhóir Rúin Trádála' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a rialaíonn rún trádála den sórt sin go dleathach.

Ní féidir sonraí a shainaithint mar rúin trádála ach amháin má dhéanann an Sealbhóir Sonraí nó an Sealbhóir Rúin Trádála iad a chosaint amhlaidh i gcás ina ndéantar iarraidh ar rochtain ar shonraí i gcomhréir le hAirteagal 5 den Ghníomh um Shonraí.

Féach clásal 4.1.1.

3. **Sainaithint tosaigh rún trádála** – Níl cearta Sealbhóirí Sonraí i leith rúin trádála infheidhme – ar dtús – ach amháin má shainaithnítear sa Chonradh na Sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála agus a mhéid a shainaithnítear sa Chonradh iad.

Féach clásal 4.1.2.

4. **Le linn an Chonartha** – D'fhéadfadh feidhm a bheith ag cearta Sealbhóirí Sonraí i leith rúin trádála freisin, áfach, le linn an Chonartha, maidir le sonraí nua atá le cur ar fáil faoi.

Féach clásal 4.1.3.

5. **Cearta iniúchóireachta** – Chun rúndacht na Sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála a chaomhnú, tá cuimhneamh le déanamh ar chearta iniúchóireachta áirithe trí bhíthin rannpháirt a thabhairt do thríú páirtithe neamhspleácha (gan cur isteach ar ghníomhaíochtaí an tSealbhóra Sonraí ná an Fhaighteora Sonraí), lena n-áirítear sásraí i gcás easaontais a bhaineann le torthaí na tuarascála iniúchóireachta.

Féach clásal 4.2.3.

6. **Cearta sealbhóra rúin trádála (1/4)** – Féadfaidh an Sealbhóir Sonraí (nó sealbhóir rúin trádála tríú páirtí) teacht ar chomhaontú leis an bhFaighteoir Sonraí maidir le ceanglais chun rúndacht na rún trádála a chaomhnú mar choinníoll chun na Rúin Trádála Shainaitheanta sin a chomhroinnt – amhail bearta teicniúla agus eagraíochtúla comhréireacha áirithe a dhéanamh.

Féach clásail 4.2 agus 4.3,

7. **Cearta sealbhóra rúin trádála (2/4)** – Mura bhfuil na bearta tosaigh leordhóthanach, féadfaidh an sealbhóir rúin trádála, ar bhonn cás ar chás, i ndáil le Sonraí sonracha agus sainaitheanta atá faoi chosaint mar rúin trádála, leibhéal na mbeart a mhéadú go haontaobhach, nó a iarraidh go gcomhaontófar bearta breise leis an bhFaighteoir Sonraí. Mura bhfuil aon chomhaontú ann maidir leis na bearta is gá, féadfaidh an Sealbhóir Sonraí comhroinnt Sonraí sonracha atá faoi chosaint mar rúin trádála a chur ar fionraí, faoi na coinníollacha a leagtar amach sa Ghníomh um Shonraí.

Féach clásal 4.4.2.

8. **Cearta sealbhóra rúin trádála (3/4)** – Féadfaidh an sealbhóir rúin trádála freisin, ar bhonn cás ar chás, diúltú Rúin Trádála Shainaitheanta shonracha a chomhroinnt, in imthosca eisceachtúla amháin agus faoi na coinníollacha a leagtar amach sa Ghníomh um Shonraí.

Féach clásal 4.4.3.

9. **Cearta sealbhóra rúin trádála (4/4)** – Féadfaidh an sealbhóir rúin trádála comhroinnt sonraí a choinneáil siar nó a chur ar fionraí má sháraíonn an Faighteoir Sonraí a oibleagáidí maidir le rúin trádála a chosaint.

Féach clásal 4.4.4.

10. **Coinneáil Sonraí ina bhfuil Rúin Trádála Shainaitheanta** – Má dhéanann an Sealbhóir Sonraí comhroinnt sonraí a choinneáil siar nó a chur ar fionraí i gcomhréir le clásail 4.4.1, 4.4.2 nó 4.4.3, beidh an Sealbhóir Sonraí fós faoi oibleagáid na Sonraí gaolmhara ina bhfuil Rún Trádála Sainaitheanta a choimeád ar fáil go héasca trína gcoinneáil go dtí go bhféadfar iad a chomhroinnt faoi raon feidhme an Chonartha.

Féach clásal 4.5.

11. **Sealbhóir rúin trádála shainaitheanta ar tríú páirtí é** – Más tríú páirtí é an sealbhóir rúin trádála, ní mór don Sealbhóir Sonraí a áirithiú go mbeidh a rúin trádála siúd faoi chosaint ag clásal 4 freisin agus go bhfaighidh sé gach údarú ábhartha ón sealbhóir rúin trádála sin ar tríú páirtí é.

Féach clásal 4.1.2.

4.1. **Infheidhmeacht socruithe maidir le rúin trádála**

4.1.1. Na bearta cosanta a chomhaontaítear i gclásail 4.2. agus 4.3 den Chonradh seo, chomh maith leis na cearta gaolmhara a chomhaontaítear i gclásal 4.4, tá feidhm acu go heisiach maidir le Sonraí nó meiteashonraí a áirítear sna Sonraí atá le cur ar fáil ag an Sealbhóir Sonraí don Fhaighteoir Sonraí, atá faoi chosaint mar rúin trádála (mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) den Treoir maidir le Rúin Trádála), atá i seilbh an tSealbhóra Sonraí nó Sealbhóra Rúin Trádála eile (mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) den Treoir sin).

4.1.2. Leagtar amach i bhFoscríbhinn 4 sainaithint sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála agus céannacht an tSealbhóra Rúin Trádála.

Dearbhaíonn an Sealbhóir Sonraí don Fhaighteoir Sonraí go bhfuil na cearta ábhartha uile aige ó aon sealbhóir rúin trádála ar tríú páirtí é chun an Conradh seo a dhéanamh maidir leis na Sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála.

I gcomhréir le hAirteagal 5(9) den Ghníomh um Shonraí, '*déanfaidh an sealbhóir sonraí nó, i gcás nach iad an duine céanna iad, an sealbhóir rúin trádála,, na sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála a shainaithint, lena n-áirítear sna meiteashonraí ábhartha*'.
Dá bhrí sin, ba cheart don Sealbhóir Sonraí na Sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála a shainaithint i bh**Foscríbhinn 4**. Níor cheart don Sealbhóir Sonraí a bheidh faoi oibleagáid, áfach, tuairisc a thabhairt ar an rún trádála féin. Is leordhóthanach a shainaithint cé na Sonraí nach mór a chosaint chun rúndacht an rúin trádála a áirithiú, óir d'fhéadfadh an anailís ar na Sonraí sin an rún trádála a nochtadh.

4.1.3. Más rud é go gcuirtear ar fáil don Fhaighteoir Sonraí, le linn an Chonartha seo, sonraí nua atá faoi chosaint mar rúin trádála mar a leagtar amach i gclásal 4.1.1, arna iarraidh sin don Sealbhóir Sonraí, leasófar Foscríbhinn 4 dá réir sin.

Go dtí go leasófar agus go gcomhaontófar Foscríbhinn 4 idir na Páirtithe, féadfaidh an Sealbhóir Sonraí comhroinnt na sonraí nua atá faoi chosaint mar rúin trádála a choinneáil siar nó a chur ar fionraí go sealadach. I gcás mar sin, tabharfar bunús cuí le cinneadh an tsealbhóra sonraí agus cuirfear ar fáil i scríbhinn é don úsáideoir gan moill mhíchuí. Tabharfaidh an Sealbhóir Sonraí fógra freisin don údarás inniúil a ainmnítear faoi Airteagal 37 den Ghníomh um Shonraí go bhfuil comhroinnt sonraí coinnithe siar nó curtha ar fionraí aige agus sainaithneoidh sé na bearta nár comhaontaíodh ná nár cuireadh chun feidhme.

4.1.4. Fanfaidh na hoibleagáidí a leagtar amach i gclásail 4.2 agus 4.3 i bhfeidhm tar éis aon fhoirceannadh ar an gConradh, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.

4.2. **Bearta cosanta arna ndéanamh ag an bhFaighteoir Sonraí**

4.2.1. Ní mór don Fhaighteoir Sonraí na bearta cosanta a leagtar amach i bh**Foscríbhinn 4** a chur i bhfeidhm (dá ngairtear anseo feasta: 'Bearta Cosanta an Fhaighteora Sonraí').

Ba cheart do na Páirtithe, i bhFoscríbhinn ar leithligh, mionsonraí uile na mbeart sin a leagan amach, lena n-áirítear i gcásanna ina gcomhroinneann an Faighteoir Sonraí na Sonraí le tríú páirtithe. Féadfaidh bearta a bheith teicniúil (e.g. criptiú, ballaí dóiteáin, stóráil dheighilte, etc.) agus eagraíochtúil (e.g. rialachas inmheánach, bainistiú céannachta agus seiceálacha rochtana iomchuí, rannpháirtíocht tríú páirtí iontaofa).

Ós rud é nach mór na bearta a bheith comhréireach, beidh a n-ábhar éagsúil ó chéile, ag brath ar chineál an rúin trádála. Beidh na bearta ag brath freisin ar cé acu (i) an soláthrófar rochtain ar an áit a stóráiltear na Sonraí nó (ii) an bhfuil na Sonraí le haistriú go hiomlán chuig an bhFaighteoir Sonraí. Sa chéad chás, tá leibhéal níos airde rialaithe ag an Sealbhóir Sonraí agus is féidir leis cuid de na bearta cosanta a chur i bhfeidhm é féin, ach d'fhéadfadh leibhéal níos ísle úsáide a bheith ag an bhFaighteoir Sonraí maidir leis na Sonraí. In aon chás, beidh ar an dá Pháirtí díriú ar na héifeachtaí atá beartaithe ag an nGníomh um Shonraí a bhaint amach. Ar an gcúis sin, ní mór cothromaíocht a bhaint amach idir na leasanna éagsúla gan na héifeachtaí beartaithe sin a threascairt.

4.2.2. Má cheadaítear don Fhaighteoir Sonraí sa Chonradh seo agus sa chonradh arna thabhairt i gcrích ag an bhFaighteoir Sonraí leis an Úsáideoir na Sonraí a chur ar fáil do thríú páirtí, féadfaidh an Faighteoir Sonraí na Sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála a chomhroinnt, más rud é:

(a) go gcuireann siad an Sealbhóir Sonraí ar an eolas gan moill mhíchuí go gcuirfear Sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála ar fáil do thríú páirtí, go sonraíonn siad na Sonraí atá i gceist, agus go dtugann siad céannacht, áit bhunaithe agus sonraí teagmhála an tríú páirtí don Sealbhóir Sonraí.

(b) cuireann an tríú páirtí na bearta cosanta a leagtar amach i bhFoscríbhinn 4 i bhfeidhm.

4.2.3. [ROGHA] [Chun a fhíorú an bhfuil Bearta Cosanta an Fhaighteora Sonraí curtha chun feidhme agus á gcoinneáil ar bun ag an bhFaighteoir Sonraí agus a mhéid atá siad curtha chun feidhme agus á gcoinneáil ar bun aige, comhaontaíonn an Faighteoir Sonraí (i) tuarascáil measúnaithe comhréireachta slándála a fháil gach bliain ó thríú páirtí neamhspleách arna roghnú ag an bhFaighteoir Sonraí, nó (ii) a cheadú gach bliain go ndéanfaidh páirtí neamhspleách arna roghnú ag an Sealbhóir Sonraí iniúchadh um measúnú comhréireachta slándála – faoi réir comhaontú rúndachta arna sholáthar ag an bhFaighteoir Sonraí a bheith sínithe ag an tríú páirtí neamhspleách sin. Ní mór a léiriú sa tuarascáil iniúchóireachta slándála sin go gcomhlíonann an Faighteoir Sonraí clásal 4 agus Foscríbhinn 4, de réir mar is infheidhme an tráth sin. Cuirfear torthaí na dtuarascálacha iniúchóireachta faoi bhráid an dá Pháirtí gan moill mhíchuí.

Féadfaidh an Faighteoir Sonraí rogha a dhéanamh idir (i) agus (ii). Má mheasann Páirtí go bhfuil an tuarascáil iniúchóireachta slándála mícheart, coinníonn sé an ceart tuarascáil iniúchóireachta slándála a fháil ó thríú páirtí neamhspleách eile. Má fheidhmítear an ceart sin, pléifidh an bheirt iniúchóirí tríú páirtí neamhspleácha, in éineacht leis na Páirtithe, aon difríocht idir an dá thuarascáil sin agus féachfaidh siad le haon ábhar atá ar feitheamh a réiteach de mheon macánta.]

Is mar seo a leanas a íocfar costais na dtuarascálacha iniúchóireachta sin: (*sonraigh na socruithe chun na costais sin a íoc*).

Tá an clásal sin marcáilte mar rogha toisc go bhféadfaidh na Páirtithe bearta eile a chomhaontú chun a fhíorú go gcomhlíonann an tÚsáideoir a oibleagáidí Bearta Cosanta an Fhaighteora Sonraí a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun.

4.3. **Bearta cosanta arna ndéanamh ag an Sealbhóir Rúin Trádála**

4.3.1. Féadfaidh an Sealbhóir Sonraí na bearta a chomhaontaítear i bh**Foscríbhinn 4** a chur i bhfeidhm chun rúndacht na Sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála a chaomhnú (dá ngairtear anseo feasta: 'Bearta Cosanta an tSealbhóra Rúin Trádála').

4.3.2. Féadfaidh an Sealbhóir Sonraí réitigh chosanta theicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur chun feidhme go haontaobhach freisin, amhail nuashonruithe bogearraí, mura ndéanann siad difear diúltach don Fhaighteoir Sonraí faoin gConradh seo.

4.3.3. Geallann an Faighteoir Sonraí gan Bearta Cosanta an tSealbhóra Rúin Trádála ná na bearta arna ndéanamh i gcomhréir le clásal 4.3.2 a athrú ná a bhaint, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.

4.4. **Oibleagáid maidir le comhroinnt agus an ceart chun diúltú, coinneáil siar nó foirceannadh**

4.4.1. I gcás nach leor Bearta Cosanta an Fhaighteora Sonraí ná Bearta Cosanta an tSealbhóra Rúin Trádála go hábhartha chun píosa áirithe Sonraí atá faoi chosaint mar rún trádála a chosaint go leormhaith, féadfaidh an Sealbhóir Sonraí, trí fhógra a thabhairt don Fhaighteoir Sonraí ina mbeidh tuairisc mhionsonraithe ar neamhdhóthanacht na mbeart, a iarraidh go gcomhaontófar na bearta breise teicniúla nó eagraíochtúla is gá; mura dtagtar, tar éis tréimhse réasúnta ama, ar aon chomhaontú maidir leis na bearta sin agus más cuí-réasúnaithe an gá atá leis na bearta sin, e.g. i dtuarascáil iniúchóireachta slándála, féadfaidh an Sealbhóir Sonraí comhroinnt na Sonraí sonracha atá i gceist a choinneáil siar nó a chur ar fionraí; sa chás sin, ní mór don Sealbhóir Sonraí fógra a thabhairt don Fhaighteoir Sonraí agus don údarás inniúil a ainmnítear faoi Airteagal 37 den Ghníomh um Shonraí; ní mór an fógra a bheith cuí-réasúnaithe, ní mór a léiriú ann cé na bearta nár comhaontaíodh agus, i gcás inarb ábhartha, na rúin trádála lena mbaineann, agus ní mór é a thabhairt i scríbhinn gan moill mhíchuí; ní mór don Sealbhóir Sonraí leanúint d'aon Sonraí atá faoi chosaint mar rún trádála seachas na Sonraí sonracha sin a chomhroinnt.

4.4.2. Más rud é, in imthosca eisceachtúla, go bhfuil an Sealbhóir Sonraí in ann a léiriú gur rídhócha go ndéanfar damáiste tromchúiseach eacnamaíoch dó mar gheall ar Shonraí áirithe atá faoi chosaint mar rún trádála a bheith á nochtadh don Fhaighteoir Sonraí in ainneoin Bhearta Cosanta an Fhaighteora Sonraí agus, más infheidhme, Bhearta Cosanta an tSealbhóra Rúin Trádála a bheith curtha chun feidhme, féadfaidh an Sealbhóir Sonraí comhroinnt na Sonraí sonracha atá i gceist a chur ar fionraí.

Ní fhéadfaidh siad déanamh amhlaidh ach amháin má thugann siad fógra cuí-réasúnaithe don Fhaighteoir Sonraí agus don údarás inniúil a ainmnítear faoi Airteagal 37 den Ghníomh um Shonraí.

Mar sin féin, ní mór don Sealbhóir Sonraí leanúint d'aon Sonraí atá faoi chosaint mar rún trádála seachas na Sonraí sonracha sin a chomhroinnt.

Comhroinnt sonraí a dhiúltú nó scor di faoi Airteagal 5 den Ghníomh um Shonraí, tá sé teoranta d'imthosca eisceachtúla. Dá bhrí sin, ní mór an fógra a bheith cuí-réasúnaithe. I measc na ngnéithe atá le cur san áireamh tá, mar shampla, easpa in-fhorfheidhmitheachta cosanta rún trádála i dtíortha nach de chuid an Aontais iad, cineál agus leibhéal rúndachta an rúin trádála atá i gceist nó uathúlacht agus úrnuacht an táirge nasctha ábhartha.

4.4.3. Má mhainníonn an Faighteoir Sonraí a Bhearta Cosanta Faighteora Sonraí a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun agus má tá an mhainneachtain sin cuí-réasúnaithe ag an Sealbhóir Sonraí, e.g. i dtuarascáil iniúchóireachta slándála, tá an Sealbhóir Sonraí i dteideal comhroinnt na Rún Trádála Sainaitheanta sonrach a choinneáil siar nó a chur ar fionraí go dtí go mbeidh an teagmhas réitithe ag an bhFaighteoir Sonraí.

Sa chás sin, ní mór don Sealbhóir Sonraí, gan moill mhíchuí, fógra cuí-réasúnaithe a thabhairt i scríbhinn don Fhaighteoir Sonraí agus don údarás inniúil a ainmnítear faoi Airteagal 37 den Ghníomh um Shonraí.

4.4.4. Ní thugann clásal 4.4.1 teidlíocht don Sealbhóir Sonraí an Conradh a fhoirceannadh. Le clásail 4.4.2 nó 4.4.3, níl an Sealbhóir Sonraí i dteideal an Conradh a fhoirceannadh ach amháin maidir leis na Rúin Trádála Shainaitheanta shonracha, agus más amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) comhlíonadh coinníollacha uile chlásal 4.4.2 nó chlásal 4.4.3;

(b) níor tháinig na Páirtithe ar aon réiteach tar éis tréimhse réasúnta ama, d'ainneoin iarracht teacht ar réiteach cairdiúil, lena n-áirítear tar éis idirghabháil ón údarás inniúil a ainmnítear faoi Airteagal 37 den Ghníomh um Shonraí; agus

(c) ní dhearna cúirt inniúil cinneadh cúirte i bhfabhar an Fhaighteora Sonraí lena gcuirtear d'oibleagáid ar an Sealbhóir Sonraí na Sonraí a chur ar fáil agus níl aon imeacht cúirte maidir le cinneadh den sórt sin ar feitheamh.

4.5. **Coinneáil Sonraí atá faoi chosaint mar Rúin Trádála Shainaitheanta**

4.5.1. I gcás ina bhfeidhmeoidh an Sealbhóir Sonraí an ceart chun comhroinnt Sonraí leis an Úsáideoir a choinneáil siar nó a chur ar fionraí i gcomhréir le clásail 4.4.1, 4.4.2 agus 4.4.3, beidh air a áirithiú go gcoinneofar na Sonraí atá i gceist, sa chaoi go gcuirfear na Sonraí sin ar fáil don Fhaighteoir Sonraí:

(a) nuair a chomhaontófar na cosaintí iomchuí agus a chuirfear chun feidhme iad; nó

(b) nuair a eiseofar cinneadh ceangailteach ó údarás inniúil nó ó chúirt lena gceanglaítear ar an Sealbhóir Sonraí na Sonraí a sholáthar don Fhaighteoir Sonraí.

Tagann deireadh leis an oibleagáid choinneála sin i gcás ina gceadóidh údarás inniúil nó cúirt i gcinneadh ceangailteach go scriosfar na sonraí coinnithe sin nó i gcás ina dtiocfaidh deireadh leis an gConradh i gcomhréir le clásal 4.4.4.

4.5.2. Is é an Sealbhóir Sonraí a íocfaidh na costais is gá chun na Sonraí a choinneáil faoi chlásal 4.5.1. Mar sin féin, íocfaidh an Faighteoir Sonraí na costais sin a mhéid a choinnítear comhroinnt sonraí siar nó a chuirtear ar fionraí í i gcomhréir le clásal 4.4.3.

5. **Úsáid na Sonraí agus comhroinnt le tríú páirtithe**

5.1. **Úsáid cheadaithe ag an bhFaighteoir Sonraí**

Geallann an Faighteoir Sonraí gan na Sonraí a chuirtear ar fáil dó faoin gConradh a phróiseáil ach amháin chun na gcríoch agus faoi na coinníollacha a chomhaontaítear leis an Úsáideoir Iarrthach.

Ní mór don Fhaighteoir Sonraí na Sonraí a léirscriosadh nuair nach bhfuil gá leo a thuilleadh chun na críche a chomhaontaítear, mura gcomhaontaítear a mhalairt leis an Úsáideoir Iarrthach i ndáil le Sonraí ar sonraí neamhphearsanta iad.

5.2. **Comhroinnt Sonraí le tríú páirtithe**

5.2.1. Ní mór don Fhaighteoir Sonraí gan na Sonraí a chur ar fáil do thríú páirtí eile, ach amháin má chomhaontaítear é sin go conarthach leis an Úsáideoir Iarrthach, má tá sé comhoiriúnach le haon bheart cosanta a chomhaontaítear leis an Sealbhóir Sonraí agus má tá sé comhoiriúnach le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta is infheidhme.

Ní mór don Fhaighteoir Sonraí, in aon chás, gan na Sonraí a fhaigheann sé a chur ar fáil do ghnóthas a ainmnítear mar gheatóir faoi Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/1925 (an Gníomh um Margaí Digiteacha).

5.2.2. I gcás ina gceadaítear don Fhaighteoir Sonraí Sonraí a chur ar fáil do thríú páirtí, ní mór don Fhaighteoir Sonraí bearta conarthacha, teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a dhéanamh chun an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) *(más infheidhme)* go gcuireann an tríú páirtí i bhfeidhm na bearta cosanta céanna ar a laghad nach mór don Fhaighteoir Sonraí a chur i bhfeidhm faoi chlásal 4.2 agus go n-urramaíonn sé na bearta cosanta arna ndéanamh ag an Sealbhóir Sonraí faoi chlásal 4.3;

(b) go n-úsáideann an tríú páirtí na Sonraí go heisiach ar bhealach atá comhoiriúnach le clásail 5.1 agus 5.3;

(c) go bhfuil na leigheasanna céanna ar a laghad ag an Sealbhóir Sonraí in aghaidh an tríú páirtí agus atá aige in aghaidh an Fhaighteora Sonraí as úsáid nó nochtadh Sonraí a thoirmisctear faoi chlásal 5.3.

5.2.3. D'ainneoin chlásail 5.2.1 agus 5.2.2, féadfaidh an Faighteoir Sonraí seirbhísí próiseála a úsáid, e.g. néalseirbhísí (lena n-áirítear infreastruchtúr mar sheirbhís, ardán mar sheirbhís agus bogearraí mar sheirbhís), seirbhísí óstála, nó seirbhísí comhchosúla chun na gcríoch a chomhaontaítear faoi chlásal 5.1 a bhaint amach ar a shon féin agus faoina fhreagracht féin. Féadfaidh na tríú páirtithe na seirbhísí sin a úsáid freisin chun na gcríoch a chomhroinntear na sonraí leo a bhaint amach ar a son féin agus faoina bhfreagracht féin.

5.3. **Úsáid nó comhroinnt neamhúdaraithe Sonraí**

5.3.1. Ní mór don Fhaighteoir Sonraí gan an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) (chun Sonraí a fháil) faisnéis bhréagach a sholáthar don Sealbhóir Sonraí, modhanna meabhlacha nó comhéigneacha a úsáid nó mí-úsáid a bhaint as bearnaí i mbonneagar teicniúil an tSealbhóra Sonraí atá ceaptha na Sonraí a chosaint; nó

(b) gan na bearta conarthacha teicniúla nó eagraíochtúla a chomhaontaítear faoi chlásail 4.2 agus 4.3 a choinneáil ar bun; nó

(c) bearta cosanta teicniúla arna gcur i bhfeidhm ag an Sealbhóir Sonraí chun rochtain neamhúdaraithe ar na Sonraí a chosc agus chun comhlíonadh an Chonartha seo a áirithiú a athrú nó a bhaint, gan comhaontú an tSealbhóra Sonraí; nó

(d) na Sonraí a fuair sé chun críoch neamhúdaraithe a úsáid, de shárú ar chlásal 5.1; nó

(e) na Sonraí a úsáid chun táirge a fhorbairt a rachaidh in iomaíocht leis an Táirge, ná na Sonraí a chomhroinnt le tríú páirtí chun na críche sin;

(f) na Sonraí a úsáid chun léargas a fháil ar staid eacnamaíoch, ar shócmhainní agus ar mhodhanna táirgthe an tSealbhóra Sonraí, nó ar an úsáid a bhaineann sé as na Sonraí;

(g) na Sonraí a úsáid ar bhealach a mbeidh drochthionchar aige ar shlándáil an Táirge nó aon Seirbhíse Gaolmhaire;

(h) na Sonraí a úsáid chun daoine nádúrtha a phróifíliú, ach amháin más gá sin chun an tseirbhís a iarrann an tÚsáideoir Iarrthach a sholáthar;

(i) na Sonraí a nochtadh do thríú páirtí eile go neamhdhleathach nó de shárú ar chlásail 5.2.1 agus 5.2.2.

Má dhéanann an Faighteoir Sonraí aon cheann de na nithe sin, is neamhchomhlíonadh bunúsach é sin mar a thuairiscítear i gclásal 8.1.1 agus beidh na hiarmhairtí breise aige a thuairiscítear i gclásal 5.3.2.

5.3.2. Sna cásanna dá dtagraítear i gclásal 5.3.1, ní mór don Fhaighteoir Sonraí iarrataí ón Sealbhóir Sonraí nó ón Úsáideoir Iarrthach a chomhlíonadh, gan moill mhíchuí, ar iarrataí iad chun:

(a) an tÚsáideoir Iarrthach a chur ar an eolas faoi úsáid nó nochtadh neamhúdaraithe na Sonraí agus faoi na bearta a rinneadh chun deireadh a chur leis sin;

(b) na Sonraí a chuir an Sealbhóir Sonraí ar fáil faoin gConradh seo, nó a fuarthas ar bhealach neamhúdaraithe nó mí-úsáideach, agus aon chóip díobh, a léirscriosadh;

(c) an Sealbhóir Sonraí, an tÚsáideoir Iarrthach nó tríú páirtí cosanta eile a chúiteamh as aon díobháil a bhaineann dó as úsáid nó nochtadh neamhúdaraithe; agus

(d) deireadh a chur le táirgeadh, tairiscint, cur ar an margadh nó úsáid earraí, sonraí díorthacha nó seirbhísí arna dtáirgeadh ar bhonn an eolais a fuarthas trí na Sonraí sin, nó le hallmhairiú, onnmhairiú nó stóráil earraí sáraitheacha chun na gcríoch sin; agus

(e) aon earra sáraitheach a scriosadh, más rud é (i) go bhfuil riosca tromchúiseach ann go ndéanfaidh úsáid neamhdhleathach na Sonraí dochar suntasach don Sealbhóir Sonraí, don sealbhóir rúin trádála nó don Úsáideoir, nó (ii) i gcás nach mbeadh an beart sin díréireach, i bhfianaise leasanna an tSealbhóra Sonraí, an tsealbhóra rúin trádála nó an Úsáideora.

6. **Cúiteamh as rochtain ar shonraí a sholáthar**

Ba cheart do na Páirtithe, sa Chonradh féin nó i bhFoscríbhinn ar leithligh, mionsonraí an chúitimh a chinneadh.

Ba cheart dóibh teacht ar chomhaontú maidir leis na nithe seo a leanas ar a laghad:

— an méid cúitimh atá dlite agus an t-airgeadra;

— an tráth a bheidh an íocaíocht dlite;

— na socruithe íocaíochta.

I gcomhréir leis an nGníomh um Shonraí, féadfar cúiteamh as na costais arna dtabhú agus na Sonraí á gcur ar fáil a áireamh i gcónaí sa chúiteamh sin. Féadfar corrlach a áireamh ann freisin, ach amháin i gcás inar FBM nó eagraíocht sheachbhrabúsach é an Faighteoir Sonraí. In aon chás, ní mór dó a bheith réasúnta.

I gcomhréir le hAirteagal 9(2) den Ghníomh um Shonraí, 'na costais arna dtabhú chun na sonraí a chur ar fáil, go háirithe na costais is gá chun na sonraí a fhormáidiú, a scaipeadh trí mhodhanna leictreonacha agus a stóráil' agus, má áirítear corrlach sa chúiteamh, '(na) (h)infheistíochtaí i mbailiú agus i dtáirgeadh sonraí, i gcás inarb infheidhme, ag cur san áireamh ar rannchuidigh na páirtithe eile leis na sonraí atá i dtrácht a fháil, a ghiniúint nó a bhailiú', ní mór iad a chur san áireamh chun an cúiteamh a chinneadh.

Faoi Airteagal 9(3) den Ghníomh um Shonraí, d'fhéadfadh an cúiteamh a bheith ag brath freisin ar mhéid, formáid agus cineál na Sonraí. Faoi Airteagal 9(7) den Ghníomh um Shonraí, ní mór don Sealbhóir Sonraí in aon chás faisnéis a sholáthar lena leagtar amach ar bhealach sách mionsonraithe an bonn ar a ríomhtar an cúiteamh, rud a chuirfidh ar a chumas don Fhaighteoir Sonraí a mheasúnú an gcomhlíontar ceanglais reachtúla.

6.1. **(Infheidhme má cháilíonn an Faighteoir Sonraí mar FBM/eagraíocht taighde neamhbhrabúsach)**

6.1.1. Dearbhaíonn an Faighteoir Sonraí gur FBM é, mar a shainmhínítear i Moladh 2003/361/CE *nó* gur eagraíocht taighde neamhbhrabúsach é. Dearbhaíonn sé thairis sin nach bhfuil cuideachtaí comhpháirtíochta ná cuideachtaí nasctha acu ('fiontair') mar a shainmhínítear in Airteagal 3 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE nach gcáilíonn mar FBM.

[ROGHA] [Soláthraítear fianaise ar an méid sin roimhe seo i bh**Foscríbhinn 3**.]

6.1.2. Comhaontaíonn na Páirtithe go gcúiteoidh an Faighteoir Sonraí an Sealbhóir Sonraí [ROGHA 1] [mar a leanas: (*sonraigh*)] [ROGHA 2] [mar a shonraítear i bh**Foscríbhinn 3**].

6.1.3. Dearbhaíonn an Sealbhóir Sonraí nach mó an cúiteamh a chomhaontaítear ná na costais a bhaineann go díreach leis na sonraí a chur ar fáil don Fhaighteoir Sonraí agus atá inchurtha i leith na hiarrata. Áirítear ar na costais sin na costais is gá chun sonraí a atáirgeadh agus a scaipeadh trí mhodhanna leictreonacha agus chun iad a stóráil, ach ní chun sonraí a bhailiú ná a tháirgeadh.

Soláthraíonn an Sealbhóir Sonraí faisnéis i bh**Foscríbhinn 3** lena leagtar amach an bonn ar a ríomhtar an cúiteamh, rud a chuireann ar a chumas don Fhaighteoir Sonraí a fhíorú go gcomhlíontar na ceanglais sin.

6.1.4. Cuirfidh an Faighteoir Sonraí an Sealbhóir Sonraí ar an eolas láithreach faoi aon athrú a chaitheann amhras ar a chatagóiriú mar FBM.

I gcás ina scoirfidh an Faighteoir Sonraí de bheith cáilithe mar FBM, geallann na Páirtithe go rachaidh siad i mbun caibidlíochta maidir leis an méid cúitimh réasúnta. Mura dtiocfar ar aon chomhaontú tar éis tréimhse réasúnta ama, féadfaidh an Sealbhóir Sonraí comhroinnt na Sonraí a chur ar fionraí trí fhógra a thabhairt don Fhaighteoir Sonraí.

Sa chás sin, ní mór don Sealbhóir Sonraí a áirithiú go gcoinneofar na Sonraí, ionas go gcuirfear na Sonraí sin ar fáil don Fhaighteoir Sonraí nuair a chomhaontófar an cúiteamh nó nuair a eiseoidh údarás inniúil nó cúirt cinneadh ceangailteach lena gceanglófar ar an Sealbhóir Sonraí na Sonraí a sholáthar don Fhaighteoir Sonraí.

Is é an Sealbhóir Sonraí a íocfaidh na costais is gá chun na Sonraí a choinneáil. Mar sin féin, ní mór don Fhaighteoir Sonraí an Sealbhóir Sonraí a chúiteamh as aon díobháil eacnamaíoch a bhain dó toisc nár chuir an Faighteoir Sonraí an Sealbhóir Sonraí ar an eolas.

6.2. **(Infheidhme mura gcáilíonn an Faighteoir Sonraí mar FBM/eagraíocht taighde neamhbhrabúsach)**

6.2.1. Comhaontaíonn na Páirtithe go dtabharfaidh an Faighteoir Sonraí cúiteamh don Sealbhóir Sonraí [ROGHA 1] [mar a leanas: (sonraigh)] [ROGHA 2] [mar a shonraítear i bh**Foscríbhinn 3**].

Soláthraíonn an Sealbhóir Sonraí faisnéis i bh**Foscríbhinn 3** lena leagtar amach an bonn ar a ríomhtar an cúiteamh, rud a chuireann ar a chumas don Fhaighteoir Sonraí a fhíorú go gcomhlíontar na ceanglais sin.

6.2.2. (*infheidhme i gcás cúiteamh airgid*) Má chuirtear moill ar íocaíocht an chúitimh, ba cheart don Fhaighteoir Sonraí ús a íoc leis an Sealbhóir Sonraí ar chúiteamh atá thar téarma ón tráth atá an íocaíocht dlite go dtí tráth na híocaíochta, mar a cheanglaítear leis an dlí is infheidhme.

6.2.3. Má thosaíonn an Faighteoir Sonraí ag cáiliú mar FBM agus má chuireann sé an Sealbhóir Sonraí ar an eolas dá réir sin, geallann na Páirtithe an méid cúitimh réasúnta a mhodhnú i gcomhréir le hAirteagal 9(4) den Ghníomh um Shonraí

7. **Dáta cur i bhfeidhm, fad an Chonartha agus foirceannadh**

7.1. **Dáta cur i bhfeidhm agus fad**

7.1.1. Tagann an Conradh seo [ROGHA 1] [i bhfeidhm láithreach] [ROGHA 2] [i bhfeidhm ón (*sonraigh an dáta*)].

7.1.2. [ROGHA] [Tugtar an Conradh seo i gcrích le haghaidh [ROGHA 1] [tréimhse neamhchinntithe] [ROGHA 2] [tréimhse sheasta (*sonraigh*)], faoi réir aon fhoras le haghaidh dul in éag nó foirceannadh faoin gConradh seo.]

Agus fad an Chonartha á mheas, ba cheart do na Páirtithe treoir a fháil go príomha ó iarraidh an Úsáideora agus ón gconradh arna thabhairt i gcrích idir an tÚsáideoir agus an Faighteoir Sonraí. Más iarraidh ar **sholáthar aonuaire** sonraí atá ann, is leor an dáta cur i bhfeidhm a chomhaontú.

Más iarraidh ar **sholáthar leanúnach** sonraí atá ann, beidh ar na Páirtithe fad an Chonartha a chomhaontú agus tréimhse neamhchinntithe ama nó tréimhse sheasta a roghnú, ag brath ar cé acu a shonraigh nó nár shonraigh an tÚsáideoir Iarrthach tréimhse áirithe ama.

7.1.3. [ROGHA] [Ní mór don Sealbhóir Sonraí tosú ar na Sonraí a chur ar fáil don Fhaighteoir Sonraí [ROGHA 1] [gan moill mhíchuí tar éis don Chonradh teacht i bhfeidhm] [ROGHA 2] [an *(sonraigh dáta agus, i gcás inarb infheidhme, mionsonraí breise maidir le huainiú)*].]

De ghnáth, is mian leis na Páirtithe go dtosófar ag comhlíonadh an Chonartha díreach tar éis dó teacht i bhfeidhm. Ach ní gá gurb amhlaidh an cás, e.g. más gá fós do Pháirtí amháin nó don dá Pháirtí ullmhú chun tús a chur lena chomhlíonadh.

7.2. **Foirceannadh**

7.2.1. Gan beann ar an tréimhse chonartha a chomhaontaítear faoi chlásal 7.1.1, agus gan dochar do chlásal 2.4.3, déantar an Conradh seo a fhoirceannadh:

(a) i gcás ina scriostar an Táirge nó ina scoirtear go buan den tSeirbhís Ghaolmhar, nó i gcás ina gcailleann an Táirge nó an tSeirbhís Ghaolmhar an cumas na Sonraí a ghiniúint ar bhealach dochúlaithe; nó

(b) i gcás ina gcomhaontaíonn an dá Pháirtí amhlaidh.

7.2.2. Féadfaidh an Faighteoir Sonraí an Conradh a fhoirceannadh aon tráth le linn thréimhse an chonartha trí fhógra (*cuir isteach an tréimhse*) a thabhairt don Sealbhóir Sonraí. Ní mór don Fhaighteoir Sonraí fógra a thabhairt don Úsáideoir Iarrthach gur foirceannadh an Conradh.

[ROGHA] I gcás ina ndéanann an Faighteoir Sonraí an Conradh a fhoirceannadh faoin gclásal seo roimh (*cuir isteach pointe ama nó íostréimhse chonartha*), ní mór dó an Sealbhóir Sonraí a chúiteamh as na costais arna dtabhú ag an Sealbhóir Sonraí as na Sonraí a chur ar fáil, mar a leanas: *(sonraigh)*.

D'fhéadfadh cásanna a bheith ann ina dtabhóidh an Sealbhóir Sonraí costais chun na Sonraí a chur ar fáil don Fhaighteoir Sonraí, amhail trína bhonneagar digiteach a oiriúnú, agus é ag glacadh leis go n-amúchfar na costais sin le himeachta ama.

Sa chás sin, d'fhéadfadh sé gur mhian leis an Sealbhóir Sonraí a áirithiú go bhfaighidh sé cúiteamh ón bhFaighteoir Sonraí.

7.3. **Éifeachtaí an dul in éag agus an fhoirceanta**

7.3.1. Le dul in éag thréimhse an chonartha nó le foirceannadh an Chonartha seo, scaoiltear an dá Pháirtí óna n-oibleagáid comhlíonadh amach anseo a fheidhmiú agus a ghlacadh ach ní dhéantar difear do na cearta ná do na dliteanais a fabhraíodh suas le tráth an éaga nó an fhoirceanta.

Ní dhéanann dul in éag ná foirceannadh difear d'aon fhoráil atá le hoibriú fiú tar éis dheireadh an Chonartha, go háirithe aon teorainn ar úsáid cheadaithe agus ar chomhroinnt na Sonraí ag an bhFaighteoir Sonraí faoi chlásal 5, clásal 4 maidir le rúin trádála, clásal 9.1 maidir le rúndacht, clásal 9.5 maidir leis an dlí is infheidhme agus clásal 9.7 maidir le réiteach díospóidí.

7.3.2. [ROGHA 1] [Ní mór don Sealbhóir Sonraí bearta tacaíochta scoir iomchuí a dhéanamh a bhféadfadh coinne réasúnta a bheith ag an bhFaighteoir Sonraí leo.] [ROGHA 2] [Ní mór don Sealbhóir Sonraí na bearta tacaíochta scoir seo a leanas a dhéanamh: *(sonraigh)*]

Féadfaidh na Páirtithe a mheas cé acu atá nó nach bhfuil gá ag an bhFaighteoir Sonraí le haon bheart tacaíochta scoir.

Beidh sé sin ábhartha, mar shampla, má ceadaíodh don Fhaighteoir Sonraí sonraí a bhaint as meán atá faoi rialú ag an Sealbhóir Sonraí ach murar asbhaineadh na sonraí go fóill toisc nach raibh coinne aige go gcuirfí deireadh leis an gConradh.

8. **Leigheasanna ar shárú conartha**

D'fhéadfadh sé gur mhian leis na Páirtithe teacht ar chomhaontú ní hamháin maidir leis na cearta agus na hoibleagáidí a bhaineann go sonrach le sonraí (a leanann roinnt mhaith acu ón nGníomh um Shonraí cheana féin) ach freisin maidir le hábhair a bhaineann le dlí ginearálta na gconarthaí – amhail cearta agus leigheasanna páirtí chonarthaigh i gcás neamhchomhlíonadh an pháirtí chonarthaigh eile.

I gcás ábhair den sórt sin a bhaineann le dlí ginearálta na gconarthaí, d'fhéadfadh sé gur mhian leis na Páirtithe brath ar rialacha réamhshocraithe reachtúla, nó ar theimpléid chonartha eile.

Más mian leo na téarmaí conarthacha eiseamláireacha seo a úsáid, ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil siad comhoiriúnach le haon dlí náisiúnta sainordaitheach a mbeadh feidhm aige maidir leis an gConradh.

8.1. **Cásanna neamhchomhlíonta**

8.1.1. Neamhchomhlíonadh oibleagáide ag Páirtí, is neamhchomhlíonadh bunúsach é más amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) leis an neamhchomhlíonadh, baintear go substaintiúil dá raibh i dteideal ag an bPáirtí eile coinne a bheith aige leis faoin gConradh seo, murar thuar an Páirtí neamhchomhlíontach go mbeadh an toradh sin ann agus mura mbeadh sé intuartha le réasún aige; nó

(b) is léir ó na himthosca nach féidir brath ar an gcaoi a bhfeidhmeoidh an Páirtí neamhchomhlíontach amach anseo.

8.1.2. Maitear neamhchomhlíonadh Páirtí más é is cúis leis bac nach bhfuil neart aige air agus nach bhféadfadh coinne réasúnta a bheith leis go gcuirfeadh an Páirtí sin an bac san áireamh tráth thabhairt i gcrích an Chonartha seo, nó go ndéanfadh sé an bac nó a iarmhairtí a sheachaint nó a shárú.

I gcás nach mbeidh sa bhac ach bac sealadach, beidh maitheamh neamhchomhlíonadh an Pháirtí i bhfeidhm le haghaidh na tréimhse ina mbeidh an bac ann. Mar sin féin, más neamhchomhlíonadh bunúsach atá sa mhoill, féadfaidh an Páirtí eile caitheamh léi amhlaidh.

Ní mór don Pháirtí neamhchomhlíontach a áirithiú go bhfaighidh an Páirtí eile fógra, gan moill mhíchuí, faoin mbac agus faoina éifeacht ar a chumas comhlíonadh tar éis don Pháirtí neamhchomhlíontach teacht ar an eolas faoi na himthosca sin nó faoin tráth a mbeadh coinne réasúnta leis go dtiocfadh sé ar an eolas fúthu. Tá an Páirtí eile i dteideal damáistí as díobháil eacnamaíoch mura bhfaigheann sé an fógra sin.

8.2. **Leigheasanna ar neamhchomhlíonadh**

8.2.1. I gcás neamhchomhlíonadh ag Páirtí, beidh na leigheasanna a liostaítear sna clásail seo a leanas ag an bPáirtí eile, gan dochar d'aon leigheas atá ar fáil faoin dlí is infheidhme.

8.2.2. Féadfar leigheasanna nach bhfuil ar neamhréir a charnadh.

8.2.3. Ní fhéadfaidh Páirtí dul i muinín leighis a mhéid atá sé ina chúis le neamhchomhlíonadh an Pháirtí eile, amhail i gcás ina bhfágann easnamh ina bhonneagar sonraí féin nárbh fhéidir leis an bPáirtí eile a oibleagáidí a chomhlíonadh go cuí. Ní fhéadfaidh Páirtí brath ach oiread ar éileamh ar dhamáistí a bhain dó a mhéid a d'fhéadfadh sé an damáiste a laghdú trí bhearta réasúnta a dhéanamh.

8.2.4. Is féidir leis an bPáirtí éagóirithe:

(a) a iarraidh go gcomhlíonfaidh an Páirtí neamhchomhlíontach, gan moill mhíchuí, a oibleagáidí faoin gConradh seo, mura mbeadh sé neamhdhleathach nó dodhéanta nó mura mbeadh comhlíonadh sonrach ina chúis le costais ar an bPáirtí neamhchomhlíontach a bheadh díréireach leis an sochar a gheobhadh an Páirtí eile;

(b) a chomhlíonadh féin a choinneáil siar faoin gConradh seo, mura mbeadh sé sin ina chúis intuartha le díobháil don Pháirtí neamhchomhlíontach ar léir í a bheith díréireach i bhfianaise thromchúis an neamhchomhlíonta (más infheidhme) [ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile a leagtar amach i gclásal 4.4.4, má mhainníonn an Faighteoir Sonraí Bearta Cosanta an Fhaighteora Sonraí a chomhaontaítear i gclásal 4.2.1 a chur chun feidhme nó a choinneáil ar bun];

(c) an conradh a fhoirceannadh le héifeacht láithreach gan phionós, trí fhógra a thabhairt don Pháirtí eile, más amhlaidh an méid seo a leanas:

i) is neamhchomhlíonadh bunúsach é neamhchomhlíonadh an Pháirtí eile; nó

ii) i gcás neamhchomhlíonadh nach neamhchomhlíonadh bunúsach é, tá fógra tugtha ag an bPáirtí éagóirithe lena socraítear tréimhse réasúnta ama chun an neamhchomhlíonadh a leigheas agus tá an tréimhse dulta i léig gan comhlíonadh an Pháirtí eile;

iii) (*más infheidhme*) [ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile a leagtar amach i gclásal 4.4.5, i gcásanna a thuairiscítear i gclásail 4.4.2 nó 4.4.3;]

(d) damáistí a éileamh i leith díobháil eacnamaíoch a rinneadh dó de dheasca neamhchomhlíonadh an Pháirtí eile nach maitear faoi chlásal 8.1.2; ní bheidh an Páirtí neamhchomhlíontach faoi dhliteanas ach amháin i leith damáiste a thuar sé nó a mbeadh coinne réasúnta lena thuar tráth thabhairt i gcrích an Chonartha seo mar thoradh ar a neamhchomhlíonadh, mura rud é gur d'aon ghnó nó trí mhórfhaillí a rinneadh an neamhchomhlíonadh.

8.2.5. [ROGHA] I gcás ina mainneoidh Páirtí a oibleagáidí a chomhlíonadh faoin gConradh seo, íocfaidh sé, in aon chás, na pionóis a leagtar amach go mionsonraithe i bh**Foscríbhinn 5**, a mheasann na Páirtithe a bheith ina ndamáistí de réir bhrí chlásal 8.2.4 (d). Tá sé de cheart ag an bPáirtí neamhchomhlíontach a iarraidh go laghdófar an pionós go dtí méid réasúnta más féidir leis a chruthú go bhfuil an pionós thar a bheith iomarcach i ndáil leis an damáiste a eascraíonn as an neamhchomhlíonadh.

D'fhéadfadh sé gur mhian leis na Páirtithe pionóis a bhunú le haghaidh cineálacha sonracha neamhchomhlíonta, óir b'fhéidir go mbeadh sé ródhian ar an bPáirtí éagóirithe méid an damáiste iarbhír arb é mainneachtain Sonraí a sholáthar is cúis leis, mar shampla, a chruthú. Ba cheart pionóis a bheith comhréireach.

9. Forálacha ginearálta

9.1. Rúndacht

9.1.1. Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a mheas a bheith ina faisnéis rúnda:

(a) faisnéis a thagraíonn do rúin trádála, do staid airgeadais nó d'aon ghné eile d'oibríochtaí Páirtí, murar chuir an Páirtí sin an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí;

(b) faisnéis lena leagtar amach an bonn ar a ríomhtar an cúiteamh réasúnta;

(c) faisnéis a thagraíonn don Úsáideoir Iarrthach agus d'aon tríú páirtí, mura bhfuil an fhaisnéis sin curtha ar fáil go poiblí acu cheana féin.

9.1.2. Comhaontaíonn an dá Pháirtí gach beart réasúnta a dhéanamh chun faisnéis rúnda a stóráil go slán agus gan an fhaisnéis sin a chur ar fáil d'aon tríú páirtí, mura rud é:

(a) go bhfuil ceann de na Páirtithe faoi oibleagáid dhlíthiúil an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil, e.g. ionas go gcomhlíonfaidh sé an oibleagáid faisnéis a sholáthar lena léirítear nach ndearnadh aon idirdhealú i gcomhréir le hAirteagal 8(3) den Ghníomh um Shonraí; nó

(b) gur gá do cheann de na Páirtithe an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil chun a oibleagáidí faoin gConradh seo a chomhlíonadh; nó

(c) go bhfuair ceann de na Páirtithe toiliú roimh ré ón bPáirtí eile nó ón bpáirtí a sholáthraíonn an fhaisnéis rúnda nó a ndéanann nochtadh na faisnéise sin difear dó.

9.1.3. In aon chás, féadfaidh an Sealbhóir Sonraí [ROGHA 1] [an Conradh a nochtadh nó a chur ar fáil don Úsáideoir Iarrthach] [ROGHA 2] [faisnéis den sórt sin a nochtadh nó a chur ar fáil don Úsáideoir Iarrthach de réir mar is gá chun go léireoidh an Sealbhóir Sonraí go gcomhlíonann sé a oibleagáidí (i) i leith an Fhaighteora Sonraí faoi Airteagal 5 den Ghníomh um Shonraí nó (ii) mar thoradh ar chonradh arna thabhairt i gcrích aige leis an Úsáideoir Iarrthach faoi Airteagal 4(6) den Ghníomh um Shonraí].

9.1.4. Leanfaidh na hoibleagáidí rúndachta sin de bheith infheidhme tar éis fhoirceannadh an Chonartha ar feadh tréimhse *(sonraigh an tréimhse)*.

9.1.5. Leis na hoibleagáidí rúndachta sin, ní bhaintear aon oibleagáid níos déine faoi (i) RGCS, (ii) na forálacha lena gcuirtear Treoir 2002/58/CE nó Treoir (AE) 2016/943 chun feidhme nó (iii) aon dlí eile de chuid an Aontais nó de chuid Ballstáit.

9.2. **Neamh-idirdhealú**

Dearbhaíonn an Sealbhóir Sonraí nach ndéantar idirdhealú i dtéarmaí an Chonartha seo ná in aon chleachtas a bhaineann lena chomhlíonadh idir catagóirí inchomparáide d'Fhaighteoirí Sonraí, lena n-áirítear aon cheann dá gcomhpháirtithe nó dá gcuideachtaí nasctha ('fiontair'), mar a shainmhínítear in Airteagal 3 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE, agus sonraí á gcur ar fáil.

Má mheasann an Faighteoir Sonraí go bhfuil na coinníollacha faoinar cuireadh sonraí ar fáil dóibh idirdhealaitheach, ní mór don Sealbhóir Sonraí, arna iarraidh sin don Fhaighteoir Sonraí, faisnéis a sholáthar gan moill mhíchuí lena léirítear nach ndearnadh aon idirdhealú.

9.3. **Modhanna cumarsáide**

Aon fhógra nó aon chumarsáid eile a cheanglaítear leis an gConradh seo, ní mór é a bheith i scríbhinn agus féadfar é a sheachadadh de láimh, a sheoladh leis an bpost réamhíoctha, nó a tharchur trí mheán leictreonach, lena n-áirítear ríomhphost, ar choinníoll go gcoinneoidh an seoltóir cruthúnas gur seoladh é chuig na seoltaí a liostaítear thíos:

Páirtí	Duine Teagmhála	Seoladh Ríomhphoist	Uimhir theileafóin	Seoladh
Úsáideoir	[Ainm]/[Post]	[Seoladh Ríomhphoist]	[Fón]	[Seoladh]
Faighteoir Sonraí	[Ainm]/[Post]	[Seoladh Ríomhphoist]	[Fón]	[Seoladh]

Measfar go bhfuarthas aon fhógra nó teachtaireacht den sórt sin:

(a) má sheachadtar de láimh é, ar dháta an tseachadta;

(b) má sheoltar leis an bpost réamhíoctha é, ar an tríú lá gnó tar éis a sheolta;

(c) má sheoltar trí mheán leictreonach é, ar dháta an tarchuir, ar choinníoll nach bhfuair an seoltóir aon teachtaireacht earráide lena léirítear nár seachadadh.

9.4. **An Conradh iomlán, leasuithe agus inscoiteacht**

9.4.1. Is é atá sa Chonradh seo (mar aon leis na **Foscríbhinní** a ghabhann leis dá dtagraítear sa Chonradh) an Conradh iomlán idir na Páirtithe i leith ábhar an Chonartha seo agus gabhann sé ionad gach conartha agus tuisceana roimhe sin idir na Páirtithe, ó bhéal nó i scríbhinn, a mhéid a bhaineann le hábhar an Chonartha seo.

9.4.2. Ní bheidh aon leasú ar an gConradh seo bailí ach amháin má chomhaontaíonn na Páirtithe leis i scríbhinn, lena n-áirítear in aon fhoirm leictreonach.

9.4.3. Má chinntear go bhfuil aon fhoráil den Chonradh seo ar neamhní, neamhbhailí, in-neamhnithe nó neamh-infhorfheidhmithe ar cibé cúis, agus má tá an fhoráil sin inscoite ó na téarmaí atá fágtha den Chonradh, leanfaidh na forálacha sin de bheith bailí agus in-fhorfheidhmithe. Aon bhearna nó débhríocht sa Chonradh seo a eascraíonn as sin, ní mór déileáil léi i gcomhréir le clásal 9.6.

9.5. **An dlí is infheidhme**

Ní mór an Conradh seo a rialú le dlí *(sonraigh an Ballstát)*.

9.6. **Léirmhíniú**

9.6.1. Tugann na Páirtithe an Conradh seo i gcrích i bhfianaise chearta agus oibleagáidí na bPáirtithe faoin nGníomh um Shonraí. Ní mór aon fhoráil sa Chonradh seo a léirmhíniú ionas go gcomhlíonfar an Gníomh um Shonraí agus dlí eile de chuid an Aontais nó reachtaíocht náisiúnta eile a ghlactar i gcomhréir le dlí an Aontais, chomh maith le haon dlí náisiúnta is infheidhme atá comhoiriúnach le dlí an Aontais agus nach féidir maolú air trí chomhaontú.

9.6.2. Mura féidir bearna nó débhríocht sa Chonradh seo a réiteach ar an mbealach dá dtagraítear i gclásal 9.6.1, ní mór an Conradh seo a léirmhíniú i bhfianaise na rialacha léirmhínithe dá bhforáiltear leis an dlí is infheidhme (féach clásal 9.5).

9.7. **Díospóidí a réiteach**

9.7.1. Comhaontaíonn na Páirtithe a ndícheall a dhéanamh díospóidí a réiteach go cairdiúil agus, sula dtabharfaidh siad cás os comhair cúirte nó binse, a ndíospóid a chur faoi bhráid *(cuir isteach ainm agus sonraí teagmhála comhlachta ar leith um réiteach díospóidí nó, i gcás díospóidí a thagann faoina inniúlacht, déan tagairt d'aon chomhlacht um réiteach díospóidí i mBallstát a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 10 den Ghníomh um Shonraí).*

[ROGHA] [Beidh dlínse eisiach ag cúirteanna (*sonraigh an Ballstát*) chun an cás a bhaineann leis an gConradh seo a éisteacht.]

Foscríbhinn 1

(fianaise ar an iarraidh agus, más infheidhme, aon sainordú)

[Le dréachtú ag na Páirtithe]

Foscríbhinn 2

(mionsonraí maidir leis na Sonraí a chumhdaítear leis an gConradh agus na socruithe rochtana)

San Fhoscríbhinn seo, ba cheart do na Páirtithe mionsonraí a sholáthar maidir leis na sonraí a chumhdaítear leis an gConradh seo, na socruithe rochtana agus na modhanna agus an fhaisnéis is gá chun rochtain a fháil ar na Sonraí agus iad a úsáid, mar a chomhaontaítear i gclásail 3.1 agus 3.2.

Níl san Fhoscríbhinn seo ach liosta de na príomheilimintí ar cheart do na Páirtithe teacht ar chomhaontú ina leith. Ní mór do na Páirtithe a fhoirm agus a ábhar araon a oiriúnú, sa chaoi go n-oirfidh sé dá riachtanais. Is féidir leis na Páirtithe, go háirithe, a chur leis an liosta sin.

A. **Ábhar na Sonraí a shonrú**

Ba cheart na Sonraí Táirge agus na Sonraí Seirbhíse Gaolmhaire (Seirbhísí Gaolmhara) a chumhdaítear leis an gConradh a shórtáil agus a liostú san Fhoscríbhinn, agus ábhar na Sonraí agus minicíocht a mbailithe á léiriú (liosta struchtúrtha de phointí sonraí nó catagóirí beachta sonraí).

B. **Fad na coinneála**

Ba cheart fad na coinneála a léiriú san Fhoscríbhinn sa chaoi go gcuirfear an tÚsáideoir ar an eolas faoi fhad infhaighteachta na Sonraí. Féadfaidh siad é sin a dhéanamh ar bhealach gráinneach le haghaidh gach pointe sonraí nó gach grúpa pointí sonraí.

C. **Córas Sonraí**

Ba cheart a shonrú san Fhoscríbhinn anseo an sonraí ar leith iad na Sonraí uile nó cuid díobh a rialaítear le córas sonrach. D'fhéadfaí a léiriú san Fhoscríbhinn, mar shampla, an gcáilíonn na Sonraí mar shonraí pearsanta agus cad iad na Sonraí a cháilíonn mar shonraí pearsanta.

D. **Struchtúr agus formáid na Sonraí**

Ba cheart a shonrú san Fhoscríbhinn anseo cén fhormáid struchtúrtha, a úsáidtear go coitianta agus atá inléite ag meaisín, ina gcuirtear na Sonraí ar fáil.

E. **Meán aistrithe/rochtana**

Ba cheart a shonrú san Fhoscríbhinn anseo cén meán leictreonach áisiúil slán trína gcuirfidh an Sealbhóir Sonraí na Sonraí ar fáil don Fhaighteoir Sonraí, trí aistriú nó trí rochtain.

F. **Uainiú na rochtana ar Shonraí**

Ba cheart a shonrú san Fhoscríbhinn ráta agus minicíocht na rochtana ar na Sonraí agus paraiméadair eile rochtana a bhaineann le ham, amhail, mar shampla, i bhfíor-am, i neas-fhíoram, go leanúnach, gan moill mhíchuí, de réir minicíocht áirithe.

G. **Dáta tosaigh**

Ba cheart a shonrú san Fhoscríbhinn an dáta tosaigh a chuirfidh an Sealbhóir Sonraí na Sonraí ar fáil don Fhaighteoir Sonraí.

H. **An fhaisnéis is gá chun cearta rochtana an Fhaighteora Sonraí a fheidhmiú**

Is féidir a shonrú san Fhoscríbhinn anseo an fhaisnéis is gá chun é a chur ar a chumas don Fhaighteoir Sonraí a chearta rochtana a fheidhmiú. D'fhéadfaí a áireamh inti duine teagmhála chun saincheisteanna teicniúla a réiteach, ar thaobh an tSealbhóra Sonraí agus ar thaobh an Fhaighteoir Sonraí de.

Foscríbhinn 3

(fianaise ar mhéid an Fhaighteora Sonraí agus mionsonraí maidir le ríomh an chúitimh)

[Le dréachtú ag na Páirtithe]

Foscríbhinn 4

(Rúin Trádála)

[Le dréachtú ag na Páirtithe]

IARSCRÍBHINN V

TÉARMAÍ CONARTHACHA EISEAMLÁIREACHA

le haghaidh conarthaí chun sonraí a chomhroinnt go deonach idir Comhroinnteoirí Sonraí agus Faighteoirí Sonraí

Ceapadh na téarmaí conarthacha eiseamláireacha seo le haghaidh conarthaí ina gcomhroinntear sonraí ar bhonn deonach idir Comhroinnteoir Sonraí agus Faighteoir Sonraí, i.e. níl sé d'oibleagáid ar an gComhroinnteoir Sonraí sonraí a chomhroinnt faoi Rialachán (AE) 2023/2854 (dá ngairtear an 'Gníomh um Shonraí' anseo feasta) ná faoi aon oibleagáid dhlíthiúil eile atá i ndlí an Aontais (amhail Airteagail 6(9) agus 6(10) den Ghníomh um an Margadh Digiteach) ná sa dlí náisiúnta.

Príomhúrnuacht an Ghnímh um Shonraí maidir le caidrimh den sórt seo is ea go bhfuil rialú ar théarmaí éagóracha conartha in Airteagal 13 de. Téarmaí conarthacha a bhaineann le rochtain ar na sonraí agus úsáid na sonraí, nó dliteanas agus leigheasanna i leith sárú nó foirceannadh oibleagáidí a bhaineann le sonraí, a d'fhorchuir fiontar go haontaobhach ar fhiontar eile, tá siad neamhcheangailteach má tá siad éagórach.

Cé nach bhfuil an Conradh seo ceaptha dul in ionad conarthaí maidir le comhroinnt dheonach sonraí atá ann cheana, is féidir é a úsáid mar thagarmharc chun measúnú a dhéanamh ar chothroime na gclásal i gconarthaí atá ann cheana.

I gcásanna comhroinnt éigeantach sonraí maidir le sonraí táirgí agus sonraí seirbhíse gaolmhara faoin nGníomh um Shonraí, bain úsáid as na *'Téarmaí Conarthacha Eiseamláireacha le haghaidh conarthaí idir Sealbhóirí Sonraí agus Faighteoirí Sonraí maidir le sonraí a chur ar fáil arna iarraidh sin d'úsáideoirí táirgí nasctha agus seirbhísí gaolmhara'* (Airteagal 5 den Ghníomh um Shonraí) nó as na *'Téarmaí Conarthacha Eiseamláireacha le haghaidh conarthaí maidir le rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí idir Sealbhóirí Sonraí agus úsáideoirí táirgí nasctha agus seirbhísí gaolmhara'* (Airteagal 4 den Ghníomh um Shonraí).

Ba cheart do na Páirtithe déileáil ar leithligh le cásanna eile de chomhroinnt éigeantach sonraí, agus iad á áirithiú go gcomhlíonfar oibleagáidí faoin riail dhlíthiúil shonrach agus oibleagáidí faoi Chaibidil III den Ghníomh um Shonraí araon. Tacair thiomnaithe téarmaí arna bhforbairt ag an gCoimisiún Eorpach nó ag Ballstát, féadfaidh feidhm a bheith acu maidir le cás comhroinnte éigeantaí sonraí den chineál sin.

1. **Páirtithe sa Chonradh**

Déantar an Conradh seo maidir le rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí idir

(cuir isteach ainm, sonraí teagmhála agus tagairtí breise) ('Comhroinnteoir Sonraí')

agus

(cuir isteach ainm, sonraí teagmhála agus tagairtí breise) ('Faighteoir Sonraí')

dá ngairtear 'na Páirtithe' i dteannta a chéile, agus 'an Páirtí' ina n-aonar, sa Chonradh seo.

Aon fhiontar arb amhlaidh an méid seo a leanas ina leith, is féidir leis a bheith ina Chomhroinnteoir Sonraí:

— tá sonraí ina sheilbh aige, agus

— tá sé de cheart aige sonraí a chur ar fáil ar bhonn deonach, agus

— rialaíonn sé, ag brath ar an gcás, saintréithe na sonraí nó na modhanna rochtana ar na sonraí, ar bhealach a fhágann gur féidir leis na hoibleagáidí dá bhforáiltear sna téarmaí conarthacha eiseamláireacha sin a chomhlíonadh (murab amhlaidh sin, d'fhéadfadh conradh eile a bheith ní b'iomchuí).

Tabhair do d'aire gur gá an dlí is infheidhme maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh chun sonraí pearsanta a chomhroinnt (lena n-áirítear an gá go bhfuil bunús dlí ann, agus, i gcás ina gcomhroinntear sonraí le Faighteoir Sonraí i dtríú tír, an gá go gcomhlíontar na ceanglais maidir le haistrithe idirnáisiúnta sonraí).

Maidir le cásanna úsáide a bhaineann leis an nGníomh um Shonraí, d'fhéadfadh an Comhroinnteoir Sonraí a bheith i gceann acu seo a leanas, mar shampla:

— Sealbhóir Sonraí faoi Airteagal 2(13) de Rialachán (AE) 2023/2854 a bhfuil sé de cheart aige sonraí táirge agus sonraí seirbhísí gaolmhara a chomhroinnt nó ar mian leis sonraí díorthaithe nó sonraí bunaithe ar thátal a chomhroinnt;

— Úsáideoir táirge nasctha nó seirbhíse gaolmhaire ar aistrigh Sealbhóir Sonraí sonraí chuige (lena n-áirítear, mar shampla, sonraí ó chúntóir fíorúil agus é ag idirghníomhú leis an táirge nó leis an tseirbhís ghaolmhar);
— iar-Fhaighteoir Sonraí faoi Airteagal 2(14) de Rialachán (AE) 2023/2854 a bhfuil sé de cheart anois aige sonraí a úsáid agus a chur ar fáil i gcomhréir lena chomhaontuithe leis an úsáideoir agus leis an Sealbhóir Sonraí.

Maidir le cásanna úsáide eile, d'fhéadfadh an Comhroinnteoir Sonraí a bheith i gceann acu seo a leanas, mar shampla:

— feirmeoir ar mian leis sonraí ithreach a chomhroinnt lena sholáthraí IS chun feabhas a chur ar a phatrúin plandaí nó chun córais nua IS a oiliúint nó a fhorbairt nó chun feabhas a chur orthu le soláthraí IS eile;

— cuideachta ar mian léi codanna dá sonraí gnó a dhíol le gnólacht eile;

— ollscoil ar mian léi sonraí a dhíol le hinstitiúid taighde socheolaíoch chun staidreamh a chruthú;

— cuideachta TF ar mian léi a bheith rannpháirteach i líonra sonraí um theagmhais chibearshlándála chun uainiú cibearfhreagartha a chothú.

Aon fhiontar a gcuireann an Comhroinnteoir Sonraí sonraí ar fáil dó, agus a fhaigheann agus a úsáideann na sonraí chun a chríocha gnó féin faoi raon feidhme an Chonartha seo mar chontrapháirtí an Chomhroinnteora Sonraí, is féidir leis a bheith ina Fhaighteoir Sonraí.

Leis an sainmhíniú ar Fhaighteoir Sonraí sa Chonradh seo cumhdaítear aon pháirtí is faighteoir d'aon chineál comhroinnte sonraí, ní hamháin Faighteoirí Sonraí laistigh de na cásanna comhroinnte éigeantaí sonraí faoin nGníomh um Shonraí.

2. **Sonraí a chumhdaítear leis an gConradh**

Is éard atá sna sonraí a chumhdaítear leis an gConradh seo na Sonraí a shainaithnítear i bh**Foscríbhinn 1** ('na Sonraí'). I gcás ina gcumhdaítear le córas sonrach na Sonraí uile nó cuid de na Sonraí dá bhforáiltear faoin gConradh seo (cé is moite de shonraí pearsanta mar a dtugtar aghaidh orthu go sonrach faoi chlásal 3.2), geallann an Comhroinnteoir Sonraí na Sonraí sin a shainaithint i bh**Foscríbhinn 2**, chomh maith le bearta iomchuí a dhéanamh chun na Sonraí sin a chosaint i gcomhréir leis an gcóras is infheidhme.

Córais shonracha a shainaithint

Ós rud é go mbaineann na téarmaí sin le comhroinnt sonraí atá go huile agus go hiomlán deonach, níl aon oibleagáid ar an gComhroinnteoir Sonraí aon sonraí a chumhdófaí faoi chóras dlí speisialta a chomhroinnt (go háirithe, agus i gcodarsnacht le comhroinnt éigeantach sonraí faoin nGníomh um Shonraí, níl aon oibleagáid ann sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála a chomhroinnt). Mura gcomhroinntear na sonraí faoin gcóras sonrach, ní gá iad a liostú i bhFoscríbhinn 2; má chomhroinntear iad, áfach, ní mór iad a liostú agus a chosaint dá réir sin.

Sonraí a shainaithnítear amhlaidh i bhFoscríbhinn 2, is féidir gurb amhlaidh na nithe seo a leanas ina leith:

— tá siad faoi chosaint mar rún trádála ag an gComhroinnteoir Sonraí, agus sa chás sin cumhdófar iad faoin gclásal maidir le 'Rúin Trádála';

— measann an Comhroinnteoir Sonraí iad a bheith rúnda, agus sa chás sin cosnófar iad faoin gclásal maidir le 'Rúndacht';

— tá siad faoi chosaint ag na cearta *sui generis* maidir le bunachar sonraí nó ag aon cheart maoine intleachtúla eile, agus sa chás sin beidh feidhm ag an gclásal maidir le 'Maoin Intleachtúil';

— cumhdaítear iad le rialachán earnáilsonrach (e.g. fuinneamh, cosaint, slándáil, airgeadas, imscrúduithe cliniciúla, etc.), lena n-áirítear rialacháin a bhaineann le spásanna coiteanna sonraí Eorpacha;

— tá siad faoi thionchar shrianta dhlí na hiomaíochta; nó

— tá siad faoi chosaint ag aon chóras dlí ábhartha eile ba mhian leis na Páirtithe a chur i dtábhacht.

An tuairisc ar na Sonraí a chumhdaítear leis an gcóras dlí ábhartha, ba cheart í a chomhlánú leis an bhfaisnéis is gá chun go mbainfidh an Faighteoir Sonraí úsáid dhlíthiúil agus shábháilte as na Sonraí (mar shampla, i gcás cosaint maoine intleachtúla, faisnéis maidir le ceadúnú agus cóipcheart tríú páirtí).

Cás sonrach na spásanna coiteanna sonraí Eorpacha

I gcásanna áirithe, d'fhéadfaí sonraí a chomhroinnt laistigh de spás coiteann sonraí Eorpach a bhaineann le réimse sonrach. Ba cheart an chomhroinnt sonraí sin a chur chun feidhme i gcomhréir le forálacha an Rialacháin ábhartha is infheidhme maidir leis an spás sonraí sin, i gcás ina mbainfidh sé le comhroinnt éigeantach sonraí faoi Rialachán den sórt sin. Lasmuigh de raon feidhme na comhroinnte éigeantaí sonraí faoin Rialachán ábhartha is infheidhme maidir le spás sonraí, is féidir sonraí a chomhroinnt ar bhonn deonach fós. Sa chás sin, is féidir an tacar téarmaí sin a úsáid.

3. **Bunús an Chonartha**

3.1. **Bunús na sonraí**

3.1.1. Dearbhaíonn an Comhroinnteoir Sonraí leis seo gur ó na foinsí seo a leanas a thagann na Sonraí a sholáthraítear faoin gConradh seo: *(Sonraigh gach foinse Sonraí agus, más féidir, Sonraí arna soláthar ag gach foinse)*

Is féidir le Páirtithe cineálacha éagsúla foinsí a shonrú, amhail, mar shampla:

— sonraí táirge nó sonraí seirbhíse gaolmhaire faoin nGníomh um Shonraí;

— sonraí eile a thagann ó tháirge nó ó sheirbhís ghaolmhar nach gcáilíonn mar shonraí táirge nó mar shonraí seirbhíse gaolmhaire faoin nGníomh um Shonraí (e.g. sonraí díorthaithe nó sonraí a thagann ó bhogearraí eile, amhail sonraí déimeagrafacha a iontrálann úsáideoir in aip);

— sonraí a thagann ó fhoinsí seachtracha, mar shampla sonraí a sholáthraíonn tríú páirtí don Chomhroinnteoir Sonraí i ndáil le táirgí nó úsáideoirí an tríú páirtí sin;

— sonraí a chruthaíonn an Comhroinnteoir Sonraí (go neamhspleách), mar shampla taifid custaiméirí arna gcruthú ag fostaithe an Chomhroinnteora Sonraí ina chóras Bainistíochta Caidrimh Custaiméirí, táblaí, sonraí próiseáilte, sonraí bunaithe ar thátal, sonraí díorthaithe, sonraí cumaiscthe, etc.

Go ginearálta, bíonn barántaí i gceist i gcás ina mbíonn Sonraí á soláthar ag an gComhroinnteoir Sonraí agus nach bhfuil an Faighteoir Sonraí in ann dlíthiúlacht agus tionscnamh na Sonraí sin a fhíorú. Sna cásanna sin, is gá don Fhaighteoir Sonraí brath ar an gComhroinnteoir Sonraí agus b'fhéidir gur mhian leis barántaí áirithe a fháil ina leith sin. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh barántaí ábhartha i gcás inarb é an Faighteoir Sonraí is fearr atá in ann an riosca a bhaineann leis na Sonraí a fhíorú agus/nó a ghlacadh – mar shampla – toisc gur FBM é an Comhroinnteoir Sonraí agus/nó toisc go n-aisghabhtar na Sonraí go díreach ón táirge.

3.1.2. Dearbhaíonn an Comhroinnteoir Sonraí an méid seo a leanas:

(a) *(Más infheidhme)* ós rud é go bhfuil sonraí táirge neamhphearsanta nó sonraí seirbhíse gaolmhaire sna Sonraí (mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2023/2854 maidir le rialacha comhchuibhithe i dtaca le rochtain chothrom ar shonraí agus úsáid chothrom sonraí ('an Gníomh um Shonraí')) agus go bhfuil rochtain ag an gComhroinnteoir Sonraí faoin gConradh seo ar na Sonraí ina cháil mar Shealbhóir Sonraí, tá próiseáil agus comhroinnt na Sonraí sin, i gcomhréir le hAirteagal 4(13) den Ghníomh um Shonraí, faoi réir conradh leis an úsáideoir faoi seach mar a shainmhínítear faoi Airteagal 2(12) den Ghníomh um Shonraí ('Úsáideoir'), agus go gceadaítear leis an gConradh seo na Sonraí a chomhroinnt chun na gcríoch a mheastar faoin gConradh seo;

(b) *(Más infheidhme)* ós rud é go bhfuil sonraí táirge nó sonraí seirbhíse gaolmhaire sna Sonraí agus go bhfuil rochtain ag an gComhroinnteoir Sonraí orthu faoin gConradh seo ina ról mar Fhaighteoir Sonraí faoi Airteagal 5 den Ghníomh um Shonraí, ní sháraíonn an Conradh seo gealltanais chonarthacha leis an Úsáideoir ná leis an Sealbhóir Sonraí ná oibleagáidí faoin nGníomh um Shonraí;

(c) gur leis na Sonraí nó go bhfuil cearta dlíthiúla agus/nó conarthacha leordhóthanacha aige i leith na Sonraí gan aon sárú ar chearta daoine eile agus nach bhfuil aon chaingean, agra ná imeacht ar feitheamh in aghaidh an Chomhroinnteora Sonraí ag a mbeadh éifeacht dhíobhálach ábhartha, dá gcinnfí díobháil a bheith ann, ar a chumas na cearta a dheonaítear anseo thíos a dheonú;

(d) seachas mar a shonraítear a mhalairt i bh**Foscríbhinn 2** agus gan dochar do chlásal 3.2, fuair sé agus coinneoidh sé ar bun ar feadh fhad an Chonartha agus chun críoch an Chonartha, ar a chostas féin, na ceadanna, na ceadúnais agus na húdaruithe uile is gá chun go gcomhroinnfidh agus go n-úsáidfidh an Faighteoir Sonraí aon Sonraí a gheofar ó thríú páirtí nó a sholáthróidh tríú páirtí.

3.1.3. *(más infheidhme)* Ós rud é go bhfuil sonraí táirge nó sonraí seirbhíse gaolmhaire (mar a shainmhínítear sa Ghníomh um Shonraí) sna Sonraí agus go bhfuil rochtain ag an gComhroinnteoir Sonraí orthu faoin gConradh seo i gcomhréir le hAirteagal 4 den Ghníomh um Shonraí ina ról mar Úsáideoir, dearbhaíonn an Faighteoir Sonraí nach n-ainmnítear é mar gheatóir de bhun Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/1925 ('an Gníomh um Margaí Digiteacha').

3.1.4. [ROGHA] [Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh na Sonraí, na comhaid nó na bogearraí uile a tharchuirfear chuig an bPáirtí eile faoin gConradh seo saor ó aon víreas, bogearraí mailíseacha, bogearraí éirice nó cód díobhálach eile a d'fhéadfadh sláine, slándáil nó feidhmiúlacht chórais an Pháirtí eile a chur i mbaol.]

3.1.5. [ROGHA] [Áiritheoidh gach Páirtí go n-eascróidh na Sonraí, na comhaid nó na bogearraí uile a tharchuirfear chuig an bPáirtí eile faoin gConradh seo as gníomhaíochtaí bailithe sonraí a chomhlíonann na *(sonraigh:* caighdeáin *(ghairmiúla, eiticiúla tionscail, chibearshlándála, taighde agus/nó IS)*] is infheidhme.

3.2. **Comhlíonadh an dlí maidir le cosaint sonraí agus príobháideachas**

3.2.1. A mhéid a cháilíonn na Sonraí mar shonraí pearsanta, dearbhaíonn gach Páirtí go gcomhlíonann siad Rialachán (AE) 2016/679 ('RGCS') agus, i gcás inarb ábhartha, Treoir 2002/58/CE, chomh maith le haon dlí eile is infheidhme maidir le cosaint sonraí.

3.2.2. Ní mór do na Páirtithe a liostú i bh**Foscríbhinn 3** mionsonraí na Sonraí a cháilíonn mar shonraí pearsanta, chomh maith le hoibleagáidí na bPáirtithe lena mbaineann maidir le próiseáil na sonraí pearsanta sin faoin gConradh seo.

Róil na bpáirtithe agus comhaontuithe faoi RGCS

Is coincheap an-leathan é an coincheap 'sonraí pearsanta' faoi RGCS. Gabhtar leis aon sonraí a bhaineann le duine sainaitheanta nó in-sainaitheanta. Is féidir sonraí neamhphearsanta teacht chun bheith ina sonraí pearsanta, mar shampla i gcás inar cuid de thacar sonraí measctha iad, i gcás ina gcomhcheanglaítear iad le sonraí nua agus ina bhfágann toradh an chomhcheangail sin gur féidir na sonraí a nascadh le duine aonair sainaitheanta nó in-sainaitheanta. D'fhéadfadh sé sin tarlú freisin i gcás ina dtagann cumais nua próiseála sonraí chun cinn. Ba cheart do pháirtithe measúnú a dhéanamh ar a róil féin faoi RGCS.

Príomhchoincheapa RGCS:

— ciallaíonn 'ábhar sonraí' an duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta lena mbaineann an fhaisnéis;

— ciallaíonn 'rialaitheoir' an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-údarás poiblí, an ghníomhaireacht nó an comhlacht eile a chinneann, ina aonar nó i gcomhpháirt, críocha agus modhanna na próiseála;

— is duine nádúrtha nó dlítheanach, údarás poiblí, gníomhaireacht nó comhlacht eile é próiseálaí a phróiseálann sonraí pearsanta thar ceann an rialaitheora.

Tá feidhm ag na clásail sin i gcás inar rialaitheoir nó rialaitheoir comhpháirteach le páirtí eile faoi RGCS é an Comhroinnteoir Sonraí. Chun a chinneadh cé aige a bhfuil cén cineál róil faoi RGCS, ní mór do na Páirtithe a mheas an bhfuil cinneadh á dhéanamh acu maidir le cén fáth (an chríoch) agus conas (na modhanna) a phróiseáiltear na sonraí pearsanta.

— Má chomhroinneann an Comhroinnteoir Sonraí Sonraí leis an bhFaighteoir Sonraí a úsáideann na Sonraí chun a chríoch féin, is rialaitheoirí ar leithligh iad an dá Pháirtí agus tá a bhfreagracht féin orthu as RGCS a chomhlíonadh.

— Má chomhroinneann an Comhroinnteoir Sonraí Sonraí leis an bhFaighteoir Sonraí chun críoch chomhpháirteach a shaothrú, is rialaitheoirí comhpháirteacha iad an Comhroinnteoir Sonraí agus an Faighteoir Sonraí faoi Airteagal 26 RGCS. Ní mór dóibh an chaoi a gcomhlíonann siad RGCS a shocrú go comhpháirteach.

— I gcás ina bhfuil gá le clásail chonarthacha bhreise chun comhlíonadh RGCS a áirithiú, (e.g. faoi Airteagal 26 nó Airteagal 46), is féidir (agus ba cheart) na clásail sin a úsáid in éineacht leis na téarmaí conarthacha eiseamláireacha seo. Is féidir leis na páirtithe tagairt a dhéanamh dóibh i bh**Foscríbhinn 3**, inar cheart a shonrú go ginearálta conas a chomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in RGCS, lena n-áirítear maidir le róil agus freagrachtaí na bPáirtithe faoi seach faoi RGCS.

Bunús dlí bailí

Ba cheart bunús dlí bailí a bheith ann faoi Airteagal 6(1) RGCS chun na sonraí a chomhroinnt agus ní mór an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas faoin bpróiseáil (bhreise) sin faoi Airteagal 13 nó 14 RGCS.

— Toiliú an ábhair sonraí lena mbaineann, conradh leis an ábhar sonraí lena mbaineann nó chun leasa an ábhair sonraí lena mbaineann nó leas dlisteanach an rialaitheora (na rialaitheoirí) nó tríú páirtí, d'fhéadfaidís a bheith ina mbunús dlí bailí leis an gComhroinnteoir Sonraí agus an Faighteoir Sonraí a bheith ag gníomhú dóibh mar dhá rialaitheoir ar leithligh nó mar rialaitheoirí comhpháirteacha (ar choinníoll nach bhfuil leasanna nó cearta an ábhair sonraí lena mbaineann sáraitheach).

— Ní féidir sonraí a chomhroinnt ach chun críche sonraithe, sainráite agus dlisteanaí. Is é a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin, mar shampla, comhroinnt sonraí chun feabhas a chur ar an táirge i gcás inar chomhaontaigh na páirtithe na sonraí a úsáid chun feidhmiúlacht nua a fhorbairt go comhpháirteach.

— Ar bhonn a leasa dhlisteanaigh chun cliaint a choinneáil níos fearr amach anseo, d'fhéadfadh Comhroinnteoir Sonraí a ghníomhaíonn mar rialaitheoir na sonraí a chomhroinnt freisin lena mháthairchuideachta a ghníomhaíonn mar rialaitheoir sonraí neamhspleách freisin agus a úsáideann na sonraí chun staidreamh domhanda a chruthú – ar bhonn a leasa dhlisteanaigh chun feabhas a chur ar na seirbhísí a sholáthraíonn an grúpa ar fud an domhain.

Ba cheart don Fhaighteoir Sonraí faisnéis leordhóthanach a fháil ón gComhroinnteoir Sonraí chun go mbeidh sé in ann a léiriú go gcomhlíonann sé RGCS. Is féidir leis na Páirtithe a chomhaontú, mar shampla, go luafaidh siad i bh**Foscríbhinn 3** an chríoch bhunaidh dár bailíodh na Sonraí. Is féidir go mbeidh gá leis sin chun a fháil amach an bhfuil próiseáil chun críche eile comhoiriúnach leis an gcríoch dár bailíodh na sonraí pearsanta ar dtús faoi Airteagal 6(4) RGCS i gcás rialú comhpháirteach. Ba cheart a shonrú i bh**Foscríbhinn 3** na mionsonraí uile is gá faoi oibleagáidí na bPáirtithe lena mbaineann i leith próiseáil sonraí pearsanta den sórt sin faoin gConradh seo.

Tuilleadh faisnéise maidir le RGCS:

— Míniú ar phríomhchoincheapa RGCS:

https://commission.europa.eu/law/law-topic/data-protection/data-protection-explained_ga

— Treoir maidir le cosaint sonraí do ghnólachtaí beaga:

https://www.edpb.europa.eu/sme-data-protection-guide/home_en

— Treoirlínte, moltaí agus dea-chleachtais an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí:

https://www.edpb.europa.eu/our-work-tools/general-guidance/guidelines-recommendations-best-practices_en

— Féadfaidh tú treoraíocht bhreise a fháil ó údaráis náisiúnta cosanta sonraí i ngach Ballstát. Liosta de na húdaráis náisiúnta cosanta sonraí:

https://www.edpb.europa.eu/about-edpb/about-edpb/members_en

— Clásail chonarthacha chaighdeánacha faoi Airteagal 28 RGCS:
https://commission.europa.eu/publications/publications-standard-contractual-clauses-sccs_ga

— Faisnéis agus sonraí pearsanta á n-aistriú lasmuigh den Aontas/LEE:
https://commission.europa.eu/law/law-topic/data-protection/international-dimension-data-protection_ga

3.3. **Míchruinneas dearbhuithe**

3.3.1. Aon Pháirtí a thagann ar an eolas nach bhfuil aon dearbhú dá dtagraítear sa chlásal seo cruinn, nó nach bhfuil sé cruinn a thuilleadh, nó nach bhfanfaidh sé cruinn sa todhchaí intuartha, tabharfaidh sé fógra, gan moill mhíchuí, don Pháirtí eile, mura rud é go bhfuil an Páirtí eile ar an eolas nó gur cheart don Pháirtí eile a bheith ar an eolas faoi sin cheana.

3.3.2. Ar theacht ar an eolas dó faoin gcás sin, ní mór don Pháirtí lena mbaineann gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh agus míchruinneas an dearbhaithe a cheartú, a mhéid is féidir. Mura gceartaítear an cás agus mura féidir é a cheartú, ní mór an Conradh seo a fhoirceannadh trí bhíthin fógra um fhoirceannadh i scríbhinn lena luaitear na cúiseanna leis an bhfoirceannadh a thug ceachtar Páirtí don Pháirtí eile. Tá éifeacht láithreach ag an bhfoirceannadh. I gcás nach ndéanann an míchruinneas difear ach do chuid de na Sonraí a chumhdaítear leis an gConradh seo, ní mór an chuid ábhartha agus an chuid sin amháin a fhoirceannadh.

3.3.3. Rialaítear éifeachtaí breise an fhoirceanta le clásal 9.3.

4. Na Sonraí a chur ar fáil

4.1. Saintréithe na Sonraí

Is féidir leis an gComhroinnteoir Sonraí leibhéil éagsúla gealltanais a thabhairt i leith na Sonraí a sholáthraítear, ón ngealltanas is bunúsaí go soláthrófar na meiteashonraí in éineacht leo, rud a fhágfaidh go mbeidh siad intuigthe, go dtí an gealltanas is déine go n-oirfidh sé iad do na críocha atá beartaithe ag an bhFaighteoir Sonraí agus/nó go mbeidh siad uileghabhálach agus cruinn. D'fhéadfadh na Páirtithe roghnú as measc na roghanna seo a leanas.

Thairis sin, is féidir leis na Páirtithe aon cheanglas breise a chur isteach a bhfuil ciall leis ó thaobh staid shonrach na comhroinnte sonraí de: mar shampla, i gcás ina gcomhroinntear Sonraí chun críoch taighde, d'fhéadfadh sé go bhfágfadh cuspóir na hin-atáirgtheachta taighde gur ghá minicíocht agus tréimhse choinneála gach leagan nuashonraithe de thacar sonraí a shonrú, agus sa chás sin is féidir na heilimintí sin a chur leis an roinn 'ceanglais cháilíochta shonracha' thíos.

Cuirfidh an Comhroinnteoir Sonraí na Sonraí ar fáil don Fhaighteoir Sonraí:

(a) agus iad den cháilíocht chéanna agus atá ar fáil don Chomhroinnteoir Sonraí; agus

(b) in éineacht leis na meiteashonraí ábhartha, na táblaí fearainn, an tséimeantaic, an fhaisnéis maidir le ceadúnú agus an fhaisnéis eile is gá chun go mbeidh na Sonraí intuigthe don Fhaighteoir Sonraí.

[ROGHA] (c) [agus *(Roghnaigh, más infheidhme, rogha amháin nó níos mó de réir mar is iomchuí)*

i) Cuirtear na Sonraí ar fáil i bhformáid chuimsitheach, struchtúrtha, a úsáidtear go coitianta agus atá inléite ag meaisín. Measann na Páirtithe go gcomhlíontar an ceanglas sin de dhroim na sonraíochtaí seo a leanas maidir leis na Sonraí: *(Tabhair sonraí le do thoil)*

ii) Cuirtear na Sonraí ar fáil i gcomhréir le prionsabail FAIR (sonraí inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheacha agus in-athúsáidte) mar a thuairiscítear a thuilleadh in www.go-fair.org/fair-principles: [ROGHA] [(*Tabhair tuairisc ar conas critéir FAIR a chomhlíonadh*)]

Is féidir cloí le prionsabail FAIR trí roinnt ceanglas intomhaiste a chomhlíonadh. Le samhail aibíochta FAIR na Comhghuaillíochta um Shonraí Taighde (RDA) (https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC140764), soláthraítear creat chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíontar na táscairí sin. Ba cheart do Chomhroinnteoir Sonraí a chleachtais comhroinnte sonraí a ailíniú le leibhéal aibíochta atá iomchuí dá riachtanais shonracha.

Ar a laghad, ní mór don Chomhroinnteoir Sonraí a áirithiú go bhfuil meiteashonraí ar fáil agus go gcomhlíonann siad na táscairí uile atá marcáilte mar tháscairí 'fíor-riachtanacha' leis an tsamhail aibíochta. Ina theannta sin, féadfaidh Comhroinnteoir Sonraí úsáid a bhaint as uirlisí, dea-chleachtais agus treoirlínte a bhaineann go sonrach leis an gcomhthéacs, amhail iad siúd atá le fáil ag https://doi.org/10.2760/5646214, chun cur chun feidhme phrionsabail FAIR a shimpliú agus cruth a thabhairt dó.

(iii) Oiriúnaítear na Sonraí don chomhthéacs próiseála seo a leanas ag an gComhroinnteoir Sonraí i gcomhréir leis na gnáthionchais: (*Cuir tuairisc ghairid leis*)

(iv) Tá na Sonraí oiriúnach do na cuspóirí atá á saothrú ag an bhFaighteoir Sonraí: (*Cuir tuairisc ghairid leis*)

(v) Cuirfidh an Comhroinnteoir Sonraí an méid seo a leanas ar fáil don Fhaighteoir Sonraí: (*Cuir isteach/bain/comhlánaigh ceanglais cháilíochta shonracha*)

— Tacar sonraí uileghabhálach, i.e. is é atá sna Sonraí na Sonraí uile atá i seilbh an Chomhroinnteora Sonraí laistigh de raon feidhme an Chonartha seo; agus/nó

— Tacar sonraí cothrom le dáta, i.e. tugann na Sonraí léiriú ar na Sonraí atá i seilbh an Chomhroinnteora Sonraí ar an dáta a shínítear an Conradh seo; agus/nó


— Tacar sonraí cruinn, i.e. tá na sonraí coimeádta ag an gComhroinnteoir Sonraí agus tá siad – chomh fada agus is eol dó – saor ó earráidí, ceart agus iontaofa; agus/nó

— Tacar sonraí atá i gcomhréir leis na caighdeáin seo a leanas: *(sonraigh, e.g. idir-inoibritheacht, inrochtaineacht, slándáil, etc.)*

— Tacar sonraí atá ar fáil i bhformáid oscailte, rud a chiallaíonn formáid nach formáid dhílseánaigh í agus is féidir le haon duine a úsáid, is é sin: *(sonraigh)*].

4.2. **Oibleagáidí an Chomhroinnteora Sonraí i ndáil le rochtain ar na Sonraí**

Féadfaidh an Comhroinnteoir Sonraí na Sonraí a chur ar fáil ar bhealaí éagsúla, trí rialú teicniúil ar na Sonraí a thabhairt nó a choinneáil (gan dochar do chearta maoine intleachtúla arna ndeonú nó arna gcoinneáil).Féadfaidh na Páirtithe a chomhaontú, mar shampla, go n-aisghabhfaidh an Faighteoir Sonraí na Sonraí ón táirge nó ón tseirbhís (rogha a) nó ó thimpeallacht an Chomhroinnteora Sonraí (rogha b), nó go n-aistreoidh an Comhroinnteoir Sonraí na Sonraí chuig timpeallacht an Fhaighteora Sonraí (rogha c).



Féadfaidh na Páirtithe a chomhaontú freisin nach n-aistreofar na Sonraí chuig an bhFaighteoir Sonraí ach go gcuirfear ar fáil iad lena bpróiseáil i dtimpeallacht an Chomhroinnteora Sonraí. Bheadh sé sin ábhartha go háirithe i gcás a bhaineann le sonraí pearsanta (rogha d).



Agus Sonraí á gcur ar fáil faoi cheann amháin nó níos mó de na roghanna sin, ní mór do na Páirtithe bearta éagsúla slándála sonraí a chur chun feidhme chun rúndacht tosaigh agus leanúnach, sláine agus infhaighteacht na Sonraí a áirithiú. Chomh maith le coimircí dlíthiúla maidir le sonraí pearsanta a thuairiscítear in 3.2. (i bhFoscríbhinn 3 faoi seach), ba cheart gnéithe teicniúla agus eagraíochtúla a chumhdach freisin le bearta slándála (mar a thuairiscítear a thuilleadh i bhFoscríbhinn 4) maidir leis na nithe seo a leanas, mar shampla:

— rúndacht sonraí trí rialú rochtana agus sreabhadh slán sonraí;

— forálacha maidir le sonraí a choinneáil agus a scriosadh;

— bearta sláine sonraí agus bearta faireacháin;

— forálacha maidir le sárú sonraí.

4.2.1. Cuirfidh an Comhroinnteoir Sonraí na Sonraí ar fáil don Fhaighteoir Sonraí:

(a) [ROGHA: Trí aisghabháil ag an bhFaighteoir Sonraí ó tháirgí nó ó sheirbhís] [trína chur ar a chumas don Fhaighteoir Sonraí iad a aisghabháil go díreach ó na táirgí agus/nó ó na seirbhísí seo a leanas nach n-óstálann an Comhroinnteoir Sonraí, lena n-áirítear trí aon sonraíocht theicniúil is gá a chur ar fáil (e.g. prótacal cumarsáide) faoi na coinníollacha teicniúla seo a leanas: (*Cuir isteach modh agus táirgí/seirbhísí nach n-óstálann an Comhroinnteoir Sonraí*);]

(b) [ROGHA: Trí aisghabháil ag an bhFaighteoir Sonraí ó thimpeallacht an Chomhroinnteora Sonraí] [trína chur ar a chumas don Fhaighteoir Sonraí iad a aisghabháil ó thimpeallacht an Chomhroinnteora Sonraí, lena n-áirítear trí aon sonraíocht theicniúil is gá a chur ar fáil, faoi na coinníollacha teicniúla seo a leanas: (*Cuir isteach an modh, e.g. comhad a íoslódáil nó úsáid a bhaint as API (Comhéadan Feidhmchláir) chun idirghníomhú le seirbhísí an Chomhroinnteora Sonraí*);]

(Infheidhme má roghnaítear roghanna a nó b) [Údaraíonn an Comhroinnteoir Sonraí leis seo don Fhaighteoir Sonraí úsáid a bhaint as na sonraíochtaí chun na Sonraí a aisghabháil mar a shainítear sa Chonradh seo agus chun na críche sin amháin. Cé is moite den cheart thuasluaite, aontaíonn an Faighteoir Sonraí leis seo agus aithníonn sé nach mbeidh aon cheart eile aige i leith na sonraíochtaí, aon leas aige iontu ná aon cheadúnas eile lena n-aghaidh.]

(c) [ROGHA: Trí aistriú arna dhéanamh ag an gComhroinnteoir Sonraí chuig timpeallacht an Fhaighteora Sonraí] [lena n-áirithítear aistriú iomlán na Sonraí ó thimpeallacht an Chomhroinnteora Sonraí chuig timpeallacht an Fhaighteora Sonraí, faoi na coinníollacha teicniúla seo a leanas: *(Cuir isteach an modh, e.g. aistriú aonuaire nó aistrithe tráthrialta comhad zip chuig an bhFaighteoir Sonraí)*;]

(d) [ROGHA: Trí rochtain ag an bhFaighteoir Sonraí ar thimpeallacht an Chomhroinnteora Sonraí] [lena soláthraítear rochtain ar na Sonraí i dtimpeallacht an Chomhroinnteora Sonraí faoi na coinníollacha teicniúla seo a leanas: *(Cuir isteach an modh, e.g. logáil isteach san ardán, feidhmeanna ceadaithe lena n-áirítear feidhmeanna easpórtála, de réir mar a bheidh)*;]

Leis seo, deonaíonn an Comhroinnteoir Sonraí don Fhaighteoir Sonraí an ceart neamh-inaistrithe neamh-fho-cheadúnaithe chun rochtain a fháil ar na Sonraí sa timpeallacht a thuairiscítear thuas chun na críche a shonraítear sa Chonradh seo agus chun na críche sin amháin agus ar feadh an fhaid a shonraítear sa Chonradh seo agus ar a fheadh sin amháin. Coinníonn an Comhroinnteoir Sonraí an ceart chun rochtain ar an timpeallacht a chur ar fionraí má bhraitear úsáid neamhchomhlíontach.

4.2.2. Chun críoch chlásal 4.2.1, measfar go n-áirítear an méid seo a leanas i dtimpeallacht an Chomhroinnteora Sonraí agus i dtimpeallacht an Fhaighteora Sonraí:

(a) timpeallacht aon tríú páirtí arna ainmniú ag an bPáirtí lena mbaineann chun na Sonraí a shealbhú nó a fháil thar a cheann (lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, aon timpeallacht shlán phróiseála mar a shainmhínítear faoi Airteagal 2(20) de Rialachán (AE) 2022/868);

(b) aon fheidhmchlár nó bogearraí arna n-óstáil ag an bPáirtí lena mbaineann go díreach nó trí sholáthraithe seirbhíse a úsáid.

I gcásanna ina bhfuil meaisínfhoghlaim nó feidhmchláir IS le forbairt, is féidir teicneolaíochtaí núíosacha amhail Foghlaim Chónasctha agus Príobháideachas Difreálach, mar a thuairiscítear a thuilleadh in https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC141298 a úsáid chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag an bhFaighteoir Sonraí ar shonraí ar bhealach a chaomhnóidh an príobháideachas.

I gcás na Foghlama Cónasctha, déanann algartam an Fhaighteora Sonraí 'cuairt' ar na sonraí, rud a fhorghníomhaítear laistigh de thimpeallacht shlán phróiseála an Chomhroinnteora Sonraí nó tríú páirtí. Leis an gcur chuige sin, cuirtear cosc ar an bhFaighteoir Sonraí rochtain dhíreach a fháil na sonraí agus iad a fheiceáil. I gcás Príobháideachas Difreálach, cuirtear torann leis na sonraí bunaidh chun gnéithe íogaire áirithe a chosaint.

4.2.3. Cuirfidh an Comhroinnteoir Sonraí na Sonraí ar fáil don Fhaighteoir Sonraí i gcomhréir leis na ceanglais uainiúcháin/leis an bhféilire seo a leanas:(*Cuir isteach an t-uainiú, e.g. go laethúil, am sonrach, miniciocht, i bhfíor-am) agus/nó féilire mhionsonraithe nó teorainn ama*)

[ROGHA] [Más rud é, le linn théarma an Chonartha seo, go dtagann leagan nuashonraithe nó ceartaithe de na Sonraí i seilbh an Chomhroinnteora Sonraí, geallann sé an leagan nuashonraithe nó ceartaithe sin a chur ar fáil don Fhaighteoir Sonraí gan moill mhíchuí tar éis dó a bheith ar fáil don Chomhroinnteoir Sonraí. I gcás ina ndéantar na Sonraí a nuashonrú agus a cheartú go leanúnach, cuirfear ar fáil don Fhaighteoir Sonraí iad *(sonraigh: go laethúil / go seachtainiúil / go míosúil)*.]

[ROGHA] Áiritheoidh an Comhroinnteoir Sonraí go ndéanfar gach leagan nua den tacar sonraí a lipéadú i gceart, agus go mbeidh leaganacha roimhe sin fós ar fáil don Fhaighteoir ar feadh fhad an Chonartha agus ar feadh tréimhse *(sonraigh)* ina dhiaidh.

[ROGHA] Coinníonn an Comhroinnteoir Sonraí na Sonraí ar feadh fad *(sonraigh)*, ar ina dhiaidh nach mbeidh rochtain ag an bhFaighteoir Sonraí orthu a thuilleadh.

4.2.4. Ní mór don Chomhroinnteoir Sonraí na modhanna agus an fhaisnéis is gá a sholáthar don Fhaighteoir Sonraí chun rochtain a fháil ar na Sonraí nó chun iad a fháil i gcomhréir leis an gConradh seo. Leis an méid seo áirítear go háirithe:

(a) [ROGHA i gcás nach soláthraítear na sonraí i bhformáid chaighdeánach] [soláthar bogearraí agus ceadúnais a ghabhann leo is gá chun na Sonraí a úsáid chun na críche comhaontaithe nach bhfuil ar fáil go héasca ar an margadh ach a d'fhéadfadh an Comhroinnteoir Sonraí a sholáthar agus/nó mapáil ón bhformáid atá ar fáil go sonraíocht/stór focal oscailte a úsáidtear go coitianta;]

(b) soláthar faisnéise atá ar fáil go héasca don Chomhroinnteoir Sonraí maidir le tionscnamh na Sonraí agus aon cheart a bheadh ag tríú páirtithe i ndáil leis na Sonraí, nó fíorais a bhféadfadh na cearta sin eascairt astu.

[ROGHA] Comhaontaíonn na Páirtithe leis seo go n-áirítear an méid seo a leanas sna modhanna agus san fhaisnéis sin:*(sonraigh)*.

4.3. **Oibleagáidí an Fhaighteora Sonraí i ndáil le rochtain ar na Sonraí**

4.3.1. Soláthróidh an Faighteoir Sonraí don Chomhroinnteoir Sonraí an fhaisnéis theicniúil agus na sonraí ábhartha is gá chun go gcomhlíonfaidh an Comhroinnteoir Sonraí na ceanglais a leagtar amach thuas.

4.3.2. (Más infheidhme i gcás rochtain ar na Sonraí i dtimpeallacht an Chomhroinnteora Sonraí) Déanfaidh an Faighteoir Sonraí an méid seo a leanas:

(a) áiritheoidh sé nach bhféadfaidh ach fostaithe a oibríonn don Fhaighteoir Sonraí nó i gcomhar leis agus a bhfágann a ndualgais gur gá dóibh rochtain a bheith acu chun an Conradh seo a chomhlíonadh (prionsabal 'ar bhonn riachtanais eolais') rochtain a fháil ar thimpeallacht an Chomhroinnteora Sonraí agus go gcomhlíonfaidh na fostaithe sin an Conradh seo, na foscríbhinní a ghabhann leis agus an reachtaíocht is infheidhme;

(b) ní dhéanfaidh an Faighteoir Sonraí an méid seo a leanas:

i) aon tríú páirtí a údarú nó a chumasú chun rochtain a fháil ar thimpeallacht an Chomhroinnteora Sonraí;

ii) saothair dhíorthacha a chruthú nó rochtain a fháil ar thimpeallacht an Chomhroinnteora Sonraí chun aon táirge nó seirbhís iomaíoch a fhorbairt nó chun aon eilimint, feidhm nó graf laistigh de thimpeallacht an Chomhroinnteora Sonraí a chóipeáil;

iii) aon chód foinseach, algartam, modh nó teicníc a úsáidtear i dtimpeallacht an Chomhroinnteora Sonraí a chóipeáil, a mhacasamhlú, a dhíthiomsú, a dhíchóimeáil, ais-innealtóireacht a dhéanamh orthu nó iarracht a dhéanamh iad a asbhaint [ROGHA] [ach amháin a mhéid a bhfuil fíorghá leis le haghaidh tástáil comhoiriúnachta nó barrfheabhsú ar mhaithe le comhtháthú];

iv) dul timpeall ar aon sásra slándála de chuid thimpeallacht an Chomhroinnteora Sonraí; nó

v) timpeallacht theicniúil an Chomhroinnteora Sonraí a úsáid chun rochtain a fháil ar shonraí seachas na Sonraí a chumhdaítear leis an gConradh seo nó faoi choinníollacha nach iad na coinníollacha a leagtar amach sa Chonradh seo.

4.4. **Bearta slándála**

4.4.1. Áiritheoidh gach Páirtí rúndacht, sláine agus infhaighteacht na Sonraí trí na bearta slándála iomchuí a thuairiscítear i bh**Foscríbhinn 4** a chur chun feidhme agus na Sonraí á gcur ar fáil faoi shocruithe rochtana faoi 4.2.1.

4.4.2. Más rud é go bhféadfadh athruithe ar na Sonraí nó ar a dtimpeallacht difear a dhéanamh do shlándáil na Sonraí, comhaontaíonn an Comhroinnteoir Sonraí agus an Faighteoir Sonraí meastóireacht a dhéanamh ar na bearta slándála (sonraigh: go tráthrialta/arna iarraidh sin don pháirtí eile/tráth imeachtaí speisialta), agus dul i mbun caibidlíochta de mheon macánta maidir le haon oiriúnú is gá.

4.4.3. Arna iarraidh sin, cuirfidh gach Páirtí faisnéis mhionsonraithe ar fáil don Pháirtí eile maidir leis na bearta cur chun feidhme a rinneadh i gcomhréir le clásal 4.4 agus Foscríbhinn 4.

4.4.4. Tuairisceoidh gach Páirtí don Pháirtí eile aon sárú slándála as a dtagann díothú, cailleadh, athrú nó nochtadh neamhúdaraithe na Sonraí, nó rochtain neamhúdaraithe orthu, bíodh sé sin timpisteach nó neamhdhleathach, laistigh de 24 uair an chloig ó bhraitear é.

4.4.5. [ROGHA] [Coinníonn an Comhroinnteoir Sonraí an ceart chun iniúchtaí tréimhsiúla a dhéanamh nó doiciméadacht a iarraidh chun a fhíorú go bhfuil na ceanglais slándála arna bhforchur ar an bhFaighteoir Sonraí á gcomhlíonadh.]

4.4.6. (más infheidhme) Geallann an Comhroinnteoir Sonraí nach gcoinneoidh sé aon fhaisnéis maidir le rochtain an Fhaighteora Sonraí ar na Sonraí a iarrtar, thar a bhfuil riachtanach le haghaidh na nithe seo a leanas:

(a) rochtain ar na Sonraí;

(b) (más infheidhme) slándáil agus cothabháil an bhonneagair sonraí; agus

(c) comhlíonadh oibleagáidí dlíthiúla a bhfuil an Comhroinnteoir Sonraí faoina réir.

Cuirfidh an Comhroinnteoir Sonraí an Faighteoir Sonraí ar an eolas faoin bhfaisnéis atá á coimeád ag an gComhroinnteoir Sonraí i gcomhréir leis na dlíthe is infheidhme nó má iarrann an Faighteoir Sonraí é.

4.5. **An dualgas athchaibidlíocht a dhéanamh, lúba aiseolais agus athruithe aontaobhacha**

4.5.1. Má chuirtear na Sonraí ar fáil i gcomhréir leis na socruithe conarthacha a bhaineann le saintréithe sonraí, nósanna imeachta rochtana nó modhanna agus faisnéis is gá chun na Sonraí a rochtain agus a úsáid, agus má dhealraíonn sé nach leor na socruithe conarthacha comhaontaithe chun na Sonraí a rochtain agus a úsáid mar a chomhaontaítear sa Chonradh seo, geallann na Páirtithe dul i mbun caibidlíochta de mheon macánta agus na socruithe conarthacha a oiriúnú.

4.5.2. Má shainaithníonn an Faighteoir Sonraí teagmhas a bhaineann le clásal 2 maidir leis na Sonraí a chumhdaítear leis an gConradh nó le clásail 4.1 agus 4.2 maidir leis na saintréithe Sonraí agus na socruithe rochtana, agus má thugann an Faighteoir Sonraí fógra don Chomhroinnteoir Sonraí ina ndéantar tuairisc mhionsonraithe ar an teagmhas, ní mór don Chomhroinnteoir Sonraí agus don Fhaighteoir Sonraí oibriú i gcomhar de mheon macánta chun an chúis leis an teagmhas a shainaithint. Má mhainnigh an Comhroinnteoir Sonraí a oibleagáidí a chomhlíonadh agus gurbh in ba chúis leis an teagmhas, ní mór dó an sárú a leigheas gan moill mhíchuí. Mura ndéanann an Comhroinnteoir Sonraí amhlaidh, meastar gur sárú bunúsach é agus féadfaidh an Faighteoir Sonraí clásal 10 den Chonradh seo maidir le leigheasanna ar shárú conartha a agairt.

4.5.3. Mura féidir ceann de na socruithe conarthacha a chomhaontaítear i gcomhréir le clásail 4.1 go 4.2 a bhaint amach nó má tá ualach rómhór ag baint leis mar gheall ar athrú eisceachtúil ar imthosca a tharlaíonn tar éis an Conradh a thabhairt i gcrích, ní mór don Chomhroinnteoir Sonraí tuairisc mhionsonraithe ar an gcás sin a sholáthar don Fhaighteoir Sonraí agus rachaidh na Páirtithe i mbun caibidlíochta de mheon macánta agus oiriúnóidh siad na socruithe conarthacha. Go sonrach, ní mór do gach Páirtí faisnéis leordhóthanach a sholáthar don Pháirtí eile chun measúnú agus plé a dhéanamh ar an gcás ar leith agus é a réiteach. Ní dhéanann an clásal seo difear do cheart an Fhaighteora Sonraí leigheasanna a agairt i gcomhréir le clásal 10.

4.5.4. Féadfaidh an Comhroinnteoir Sonraí, de mheon macánta, athrú aontaobhach a dhéanamh ar mhionsonraí maidir leis na socruithe conarthacha le haghaidh na sonraí agus na socruithe rochtana, má thugann gnáthiompar gnó an Chomhroinnteora Sonraí údar oibiachtúil leis sin, mar shampla trí mhodhnú teicniúil i ngeall ar leochaileacht slándála phráinneach sa líne táirgí nó sna seirbhísí gaolmhara a thairgeann an Comhroinnteoir Sonraí nó i ngeall ar athrú ar bhonneagar an Chomhroinnteora Sonraí. Ní mór d'aon athrú ceanglais bhunúsacha chlásail 4.1 agus 4.2 a chomhlíonadh.

4.5.5. Ní mór don Chomhroinnteoir Sonraí fógra faoin athrú a thabhairt don Fhaighteoir Sonraí ar a laghad (*sonraigh tréimhse réasúnta ama*) sula dtiocfaidh an t-athrú i bhfeidhm.

D'fhéadfadh sé go mbeadh tréimhse fógra níos giorra leordhóthanach:

(a) i gcás nach ndéanfaidh an t-athrú difear diúltach don Fhaighteoir Sonraí a bheith ag rochtain agus ag úsáid na Sonraí; nó

(b) i gcás ina mbeadh fógra den sórt sin dodhéanta nó míréasúnta sna himthosca, amhail i gcás ina mbeidh gá le hathruithe láithreacha i ngeall ar leochaileacht slándála atá díreach braite.

I gcás ina mbeidh tionchar diúltach ag an athrú ar an bhFaighteoir Sonraí a bheith ag rochtain agus ag úsáid na Sonraí, geallann na Páirtithe go n-oibreoidh siad le chéile chun an tionchar sin a mhaolú. In aon chás, féadfaidh an Faighteoir Sonraí an Conradh (an chuid ábhartha de) a fhoirceannadh gan aon chúiteamh a bheith dlite don Chomhroinnteoir Sonraí, d'ainneoin aon cheart nó leigheas eile a d'fhéadfadh a bheith ag an bhFaighteoir Sonraí.

5. **Úsáid na Sonraí agus comhroinnt le tríú páirtithe**

5.1. **Úsáid Sonraí**

5.1.1. Críocha údaraithe (*Ná roghnaigh ach rogha amháin*)

[ROGHA SRIANTACH] [Ní fhéadfaidh an Faighteoir Sonraí na Sonraí a phróiseáil ach amháin chun na gcríoch seo a leanas: (*sonraigh na críocha atá údaraithe*) ('Críocha Údaraithe')].

nó

[ROGHA LEATHAN i gcás sonraí neamhphearsanta amháin] [Féadfaidh an Faighteoir Sonraí na Sonraí a phróiseáil chun aon chríoch dhleathach ('Críocha Údaraithe') [ROGHA] [seachas (*sonraigh, e.g. na sonraí a fhaigheann sé a úsáid chun léargas a fháil ar an staid eacnamaíoch, ar shócmhainní agus ar mhodhanna táirgthe an Chomhroinnteora Sonraí nó ar an úsáid a bhaineann an Comhroinnteoir Sonraí astu*)].]

(*Más infheidhme, i gcás ina bhfuil sonraí táirge nó sonraí seirbhíse gaolmhaire sna Sonraí agus ina bhfuil rochtain ag an gComhroinnteoir Sonraí orthu faoin gConradh seo i gcomhréir le hAirteagal 4 nó le hAirteagal 5 den Ghníomh um Shonraí ina ról mar úsáideoir nó mar Fhaighteoir Sonraí*) In aon chás, ní mór don Fhaighteoir Sonraí gan na sonraí a fhaigheann sé a úsáid chun táirge a fhorbairt a rachaidh in iomaíocht leis an táirge as a dtagann na Sonraí.

Agus na Críocha Údaraithe á gcomhaontú ag na Páirtithe, ba cheart dóibh aon srian a eascraíonn as an dlí is infheidhme nó as a ngealltanas conarthach i leith tríú páirtithe a chur san áireamh. Más sonraí táirge iad na Sonraí mar a shainmhínítear sa Ghníomh um Shonraí agus más úsáideoir den táirge é an Comhroinnteoir Sonraí nó más Faighteoir Sonraí é de réir bhrí an Ghnímh um Shonraí, ba cheart dóibh an toirmeasc ar tháirge iomaíoch a fhorbairt dá bhforáiltear in Airteagail 4(10) agus 6(2)(e) den Ghníomh um Shonraí a chomhlíonadh. Más úsáideoir den chineál sin é an Comhroinnteoir Sonraí agus má chomhaontaigh sé srianta sonracha ar a chearta dlíthiúla faoin nGníomh um Shonraí leis an Sealbhóir Sonraí, ba cheart don Chonradh seo na srianta sin a chomhlíonadh.

5.1.2. Oibríochtaí údaraithe ar na Sonraí (*Ná roghnaigh ach rogha amháin*)

[ROGHA SRIANTACH] [Ní fhéadfaidh an Faighteoir Sonraí ach na hoibríochtaí seo a leanas a chur chun feidhme ar na Sonraí: (*sonraigh oibríochtaí údaraithe, e.g. rochtain ar Shonraí agus cóipeáil Sonraí chun staidreamh comhiomlánaithe a chruthú i ndáil leis na Críocha Údaraithe*) ('Oibríochtaí Údaraithe').]

nó

[ROGHA LEATHAN i gcás sonraí neamhphearsanta amháin] [Féadfaidh an Faighteoir Sonraí aon oibríocht dhleathach ('Oibríochtaí Údaraithe') a chur chun feidhme ar na Sonraí [ROGHA] [seachas (*sonraigh, e.g. Sonraí a óstáil nó a aistriú ar bhealach eile nó Sonraí a chur ar fáil lasmuigh den Aontas Eorpach, nó iarracht a dhéanamh ábhair sonraí a shainaithint*)]

(*Más infheidhme, i gcás ina bhfuil sonraí táirge nó sonraí seirbhíse gaolmhaire sna Sonraí agus ina bhfuil rochtain ag an gComhroinnteoir Sonraí orthu faoin gConradh seo i gcomhréir le hAirteagal 4 nó 5 de Rialachán (AE) 2023/2854 ina ról mar úsáideoir nó mar Fhaighteoir Sonraí*). In aon chás, ní mór don Fhaighteoir Sonraí gan na sonraí a fhaigheann sé a úsáid ar bhealach a mbeadh drochthionchar aige ar shlándáil an Táirge nó aon Seirbhíse Gaolmhaire.]

5.1.3. Thairis sin, geallann an Faighteoir Sonraí gan gabháil don iompar seo a leanas chun Sonraí a fháil:

(a) faisnéis bhréagach a sholáthar don Chomhroinnteoir Sonraí;

(b) modhanna meabhlacha nó comhéigneacha a úsáid;

(c) mí-úsáid a bhaint as bearnaí nó teacht i dtír ar aon leochaileacht i mbonneagar teicniúil an Chomhroinnteora Sonraí atá ceaptha na Sonraí a chosaint.

5.1.4. Deonaítear don Fhaighteoir Sonraí an ceart chun na Sonraí a úsáid i gcomhréir leis an gclásal seo (*sonraigh: go brách/ar feadh fhad an Chonartha/ar feadh fad (sonraigh)*).

5.1.5. (Más infheidhme i gcás ina n-aisghabhfaidh an Faighteoir Sonraí na Sonraí/ina n-aistreofar na Sonraí chuig an bhFaighteoir Sonraí agus má chomhaontaíonn na Páirtithe teorainn ama maidir le húsáid na Sonraí) Ar fhoirceannadh nó ar dhul in éag a chirt chun na Sonraí a úsáid, geallann an Faighteoir Sonraí go scriosfaidh sé na Sonraí go buan (lena n-áirítear aon chóip nó aon chúltaca) agus go n-áiritheoidh sé go ndéanfaidh aon tríú páirtí ar nochtadh na Sonraí dóibh na Sonraí sin a scriosadh go buan. Soláthróidh an Faighteoir Sonraí, gan moill mhíchuí, deimhniú i scríbhinn maidir leis an scriosadh sin arna iarraidh sin don Chomhroinnteoir Sonraí.

5.2. **Comhroinnt Sonraí le tríú páirtithe**

5.2.1. Ní dhéanfaidh an Faighteoir Sonraí aon Sonraí a chomhroinnt le haon tríú páirtí ná a aistriú chuig aon tríú páirtí, bíodh sé i bhfoirm shainaitheanta, i bhfoirm anaithnidithe nó bréagainmnithe nó i bhfoirm chomhiomlán [ROGHA] [, ach amháin go bhféadfaidh an Faighteoir Sonraí na Sonraí a chomhroinnt chun na Sonraí a úsáid mar a leanas agus mar sin amháin: *(sonraigh)*. Ní dhéanfaidh an tríú páirtí aon Sonraí a chomhroinnt ná a aistriú a thuilleadh, [ROGHA] [ach amháin chun na Sonraí a úsáid mar a leanas: *(sonraigh)*]].

5.2.2. (más infheidhme, i gcás ina bhfuil sonraí táirge nó sonraí seirbhíse gaolmhaire sna Sonraí agus ina bhfuil rochtain ag an gComhroinnteoir Sonraí orthu faoin gConradh seo i gcomhréir le hAirteagal 4 nó le hAirteagal 5 den Ghníomh um Shonraí ina ról mar úsáideoir nó mar Fhaighteoir Sonraí) Ní mór don Fhaighteoir Sonraí gan na Sonraí a fhaigheann sé a chur ar fáil do ghnóthas a ainmnítear mar gheatóir faoi Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/1925 (an Gníomh um Margaí Digiteacha).

5.2.3. I gcás ina gceadaítear don Fhaighteoir Sonraí Sonraí a chur ar fáil do thríú páirtí ar bhonn an chonartha seo, ní mór don Fhaighteoir Sonraí:

(a) [ROGHA] [an Comhroinnteoir Sonraí a chur ar an eolas go gcuirfear Sonraí ar fáil do thríú páirtí, na Sonraí atá i gceist a shonrú, agus céannacht agus sonraí teagmhála an tríú páirtí a sholáthar don Chomhroinnteoir Sonraí;]

(b) bearta conarthacha, teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an tríú páirtí na hoibleagáidí céanna a eascraíonn don Fhaighteoir Sonraí as an gConradh seo nó oibleagáidí atá coibhéiseach cuid mhaith leo. Áirítear orthu sin go háirithe oibleagáidí an Fhaighteora Sonraí chun:

i) a áirithiú go gcuirfidh an tríú páirtí i bhfeidhm na bearta agus na hoibleagáidí slándála céanna ar a laghad agus atá comhaontaithe ag an bhFaighteoir Sonraí faoin gclásal 'Bearta slándála'; agus

ii) a áirithiú go n-úsáidfidh an tríú páirtí na sonraí go heisiach ar bhealach atá comhoiriúnach le clásal 5.1 maidir le húsáid na Sonraí; agus

iii) [ROGHA] [a áirithiú go bhfuil na leigheasanna céanna ar a laghad ag an gComhroinnteoir Sonraí in aghaidh an tríú páirtí ar úsáid nó nochtadh neamhúdaraithe Sonraí agus atá aige in aghaidh an Fhaighteora Sonraí faoin gConradh seo; agus]

iv) *(infheidhme má tá an tríú páirtí i dteideal na Sonraí a chur ar fáil do pháirtithe eile i gcomhréir le clásal 5.2.1)* [a cheangal ar an tríú páirtí a áirithiú go gcomhlíonfaidh gach tríú páirtí ina dhiaidh sin a gheobhaidh na Sonraí na hoibleagáidí a leagtar amach sa Chonradh seo].

5.2.4. D'ainneoin chlásail 5.2.1 go 5.2.3, féadfaidh an Faighteoir Sonraí seirbhísí próiseála a úsáid, e.g. néalseirbhísí (lena n-áirítear bonneagar mar sheirbhís, ardán mar sheirbhís agus bogearraí mar sheirbhís), seirbhísí óstála nó seirbhísí comhchosúla chun na Sonraí a úsáid mar a chomhaontaítear faoi chlásail 5.1.1 agus 5.2.1, ar a shon féin agus faoina fhreagracht féin. Féadfaidh na tríú páirtithe na seirbhísí sin a úsáid freisin chun na Sonraí a úsáid mar a chomhaontaítear faoi chlásal 5.2.1, ar a son féin agus faoina bhfreagracht féin.

6. **(má tá na sonraí faoi chosaint mar rúin trádála) Rúin Trádála**

Maidir le rúin trádála:

Is faisnéis rúnda iad rúin trádála lena dtugtar buntáiste iomaíoch do chuideachta.

De réir Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2016/943, ciallaíonn an téarma 'rún trádála' faisnéis a chomhlíonann trí cheanglas: (a) is rún í sa chiall nach bhfuil daoine laistigh de na ciorcail a dhéileálann de ghnáth leis an gcineál sin faisnéise i gceist ar an eolas go ginearálta fúithi ná nach bhfuil rochtain acu uirthi, ina hiomláine nó i bhfoirmíocht agus cóimeáil bheacht a comhpháirteanna; (b) tá luach tráchtála aige toisc gur rún é; agus (c) tá sí faoi réir bearta réasúnta, sna himthosca, ag an duine a bhfuil an fhaisnéis faoina rialú go dleathach aige chun í a choimeád faoi rún.

Ciallaíonn 'Sealbhóir Rúin Trádála' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a rialaíonn rún trádála den sórt sin go dleathach.

A mhéid a bhaineann le sonraí, tá an Comhroinnteoir Sonraí incháilithe do chosaint rúin trádála, go háirithe i gcás ina gcumhdaítear na nithe seo a leanas le faisnéis dhigiteach:

— faisnéis theicniúil (teicneolaíocht táirgí, sonraí T&F, fios gnó próisis, teicneolaíochtaí neamhphaitinnithe...);

— faisnéis tráchtála (straitéisí margaidh, faisnéis airgeadais...).

Dá réir sin, maidir le faisnéis dhigiteach, is gá don Chomhroinnteoir Sonraí rún trádála féideartha a shainaithint. Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le rúin trádála san earnáil dhigiteach, féach Treoir na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) maidir le Rúin Cheirde agus Nuálaíocht:

https://www.wipo.int/web-publications/wipo-guide-to-trade-secrets-and-innovation/en/part-vii-trade-secrets-and-digital-objects.html

Ba mhodhanna chun sonraí a choimeád faoi rún iad rochtain theoranta a bheith ag daoine eile, criptiú nó comhaontuithe neamhnochta, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí cosaint rúin trádála a dhéanamh.

Conas déileáil le rúin trádála?

Má shainaithníonn an Comhroinnteoir Sonraí go bhfuil rúin trádála áirithe ina gcuid den chomhroinnt sonraí faoin gConradh, níl oibleagáid air na sonraí a chomhroinnt murab ionann agus atá faoi Airteagal 4(6) agus Airteagal 5(9) den Ghníomh um Shonraí.

Má chinneann an Comhroinnteoir Sonraí na sonraí sin a chomhroinnt, féadfaidh sé ceanglais a shocrú agus a chomhaontú leis an bhFaighteoir Sonraí mar choinníoll chun sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála a chomhroinnt, amhail bearta teicniúla agus eagraíochtúla áirithe breise a dhéanamh chun rúndacht a chaomhnú. Ba cheart don Chomhroinnteoir Sonraí agus don Fhaighteoir Sonraí a áireamh i bh**Foscríbhinn 2**, mar chuid den Chonradh, na mionsonraí uile maidir leis na Sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála.

6.1. **Infheidhmeacht socruithe maidir le rúin trádála**

6.1.1. Na bearta cosanta chomh maith leis na cearta gaolmhara a chomhaontaítear thíos, tá feidhm acu go heisiach maidir le sonraí nó meiteashonraí a áirítear sna Sonraí atá le cur ar fáil ag an gComhroinnteoir Sonraí don Fhaighteoir Sonraí, atá faoi chosaint mar rúin trádála (mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) den Treoir maidir le Rúin Trádála (AE) 2016/943), atá i seilbh an tSealbhóra Sonraí nó Sealbhóra Rúin Trádála eile (mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) den Treoir sin).

6.1.2. Leagtar amach i bh**Foscríbhinn 2** na Sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála agus céannacht an tSealbhóra Rúin Trádála.

6.1.3. Fanfaidh na hoibleagáidí a leagtar amach i gclásail 6.2 agus 6.3 i bhfeidhm tar éis aon fhoirceannadh ar an gConradh, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.

6.2. **Bearta cosanta atá le déanamh ag an bhFaighteoir Sonraí**

Cuirfidh an Faighteoir Sonraí na bearta cosanta i bhfeidhm mar a leagtar amach i bh**Foscríbhinn 4** (dá ngairtear anseo feasta: 'Bearta Cosanta an Fhaighteora Sonraí').

Ba cheart do na Páirtithe mionsonraí uile na mbeart cosanta a áireamh i bh**Foscríbhinn 4**. Féadfaidh bearta a bheith de chineál teicniúil (e.g. criptiú, ballaí dóiteáin, stóráil dheighilte, etc.) agus eagraíochtúil (e.g. rialachas inmheánach, bainistiú céannachta agus rialuithe rochtana iomchuí, rannpháirtíocht tríú páirtí iontaofa).

Ós rud é nach mór na bearta a bheith comhréireach, beidh a n-ábhar éagsúil ó chéile, ag brath ar chineál an rúin trádála. Beidh na bearta ag brath freisin ar cé acu (i) an soláthrófar rochtain ar an áit a stóráiltear na Sonraí nó (ii) an bhfuil na Sonraí le haistriú go hiomlán chuig an bhFaighteoir Sonraí. Sa chéad chás, tá leibhéal níos airde rialaithe ag an Sealbhóir Sonraí agus is féidir leis cuid de na bearta cosanta a chur i bhfeidhm é féin, ach d'fhéadfadh leibhéal níos ísle úsáide a bheith ag an bhFaighteoir Sonraí maidir leis na Sonraí. In aon chás, beidh ar an dá Pháirtí díriú ar na héifeachtaí atá beartaithe ag an gConradh seo a bhaint amach.

6.3. **Bearta cosanta arna ndéanamh ag an Sealbhóir Rúin Trádála**

6.3.1. Féadfaidh an Comhroinnteoir Sonraí na bearta a chomhaontaítear i bhFoscríbhinn 4 a chur i bhfeidhm chun rúndacht na Sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála a chaomhnú (dá ngairtear anseo feasta: 'Bearta Cosanta an Chomhroinnteora Sonraí').

6.3.2. Féadfaidh an Comhroinnteoir Sonraí bearta cosanta teicniúla agus eagraíochtúla atá iomchuí go haontaobhach a chur isteach freisin, mura ndéanann siad difear diúltach don Fhaighteoir Sonraí a bheith ag rochtain agus ag úsáid na Sonraí faoin gConradh seo.

6.3.3. Geallann an Faighteoir Sonraí gan Bearta Cosanta an Chomhroinnteora Sonraí ná na bearta a dhéantar i gcomhréir le clásal 6.3.2 a athrú ná a bhaint, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.

6.4. **Sealbhóirí Rún Trádála sainaitheanta ar tríú páirtithe iad**

6.4.1. Dearbhaíonn an Comhroinnteoir Sonraí don Fhaighteoir Sonraí go bhfuil na cearta ábhartha uile aige ó aon sealbhóir rúin trádála ar tríú páirtí é chun an Conradh seo a dhéanamh maidir leis na Sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála.

6.4.2. Léiríonn Bearta Cosanta an Fhaighteora Sonraí agus Bearta Cosanta an Chomhroinnteora Sonraí gealltanais chonarthacha an Chomhroinnteora Sonraí i leith an tSealbhóra Sonraí tosaigh. Má thagann forbairt ar ghealltanais sin an Chomhroinnteora Sonraí i leith an tSealbhóra Sonraí tosaigh, geallann an Faighteoir Sonraí go gcomhlíonfaidh sé aon bheart nua a chomhaontaítear idir an Comhroinnteoir Sonraí agus an Sealbhóir Sonraí tosaigh.

7. **Cearta Maoine Intleachtúla**

Ciallaíonn 'Cearta Maoine Intleachtúla' cóipcheart (lena n-áirítear cearta údair ('*droit d'auteur*'), cearta i leith bogearraí ríomhaireachta agus cearta gaolmhara eile), cearta i leith dearaí (lena n-áirítear dearaí cláraithe agus cearta dearaidh), trádmharcanna, marcanna seirbhíse, ainmneacha trádála nó gnó, ainmneacha branda, ainmneacha fearainn agus URLanna, cearta i leith rúin trádála, fios gnó agus faisnéis rúnda agus neamhnochta (amhail aireagáin, bídís inphaitinnithe nó ná bídís), cearta i leith lógónna agus paitinní, cearta *sui generis* i leith bunachair sonraí agus aon cheart comhchosúil a aithnítear faoin dlí is infheidhme.

Na sonraí a thagann faoi raon feidhme an Chonartha seo agus an úsáid atá ceadaithe ag an bhFaighteoir Sonraí, ní mór iad a rialáil leis an gConradh seo chun cosaint a thabhairt do chearta maoine intleachtúla an Chomhroinnteora Sonraí nó tríú páirtithe nó do chearta maoine intleachtúla nua de chuid an Fhaighteora Sonraí ar cearta iad atá ag teacht chun cinn. Maidir le comhroinnt sonraí, is iad an ceart *sui generis* den Treoir maidir le Bunachair Sonraí agus cóipcheart iad na cearta maoine intleachtúla is tábhachtaí nach mór a chur san áireamh agus conradh á thabhairt i gcrích.

Ceart *sui generis*:

De réir Airteagal 43 den Ghníomh um Shonraí, *Ní bheidh feidhm ag an gceart* sui generis *dá bhforáiltear in Airteagal 7 de Threoir 96/9/CE nuair a fhaightear sonraí ó tháirge nasctha nó ó sheirbhís ghaolmhar nó a ghintear le táirge nasctha nó seirbhís ghaolmhar a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, go háirithe maidir le hAirteagail 4 agus 5 de*. Mar sin féin, '*Ní dhéanann sin difear do chur i bhfeidhm féideartha an chirt* sui generis *faoi Airteagal 7 de Threoir 96/9/CE maidir le bunachair sonraí ina bhfuil sonraí nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais maidir le cosaint de bhun mhír 1 den Airteagal sin*' (Aithris (112).

Leis an gceart *sui generis* den Treoir maidir le Bunachair Sonraí, cosnaítear déantóir an bhunachair sonraí mar is é an duine a rinne infheistíochtaí substaintiúla i dtéarmaí cáilíochta nó cainníochta chun a inneachar a fháil, a fhíorú nó a chur i láthair. Is féidir leis an déantóir toirmeasc a chur ar asbhaint agus athúsáid inneachar an bhunachair sonraí sin ina iomláine nó ar asbhaint agus athúsáid cuid shubstaintiúil de, arna meas go cáilíochtúil agus/nó go cainníochtúil. D'fhéadfadh saothair aonair nó eilimintí sonraí aonair laistigh den bhunachar sonraí, más bunsaothair iad, a bheith faoi chosaint cóipchirt ar leithligh, cé nach mar a chéile an chosaint sin agus an chosaint a thugtar leis an Treoir maidir le Bunachair Sonraí.

Cóipcheart:

Is cineál cosanta maoine intleachtúla é cóipcheart a dheonaítear le dlí do chruthaitheoirí bunsaothar údarthachta. Cumhdaítear raon leathan saothar leis an gcosaint sin, lena n-áirítear ailtireacht bunachair sonraí, b'fhéidir. Tabhair do d'aire: Ní dhearnadh comhchuibhiú iomlán ar chosaint cóipchirt agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sí a bheith éagsúil ó Bhallstát go Ballstát.

Paitinní:

D'fhéadfadh aireagáin a bheith mar thoradh ar chomhroinnt sonraí agus úsáid sonraí, óir spreagann siad smaointe nua, barrfheabhsaíonn siad teicneolaíochtaí atá ann cheana agus cuireann siad dlús le forbairt réiteach nuálach. Aireagáin nua de chineál teicniúil a mbaineann céimeanna airgtheacha leo agus is féidir a úsáid i dtionscal, tá siad inphaitinnithe. Dá bhrí sin, ba cheart do na Páirtithe rialáil a dhéanamh ar aireagáin agus ar cé atá i dteideal na torthaí inphaitinnithe sin a úsáid.

7.1. **Réamhchearta Maoine Intleachtúla**

7.1.1. Mura bhforáiltear a mhalairt go sainráite sa Chonradh, coinníonn gach Páirtí úinéireacht ar aon Cheart Maoine Intleachtúla atá faoi úinéireacht na bPáirtithe, nó atá ceadúnaithe dóibh ag tríú páirtithe, sula gcomhlíontar an Conradh nó go hiomlán neamhspleách ar a chomhlíonadh, lena n-áirítear aon leasú agus/nó aon fheabhsú air ('eilimintí atá ann cheana'). Ní fhéadfar a mheas in imthosca ar bith go dtugann an Conradh aon Cheart Maoine Intleachtúla do cheachtar Páirtí in eilimintí an Pháirtí eile, ar eilimintí iad atá ann cheana, ach amháin má fhoráiltear a mhalairt go sainráite sa Chonradh.

7.1.2. *(infheidhme má chumhdaítear na Sonraí le cearta maoine intleachtúla)* Faoi réir íocaíocht an luacha saothair (e.g. táillí ceadúnais) faoin gConradh seo, deonaíonn an Comhroinnteoir Sonraí leis seo ceadúnas don Fhaighteoir Sonraí le haghaidh théarma an Chonartha lena gcumhdaítear na saintréithe seo a leanas: *(sonraigh, e.g. ar fud an domhain, neamheisiach, neamh-inaistrithe* lena n-áirítear an ceart chun na Sonraí a chumhdófaí le Ceart Maoine Intleachtúla (*sonraigh, e.g. a úsáid, a chóipeáil, a mhodhnú, a fheabhsú, a chothabháil*) a mhéid is gá faoin gConradh agus a mhéid sin amháin. Ní údaraítear focheadúnas d'fhochonraitheoirí an Fhaighteora Sonraí ach amháin chun críocha na fochonraitheoireachta agus a mhéid nach bhfuil siad ar neamhréir le forálacha an Chonartha seo.

7.2. **Cearta Maoine Intleachtúla i leith na dTorthaí**

7.2.1. Má ghineann úsáid na Sonraí ag an bhFaighteoir Sonraí faoin gConradh seo táirgí oibre inláimhsithe is féidir a chosaint le Cearta Maoine Intleachtúla ('Torthaí'), comhaontaítear leis seo an méid seo a leanas:

7.2.2. [ROGHA 1] [beidh an Faighteoir Sonraí ina úinéir aonair ar aon Cheart Maoine Intleachtúla agus ar gach Ceart Maoine Intleachtúla a bhaineann leis na Torthaí; is é an Faighteoir Sonraí amháin a fhéadfaidh aon teideal maoine intleachtúla den sórt sin a chlárú nó a fháil, dá rogha féin;

7.2.3. [ROGHA 2] [beidh na Páirtithe i dteideal na gCeart Maoine Intleachtúla ar na Torthaí go comhpháirteach agus go cothrom agus déanfaidh siad conradh ar leithligh lena dtabharfar tuairisc ar mhódúlachtaí fheidhmiú na gceart sin;

7.2.4. [ROGHA 3] [comhaontaíonn an Faighteoir Sonraí úinéireacht iomlán dhlíthiúil agus thairbhiúil na dTorthaí, agus gach Ceart Maoine Intleachtúla orthu, a shannadh, a mhéid is gá, don Chomhroinnteoir Sonraí ar bhonn eisiach ar chomaoin a bheidh le comhaontú idir na Páirtithe, go domhanda, ar feadh thréimhse iomlán na gCeart Maoine Intleachtúla.

7.2.5. Thairis sin, comhaontaíonn na Páirtithe go ndeonófar ceadúnú breise maidir leis na Torthaí mar a leanas:

[ROGHA] [Leis seo deonaíonn (*sonraigh an páirtí nach bhfuil Cearta Maoine Intleachtúla aige ar na Torthaí*) don *(sonraigh úinéir na gCeart Maoine Intleachtúla ar na Torthaí)*, ar feadh thréimhse chosaint na gCeart Maoine Intleachtúla, ceadúnas neamh-inaistrithe neamheisiach domhanda láníoctha chun a eilimintí, ar eilimintí atá ann cheana iad, a úsáid, a chóipeáil, a mhodhnú, a fheabhsú agus a chothabháil a mhéid is gá chun a chearta ar na Torthaí faoin gclásal seo a fheidhmiú agus a mhéid sin amháin.]

[ROGHA] [Leis seo deonaíonn (*sonraigh úinéir na gCeart Maoine Intleachtúla ar na Torthaí*) don (*sonraigh an Páirtí nach bhfuil Cearta Maoine Intleachtúla aige ar na torthaí*), ar feadh thréimhse chosaint na gCeart Maoine Intleachtúla, ceadúnas neamh-inaistrithe neamheisiach domhanda láníoctha chun na Torthaí a úsáid, a chóipeáil, a mhodhnú, a fheabhsú agus a chothabháil chun na gcríoch seo a leanas agus chucu sin amháin: (*líon isteach de réir mar is infheidhme*).]

8. **Luach saothair as rochtain ar shonraí a sholáthar**

Féadfaidh na Páirtithe, sa Chonradh féin nó i bhfoscríbhinn ar leithligh, mionsonraí maidir le luach saothair a chinneadh lena n-áirítear costais chun an API a bhunú (a úsáidtear chun na Sonraí a chomhroinnt) nó costais eile a bhaineann le comhroinnt Sonraí a éascú, lena n-áirítear aon ríchíos nó táille cheadúnais, de réir mar a bheidh. Ba cheart do na Páirtithe teacht ar chomhaontú maidir leis na nithe seo a leanas ar a laghad: méid an luacha saothair atá dlite, agus an t-airgeadra iomchuí; an t-am a bheidh íocaíocht dlite; agus nósanna imeachta íocaíochta.

Féadfaidh siad teacht ar chomhaontú maidir le luach saothair breise, i gcás inarb infheidhme, as seirbhísí breise, a bheidh faoi réir táille bhreise.

Comhaontaíonn na Páirtithe go n-íocfaidh an Faighteoir Sonraí an Chomhroinnteora Sonraí mar a leanas: *(comhlánaigh de réir mar is iomchuí)*

Ba cheart do na Páirtithe teacht ar chomhaontú maidir leis na nithe seo a leanas ar a laghad: méid an luacha saothair atá dlite, agus an t-airgeadra iomchuí; an t-am a bheidh íocaíocht dlite; agus nósanna imeachta íocaíochta.

9. **Dáta cur i bhfeidhm, fad an Chonartha agus foirceannadh**

9.1. **Dáta cur i bhfeidhm agus fad**

9.1.1. Tagann an Conradh seo [ROGHA 1] [i bhfeidhm láithreach] [ROGHA 2] [i bhfeidhm ón (*sonraigh an dáta*)].

9.1.2. [ROGHA] [Tugtar an Conradh seo i gcrích le haghaidh [ROGHA 1] [tréimhse neamhchinntithe] [ROGHA 2] [tréimhse sheasta (*sonraigh*)], faoi réir aon fhoras le haghaidh dul in éag nó foirceannadh faoin gConradh seo.]

9.1.3. [ROGHA] [Ní mór don Chomhroinnteoir Sonraí tosú ar na Sonraí a chur ar fáil don Fhaighteoir Sonraí [ROGHA 1] gan moill mhíchuí tar éis don Chonradh teacht i bhfeidhm. [ROGHA 2] an (*cuir isteach an dáta agus, i gcás inarb infheidhme, tuilleadh mionsonraí maidir le huainiú*).]

Más iarraidh ar sholáthar aonuaire sonraí atá ann, is leor an dáta cur i bhfeidhm a chomhaontú i gclásal 9.1.1. Más iarraidh ar sholáthar leanúnach sonraí atá i gceist, beidh ar na Páirtithe fad an Chonartha a chomhaontú agus an chéad rogha nó an dara rogha i gclásal 9.1.2 a roghnú.

9.2. **Foirceannadh ar mhaithe le háisiúlacht**

9.2.1. Féadfaidh an Faighteoir Sonraí an Conradh a fhoirceannadh aon tráth le linn thréimhse an Chonartha trí fhógra *(cuir isteach an tréimhse)* a thabhairt don Chomhroinnteoir Sonraí.

9.2.2. [ROGHA] I gcás ina ndéanann an Faighteoir Sonraí an Conradh a fhoirceannadh faoi chlásal 9.3.1. roimh *(cuir isteach pointe ama nó íostréimhse chonartha)*, ní mór dó an Comhroinnteoir Sonraí a chúiteamh as na costais arna dtabhú ag an gComhroinnteoir Sonraí as na sonraí a chur ar fáil, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, aon tacaíocht bhreise a sholáthar, mar a leanas: *(sonraigh)*

D'fhéadfadh cásanna a bheith ann ina dtabhóidh an Comhroinnteoir Sonraí costais as na Sonraí a chur ar fáil don Fhaighteoir Sonraí, amhail trína bhonneagar digiteach a oiriúnú, agus é ag glacadh leis go n-amúchfar na costais sin le himeachta ama.

Sa chás sin, d'fhéadfadh sé gur mhian leis an gComhroinnteoir Sonraí a áirithiú go bhfaighidh sé cúiteamh ón bhFaighteoir Sonraí.

9.3. **Éifeachtaí an dul in éag nó an fhoirceanta**

9.3.1. Le dul in éag thréimhse an Chonartha nó le foirceannadh an Chonartha seo, scaoiltear an dá Pháirtí óna n-oibleagáid comhlíonadh amach anseo a fheidhmiú agus a ghlacadh ach ní dhéantar difear do na cearta ná do na dliteanais a fabhraíodh suas le tráth an fhoirceanta.

Ní dhéanann dul in éag ná foirceannadh difear d'aon fhoráil sa Chonradh seo maidir le díospóidí a réiteach faoi chlásal 11.6 ná d'aon fhoráil eile atá le hoibriú fiú tar éis dheireadh an Chonartha.

9.3.2. [ROGHA 1] [Ní mór don Chomhroinnteoir Sonraí bearta tacaíochta scoir iomchuí a dhéanamh a bhféadfadh coinne réasúnta a bheith ag an bhFaighteoir Sonraí leo.] [ROGHA 2] [Ní mór don Chomhroinnteoir Sonraí na bearta tacaíochta scoir seo a leanas a dhéanamh: (sonraigh).]

Féadfaidh na Páirtithe a mheas cé acu atá nó nach bhfuil gá ag an bhFaighteoir Sonraí le haon bheart tacaíochta scoir.

Beidh sé sin ábhartha, mar shampla, má ceadaíodh don Fhaighteoir Sonraí Sonraí a bhaint as meán atá faoi rialú ag an gComhroinnteoir Sonraí ach murar asbhaineadh na Sonraí go fóill toisc nach raibh coinne aige go gcuirfí deireadh leis an gConradh.

10. **Leigheasanna ar shárú conartha**

10.1. **Cásanna neamhchomhlíonta**

10.1.1. Is neamhchomhlíonadh bunúsach é neamhchomhlíonadh oibleagáide sna cásanna seo a leanas:

(a) leis an neamhchomhlíonadh, baintear go substaintiúil dá raibh i dteideal ag an bPáirtí eile coinne a bheith aige leis faoin gConradh seo, murar thuar an Páirtí neamhchomhlíontach go mbeadh an toradh sin ann agus mura mbeadh sé intuartha le réasún aige; nó

(b) is léir ó na himthosca nach féidir brath ar an gcaoi a bhfeidhmeoidh an Páirtí neamhchomhlíontach amach anseo.

10.1.2. Maitear neamhchomhlíonadh Páirtí más é is cúis leis bac nach bhfuil neart aige air agus nach bhféadfadh coinne réasúnta a bheith leis go gcuirfeadh an Páirtí sin an bac san áireamh tráth thabhairt i gcrích an Chonartha seo, nó go ndéanfadh sé an bac nó a iarmhairtí a sheachaint nó a shárú.

I gcás nach mbeidh sa bhac ach bac sealadach, beidh maitheamh neamhchomhlíonadh an Pháirtí i bhfeidhm le haghaidh na tréimhse ina mbeidh an bac ann. Mar sin féin, más neamhchomhlíonadh bunúsach atá sa mhoill, féadfaidh an Páirtí eile caitheamh léi amhlaidh.

Ní mór don Pháirtí neamhchomhlíontach a áirithiú go bhfaighidh an Páirtí eile fógra, gan moill mhíchuí, faoin mbac agus faoina éifeacht ar a chumas comhlíonadh tar éis don Pháirtí neamhchomhlíontach teacht ar an eolas faoi na himthosca sin nó faoin tráth a mbeadh coinne réasúnta leis go dtiocfadh sé ar an eolas fúthu. Tá an Páirtí eile i dteideal damáistí i leith damáiste eacnamaíoch as gan an fógra sin a fháil.

10.2. **Leigheasanna ar shárú**

10.2.1. I gcás neamhchomhlíonadh ag Páirtí, beidh na leigheasanna a liostaítear sna clásail seo a leanas ag an bPáirtí eile, gan dochar d'aon leigheas atá ar fáil faoin dlí is infheidhme.

10.2.2. Féadfar leigheasanna nach bhfuil ar neamhréir a charnadh.

10.2.3. Ní fhéadfaidh Páirtí dul i muinín leighis a mhéid atá sé ina chúis le neamhchomhlíonadh an Pháirtí eile, amhail i gcás ina bhfágann easnamh ina bhonneagar sonraí féin nárbh fhéidir leis an bPáirtí eile a oibleagáidí a chomhlíonadh go cuí. Ní fhéadfaidh Páirtí brath ach oiread ar éileamh ar dhamáistí a bhain dó a mhéid a d'fhéadfadh sé an damáiste a laghdú trí bhearta réasúnta a dhéanamh.

10.2.4. Is féidir leis an bPáirtí éagóirithe:

(a) an Conradh seo a fhoirceannadh le héifeacht láithreach gan phionós, trí fhógra a thabhairt don Pháirtí eile, más amhlaidh an méid seo a leanas:

i) is neamhchomhlíonadh bunúsach é neamhchomhlíonadh an Pháirtí eile; nó

ii) i gcás neamhchomhlíonadh nach neamhchomhlíonadh bunúsach é, tá fógra tugtha ag an bPáirtí éagóirithe lena gceanglaítear go leigheasfar an neamhchomhlíonadh gan moill mhíchuí agus ní dhearna an Páirtí eile amhlaidh.

(b) damáistí a éileamh i leith díobháil eacnamaíoch a rinneadh dó de dheasca neamhchomhlíonadh an Pháirtí eile nach maitear faoi chlásal 10.1.2;ní bheidh an Páirtí neamhchomhlíontach faoi dhliteanas ach amháin i leith damáiste a thuar sé nó a mbeadh coinne réasúnta lena thuar tráth thabhairt i gcrích an Chonartha seo mar thoradh dóchúil ar a neamhchomhlíonadh, mura rud é gur d'aon ghnó nó trí mhórfhaillí a rinneadh an neamhchomhlíonadh;

(c) a iarraidh go gcomhlíonfaidh an Páirtí neamhchomhlíontach, gan moill mhíchuí, a oibleagáidí faoin gConradh seo, mura mbeadh sé neamhdhleathach nó dodhéanta nó mura mbeadh comhlíonadh sonrach ina chúis le costais ar an bPáirtí neamhchomhlíontach a bheadh díréireach leis an sochar a gheobhadh an Páirtí eile.

10.2.5. [ROGHA] [I gcás ina mainníonn Páirtí a oibleagáidí a chomhlíonadh faoin gConradh seo, íocfaidh sé, in aon chás, na pionóis a leagtar amach go mionsonraithe i bhFoscríbhinn 5, a mheasann na Páirtithe a bheith ina ndamáistí de réir bhrí chlásal 10.2.4(b). Tá sé de cheart ag an bPáirtí neamhchomhlíontach a iarraidh go laghdófar an pionós go dtí méid réasúnta i gcás inar féidir leis a chruthú go bhfuil an pionós thar a bheith iomarcach i ndáil leis an damáiste a eascraíonn as an neamhchomhlíonadh.]

11. **Forálacha ginearálta**

11.1. **Rúndacht**

11.1.1. Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a mheas a bheith ina faisnéis rúnda:

(a) faisnéis a thagraíonn do rúin trádála, do staid airgeadais nó d'aon ghné eile d'oibríochtaí an Pháirtí eile, murar chuir an Páirtí eile an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí;

(b) faisnéis lena leagtar amach an bonn ar a ríomhtar an cúiteamh réasúnta;

(c) faisnéis a thagraíonn d'aon tríú páirtí, mura bhfuil an fhaisnéis sin curtha ar fáil go poiblí acu cheana féin.

11.1.2. Comhaontaíonn an dá Pháirtí gach beart réasúnta a dhéanamh chun an fhaisnéis dá dtagraítear i gclásal 11.1.1. a stóráil go slán agus faoi lánmhuinín agus gan an fhaisnéis sin a nochtadh ná a chur ar fáil d'aon tríú páirtí, mura rud é:

(a) go bhfuil ceann de na Páirtithe faoi oibleagáid dhlíthiúil an fhaisnéis ábhartha a nochtadh nó a chur ar fáil; nó

(b) gur gá do cheann de na Páirtithe an fhaisnéis ábhartha a nochtadh nó a chur ar fáil chun a oibleagáidí faoin gConradh seo a chomhlíonadh; nó

(c) go bhfuair ceann de na Páirtithe toiliú roimh ré ón bPáirtí eile nó ón bpáirtí a sholáthraíonn an fhaisnéis rúnda nó a ndéanann nochtadh na faisnéise sin difear dó.

11.1.3. Leanfaidh na hoibleagáidí rúndachta sin de bheith infheidhme tar éis fhoirceannadh an Chonartha ar feadh tréimhse *(sonraigh an tréimhse)*.

11.1.4. Leis na hoibleagáidí rúndachta sin, ní bhaintear aon oibleagáid níos déine faoi (i) Rialachán (AE) 2016/679 (RGCS), (ii) na forálacha lena gcuirtear Treoir 2002/58/CE nó Treoir (AE) 2016/943 chun feidhme nó (iii) aon dlí eile de chuid an Aontais nó de chuid Ballstáit.

11.2. **Modhanna cumarsáide**

Aon fhógra nó aon chumarsáid eile a cheanglaítear nó a cheadaítear a thabhairt faoin gConradh seo, ní mór é a bheith i scríbhinn agus féadfar é a sheachadadh de láimh, a sheoladh leis an bpost réamhíoctha, nó a tharchur trí mheán leictreonach, lena n-áirítear ríomhphost, ar choinníoll go gcoinneoidh an seoltóir cruthúnas gur seoladh é chuig na seoltaí a liostaítear thíos:

Páirtí	Duine Teagmhála	Seoladh Ríomhphoist	Uimhir theileafóin	Seoladh
Úsáideoir	[Ainm]/[Post]	[Seoladh Ríomhphoist]	[Fón]	[Seoladh]
Faighteoir Sonraí	[Ainm]/[Post]	[Seoladh Ríomhphoist]	[Fón]	[Seoladh]

Measfar go bhfuarthas aon fhógra nó teachtaireacht den sórt sin:

(a) má sheachadtar de láimh é, ar dháta an tseachadta;

(b) má sheoltar leis an bpost réamhíoctha é, ar an tríú lá gnó tar éis a sheolta;

(c) má sheoltar trí mheán leictreonach é, ar dháta an tarchuir, ar choinníoll nach bhfuair an seoltóir aon teachtaireacht earráide lena léirítear nár seachadadh.

11.3. **An Conradh iomlán, leasuithe agus inscoiteacht**

11.3.1. Is é atá sa Chonradh seo (mar aon leis na foscríbhinní a ghabhann leis dá dtagraítear sa Chonradh) an Conradh iomlán idir na Páirtithe i leith ábhar an Chonartha seo agus gabhann sé ionad gach conartha nó comhaontaithe agus tuisceana roimhe sin idir na Páirtithe, ó bhéal nó i scríbhinn, a mhéid a bhaineann le hábhar an Chonartha seo.

11.3.2. Ní bheidh aon leasú ar an gConradh seo bailí ach amháin má chomhaontaíonn na Páirtithe leis i scríbhinn, lena n-áirítear in aon fhoirm leictreonach.

11.3.3. Má chinntear go bhfuil aon fhoráil den Chonradh seo ar neamhní, neamhbhailí, in-neamhnithe nó neamh-infhorfheidhmithe ar cibé cúis, agus má tá an fhoráil sin inscoite ó na téarmaí atá fágtha den Chonradh, ní dhéanfaidh sin difear do na forálacha siúd atá fágtha agus leanfaidh siad de bheith bailí agus infhorfheidhmithe, ach amháin mura bhfuil an fhoráil inscoite ó na forálacha atá fágtha den Chonradh seo. Aon bhearna nó débhríocht sa Chonradh seo a eascraíonn as sin, ní mór déileáil léi i gcomhréir le clásal 11.5.

11.4. **An dlí is infheidhme**

Is le dlí *(sonraigh an Ballstát)* a rialaítear an teagmháil sin.

11.5. **Léirmhíniú**

11.5.1. Ní mór aon fhoráil sa Chonradh seo a léirmhíniú ionas go gcomhlíonfar dlí an Aontais nó reachtaíocht náisiúnta eile a ghlactar i gcomhréir le dlí an Aontais, chomh maith le haon dlí náisiúnta is infheidhme atá comhoiriúnach le dlí an Aontais agus nach féidir maolú air trí chomhaontú.

11.5.2. Mura féidir bearna nó débhríocht sa Chonradh seo a réiteach ar an mbealach dá dtagraítear i gclásal 11.5.1, ní mór an Conradh seo a léirmhíniú i bhfianaise na rialacha léirmhínithe dá bhforáiltear leis an dlí is infheidhme (féach clásal 11.4).

11.6. **Díospóidí a réiteach**

11.6.1. Comhaontaíonn na Páirtithe a ndícheall a dhéanamh díospóidí a réiteach go cairdiúil agus, sula dtabharfaidh siad cás os comhair cúirte nó binse, a ndíospóid a chur faoi bhráid [cuir isteach ainm agus sonraí teagmhála comhlachta ar leith um réiteach díospóidí].

11.6.2. [ROGHA] [Beidh dlínse eisiach ag cúirteanna (*sonraigh an Ballstát*) chun an cás a bhaineann leis an gConradh seo a éisteacht.]

Foscríbhinn 1 ina dtugtar tuairisc ar na Sonraí

[le dréachtú ag na Páirtithe]

Foscríbhinn 2 ina bhfuil tuilleadh mionsonraí maidir le Sonraí a chumhdaítear le córas a éilíonn bearta sonracha

[le dréachtú ag na Páirtithe]

Foscríbhinn 3 ina bhfuil mionsonraí maidir le Sonraí Pearsanta agus oibleagáidí na bPáirtithe lena mbaineann

[le dréachtú ag na Páirtithe]

Foscríbhinn 4 ina bhfuil na bearta slándála is infheidhme maidir le Sonraí a chomhroinnt

[le dréachtú ag na Páirtithe]

[ROGHA] Foscríbhinn 5 ina bhfuil mionsonraí maidir le pionóis

[le dréachtú ag na Páirtithe]

IARSCRÍBHINN VI

CLÁSAIL CHONARTHACHA CHAIGHDEÁNACHA

maidir le malartú agus scor

Áirítear ar phríomhchuspóirí Rialachán (AE) 2023/2854 (dá ngairtear an Gníomh um Shonraí anseo feasta) maidir le malartú néalríomhaireachta é a chur ar a gcumas do Chustaiméirí Seirbhísí Próiseála Sonraí (néalseirbhísí agus imeallseirbhísí) an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) malartú idir Soláthraithe a thairgeann an cineál céanna seirbhíse, (ii) malartú chuig bonneagar TFC san áitreabh; nó (iii) úsáid a bhaint as seirbhísí iomadúla ó sholáthraithe éagsúla i gcomhthráth. Dá bhrí sin, sonraítear leis an nGníomh um Shonraí cearta agus oibleagáidí Soláthraithe agus Custaiméirí maidir leis an bpróiseas sin. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do Chustaiméirí measúnú a dhéanamh freisin ar a gcuspóirí maidir le malartú agus, go háirithe, riachtanais shonracha, caiteachas breise nó uainiú. Ní mór don Soláthraí Foinseach, don Chustaiméir agus don Soláthraí Cinn Scríbe oibriú i gcomhar de mheon macánta chun an próiseas malartaithe a dhéanamh éifeachtach, chun aistriú tráthúil Sonraí a chumasú agus chun leanúnachas na Seirbhísí Próiseála Sonraí a choinneáil ar bun (Airteagal 27 den Ghníomh um Shonraí).

Leis na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo, déantar na cearta agus na hoibleagáidí nua a thugtar isteach leis an nGníomh um Shonraí a mhéid a bhaineann leis an bpróiseas malartaithe agus scoir a thiontú ina dtéarmaí conarthacha. Leis an nGníomh um Shonraí, ceanglaítear ar Sholáthraithe conradh i scríbhinn a sholáthar do Chustaiméirí ina leagtar amach socruithe an phróisis malartaithe. Ní mór a shonrú sa Chonradh freisin amlínte maidir le malartú (idirthréimhse uasta 30 lá) agus mionsonraí maidir le haon chostas lena mbaineann (lena n-áirítear pionóis luathfhoirceannta, táillí seirbhíse caighdeánacha (Airteagal 29(4) den Ghníomh um Shonraí agus muirir imeachta). Tá oibleagáidí ann freisin i ndáil leis an bpróiseas malartaithe féin ba cheart a shonrú sa chonradh: cúnamh réasúnta a thabhairt don Chustaiméir (agus d'aon tríú páirtí arna údarú ag an gCustaiméir), leanúnachas gnó a choinneáil ar bun agus ardleibhéal slándála a áirithiú le linn an phróisis malartaithe.

Muirir mhalartaithe

De réir Airteagal 29 den Ghníomh um Shonraí, is féidir le Soláthraí muirir mhalartaithe a choinneáil ar bun suas leis an 12 Eanáir 2027, ach ní féidir iad a bheith níos mó ná na costais arna dtabhú ag an Soláthraí a bhaineann go díreach leis an bpróiseas malartaithe. I gcás malartú tar éis an 12 Eanáir 2027, ní cheadaítear don Soláthraí muirir mhalartaithe a fhorchur. Áirítear ar na muirir mhalartaithe muirir imeachta agus costais eile as gníomhaíochtaí a cheanglaítear ar an soláthraí a dhéanamh mar chuid den phróiseas malartaithe. Áirítear leis sin, mar shampla, costais a bhaineann le huirlisí malartaithe uathoibrithe nó uirlisí tástála a úsáid, i gcás ina n-úsáideann an soláthraí iad sin chun a oibleagáidí faoin nGníomh um Shonraí a chomhlíonadh.

I gcás ina n-úsáidtear Seirbhís Próiseála Sonraí i gcomhthráth le Seirbhís Próiseála Sonraí eile, féadfaidh na Soláthraithe – fiú tar éis an 12 Eanáir 2027 – leanúint de na costais arna dtabhú as imeacht Sonraí a chur ar aghaidh chuig an gCustaiméir (Airteagal 34 den Ghníomh um Shonraí).

I gcás ina sainmhínítear 'muirir mhalartaithe' sa Ghníomh um Shonraí mar mhuirir '*arna ngearradh ag soláthraí seirbhísí próiseála sonraí ar chustaiméir as na gníomhaíochtaí a shainordaítear leis an Rialachán seo maidir le malartú go córas soláthraí éagsúil nó go bonneagar TFC san áitreabh* [...]', sonraítear in Airteagal 25 (2)(a)(i) den Ghníomh um Shonraí freisin nach mór don soláthraí '*cúnamh réasúnach a sholáthar don chustaiméir agus do na tríú páirtithe atá údaraithe ag an gcustaiméir sa phróiseas malartaithe*'. Aon mhuirir a bhaineann le 'cúnamh réasúnach' den sórt sin a sholáthar, ba cheart iad a tharraingt siar le himeacht ama mar a luaitear in Airteagal 29.

Sonraítear leis an nGníomh Sonraí cásanna nach féidir cur chuige caighdeánach a ghlacadh ina leith:

— Airteagal 29(5) '*I gcás inarb ábhartha, cuirfidh soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí faisnéis ar fáil do chustaiméir maidir le seirbhísí próiseála sonraí lena mbaineann malartú an-chasta nó an-chostasach nó seirbhísí a bhfuil sé dodhéanta aistriú ina leith gan cur isteach suntasach ar ailtireacht na sonraí, na sócmhainní digiteacha nó na Seirbhíse,*'

— agus Airteagal 29 (6): *I gcás inarb infheidhme, cuirfidh soláthraithe ... an fhaisnéis ... ar fáil go poiblí.*'

Is féidir teacht ar chlásail chonarthacha chaighdeánacha eile a mholann an Coimisiún i gceangal leis seo agus cumhdaítear leo ábhair shonracha seachas malartú agus scor. Moltar do na Páirtithe machnamh a dhéanamh ar na clásail eile sin a úsáid freisin, toisc gur forbraíodh iad chun go mbeidís comhleanúnach agus go dtreiseoidís a chéile.

Córas sonrach

Is fiú a thabhairt faoi deara go ndéantar foráil le hAirteagal 31 den Ghníomh um Shonraí maidir le heisceachtaí áirithe ar oibleagáidí áirithe dá dtagraítear sna clásail chonarthacha chaighdeánacha malartú agus scor. Mar shampla, tá feidhm ag córas sonrach maidir le Seirbhísí Próiseála Sonraí a mhalartú sna cásanna seo a leanas:

(a) rinneadh an chuid is mó de phríomhghnéithe na Seirbhíse Próiseála Sonraí a shaincheapadh le haghaidh riachtanais shonracha custaiméara aonair NÓ forbraíodh na comhpháirteanna uile chun críocha custaiméara aonair; agus

(b) ní thairgtear na Seirbhísí Próiseála Sonraí sin ar scála leathan tráchtála trí chatalóg seirbhíse an tSoláthraí; agus
(c) i gcás inar chuir an Soláthraí an Custaiméir ar an eolas go cuí nach bhfuil na hoibleagáidí maidir le malartú infheidhme maidir leis an tseirbhís áirithe sin.

D'fhéadfadh sé nach mbeadh feidhm ag oibleagáidí dlíthiúla áirithe, ag brath ar an eisceacht ar leith. Mar sin féin, is faoin gCustaiméir agus faoin Soláthraí atá sé teacht ar chomhaontú maidir le cé acu a áireofar nó nach n-áireofar iad sin ina gComhaontú. Cé nár dréachtaíodh na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo chun cásanna den sórt sin a chumhdach, is féidir fós go mbeidh siad ina n-inspioráid do na páirtithe i gComhaontú/i gconradh a bhaineann leis na seirbhísí sin.

Ba cheart don Soláthraí custaiméirí ionchasacha a chur ar an eolas, i bhfad sula dtabharfar Comhaontú i gcrích, faoi Sheirbhísí sonracha a bhfuil feidhm ag an gcóras sonrach a leagtar síos in Airteagal 31 den Ghníomh um Shonraí maidir leo.

Ní chuireann aon ní cosc ar an Soláthraí na seirbhísí sin a chur in úsáid ar scála ar deireadh, agus sa chás sin bheadh ar an Soláthraí sin na hoibleagáidí uile maidir le malartú a leagtar síos sa Ghníomh um Shonraí a chomhlíonadh.

Cineálacha cur chuige i leith malartú

Cuireann líon méadaitheach Soláthraithe uirlisí malartaithe féinseirbhíse ar fáil le haghaidh iontráil sonraí, nuair a thosaíonn Custaiméirí ag úsáid seirbhíse, agus imeacht sonraí nuair a stopann Custaiméirí ag úsáid seirbhíse agus nuair a mhalartaíonn siad chuig córas ar an áitreabh nó chuig Soláthraí (Ceann Scríbe) nua. I gcás roinnt Seirbhísí Próiseála Sonraí, d'fhéadfadh sé nach mbeadh uirlisí den sórt sin ann, nó d'fhéadfadh sé nach gcumasóidís malartú iomlán.

Déantar foráil sna clásail chonarthacha chaighdeánacha seo maidir le dhá chur chuige i leith an próiseas malartaithe a phleanáil agus a chur i gcrích:
(a) malartú bunaithe ar an bplean malartaithe agus scoir (Rogha A); agus
(b) malartú agus úsáid á baint as uirlisí uathoibrithe (Rogha B).

Féadfar na roghanna sin a chomhcheangal. Mar shampla, i bh**Foscríbhinn 1** 'Plean Malartaithe agus Scoir', féadfaidh na Páirtithe úsáid uirlisí uathoibrithe a bheartú freisin a bhféadfadh feidhm a bheith aici maidir le cineálacha áirithe seirbhíse nó maidir le roinnt Sonraí.

Faoin dá chur chuige, tá sé d'oibleagáid ar Sholáthraithe deireadh a chur le bacainní ar mhalartú éifeachtach mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2023/2854 trína gcuirfidh na Soláthraithe '*an méid seo a leanas ar fáil don chustaiméir*: *faisnéis ar fáil maidir leis na nósanna imeachta atá ar fáil chun malartú agus portáil chuig an tseirbhís próiseála sonraí, lena n-áirítear faisnéis faoi na modhanna agus na formáidí malartaithe agus portála atá ar fáil chomh maith le srianta agus teorainneacha teicniúla is eol don soláthraí seirbhísí próiseála sonraí*' (Airteagal 26(a)); agus '*éascóidh soláthraí foinseach na seirbhísí próiseála sonraí an próiseas malartaithe trí chumais, faisnéis leormhaith, doiciméadacht, tacaíocht theicniúil agus, i gcás inarb iomchuí, na huirlisí is gá a sholáthar*' (Airteagal 30).

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin nach bhfuil coinne leis go gcomhroinnfidh ná go liostóidh an Soláthraí aon Sonraí a bhaineann go sonrach le feidhmiú inmheánach Sheirbhís Próiseála Sonraí an tSoláthraí i gcás ina mbeidh riosca ann go sárófar rúin trádála an tSoláthraí. De réir na n-oibleagáidí conarthacha a leagtar síos in Airteagal 25(2)(f), ní cheanglaítear ar an Soláthraí ach sonraíocht uileghabhálach a sholáthar maidir le catagóirí na Sonraí sin.

An bhfuil feidhm ag na clásail chonarthacha chaighdeánacha maidir le gach samhail néalseirbhísí (e.g. maidir le conarthaí IaaS, PaaS nó SaaS)?

Tá na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo infheidhme maidir le gach cineál samhlacha de chonarthaí néalseirbhíse, i gcás ina gcomhlíonann an néalseirbhís i gceist an sainmhíniú ar Sheirbhís Próiseála Sonraí a leagtar síos in Airteagal 2(8). De réir an airteagail seo, is seirbhís dhigiteach í 'Seirbhís Próiseála Sonraí' a sholáthraítear do chustaiméir agus lena gcumasaítear rochtain uileláithreach agus rochtain ar líonra ar éileamh ar chomhthiomsú comhroinnte d'acmhainní ríomhaireachta inchumraithe, inscálaithe agus leaisteach de chineál láraithe, dáilte nó an-dáilte, ar féidir iad a sholáthar go tapa agus a scaoileadh leis an méid is lú iarracht bhainistíochta nó idirghníomhaíocht soláthraithe seirbhíse'. Dá bhrí sin, tá feidhm ag forálacha an Ghnímh um Shonraí maidir le cineálacha seirbhíse a léiríonn na saintréithe a liostaítear sa sainmhíniú ar sheirbhísí próiseála sonraí:

— cumasaíonn siad rochtain ar acmhainní ríomhaireachta, lena n-áirítear líonraí, freastalaithe, stóráil, feidhmchláir, agus seirbhísí;

— cumasaíonn siad rochtain ar líonra ar éileamh, rud a chiallaíonn gur féidir le custaiméir na hacmhainní ríomhaireachta sin a sholáthar atá ar fáil thar an líonra agus trí shásraí caighdeánacha, mar shampla trí fhóin phóca, ríomhairí glúine, nó stáisiúin oibre, a sholáthar go haontaobhach;

— is féidir iad a sholáthar agus a scaoileadh go tapa gan ach an iarracht bainistíochta nó an idirghníomhaíocht is lú le soláthraithe seirbhíse, rud a thugann le tuiscint gur féidir an soláthar aontaobhach a dhéanamh gan idirghabháil shuntasach ón soláthraí seirbhíse agus gur féidir iad a chur in úsáid go tapa, rud a ligeann d'eagraíochtaí tosú ag úsáid na n-acmhainní beagnach láithreach;

— tá siad leaisteach agus is féidir iad a sholáthar go tapa, rud a chiallaíonn gur féidir na réitigh a scálú go héasca chun freastal ar riachtanais atá ag athrú agus gur féidir le húsáideoirí an t-éileamh a uasghrádú nó a íosghrádú bunaithe ar a riachtanais.

Ní mór do Sholáthraí a bhfuil na saintréithe sin ag an tseirbhís a chuireann sé ar fáil forálacha an Ghnímh um Shonraí a chomhlíonadh chun malartú idir Seirbhísí Próiseála Sonraí a chumasú. Áirítear leis sin, mar shampla, conarthaí seirbhíse a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 25, muirir mhalartaithe agus imeachta a laghdú agus a bhaint de bhun Airteagal 29, agus gnéithe teicniúla an mhalartaithe a shainítear in Airteagal 30 a chomhlíonadh. Mar sin féin, níl gach ceanglas a chuirtear ar sheirbhísí próiseála sonraí faoi Chaibidil VI den Ghníomh um Shonraí infheidhme maidir le SaaS. Go sonrach, níl coincheap na coibhéise feidhmiúla a leagtar síos in Airteagal 30(1) infheidhme ach amháin maidir le soláthraithe IaaS, agus tá feidhm ag Airteagal 30(2) agus Airteagal 30(3) maidir le soláthraithe PaaS agus SaaS. Leis an dá fhoráil dheireanacha sin, ceanglaítear ar sholáthraithe PaaS agus SaaS comhéadain oscailte a chur ar fáil agus sonraíochtaí idir-inoibritheachta oscailte agus caighdeáin chomhchuibhithe arna bhfoilsiú i stóras AE a chomhlíonadh.

Déantar idirdhealú in Airteagal 30 den Ghníomh um Shonraí idir na nithe seo a leanas:

1. IaaS a shainmhínítear mar '*s[h]eirbhísí próiseála sonraí a bhaineann le hacmhainní ríomhaireachta inscálaithe agus leaisteacha atá teoranta do ghnéithe bonneagair amhail freastalaithe, líonraí agus na hacmhainní fiorúla is gá chun an bonneagar a oibriú, ach nach soláthraíonn rochtain ar na seirbhísí oibriúcháin, ar bhogearraí agus ar fheidhmchláir a stóráiltear, a phróiseáiltear nó a úsáidtear ar bhealach eile ar na heilimintí bonneagair.*'

agus

2. cineálacha eile néalseirbhísí.

Thairis sin, sonraítear in aithris 81 den Ghníomh um Shonraí go gcumhdaítear leis an gcoincheap cineálach 'seirbhísí próiseála sonraí' líon substaintiúil seirbhísí a bhfuil raon an-leathan cuspóirí, feidhmiúlachtaí agus socruithe teicniúla éagsúla acu agus go dtuigtear go coitianta go dtagann siad faoi réim cheann amháin nó níos mó de na trí shamhail seachadta Seirbhíse Próiseála Sonraí, i.e. IaaS, PaaS agus SaaS.

Acmhainneachtaí na bPáirtithe

Soiléirítear le hAirteagal 24 den Ghníomh um Shonraí '*nach mbeidh feidhm ag freagrachtaí na soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí a leagtar síos in Airteagail 23, 25, 29, 30 agus 34, ach amháin maidir leis na seirbhísí, conarthaí nó na cleachtais tráchtála a sholáthraíonn soláthraí foinseach na seirbhísí próiseála sonraí.*'

I measc eilimintí eile, tá eolas ar struchtúr na Sonraí agus ar an ngaol idir Sonraí ag teastáil ionas go saineofar an seicheamh oibríochtaí chun na Sonraí In-onnmhairithe a onnmhairiú. Sa liosta thíos, dá bhrí sin, tugtar treoraíocht ghinearálta do na Páirtithe chun cuidiú leo tuiscint a fháil ar acmhainneacht a chéile a bhuntacaíonn le codanna éagsúla den phróiseas malartaithe. Mar sin féin, níl sa liosta ach liosta táscach agus tá miondifríochtaí tábhachtacha ann a d'fhéadfadh a bheith éagsúil idir na catagóirí samhlacha seirbhíse thíos agus laistigh díobh, ag brath ar an tSeirbhís Próiseála Sonraí ar leith atá i gceist. Ba cheart do na Páirtithe aird ar leith a thabhairt ar na difríochtaí sin.

<u>IaaS</u>

— Is eol don Chustaiméir struchtúr an bhunachair sonraí atá sainithe aige. Níl struchtúr an bhunachair sonraí ar eolas ag an Soláthraí IaaS. Tá an Soláthraí IaaS in ann mionsonraí a thabhairt maidir leis na modhanna portála agus, i gcás inarb iomchuí, na huirlisí is gá.

— Tá an Custaiméir in ann an seicheamh oibríochtaí, tréimhse ama agus na hacmhainní TF is gá a shainiú.

— Tá an Soláthraí in ann a dheimhniú go bhfuil na hacmhainní TF is gá ar fáil le linn na tréimhse ama.

— Tá an Custaiméir in ann an malartú a thionscnamh ag an am a chomhaontaítear.

— Tá an Custaiméir freagrach as na Sonraí a allmhairiú sa timpeallacht chinn scríbe agus é a chur chun feidhme ansin.

<u>PaaS</u>

— Is eol don Chustaiméir struchtúr an bhunachair sonraí atá sainithe aige.

— Tá saintréithe an bhunachair sonraí ar eolas ag an Soláthraí PaaS freisin toisc gur iarr an Custaiméir air seirbhísí amhail leithdháileadh spáis, barrfheabhsú, atheagrú agus cúltacaí a sholáthar.

— Tá taithí phraiticiúil ag an Soláthraí PaaS ar na nósanna imeachta um oibríochtaí amhail cúltacaí. Is eol dóibh na hacmhainní is gá agus an méid ama atá caite. Tá an Soláthraí PaaS in ann mionsonraí a thabhairt maidir leis na modhanna portála agus, i gcás inarb iomchuí, na huirlisí agus an fhaisnéis is gá maidir leis an uainiú agus na hacmhainní TF a theastaíonn.

— Tá an Custaiméir in ann an seicheamh oibríochtaí, tréimhse ama (tréimhse amhail deireadh seachtaine, ar lena linn a bhfuil sé beartaithe ag an gCustaiméir a chórais a chur ar fáil do na húsáideoirí agus nach ndéantar aon nuashonrú sa chaoi go reoitear na Sonraí agus go bhféadfaidh an Custaiméir an malartú a dhéanamh) agus na hacmhainní TF is gá a shainiú.

— Tá an Soláthraí in ann a dheimhniú go bhfuil na hacmhainní TF is gá ar fáil le linn na tréimhse ama.

— Tionscnaíonn an Custaiméir an malartú ag an am a chomhaontaítear.

SaaS

— Níl struchtúr an bhunachair sonraí ar eolas ag an gCustaiméir.

— Is eol don Soláthraí SaaS struchtúr an bhunachair sonraí atá sainithe aige.

— Is eol don Soláthraí SaaS na nósanna imeachta agus an t-am is gá le haghaidh oibríochtaí amhail cúltacaí, barrfheabhsú agus atheagrú.

— I gcás ina suiteáiltear leagan nua den bhogearraí SaaS ina bhfuil leagan nua de struchtúr an bhunachair sonraí, ní neamhghnách an rud é onnmhairiú iomlán a dhéanamh ón seanstruchtúr agus allmhairiú iomlán isteach sa struchtúr nua a dhéanamh ina dhiaidh sin. Tugann an nós imeachta sin léargas praiticiúil don Soláthraí SaaS ar an nós imeachta, ar na hacmhainní agus ar an am is gá chun na Sonraí a onnmhairiú.

— Tá an Soláthraí SaaS in ann mionsonraí a thabhairt maidir leis na modhanna portála agus, i gcás inarb iomchuí, na huirlisí is gá,

— agus faisnéis maidir leis an uainiú agus na hacmhainní TF is gá

— agus na modhanna agus na formáidí onnmhairiúcháin agus an seicheamh oibríochtaí a mholadh


— Tá an Custaiméir freagrach as na Sonraí a allmhairiú sa timpeallacht chinn scríbe agus d'fhéadfadh sé go mbeadh ceanglais agus nótaí trachta aige maidir leis an seicheamh atá beartaithe.

— Tá an Soláthraí SaaS agus an Custaiméir in ann teacht ar chomhaontú maidir leis an seicheamh oibríochtaí, an tréimhse ama agus na hacmhainní TF is gá

— Tá an Soláthraí in ann a dheimhniú go bhfuil na hacmhainní TF is gá ar fáil le linn na tréimhse ama.

— Tionscnaíonn an Soláthraí nó an Custaiméir an malartú ag an am a chomhaontaítear, ag brath ar an uirlis agus ar an seicheamh a chomhaontaítear.

— Tá an Custaiméir freagrach as na Sonraí a allmhairiú isteach sa timpeallacht chinn scríbe.




Gníomhaíochtaí le linn na huastréimhse fógra agus na hidirthréimhse

Malartú a thionscnamh: Le hAirteagal 25(2)(d) den Ghníomh um Shonraí, ceanglaítear go n-áireofar i gconarthaí foráil maidir le huastréimhse fógra chun an próiseas malartaithe a thionscnamh, tréimhse nach faide ná 2 mhí. Leagtar amach sa chlásal seo an fhaisnéis ba cheart don Soláthraí a sholáthar don Chustaiméir sa tréimhse sin agus na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh an Soláthraí tar éis dó an próiseas malartaithe a thionscnamh.

Idirthréimhse: Ceanglaítear le hAirteagal 25(2)(a) den Ghníomh um Shonraí go n-áireofar i gconarthaí forálacha chun go mbeidh an Custaiméir in ann, arna iarraidh sin, malartú chuig Seirbhís Próiseála Sonraí eile nó na Sonraí In-onnmhairithe uile a aistriú chuig bonneagar TFC san áitreabh gan moill mhíchuí, agus in aon chás laistigh de thréimhse nach faide ná an idirthréimhse uasta éigeantach 30 lá féilire dar tús deireadh na huastréimhse fógra.

Ceanglaítear le hAirteagal 25(2)(g) den Ghníomh um Shonraí freisin go n-áireofar sa Chonradh íostréimhse 30 lá féilire ar a laghad chun Sonraí a aisghabháil, tréimhse a thosóidh tar éis fhoirceannadh na hidirthréimhse a chomhaontóidh na Páirtithe.

I gcás nach indéanta go teicniúil go mbeidh idirthréimhse uasta éigeantach 30 lá ann chun malartú a dhéanamh, ní mór don Soláthraí fógra a thabhairt don Chustaiméir laistigh de 14 lá oibre tar éis an iarraidh ar mhalartú a dhéanamh, an neamh-indéantacht theicniúil a mhíniú, agus idirthréimhse mhalartach a léiriú, nach mbeidh níos faide ná 7 mí (Airteagal 25(4)) den Ghníomh um Shonraí). Tá sé de cheart ag an gCustaiméir síneadh a chur leis an idirthréimhse uasta éigeantach uair amháin, go ceann tréimhse a mheasfaidh an Custaiméir a bheith níos iomchuí (Airteagal 25(5) den Ghníomh um Shonraí).



Meastar an Comhaontú Próiseála Sonraí a bheith foirceanta nuair a chuirtear an malartú i gcrích go rathúil nó ag deireadh na huastréimhse fógra, mura mian leis an gCustaiméir malartú a dhéanamh ach a chuid Sonraí In-onnmhairithe agus a chuid Sócmhainní Digiteacha a léirscriosadh ar fhoirceannadh na seirbhíse. Ní gá don Chustaiméir aon fhógra um fhoirceannadh a thabhairt, óir tiocfaidh deireadh leis an gComhaontú go huathoibríoch. Mar sin féin, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus chun a áirithiú go gcosnófar leasanna na bPáirtithe, tá sé d'oibleagáid ar an Soláthraí fógra a thabhairt don chustaiméir faoi fhoirceannadh an Chonartha (Airteagal 25(2)(c) den Ghníomh um Shonraí).

Rogha A: Plean malartaithe agus scoir mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú

Sula dtabharfaí an Conradh i gcrích, d'fhéadfadh na Páirtithe cuimhneamh ar phlean mionsonraithe maidir le malartú agus scor a cheapadh. D'fhéadfadh sé sin a bheith úsáideach, go háirithe i gcás Seirbhísí casta Próiseála Sonraí. Leis an bplean malartaithe agus scoir a áirítear anseo, tugtar fís shoiléir do na Páirtithe ó thús an chaidrimh chonarthaigh maidir leis an bpróiseas malartaithe, lena n-áirítear maidir leis na cineálacha faisnéise, na Sonraí agus na próisis is gá a chomhroinnt idir na Páirtithe chun malartú gan aon mhoill ná tionchar ar sheirbhísí ná ar ghnó an Chustaiméara.

Níl sa teimpléad 'plean malartaithe agus scoir' i bh**Foscríbhinn 1** ach sampla de phlean den sórt sin a thugann tuairim don Chustaiméir maidir leis na ceisteanna a bheidh orthu a chur ar a Sholáthraí agus maidir le struchtúr an phlé sin.

Sampla de sin is ea deighilt na bhfreagrachtaí le linn fheidhmiú an phróisis malartaithe atá ailínithe, i gcás inarb ábhartha, leis na cearta agus na hoibleagáidí a chumhdaítear sa Ghníomh um Shonraí. Agus na cearta agus na hoibleagáidí sin á n-urramú, féadfaidh na Páirtithe a chomhaontú go ndéanfar deighilt dhifriúil nó go n-áireofar tuilleadh mionsonraí.

Ar an gcúis sin, ní hionann an plean agus clásal conarthach caighdeánach. Rogha amháin is ea go gcoimeádfar mar Iarscríbhinn theicniúil ar leithligh í a ghabhfaidh leis an gConradh, rud is féidir leis na Páirtithe a leasú/a thabhairt cothrom le dáta ar leithligh. De rogha air sin, d'fhéadfadh sé gur mhian leis na Páirtithe go mbeadh an Iarscríbhinn ina cuid den Chonradh féin.

D'fhéadfadh an Iarscríbhinn seo a bheith ina plean caighdeánach malartaithe agus scoir arna mholadh ag an Soláthraí agus arna chomhaontú ag an gCustaiméir nó d'fhéadfadh sé a bheith ina plean saincheaptha malartaithe agus scoir arna mholadh ag an Soláthraí don Chustaiméir.

D'fhéadfadh na Páirtithe an plean malartaithe agus scoir a thabhairt cothrom le dáta le linn an Chomhaontaithe de réir mar is gá de bharr na forbartha a thiocfaidh ar na Seirbhísí Próiseála Sonraí agus na Sonraí a chumhdaítear leis an gComhaontú, ag tréimhsí arna gcomhaontú ag na Páirtithe. D'fhéadfadh an nuashonrú sin difear a dhéanamh freisin don idirthréimhse a chomhaontaítear, mar shampla, laistigh de na teorainneacha a leagtar síos leis an nGníomh um Shonraí.

Níl an plean malartaithe agus scoir infheidhme ach amháin i gcás ina malartaíonn an Custaiméir idir Soláthraithe, nó chuig bonneagar TFC san áitreabh; níl sé infheidhme má tá sé beartaithe ag an gCustaiméir a chuid Sonraí a scriosadh ag deireadh na tréimhse fógra.

Rogha B: Uirlisí malartaithe uathoibrithe féinseirbhíse

Cé go mbaintear úsáid fhorleathan as uirlisí malartaithe uathoibrithe féinseirbhíse, d'fhéadfadh dúshláin áirithe a bheith ag baint leo. Ábhar imní ar leith is ea, mar shampla, i gcás SaaS, go bhféadfadh sé nach ndéanfaí roinnt bunachair sonraí ná a gcumraíochtaí a ascnamh i gceart agus/nó go hiomlán, rud a d'fhágfadh go mbeadh ar an Soláthraí idirghabháil a dhéanamh de láimh. Má bhíonn an Soláthraí ag brath ar réiteach féinseirbhíse den sórt sin, tugann na clásail i Rogha B caoi don Chustaiméir a áirithiú go bhfuil faisnéis leordhóthanach sa Chomhaontú maidir leis an bpróiseas agus an uirlis. D'fhéadfadh na heilimintí a áirítear i Rogha A (Plean malartaithe agus scoir mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú) a bheith ina n-inspioráid.

Má úsáideann Soláthraí uirlisí malartaithe chun na gníomhaíochtaí a shainordaítear leis an nGníomh um Shonraí a dhéanamh chun malartú chuig córas soláthraí éagsúil nó chuig bonneagar TFC san áitreabh, mheasfaí gur muirear malartaithe é muirear arna ghearradh ar an gCustaiméir as na huirlisí malartaithe sin a úsáid.

Cad a tharlaíonn mura n-éiríonn leis an malartú? Freastalaíonn clásal 1.7 faoi rogha A agus clásal 2.6 faoi rogha B ar chás nach n-éiríonn leis an malartú trína leagan amach go soiléir na céimeanna a bheidh ar an gCustaiméir (agus ar a Sholáthraí Cinn Scríbe) agus ar an Soláthraí Foinseach a dhéanamh, de mheon macánta, chun malartú rathúil a bhaint amach agus/nó chun an rogha maidir le léirscriosadh Sonraí dá bhforáiltear leis an nGníomh um Shonraí a spreagadh.

Sampla: Molann an Soláthraí Foinseach réiteach SaaS A agus molann an Soláthraí Cinn Scríbe réiteach SaaS B. Iarrann an Custaiméir ar an Soláthraí Foinseach cuidiú leis malartú chuig an Soláthraí Cinn Scríbe trína chuid Sonraí in-onnmhairithe a onnmhairiú agus a aistriú chuig freastalaí sonrach. D'fhéadfadh na cásanna seo a leanas tarlú:

1. Ní mholann an Soláthraí Foinseach uirlisí agus nósanna imeachta éifeachtacha chun na Sonraí In-onnmhairithe uile a onnmhairiú agus a aistriú chuig an bhfreastalaí sonrach;
2. Seachadadh sonraí chuig an bhfreastalaí sonrach ach níl an Custaiméir ná an Soláthraí Cinn Scríbe in ann na Sonraí a uaslódáil i gceart.

1. Rogha A: Plean malartaithe agus scoir mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú

1.1. Faisnéis

1.1.1. Deimhníonn na Páirtithe gur chuir an Soláthraí faisnéis shoiléir ar fáil don Chustaiméir in Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú nó ar a shuíomh gréasáin maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) a tháillí seirbhíse caighdeánacha agus, i gcás inarb infheidhme, pionóis luathfhoirceannta;

(b) na Muirir Mhalartaithe;

(c) seirbhísí lena mbaineann malartú an-chasta nó an-chostasach, nó seirbhísí nach féidir a mhalartú gan cur isteach go mór ar ailtireacht na Sonraí, na Sócmhainní Digiteacha nó na seirbhíse, i gcás inarb ábhartha;

(d) seirbhísí sonracha nach bhfuil na hoibleagáidí maidir le malartú agus scor infheidhme maidir leo, i gcás inarb ábhartha.

Leagtar síos le hAirteagal 31 den Ghníomh um Shonraí córas sonrach le haghaidh Seirbhísí Próiseála Sonraí áirithe. I gcás seirbhísí saincheaptha nó thar a bheith indibhidiúlaithe, níl feidhm ag oibleagáidí malartaithe áirithe. Ní mór do na Páirtithe teacht ar chomhaontú maidir leis an gcaoi a bhféadfaí an malartú sin a dhéanamh (lena n-áirítear an costas). I gcás Seirbhísí Próiseála Sonraí a sholáthraítear mar leagan neamhtháirgthe chun críoch tástála agus meastóireachta agus ar feadh tréimhse theoranta ama, níl feidhm ag na hoibleagáidí maidir le malartú. Cé nár dréachtaíodh na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo chun cásanna den sórt sin a chumhdach, is féidir fós go mbeidh siad ina n-inspioráid do na Páirtithe i gComhaontú a bhaineann leis na seirbhísí sin.

Faoi Airteagal 30(6) den Ghníomh um Shonraí, ní cheanglófar ar Sholáthraithe teicneolaíochtaí nó seirbhísí nua a fhorbairt. Ní cheanglófar orthu ach oiread sócmhainní digiteacha a nochtadh nó a aistriú do Chustaiméir nó do Sholáthraí Seirbhísí Próiseála Sonraí éagsúil, ar sócmhainní iad arb amhlaidh an méid seo a leanas ina leith: (i) tá siad faoi chosaint ag cearta maoine intleachtúla; nó (ii) tá siad ina rún trádála nó (iii) cuireann siad slándáil agus sláine seirbhíse an Chustaiméara nó an tSoláthraí i mbaol.

1.2. **Malartú agus scor**

1.2.1. Comhaontaíonn na Páirtithe 'plean malartaithe agus scoir' (an 'Plean') agus úsáid á baint as an bhfoirm a shonraítear i bhFoscríbhinn 1, ar cuid dhílis den Chomhaontú í agus a chuirfidh na Páirtithe chun feidhme. Tá an méid seo a leanas sa Phlean:

(a) sonraíocht uileghabhálach maidir le gach catagóir Sonraí agus Sócmhainní Digiteacha is féidir a aistriú, lena n-áirítear ar a laghad na Sonraí In-onnmhairithe uile (Airteagal 25(2)(e) den Ghníomh um Shonraí);

(b) sonraíocht uileghabhálach maidir le catagóirí Sonraí a bhaineann go sonrach le feidhmiú inmheánach Sheirbhís Próiseála Sonraí an tSoláthraí a bheidh díolmhaithe ó na Sonraí In-onnmhairithe i gcás ina mbeidh riosca ann go sárófar rúin trádála an tSoláthraí (Airteagal 25(2)(f) den Ghníomh um Shonraí).

(c) faisnéis shoiléir maidir le rioscaí aitheanta don leanúnachas i soláthar na bhfeidhmeanna nó na seirbhísí ar thaobh an tSoláthraí fhoinsigh (Airteagal 25(2)(a)(iii) den Ghníomh um Shonraí).

(d) mionsonraí maidir le cúnamh malartaithe agus scoir, lena n-áirítear na modhanna agus na formáidí portála, agus na céimeanna is gá chun an próiseas malartaithe a dhéanamh;

(e) ainm agus sonraí teagmhála an ionadaí arna ainmniú ag an gCustaiméir agus ag an Soláthraí chun an Plean a dhéanamh;

(f) meastachán ar an am is gá chun na Sonraí agus na Sócmhainní Digiteacha a onnmhairiú agus a aistriú amach as timpeallacht an tSoláthraí fhoinsigh;

Is féidir leis an Soláthraí Foinseach tacú le próiseas malartaithe an Chustaiméara trí mheastachán a dhéanamh ar an am is gá chun na Sonraí In-onnmhairithe a onnmhairiú agus a iompar lasmuigh dá thimpeallacht bunaithe ar an am is gá chun na Sonraí a allmhairiú, ar an méid measta, ar an acmhainneacht líonra agus ar thaithí nó tástálacha roimhe sin. Ar an gcaoi chéanna, is féidir leis an gCustaiméir meastachán a dhéanamh ar an am is gá chun na Sonraí a allmhairiú agus a chur chun feidhme sa timpeallacht cinn scríbe. Ba cheart don dá Pháirtí leas a bhaint as an bhfaisnéis sin chun a fháil amach an bhfuil gá le hidirthréimhse mhalartach.

(g) srianta agus teorainneacha teicniúla, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as Sonraí a stóráil lasmuigh den Aontas Eorpach;

(h) tuairisc ar an seicheamh oibríochtaí malartaithe a mholann an Soláthraí;

(i) tuairisc ar an modh tástála a mholann an Soláthraí má dhéantar tástálacha.

1.2.2. Cuireann an Soláthraí tagairt don chlár ar líne ar fáil don Chustaiméir ina bhfuil struchtúir agus formáidí Sonraí, caighdeáin ábhartha agus sonraíochtaí idir-inoibritheachta oscailte, i gcás ina bhfuil Sonraí In-onnmhairithe le fáil ag [*sonraigh an nasc leis an suíomh*] (Airteagal 26(b) den Ghníomh um Shonraí).

1.2.3. Má cheanglaíonn an Custaiméir é, ní mór don Soláthraí faisnéis a chur ar fáil trí mhodhanna leictreonacha leordhóthanacha lena mínítear na nósanna imeachta ábhartha do phearsanra ainmnithe an Chustaiméara (nó do thríú páirtithe údaraithe).

1.2.4. Má iarrann an Custaiméir é, eagróidh an Soláthraí tástáil, nó cuideoidh sé leis an gCustaiméir tástáil a dhéanamh, mar a chomhaontaítear i bhFoscríbhinn 1, chun a sheiceáil go n-oibríonn an Plean go praiticiúil le haghaidh Sonraí In-onnmhairithe agus Sócmhainní Digiteacha. Má thagann fadhbanna chun cinn le linn na tástála, déanfaidh na Páirtithe anailís de mheon macánta ar na cúiseanna agus comhaontóidh siad réitigh.

1.2.5. Ba cheart don Soláthraí agus don Chustaiméir an Plean a thabhairt cothrom le dáta aon uair is gá nó arna iarraidh sin don Chustaiméir, agus údar leis na hathruithe is gá mar thaca leis sin.

1.3. **An próiseas malartaithe a thionscnamh**

1.3.1. Tionscnaíonn an Custaiméir an malartú trí fhógra um malartú a sheoladh chuig an Soláthraí mar a léirítear i gclásal 1.10, agus an tréimhse fógra [*Tá an tréimhse fógra chomhaontaithe, nach faide ná 2 mhí, le sonrú ag an Páirtithe*] á hurramú aige. Mura mian leis an gCustaiméir ach seirbhísí áirithe agus na Sonraí nó na Sócmhainní Digiteacha a chomhfhreagraíonn dóibh a mhalartú, ní mór é sin a shonrú san fhógra um malartú. [ROGHA] [Tugann an Custaiméir fógra agus úsáid á baint as an bhfoirm i bh**Foscríbhinn 3**].

Faoi réir théarmaí an Chomhaontaithe, féadfaidh an Custaiméir a roghnú gan ach fothacar áirithe seirbhísí arna n-óstáil ag an Soláthraí foinseach a mhalartú. Sa chás sin, ní bhaineann na hoibleagáidí malartaithe ach leis na seirbhísí sin agus leis na Sonraí agus na Sócmhainní Digiteacha a chomhfhreagraíonn dóibh; maidir leis an gcuid eile, tá feidhm fós ag na téarmaí conarthacha a comhaontaíodh roimhe seo.

1.3.2. San fhógra um malartú, cuireann an Custaiméir in iúl don Soláthraí an bhfuil sé beartaithe aige an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) malartú chuig Soláthraí éagsúil Seirbhísí Próiseála Sonraí. Sa chás sin, soláthraíonn an Custaiméir na mionsonraí is gá maidir leis an Soláthraí Cinn Scríbe (Airteagal 25(3)(a) den Ghníomh um Shonraí);

(b) malartú chuig bonneagar TFC san áitreabh ar bonneagar de chuid an Chustaiméara é (Airteagal 25(3)(b) den Ghníomh um Shonraí); nó

(c) gan a chuid Sonraí In-onnmhairithe agus a chuid Sócmhainní Digiteacha a mhalartú ach iad a léirscriosadh agus sin amháin (Airteagal 25(3)(c) den Ghníomh um Shonraí).

(d) [ROGHA] [Tabharfaidh an Custaiméir fógra agus úsáid á baint as an bhfoirm i bh**Foscríbhinn 4**]

1.3.3. Deimhníonn an Soláthraí don Chustaiméir tráth nach déanaí ná [laistigh de 3 lá oibre] go bhfuarthas an fógra um malartú agus úsáid á baint as na modhanna cumarsáide céanna a d'úsáid an Custaiméir.

1.4. **Idirthréimhse**

1.4.1. Tá sé de cheart ag an gCustaiméir malartú gan moill mhíchuí laistigh den idirthréimhse uasta 30 lá. Féadfaidh an Custaiméir teacht ar chomhaontú leis an Soláthraí maidir le hidirthréimhse (*Sonróidh na Páirtithe an idirthréimhse chomhaontaithe, a d'fhéadfadh a bheith suas le 30 lá féilire ar a mhéad*) (Airteagal 25.2(a) den Ghníomh um Shonraí).

1.4.2. I gcás nach féidir leis an Soláthraí an idirthréimhse [uasta éigeantach] a urramú toisc nach bhfuil sé sin indéanta go teicniúil, déanfaidh an Soláthraí an méid seo a leanas (Airteagal 25(4) den Ghníomh um Shonraí):

(a) fógra a thabhairt don Chustaiméir laistigh de 14 lá oibre ón [dáta an fhógra um malartú];

(b) lena léirítear idirthréimhse mhalartach, nach faide ná seacht (7) mí ó dháta an fhógra um malartú a thug an Custaiméir; agus

(c) lena dtugtar sé údar cuí leis an neamh-indéantacht theicniúil.

1.4.3. Deimhníonn an Custaiméir [laistigh de 3 lá oibre] go bhfuarthas an fógra um idirthréimhse mhalartach.

1.4.4. Féadfaidh an Custaiméir síneadh a chur leis an idirthréimhse uair amháin, ar bhonn tréimhse a mheasfaidh sé a bheith níos iomchuí dá chríoch féin, nach faide ná [*sonraigh an líon míonna*] (Airteagal 25(5) den Ghníomh um Shonraí). Sa chás sin, tabharfaidh an Custaiméir fógra don Soláthraí mar a chomhaontaítear i gclásal 1.11 faoina bhfuil beartaithe aige roimh dheireadh na hidirthréimhse bunaidh agus sonróidh sé an idirthréimhse mhalartach. Deimhníonn an Soláthraí [laistigh de 3 lá oibre] go bhfuarthas an fógra sin um shíneadh.

1.4.5. [ROGHA] Tugann an Custaiméir fógra um idirthréimhse mhalartach agus úsáid á baint as an bhfoirm i bhFoscríbhinn 5.

1.5. **Oibleagáidí an tSoláthraí le linn an phróisis malartaithe**

1.5.1. Geallann an Soláthraí go dtabharfaidh sé cúnamh réasúnta don Chustaiméir agus do thríú páirtithe atá údaraithe ag an gCustaiméir sa phróiseas malartaithe nuair a chuirfear tús leis an bpróiseas malartaithe agus i gcaitheamh an phróisis sin sa chaoi go mbeidh an Custaiméir in ann malartú laistigh den idirthréimhse. Chuige sin, ní mór don Soláthraí an méid seo a leanas a dhéanamh, go háirithe:

(a) cumais, faisnéis leordhóthanach (lena n-áirítear an doiciméadacht is gá chun an malartú a chur i gcrích) agus tacaíocht theicniúil a sholáthar; má shainaithnítear fadhbanna, déanfaidh an Soláthraí agus an Custaiméir anailís de mheon macánta ar na cúiseanna agus comhaontóidh siad réitigh;

(b) gníomhú le cúram cuí chun leanúnachas gnó a choinneáil ar bun agus leanúint de na feidhmeanna nó na Seirbhísí faoin gComhaontú a sholáthar (Airteagal 25(2)(a)(ii) den Ghníomh um Shonraí);

(c) ardleibhéal slándála a choinneáil ar bun i gcaitheamh an phróisis malartaithe, go háirithe maidir le slándáil na Sonraí le linn a n-aistrithe (Airteagal 25(2)(a)(iv) den Ghníomh um Shonraí).

1.6. **Oibleagáidí an Chustaiméara le linn an phróisis malartaithe**

1.6.1. Geallann an Custaiméir go ndéanfaidh sé gach beart réasúnta chun malartú éifeachtach a bhaint amach. Tá an Custaiméir freagrach as Sonraí agus Sócmhainní Digiteacha a allmhairiú isteach ina chórais féin nó i gcórais an tSoláthraí Cinn Scríbe agus as na Sonraí agus na Sócmhainní Digiteacha sin a chur chun feidhme laistigh de na córais sin, lena n-áirítear i gcás ina n-úsáidfidh an Custaiméir Seirbhísí tríú páirtí le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin.

1.6.2. Más infheidhme agus gan dochar d'Airteagal 30(6) den Ghníomh um Shonraí, geallann an Custaiméir agus an Soláthraí, nó tríú páirtithe arna sainordú acu, go n-urramóidh siad cearta maoine intleachtúla aon ábhar a sholáthróidh an Soláthraí dóibh sa phróiseas malartaithe, chomh maith le rúin trádála an tSoláthraí. Geallann an Custaiméir go dtabharfaidh sé rochtain ar na hábhair sin do thríú páirtithe arna sainordú aige, agus go gcuirfidh sé ar a gcumas dóibh na hábhair sin a úsáid, a mhéid is gá chun an próiseas malartaithe a chur i gcrích agus a mhéid sin amháin agus gan ach ar údarú sainráite an tSoláthraí. Rochtain ar ábhair an tSoláthraí a bhaineann leis an bpróiseas malartaithe, agus úsáid na n-ábhar sin, atá faoi chosaint ag cearta maoine intleachtúla agus/nó rúin trádála a bhaineann leis an bpróiseas malartaithe, déanfar iad a fhoirceannadh tráth nach déanaí ná deireadh na hidirthréimhse comhaontaithe, lena n-áirítear an idirthréimhse mhalartach, agus na gealltanais rúndachta agus na cearta maoine intleachtúla arna ndeonú ag an Soláthraí á gcomhlíonadh go hiomlán.

1.6.3. Gníomhaíonn an Custaiméir de mheon macánta chun aon treoraíocht a bhaineann leis an bpróiseas malartaithe arna chomhroinnt ag an Soláthraí a chur chun feidhme.

1.6.4. Féadfaidh an Custaiméir méadrachtaí malartaithe rathúil chomh maith le garspriocanna malartaithe a chomhaontú leis an Soláthraí Foinseach agus cuirfidh sé an Soláthraí Foinseach ar an eolas faoina mhéid a bhaintear amach na garspriocanna sin le linn an phróisis malartaithe. In aon chás, ba cheart don Chustaiméir an Soláthraí a chur ar an eolas gur éirigh leis an malartú a chur i gcrích.

I dteannta na n-oibleagáidí sa Chomhaontú seo, tá oibleagáid dhlíthiúil ar na Páirtithe uile lena mbaineann, lena n-áirítear Soláthraithe Cinn Scríbe na Seirbhísí Próiseála Sonraí, a leagtar síos in Airteagal 27 den Ghníomh um Shonraí, dul i gcomhar de mheon macánta chun an próiseas malartaithe a dhéanamh éifeachtach, aistriú tráthúil sonraí a chumasú agus leanúnachas na Seirbhísí Próiseála Sonraí a choinneáil ar bun.

1.7. **Malartú nár éirigh leis**

1.7.1. Mura gcuirtear an próiseas malartaithe i gcrích go rathúil, ní mór do na Páirtithe dul i gcomhar de mheon macánta chun an chúis a shainaithint agus chun cur i gcrích rathúil a bhaint amach, aistriú tráthúil sonraí a chumasú agus leanúnachas na Seirbhísí a choinneáil ar bun. Go sonrach, arna iarraidh sin don Chustaiméir, tacaíonn an Soláthraí leis an gCustaiméir na cúiseanna nár éirigh leis an malartú a shainaithint agus, a mhéid a bhaineann na cúiseanna sainaitheanta le timpeallacht an tSoláthraí nó lena phróisis mhalartaithe, cuireann sé comhairle ar an gCustaiméir maidir le conas is féidir na fadhbanna teicniúla sainaitheanta a réiteach. Na rialacha is infheidhme maidir le muirir mhalartaithe, tá feidhm acu maidir le tacaíocht arna soláthar ag an Soláthraí agus seirbhísí eile de chuid an tSoláthraí dá dtagraítear sa roinn seo.

1.7.2. Féadfaidh an Custaiméir an Soláthraí Cinn Scríbe a údarú chun gníomhú thar a cheann.

1.8. **Aisghabháil Sonraí agus léirscriosadh Sonraí**

1.8.1. Féadfaidh an Custaiméir a chuid Sonraí a aisghabháil nó a léirscriosadh le linn na tréimhse comhaontaithe chun Sonraí a aisghabháil, is é sin [...] lá.

1.8.2. Ag deireadh na tréimhse comhaontaithe chun Sonraí a aisghabháil, agus má cuireadh an próiseas malartaithe i gcrích go rathúil, léirscriosfaidh an Soláthraí na Sonraí In-onnmhairithe agus na Sócmhainní Digiteacha uile arna nginiúint ag an gCustaiméir nó a bhaineann go díreach leis an gCustaiméir. Deimhníonn an Soláthraí [laistigh de x lá oibre] gur cuireadh an léirscriosadh sin i gcrích, cé is moite de na Sonraí pearsanta In-onnmhairithe a bhfuil sé d'oibleagáid ar an Soláthraí a stóráil faoi dhlíthe an Aontais nó faoi dhlíthe náisiúnta.

Tosaíonn aisghabháil sonraí tar éis fhoirceannadh na hidirthréimhse comhaontaithe, tráth nach giorra ná 30 lá féilire tar éis fhoirceannadh na hidirthréimhse a comhaontaíodh idir an Custaiméir agus an Soláthraí. Féadfaidh an Custaiméir a chinneadh gan úsáid a bhaint as a cheart chun na Sonraí a aisghabháil. Sa chás sin, léirscriosfaidh sé na Sonraí as féin (agus féadfaidh sé an Soláthraí a chur ar an eolas faoi mar a luaitear in Airteagal 25((3)(c) den Ghníomh um Shonraí)nó léirscriosfaidh an Soláthraí na Sonraí neamh-aisghafa sin mar a luaitear i gclásail 1.8.2 de Rogha A agus 2.7.2 de Rogha B.

1.9. **Muirir mhalartaithe**

1.9.1. Is mar a leanas na muirir a bheidh le híoc ag an gCustaiméir as malartú [...]

I gcás ina n-úsáidtear roinnt Seirbhísí Próiseála Sonraí i gcomhthráth (cás ina gcuirtear ilnéal in úsáid), ní mheastar gur Muirir Mhalartaithe iad na muirir Imeachta Sonraí agus dá réir sin is féidir iad a fhorchur ar an gCustaiméir chun na costais sin arna dtabhú ag an Soláthraí a chur ar aghaidh, gan bheith níos mó ná na costais iarbhír. In aon chás eile, ní féidir aon mhuirear malartaithe a fhorchur ar an gCustaiméir tar éis an 12 Eanáir 2027 (féach na mínithe maidir le muirir mhalartaithe a áirítear san fhaisnéis tosaigh a ghabhann leis an gclásal conarthach caighdeánach seo).

1.10. **Deireadh a chur leis an bpróiseas malartaithe**

[Féach na clásail chonarthacha chaighdeánacha maidir le foirceannadh]

1.11. **Fógraí**

Comhaontaíonn na Páirtithe go bhfuil aon fhógra eatarthu maidir le malartú agus scor le tabhairt (*líonfaidh na Páirtithe isteach na modhanna cumarsáide roghnaithe lena n-áirítear trí mhodhanna leictreonacha leordhóthanacha*).

1.12. **Ord tosaíochta**

I gcás ina mbeidh aon choinbhleacht nó neamhréireacht idir na clásail sin maidir le malartú agus scor agus aon socrú conarthach, téarma, coinníoll nó Comhaontú eile is infheidhme a bhaineann le malartú idir an tSeirbhís Próiseála Sonraí, beidh tosaíocht ag na clásail sin.

2. **Rogha B: Uirlisí malartaithe uathoibrithe féinseirbhíse a úsáid chun malartú agus scor**

2.1. **Faisnéis**

2.1.1. Sula gcuirtear isteach an t-ordú le haghaidh na Seirbhísí Próiseála Sonraí, cuirfidh an Soláthraí faisnéis shoiléir ar fáil don Chustaiméir maidir leis an méid seo a leanas:

(a) uirlisí malartaithe uathoibrithe féinseirbhíse atá ar fáil le haghaidh na seirbhísí sin ('Uirlisí Malartaithe') agus na coinníollacha a bhaineann lena n-úsáid;

(b) a tháillí seirbhíse caighdeánacha agus, i gcás inarb infheidhme, pionóis luathfhoirceannta;

(c) na Muirir Mhalartaithe, lena n-áirítear na táillí as na huirlisí malartaithe a úsáid.

Leagtar síos le hAirteagal 31 den Ghníomh um Shonraí córas sonrach le haghaidh Seirbhísí Próiseála Sonraí áirithe. I gcás seirbhísí saincheaptha nó thar a bheith indibhidiúlaithe, níl feidhm ag oibleagáidí malartaithe áirithe. Ní mór do na Páirtithe teacht ar chomhaontú maidir leis an gcaoi a bhféadfaí an malartú sin a dhéanamh (lena n-áirítear an costas). I gcás Seirbhísí Próiseála Sonraí a sholáthraítear mar leagan neamhtháirgthe chun críoch tástála agus meastóireachta agus ar feadh tréimhse theoranta ama, níl feidhm ag na hoibleagáidí maidir le malartú. Cé nár dréachtaíodh na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo chun cásanna den sórt sin a chumhdach, is féidir fós go mbeidh siad ina n-inspioráid do na Páirtithe i gComhaontú maidir leis na seirbhísí sin.

De réir Airteagal 30(6) den Ghníomh um Shonraí, ní cheanglófar ar Sholáthraithe teicneolaíochtaí nó seirbhísí nua a fhorbairt. Ní cheanglófar orthu ach oiread sócmhainní digiteacha a nochtadh nó a aistriú do Chustaiméir nó do Sholáthraí Seirbhísí Próiseála Sonraí éagsúil, ar sócmhainní iad arb amhlaidh an méid seo a leanas ina leith: (i) tá siad faoi chosaint ag cearta maoine intleachtúla; nó (ii) tá siad ina rún trádála; nó (iii) cuireann siad slándáil agus sláine seirbhíse an Chustaiméara nó an tSoláthraí i mbaol.

2.1.2. Áirítear an méid seo a leanas sa seicliosta malartaithe i bh**Foscríbhinn 2**, ar dlúthchuid den Chomhaontú í:

(a) sonraíocht uileghabhálach maidir le gach catagóir Sonraí agus Sócmhainní Digiteacha is féidir a aistriú agus úsáid á baint as Uirlisí Malartaithe, lena n-áirítear ar a laghad na Sonraí In-onnmhairithe uile (Airteagal 25(2)(e) den Ghníomh um Shonraí);

(b) sonraíocht uileghabhálach maidir le catagóirí Sonraí a bhaineann go sonrach le feidhmiú inmheánach Sheirbhís Próiseála Sonraí an tSoláthraí a bheidh díolmhaithe ó na Sonraí In-onnmhairithe i gcás ina mbeidh riosca ann go sárófar rúin trádála an tSoláthraí (Airteagal 25(2)(f) den Ghníomh um Shonraí).

(c) faisnéis maidir le nósanna imeachta um malartú agus portáil agus úsáid á baint as Uirlisí Malartaithe, lena n-áirítear modhanna agus formáidí, srianta agus teorainneacha teicniúla (lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as Sonraí a stóráil lasmuigh den Aontas), nósanna imeachta, doiciméadacht, agus i gcás inarb infheidhme, dea-chleachtais, cumais, tacaíocht theicniúil a chuirfidh an Soláthraí ar fáil don Chustaiméir (go háirithe le linn tástála, le linn ullmhú don mhalartú agus le linn malartú), lena n-áirítear aon bheolíne atá ar fáil do Chustaiméirí le linn malartú nó bealaí cumarsáide malartacha agus cásanna tástála; ní mór a mhíniú leis an bhfaisnéis sin conas na Sonraí In-onnmhairithe agus na Sócmhainní Digiteacha uile a mhalartú ar bhealach comhleanúnach comhsheasmhach a bheidh tapa go leor chun malartú éifeachtach a dhéanamh;

(d) meastachán ar an am is gá chun na Sonraí agus na Sócmhainní Digiteacha a onnmhairiú agus a aistriú amach as timpeallacht an tSoláthraí fhoinsigh; i gcás ina n-úsáidtear na hUirlisí Malartacha i gcomhréir le doiciméadacht an tSoláthraí;

(e) faisnéis shoiléir maidir le rioscaí aitheanta don leanúnachas i soláthar na bhfeidhmeanna nó na seirbhísí ar thaobh an tSoláthraí Fhoinsigh (Airteagal 25(2)(a)(iii) den Ghníomh um Shonraí);

(f) na hacmhainní, lena n-áirítear acmhainní TF (amhail freastalaithe, láraonad próiseála (CPU), cuimhne, ionchur/aschur (I/O), bandaleithead), a sholáthróidh an Soláthraí chun malartú éifeachtach a áirithiú agus an nós imeachta um acmhainní TF breise a fháil.

2.1.3. Cuireann an Soláthraí tagairt don chlár ar líne ar fáil don Chustaiméir ina bhfuil struchtúir agus formáidí sonraí, caighdeáin ábhartha agus sonraíochtaí idir-inoibritheachta oscailte, i gcás ina bhfuil Sonraí In-onnmhairithe le fáil ag [*sonraigh an nasc leis an suíomh*] (Airteagal 26(b) den Ghníomh um Shonraí).

2.2. **An próiseas malartaithe a thionscnamh**

2.2.1. Tionscnaíonn an Custaiméir malartú trí fhógra um malartú a sheoladh chuig an Soláthraí, mar a chomhaontaítear i gclásal 2.10, agus an tréimhse fógra [*Tá an tréimhse fógra chomhaontaithe, nach faide ná 2 mhí, le sonrú ag na Páirtithe*] á hurramú aige. Mura mian leis an gCustaiméir ach seirbhísí áirithe agus na Sonraí nó na Sócmhainní Digiteacha a chomhfhreagraíonn dóibh a mhalartú, ní mór é sin a shonrú san fhógra um malartú. [ROGHA] [Tabharfaidh an Custaiméir fógra agus úsáid á baint as an bhfoirm i bh**Foscríbhinn 3**.]

Ní mar a chéile an fógra um malartú agus an fógra um fhoirceannadh conartha. Faoi réir théarmaí an Chomhaontaithe, féadfaidh an Custaiméir a roghnú gan ach fothacar áirithe seirbhísí arna soláthar ag an Soláthraí Foinseach a mhalartú. Sa chás sin, ní bhaineann na hoibleagáidí malartaithe ach leis na seirbhísí sin agus leis na Sonraí agus na Sócmhainní Digiteacha a chomhfhreagraíonn dóibh; maidir leis an gcuid eile, tá feidhm fós ag na téarmaí conarthacha a comhaontaíodh roimhe seo.

2.2.2. San fhógra um malartú, cuireann an Custaiméir in iúl don Soláthraí an bhfuil sé beartaithe aige an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) malartú chuig Soláthraí éagsúil Seirbhísí Próiseála Sonraí; sa chás sin, ba cheart don Chustaiméir na mionsonraí is gá maidir leis an Soláthraí Cinn Scríbe a sholáthar;

(b) malartú chuig bonneagar TFC san áitreabh ar bonneagar de chuid an Chustaiméara é; nó

(c) gan a chuid Sonraí In-onnmhairithe agus a chuid Sócmhainní Digiteacha a mhalartú ach iad a léirscriosadh agus sin amháin.

(d) [ROGHA] [Tabharfaidh an Custaiméir fógra agus úsáid á baint as an bhfoirm i bh**Foscríbhinn 4**]

2.2.3. Féadfaidh an Custaiméir a léiriú freisin san fhógra um malartú an tréimhse (na tréimhsí) ama le haghaidh malartú a dhéanamh agus na hacmhainní TF breise a theastaíonn ón gCustaiméir sna tréimhsí ama sin. Mura bhfuil an Soláthraí in ann na hacmhainní TF sin a áirithiú sna tréimhsí ama sonraithe, ba cheart dó agóid a dhéanamh tráth nach déanaí ná [3 lá oibre] ón bhfógra um malartú a fháil, agus údar cuí a thabhairt agus roinnt 'tréimhsí ama' malartacha a mholadh don Chustaiméir agus an idirthréimhse uasta á hurramú aige.

An tréimhse (na tréimhsí) ama le haghaidh malartú a dhéanamh, is tréimhse í, deireadh seachtaine mar shampla, ar lena linn a bhfuil sé beartaithe ag an gCustaiméir a chórais a chur ar fáil do na húsáideoirí agus nach ndéantar aon nuashonrú sa chaoi go reoitear na Sonraí agus go bhféadfaidh an Custaiméir an malartú a dhéanamh.

2.2.4. Deimhníonn an Soláthraí don Chustaiméir [laistigh de 3 lá oibre] go bhfuarthas an fógra um malartú agus úsáid á baint as na modhanna cumarsáide céanna a d'úsáid an Custaiméir.

D'fhéadfadh sé gur ghá don Chustaiméir an malartú a dhéanamh laistigh de thréimhse shonrach chun cur isteach ar ghnó a íoslaghdú. Thairis sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh acmhainní breise ag teastáil ón Soláthraí Foinseach chun malartú a dhéanamh. Dá bhrí sin, más gá, ba cheart don Chustaiméir na tréimhsí ama ar lena linn a bhfuil sé beartaithe aige malartú a dhéanamh agus na hacmhainní breise a theastaíonn uaidh a chur in iúl (i gcomhréir leis an bhfaisnéis arna soláthar ag an Soláthraí Foinseach). Mura bhfuil an Soláthraí Foinseach in ann na hacmhainní sin a sholáthar laistigh de na tréimhsí ama sin ar chúiseanna a bhfuil údar leo (e.g. cothabháil sceidealaithe seirbhísí a dhéanfadh difear tromchúiseach d'infhaighteacht acmhainní le linn an ama sin), ba cheart dó roghanna malartacha a sholáthar don Chustaiméir lena n-áiritheofaí go ndéanfaí malartú éifeachtach faoi dheireadh na hidirthréimhse uasta.

2.3. **Idirthréimhse**

2.3.1. I gcás nach féidir leis an Soláthraí an idirthréimhse [uasta éigeantach] a urramú toisc nach bhfuil sé sin indéanta go teicniúil, geallann an Soláthraí an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) fógra a thabhairt i scríbhinn don Chustaiméir, lena n-áirítear trí mhodhanna leictreonacha leordhóthanacha, laistigh de 14 lá oibre ón [dáta an fhógra um malartú];

(b) idirthréimhse mhalartach a shonrú, nach faide ná seacht (7) mí ó dháta an fhógra um malartú a thug an Custaiméir; agus

(c) údar cuí a thabhairt leis an neamh-indéantacht theicniúil.

Deimhníonn an Custaiméir [laistigh de 3 lá oibre] go bhfuarthas an fógra sin um shíneadh.

2.3.2. Féadfaidh an Custaiméir síneadh a chur leis an idirthréimhse uair amháin, ar bhonn tréimhse a mheasfaidh sé a bheith níos iomchuí dá chríoch féin, nach faide ná [*sonraigh an líon míonna*]. Sa chás sin, tabharfaidh an Custaiméir fógra i scríbhinn don Soláthraí, lena n-áirítear trí mhodhanna leictreonacha leordhóthanacha, faoina bhfuil beartaithe aige go dtí deireadh na hidirthréimhse bunaidh agus sonróidh sé an idirthréimhse mhalartach. Deimhníonn an Soláthraí [laistigh de 3 lá oibre] go bhfuarthas an fógra sin um shíneadh.

[ROGHA] [Tabharfaidh an Custaiméir fógra agus úsáid á baint as an bhfoirm i bh**Foscríbhinn 5**;

2.4. **Oibleagáidí an tSoláthraí le linn an phróisis malartaithe**

2.4.1. Geallann an Soláthraí go dtabharfaidh sé cúnamh réasúnta don Chustaiméir agus do thríú páirtithe atá údaraithe ag an gCustaiméir sa phróiseas malartaithe nuair a chuirfear tús leis an bpróiseas malartaithe agus i gcaitheamh an phróisis sin sa chaoi go mbeidh an Custaiméir in ann malartú laistigh den idirthréimhse. Chuige sin, ní mór don Soláthraí an méid seo a leanas a dhéanamh, go háirithe:

(a) gníomhú le cúram cuí chun leanúnachas gnó a chothabháil, agus leanúint de na feidhmeanna nó na Seirbhísí faoin gConradh a sholáthar;

(b) ardleibhéal slándála a choinneáil ar bun i gcaitheamh an phróisis malartaithe, go háirithe maidir le slándáil na Sonraí le linn a n-aistrithe; agus

(c) má bhraitear fadhbanna le linn an mhalartaithe agus mura féidir iad a réiteach trí thacaíocht theicniúil, anailís a dhéanamh, in éineacht leis an gCustaiméir, ar na cúiseanna agus na réitigh a chomhaontú.

Fiú i rogha B ‘uirlisí malartaithe uathoibrithe féinseirbhíse’, comhroinneann an Soláthraí an fhreagracht as uainiú an mhalartaithe, mar shampla, má bhíonn na huirlisí rómhall chun malartú rathúil a áirithiú nó má bhíonn moill mhíchuí ar fhreagra an Soláthraí nuair a bhraitheann an Custaiméir fadhb a éilíonn cúnamh ón Soláthraí.

2.5. **Oibleagáidí an Chustaiméara le linn an phróisis malartaithe**

2.5.1. Geallann an Custaiméir go ndéanfaidh sé gach beart réasúnta chun malartú éifeachtach a bhaint amach. Geallann an Custaiméir go mbeidh sé freagrach as Sonraí agus Sócmhainní Digiteacha a allmhairiú isteach ina chórais féin nó i gcórais an tSoláthraí Cinn Scríbe agus as na Sonraí agus na Sócmhainní Digiteacha sin a chur chun feidhme, lena n-áirítear i gcás ina n-úsáidfidh an Custaiméir Seirbhísí tríú páirtí le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin.

2.5.2. Más infheidhme agus gan dochar d’Airteagal 30(6) den Ghníomh um Shonraí, geallann an Custaiméir agus an Soláthraí, nó tríú páirtithe arna sainordú acu, go n-urramóidh siad cearta maoine intleachtúla aon ábhar a sholáthróidh an Soláthraí dóibh sa phróiseas malartaithe, chomh maith le rúin trádála an tSoláthraí. Geallann an Custaiméir go dtabharfaidh sé rochtain ar na hábhair sin do thríú páirtithe arna sainordú aige, agus go gcuirfidh sé ar a gcumas dóibh na hábhair sin a úsáid, a mhéid is gá chun an próiseas malartaithe a chur i gcrích agus a mhéid sin amháin agus gan ach ar údarú sainráite an tSoláthraí. Rochtain ar ábhair an tSoláthraí a bhaineann leis an bpróiseas malartaithe, agus úsáid na n-ábhar sin, atá faoi chosaint ag cearta maoine intleachtúla agus/nó rúin trádála a bhaineann leis an bpróiseas malartaithe, déanfar iad a fhoirceannadh tráth nach déanaí ná deireadh na hidirthréimhse comhaontaithe, lena n-áirítear an idirthréimhse mhalartach, agus na gealltanais rúndachta agus na cearta maoine intleachtúla arna ndeonú ag an Soláthraí á gcomhlíonadh go hiomlán.

2.5.3. Féadfaidh an Custaiméir méadrachtaí malartaithe rathúil chomh maith le garspriocanna malartaithe a chomhaontú leis an Soláthraí Foinseach agus cuirfidh sé an Soláthraí Foinseach ar an eolas faoina mhéid a bhaintear amach na garspriocanna sin le linn an phróisis malartaithe. In aon chás, ba cheart don Chustaiméir an Soláthraí a chur ar an eolas gur éirigh leis an malartú a chur i gcrích.

2.5.4. Gníomhaíonn an Custaiméir de mheon macánta chun aon treoraíocht a bhaineann leis an bpróiseas malartaithe arna chomhroinnt ag an Soláthraí a chur chun feidhme.

I dteannta na n-oibleagáidí sa Chomhaontú seo, tá oibleagáid dhlíthiúil ar na Páirtithe uile lena mbaineann, lena n-áirítear Soláthraithe Cinn Scríbe na Seirbhísí Próiseála Sonraí, a leagtar síos in Airteagal 27 den Ghníomh um Shonraí, dul i gcomhar de mheon macánta chun an próiseas malartaithe a dhéanamh éifeachtach, aistriú tráthúil sonraí a chumasú agus leanúnachas na Seirbhísí Próiseála Sonraí a choinneáil ar bun.

Áirítear an méid seo a leanas, go háirithe, ar na bearta réasúnta a dhéanfaidh an Custaiméir chun malartú éifeachtach a bhaint amach:

— ullmhú don phróiseas malartaithe go hinmheánach (e.g. deireadh a chur leis an rochtain uile ar na Sonraí agus an t-úsáideoir a chur ar an eolas faoi neamh-infhaighteacht an chórais; má chuirtear ar iontaoibh tríú páirtí malartú a dhéanamh, treoracha iomchuí a sholáthar don tríú páirtí sin ionas go n-urramóidh sé an Comhaontú idir an Custaiméir agus an Soláthraí);

— faireachán a dhéanamh ar an bpróiseas malartaithe (e.g. na Sonraí agus na Sócmhainní Digiteacha a onnmhairíodh a sheiceáil le linn malartú chun aon fhadhb a shainaithint láithreach);

— socruithe conarthacha iomchuí leis an Soláthraí Cinn Scríbe nó acmhainní iomchuí a áirithiú le haghaidh malartú ar an áitreabh.

2.6. **Malartú nár éirigh leis**

2.6.1. Mura gcuirtear an próiseas malartaithe i gcrích go rathúil, ní mór do na Páirtithe dul i gcomhar de mheon macánta chun an chúis a shainaithint agus chun cur i gcrích rathúil a bhaint amach, aistriú tráthúil sonraí a chumasú agus leanúnachas na seirbhísí a choinneáil ar bun. Go sonrach, arna iarraidh sin don Chustaiméir, tacaíonn an Soláthraí leis an gCustaiméir na cúiseanna nár éirigh leis an malartú a shainaithint agus, a mhéid a bhaineann na cúiseanna sainaitheanta le timpeallacht an tSoláthraí nó lena phróisis mhalartaithe, cuireann sé comhairle ar an gCustaiméir maidir le conas is féidir na fadhbanna teicniúla sainaitheanta a réiteach. Na rialacha is infheidhme maidir le muirir mhalartaithe, tá feidhm acu maidir le tacaíocht arna soláthar ag an Soláthraí agus seirbhísí eile de chuid an tSoláthraí dá dtagraítear sa roinn seo.

2.6.2. Féadfaidh an Custaiméir an Soláthraí Cinn Scríbe a údarú chun gníomhú thar a cheann.

2.7. **Aisghabháil Sonraí agus léirscriosadh Sonraí**

2.7.1. Comhaontaíonn na Páirtithe go n-aisghabhfaidh nó go léirscriosfaidh an Custaiméir a chuid Sonraí le linn na tréimhse comhaontaithe chun sonraí a aisghabháil, is é sin [...] lá.

2.7.2. Ag deireadh na tréimhse comhaontaithe chun Sonraí a aisghabháil, agus má tá an próiseas malartaithe curtha i gcrích go rathúil, geallann an Soláthraí go léirscriosfaidh sé na Sonraí In-onnmhairithe agus na Sócmhainní Digiteacha uile arna nginiúint ag an gCustaiméir nó a bhaineann leis an gCustaiméir go díreach agus go ndeimhneoidh sé don Chustaiméir go ndearna sé amhlaidh, cé is moite de na Sonraí In-onnmhairithe a bhfuil sé d'oibleagáid ar an Soláthraí a stóráil faoi dhlíthe sainordaitheacha an Aontais nó Bhallstáit an Aontais fad a thugann an Soláthraí fógra don Chustaiméir, má cheadaítear sin leis an dlí, faoi cé na Sonraí In-onnmhairithe a choinneoidh sé, cá fhad a choinneoidh sé iad agus cén foras atá lena gcoinneáil.

Tosaíonn Aisghabháil Sonraí tar éis fhoirceannadh na hidirthréimhse comhaontaithe, tráth nach giorra ná 30 lá féilire tar éis fhoirceannadh na hidirthréimhse a comhaontaíodh idir an Custaiméir agus an Soláthraí. Féadfaidh an Custaiméir a chinneadh gan úsáid a bhaint as a cheart chun na Sonraí a aisghabháil. Sa chás sin, léirscriosfaidh sé na Sonraí as féin (agus féadfaidh sé an Soláthraí a chur ar an eolas faoi mar a luaitear in Airteagal 25(3)(c) den Ghníomh um Shonraí) nó léirscriosfaidh an Soláthraí na Sonraí neamh-aisghafa sin mar a luaitear i gclásail 1.8 faoi Rogha A agus 2.7 faoi Rogha B.

2.8. **Muirir mhalartaithe**

Is mar a leanas na muirir a bheidh le híoc ag an gCustaiméir as malartú [...]

I gcás ina n-úsáidtear roinnt Seirbhísí Próiseála Sonraí i gcomhthráth (cás ina gcuirtear ilnéal in úsáid), ní mheastar gur muirir mhalartaithe iad na muirir Imeachta Sonraí agus, dá réir sin, is féidir iad a fhorchur ar an gCustaiméir chun na costais sin arna dtabhú ag an Soláthraí a chur ar aghaidh, gan bheith níos mó ná na costais iarbhír. Na huirlisí tástála le haghaidh malartú agus tacaíocht réasúnta an tSoláthraí don Chustaiméir leis an tástáil mar a chomhaontaítear sa Phlean, ba cheart a mheas gur cuid den phróiseas malartaithe iad agus, dá thoradh sin, ba cheart na muirir ar na seirbhísí sin a tharraingt siar de réir a chéile i gcomhréir le hAirteagal 29 den Ghníomh um Shonraí.

2.9. **Deireadh a chur leis an bpróiseas malartaithe**

Féach clásal 1 sa chlásal conarthach caighdeánach maidir le foirceannadh.

2.10. **Fógraí**

Comhaontaíonn na Páirtithe go bhfuil aon fhógra eatarthu maidir le malartú agus scor le tabhairt [*líonfaidh na Páirtithe isteach na modhanna cumarsáide roghnaithe lena n-áirítear trí mhodhanna leictreonacha leordhóthanacha*].

2.11. **Ord tosaíochta**

I gcás ina mbeidh aon choinbhleacht nó neamhréireacht idir na clásail sin maidir le malartú agus scor agus aon socrú conarthach, téarma, coinníoll nó Comhaontú eile is infheidhme a bhaineann le malartú idir Seirbhísí Próiseála Sonraí, beidh tosaíocht ag na clásail sin.

Foscríbhinn 1 –

Plean malartaithe agus scoir

1. **Sonraí teagmhála**

(a) Teagmhálaí an tSoláthraí maidir le malartú agus scor: …

(b) Teagmhálaí an Chustaiméara maidir le malartú agus scor: …

2. **Ní mór don Chustaiméir an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar san fhógra i scríbhinn:**

(a) Sonraí lena mbaineann an fógra, de réir na sainaitheanta comhaontaithe i bh**Foscríbhinn 2**.

(b) Ceann scríbe na Sonraí: Bonneagar TFC an Chustaiméara san áitreabh nó Soláthraí Cinn Scríbe, lena n-áirítear sonraíochtaí teicniúla ábhartha maidir leis an suíomh cinn scríbe.

(c) An suíomh inar cheart na Sonraí a onnmhairiú agus a iompar.

3. **Oibleagáidí an tSoláthraí freagra a thabhairt ar an bhfógra i scríbhinn**

Laistigh de ... lá, tabharfaidh an Soláthraí freagra i scríbhinn don Chustaiméir, ina mbeidh an fhaisnéis seo a leanas:

(a) Sonraíocht uileghabhálach maidir le gach catagóir Sonraí atá le haistriú le linn an phróisis malartaithe

i) Sonraí In-onnmhairithe

— Na Sonraí uile a d'allmhairigh an Custaiméir ag tús an Chomhaontaithe Seirbhíse lena n-áirítear meiteashonraí (*Sonraí ionchuir*)

— A, le meiteashonraí: ….. san fhormáid ….

— B, le meiteashonraí: ….. san fhormáid ….

— C, le meiteashonraí: ….. san fhormáid ….

— Na Sonraí uile a comhghineadh go díreach nó go hindíreach de bharr na húsáide a bhain an Custaiméir as an tSeirbhís Próiseála Sonraí:

— D, le meiteashonraí: ….. san fhormáid ….

— E, le meiteashonraí: ….. san fhormáid ….

— F, le meiteashonraí: ….. san fhormáid ….

ii) Sócmhainní Digiteacha:

— L, san fhormáid …

— M, san fhormáid …

(b) Sonraíocht uileghabhálach maidir le catagóirí Sonraí a bhaineann go sonrach le feidhmiú inmheánach Sheirbhís Próiseála Sonraí an tSoláthraí atá le díolmhú ó na Sonraí In-onnmhairithe i gcás ina bhfuil riosca ann go sárófar rúin trádála an tSoláthraí: ...

4. **Na Sonraí atá le malartú a dheimhniú**

Sonróidh an Custaiméir cé na Sonraí agus na Sócmhainní Digiteacha is mian leis a fháil laistigh den idirthréimhse chomhaontaithe (nó den idirthréimhse mhalartach).

5. **Ord, uainiú agus tástáil**

I rith na hidirthréimhse:

(a) is mar a leanas an t-ord agus an t-uainiú a chomhaontaítear chun na Sonraí agus na Sócmhainní Digiteacha roghnaithe a onnmhairiú agus a aistriú: …

(b) tuairisc ar an modh tástála a mholann an Soláthraí: ....

(c) déanfaidh an Soláthraí nó an Custaiméir a úsáideann uirlisí agus próisis an tSoláthraí an t-onnmhairiú agus an t-aistriú chuig an suíomh comhaontaithe a thástáil le cuid de na Sonraí agus na Sócmhainní Digiteacha comhaontaithe, chun an t-ord agus an t-uainiú a dheimhniú nó a oiriúnú;

(d) déanfaidh an Custaiméir allmhairiú isteach agus cur chun feidhme na Sonraí agus na Sócmhainní Digiteacha comhaontaithe ina chórais féin nó i gcórais an tSoláthraí Cinn Scríbe a thástáil;

(e) má bhíonn fadhbanna leis an tástáil nó le torthaí na tástála, cinnfidh an Soláthraí Foinseach agus an Custaiméir an eascraíonn siad as onnmhairiú na Sonraí agus na Sócmhainní Digiteacha comhaontaithe agus as na próisis aistrithe faoi fhreagracht an tSoláthraí nó as na próisis allmhairithe agus cur chun feidhme faoi fhreagracht an Chustaiméara.

6. **An próiseas malartaithe a dhéanamh**

(a) Ní mór don Soláthraí na Sonraí nó na Sócmhainní Digiteacha a onnmhairiú agus a iompar trí mhodhanna leictreonacha nó fisiceacha chuig an suíomh a shonraíonn an Custaiméir agus ní mór don Chustaiméir (nó d'aon tríú páirtí atá údaraithe ag an gCustaiméir) na Sonraí nó na Sócmhainní Digiteacha a allmhairiú isteach ina chórais féin nó i gcórais an tSoláthraí Cinn Scríbe agus na Sonraí nó na Sócmhainní Digiteacha sin a chur chun feidhme laistigh de na córais sin.

(b) Ní mór don Chustaiméir (nó d'aon tríú páirtí atá údaraithe ag an gCustaiméir) na feidhmiúlachtaí a thástáil ina thimpeallacht nó i dtimpeallacht an tSoláthraí Cinn Scríbe laistigh de .... *[Sonróidh na Páirtithe an tréimhse a chomhaontaítear chun an tástáil a dhéanamh]* agus aon fhadhb a eascraíonn as (i) cáilíocht na Sonraí nó na Sócmhainní Digiteacha a onnmhairíodh nó as (ii) faisnéis neamhleor ón Soláthraí a dhoiciméadú don Soláthraí.

(c) Ní mór don Soláthraí freagairt gan moill mhíchuí sa chaoi go mbeidh an Custaiméir in ann malartú laistigh den idirthréimhse éigeantach.

7. **Malartú ar éirigh leis**

Nuair a thabharfaidh an Custaiméir fógra don Soláthraí á rá gur cuireadh an próiseas malartaithe i gcrích go rathúil, geallann an Soláthraí go dtabharfaidh sé fógra don Chustaiméir gan moill mhíchuí faoi fhoirceannadh an chonartha. Mura dtabharfaidh an Custaiméir fógra don Soláthraí faoin malartú a bheith curtha i gcrích go rathúil nó gan bheith, agus má bhíonn foras ag an Soláthraí lena chreidiúint gur chuir an Custaiméir an malartú i gcrích go rathúil, féadfaidh an Soláthraí iarraidh a sheoladh chuig an gCustaiméir lena n-iarrfar air a dheimhniú cé acu ar cuireadh nó nár cuireadh an malartú i gcrích go rathúil. Mura ndeimhneoidh an Custaiméir gur éirigh leis an malartú laistigh de 30 lá féilire ón iarraidh sin, meastar nár éirigh leis an malartú, agus ní dhéanfar an Comhaontú a fhoirceannadh.

Foscríbhinn 2

Seicliosta malartaithe

Luaitear anseo thíos an fhaisnéis a cheanglaítear go sainráite nó is féidir teacht ar an bhfaisnéis a cheanglaítear ag [...]

(a) Sonraíocht uileghabhálach maidir le gach catagóir Sonraí agus Sócmhainní Digiteacha is féidir a aistriú lena n-áirítear ar a laghad na Sonraí In-onnmhairithe uile: ...

(b) Sonraíocht uileghabhálach maidir le catagóirí Sonraí agus Sócmhainní Digiteacha a bhaineann go sonrach le feidhmiú inmheánach Sheirbhís Próiseála Sonraí an tSoláthraí, i gcás ina mbeidh riosca ann go sárófar rúin trádála an tSoláthraí, atá díolmhaithe ó mhalartú: ...

(c) Faisnéis maidir le nósanna imeachta um malartú agus portáil agus úsáid á baint as uirlisí malartaithe: ...

(d) Meastachán ar an am is gá chun na Sonraí agus na Sócmhainní Digiteacha a onnmhairiú agus a aistriú: ...

(e) Rioscaí aitheanta don leanúnachas i soláthar fheidhmeanna nó sheirbhísí an tSoláthraí Fhoinsigh: …

(f) Acmhainní TF a áiritheoidh an Soláthraí le haghaidh malartú éifeachtach: ...

Foscríbhinn 3

Fógra um malartú

[Ainm agus seoladh an tSoláthraí le haghaidh cumarsáide]

[Dáta]

Fógra um malartú

Ainm an Chustaiméara: […]

Conradh: (*ainm agus mionsonraí an Chonartha, e.g. ainm an Chonartha, a uimhir, dáta a fhorghníomhaithe, mar a cheanglaítear leis an gConradh*)

Seirbhísí malartaithe: [*Cumhdaítear iad uile leis an gConradh*] nó [*mura bhfuil ach cuid de na seirbhísí le cumhdach faoi mhalartú, sonraigh seirbhísí nó Sócmhainní Digiteacha sainráite atá faoi réir malartú*]

[ROGHA] [Thar ceann an Chustaiméara, cuirim/cuirimid in iúl duit go dtionscnaíonn an Custaiméir malartú na seirbhísí malartaithe ón (*sonraigh an dáta tosaigh*). Is í an tréimhse fógra (*le sonrú ag an gCustaiméir: 2 mhí ar a mhéad, a d'fhéadfadh a bheith níos giorra de rogha an Chustaiméara*.]

[ROGHA] Thar ceann an Chustaiméara, cuirim/cuirimid in iúl duit go dtionscnaíonn an Custaiméir malartú na seirbhísí, na Sonraí nó na Sócmhainní Digiteacha seo a leanas: …

[ROGHA] Cuireann an Custaiméir in iúl duit go bhfuil sé beartaithe aige malartú chuig [*mionsonraí an tsoláthraí nua/maidir le bonneagar an Chustaiméara san áitreabh*].

[ROGHA] [(*Is infheidhme maidir le malartú uathoibrithe*) Ba mhaith leis an gCustaiméir malartú laistigh den tréimhse (de na tréimhsí) ama seo a leanas: (*sonraigh na dátaí agus mionsonraí*). Iarrann an Custaiméir go mbeadh na hacmhainní TF seo a leanas ar fáil le linn na dtréimhsí ama sin (*le comhlánú ag an gCustaiméir*).]

Sonraí teagmhála an duine atá freagrach as malartú: (*mionsonraí ionadaí an Chustaiméara atá freagrach as an bpróiseas malartaithe*).

_____

[síniú ionadaí údaraithe an Chustaiméara]

Foscríbhinn 4

Fógra scoir

Tá an fhoirm seo infheidhme mura mian leis an gCustaiméir a chuid Sonraí nó a chuid Sócmhainní Digiteacha in-onnmhairithe a mhalartú ach iad a léirscriosadh agus sin amháin faoi Rogha A agus Rogha B araon.

[Ainm agus seoladh an tSoláthraí le haghaidh cumarsáide]

[Dáta]

Fógra scoir

Ainm an Chustaiméara: […]

Conradh: [*ainm agus mionsonraí an Chonartha, e.g. ainm an Chonartha, a uimhir, dáta a fhorghníomhaithe, mar a cheanglaítear leis an gConradh*]

Sonraí/Sócmhainní Digiteacha Léirscriosta: [(*Cumhdaítear iad uile leis an gConradh*] nó [*sonraigh Sonraí nó Sócmhainní Digiteacha sainráite atá faoi réir léirscriosadh]*

[ROGHA] [Thar ceann an Chustaiméara, cuirim/cuirimid in iúl duit go dtionscnaíonn an Custaiméir malartú nach bhfuil i gceist leis ach Sonraí/Sócmhainní Digiteacha Léirscriosta a léirscriosadh ón (*dáta tosaigh*). Is í an tréimhse fógra (*le sonrú ag an gcustaiméir: 2 mhí ar a mhéad, a d'fhéadfadh a bheith níos giorra de rogha an Chustaiméara)*].

[ROGHA] [Sonraí teagmhála an duine atá freagrach as malartú: (*mionsonraí ionadaí an Chustaiméara atá freagrach as an bpróiseas malartaithe)*.]

_____

[síniú ionadaí údaraithe an Chustaiméara]

Foscríbhinn 5

Fógra maidir le hidirthréimhse mhalartach

[Ainm agus seoladh an tSoláthraí le haghaidh cumarsáide]

[Dáta]

Fógra maidir le hidirthréimhse mhalartach

Ainm an Chustaiméara: […]

Conradh: [*Ainm agus mionsonraí an chonartha, e.g. ainm an Chonartha, a uimhir, dáta a fhorghníomhaithe, mar a cheanglaítear leis an gConradh]*

Sonraí/Sócmhainní Digiteacha Léirscriosta: [*Cumhdaítear iad uile leis an gConradh]* nó [*sonraigh Sonraí nó Sócmhainní Digiteacha sainráite atá faoi réir léirscriosadh]*

[ROGHA] [Thar ceann an Chustaiméara, cuirim/cuirimid in iúl duit gur mian leis an gCustaiméir síneadh a chur leis an idirthréimhse go tráth nach déanaí ná an (*dáta*].

[ROGHA] [Sonraí teagmhála an duine atá freagrach as malartú: (*mionsonraí ionadaí an Chustaiméara atá freagrach as an bpróiseas malartaithe*).]

_____

[síniú ionadaí údaraithe an Chustaiméara]

IARSCRÍBHINN VII

CLÁSAIL CHONARTHACHA CHAIGHDEÁNACHA

maidir le foirceannadh

Le Rialachán (AE) 2023/2854 (dá ngairtear an Gníomh um Shonraí anseo feasta), cuirtear ar a gcumas do chustaiméirí Seirbhísí Próiseála Sonraí (i.e. néalseirbhísí agus seirbhísí imeall-ríomhaireachta) malartú idir soláthraithe nó a gcuid Sonraí a aistriú chuig a mbonneagar TFC féin san áitreabh. Imreoidh an malartú tionchar ar cé acu a leanfar den Chomhaontú idir na Páirtithe nó a fhoirceannfar é.

Pléann na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo le foirceannadh an Chomhaontaithe idir an Custaiméir agus an Soláthraí i ndáil le seirbhís ar leith i gcomhthéacs an mhalartaithe. Cumhdaítear leis na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo próiseas foirceanta an chonartha Seirbhíse. Baineann siad sin go díreach leis na clásail chonarthacha chaighdeánacha maidir le malartú agus scor agus déantar foráil leo maidir le féidearthachtaí foirceanta éagsúla agus coinníollacha gaolmhara. De ghnáth, déantar an Comhaontú Próiseála Sonraí a fhoirceannadh (ina iomláine nó go páirteach) nuair a chuirtear an próiseas malartaithe i gcrích go rathúil nó mura mian leis an gCustaiméir malartú chuig Soláthraí eile agus má iarrann sé go léirscriosfaí na sonraí uile agus má éiríonn leis an léirscriosadh sin. Áirítear roinnt roghanna breise sna clásail chonarthacha chaighdeánacha seo chun cúnamh a thabhairt do na Páirtithe i gcásanna nach gcumhdaítear leis an nGníomh um Shonraí.

Féadfar roinnt seirbhísí a chumhdach leis an gComhaontú leis an Soláthraí. Má chuirtear na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo leis an gComhaontú agus má mhalartaíonn an Custaiméir seirbhís amháin chuig Soláthraí Cinn Scríbe agus má fhanann na seirbhísí eile leis an Soláthraí Foinseach, ní fhoirceanntar an Comhaontú ach amháin i ndáil leis an tSeirbhís shonrach sin, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.

I dteannta an fhoirceanta a bhaineann le malartú a chumhdaítear leis na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo, d'fhéadfaí an Comhaontú a fhoirceannadh freisin ar aon fhoras eile le haghaidh foirceannadh a áirítear sa phríomh-Chomhaontú nó dá bhforáiltear leis an dlí is infheidhme. Féadfaidh an Soláthraí cinneadh a dhéanamh an Comhaontú a fhoirceannadh má sháraíonn an Custaiméir a oibleagáidí agus fógra um fhoirceannadh a thabhairt. Sa chás sin, féadfaidh an Custaiméir fógra um malartú a thabhairt, agus dá thoradh sin chuirfí síneadh leis an gComhaontú go dtí go gcuirfí an próiseas malartaithe i gcrích go rathúil.

I gceangal leis seo tá clásail chonarthacha chaighdeánacha eile a mholann an Coimisiún agus cumhdaítear leo ábhair shonracha seachas foirceannadh an Chomhaontaithe. Moltar do na Páirtithe machnamh a dhéanamh ar na clásail eile sin a úsáid freisin, toisc gur forbraíodh iad chun go mbeidís comhsheasmhach agus go dtreiseoidís a chéile.

Cad a áirítear sna clásail chonarthacha chaighdeánacha maidir le foirceannadh?

Cásanna dá bhforáiltear leis an nGníomh um Shonraí: Déanfar an Comhaontú a fhoirceannadh in imthosca sonracha nuair a chuirtear an malartú i gcrích go rathúil (*Teagmhas A*) nó mura mian leis an gCustaiméir malartú a dhéanamh ach má cheanglaíonn sé go léirscriosfar na Sonraí uile agus má éiríonn leis an léirscriosadh sin (*Teagmhas B*). Measfar an Comhaontú a bheith foirceanta nuair a chuirtear an malartú i gcrích go rathúil (*Teagmhas A*) nó ag deireadh na huastréimhse fógra (*Teagmhas B*). Ní gá an fógra um fhoirceannadh a sheirbheáil ná an nós imeachta um fhoirceannadh faoin gComhaontú a leanúint, óir déanfar an Comhaontú a fhoirceannadh go huathoibríoch. Tá sé d'oibleagáid ar an Soláthraí, áfach, fógra a thabhairt don Chustaiméir go meastar an Conradh a bheith foirceanta (Airteagal 25(2)(c) den Ghníomh um Shonraí). Is fógra faisnéiseach é an fógra sin, ó tharla gur foirceannadh an Comhaontú cheana féin. Dá réir sin, fiú má chuireann an Soláthraí moill ar an bhfógra, ní féidir leis aon táille a ghearradh faoin gConradh foirceanta.

Ba cheart don Chustaiméir an Soláthraí a chur ar an eolas, áfach, gur cuireadh an próiseas malartaithe i gcrích go rathúil, ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh an Soláthraí ar an eolas faoi sin. Má tá cúiseanna ag an Soláthraí lena chreidiúint go bhfuil an Custaiméir tar éis malartú go rathúil cheana féin (e.g. ní bhíonn an Custaiméir ag logáil isteach sa tseirbhís nó, níl aon Sonraí ar fos aige sa tseirbhís), féadfaidh an Soláthraí teagmháil a dhéanamh leis an gCustaiméir agus deimhniú a iarraidh gur éirigh leis an malartú. In éagmais freagra ón gCustaiméir, meastar nár cuireadh an malartú i gcrích go rathúil agus leanfaidh an Conradh ar aghaidh (i.e. ní fhoirceanntar é) ar na téarmaí atá aige cheana.

Ní shainmhínítear malartú rathúil leis an nGníomh um Shonraí. I bprionsabal, is faoin gCustaiméir atá sé a chinneadh ar éirigh leis an malartú. Mar sin féin, féadfaidh an Custaiméir, nó an Custaiméir agus an Soláthraí, a chomhaontú go leagfar síos critéir áirithe chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a d'éirigh nó nár éirigh leis an malartú, go háirithe:

(a) cur i gcrích aistriú Sonraí, i.e. cé acu a aistríodh nó nár aistríodh na Sonraí In-onnmhairithe uile agus, más infheidhme, na Sócmhainní Digiteacha uile chuig timpeallacht an tSoláthraí Cinn Scríbe, agus cé acu a coinníodh nó nár coinníodh a gcruinneas, a sláine agus a n-iomláine ar bun; ba cheart na Sonraí In-onnmhairithe agus na Sócmhainní Digiteacha a bheith ag teacht leis na Sonraí agus na Sócmhainní Digiteacha bunaidh gan aon chaillteanas ná éilliú;

(b) cur in úsáid Sócmhainní Digiteacha (más infheidhme); má áiríodh aistriú Sócmhainní Digiteacha sa mhalartú, amhail feidhmchláir dhílse nó cheadúnaithe an Chustaiméara, ba cheart don Chustaiméir a fhíorú an bhfuil na Sócmhainní Digiteacha sin suiteáilte, cumraithe agus ar siúl i dtimpeallacht an tSoláthraí Cinn Scríbe;

(c) tástáil ar sheirbhís nua: sa chéim sin, ba cheart don Chustaiméir a fhíorú an bhfuil na seirbhísí a chuireann an Soláthraí Cinn Scríbe ar fáil ag oibriú mar a bhí beartaithe sula ndéanfaidh sé an malartú; go sonrach, ba cheart don Chustaiméir tástáil feidhmíochta, feidhmiúlachta agus oibríochtúil a dhéanamh ar sheirbhís an tSoláthraí Cinn Scríbe, lena n-áirítear ar Shonraí nó ar Shócmhainní Digiteacha malartaithe chun a mheasúnú an gcomhlíontar a chritéir fíoraithe malartaithe.

I gcás conradh ar théarma seasta, féadfar deireadh a chur leis an malartú sula rachaidh an conradh in éag nó ina dhiaidh sin (sa chás deireanach sin, féach Teagmhas D). Má thagann deireadh leis an malartú roimh dhul in éag an chonartha, rachaidh an Comhaontú in éag freisin. Sa chás sin, d'fhéadfadh pionóis luathfhoirceannta a bheith dlite (Airteagail 23(a), 25.2(c) agus 29(4) den Ghníomh um Shonraí).

Cad a tharlaíonn mura n-éiríonn leis an malartú?

Féach an clásal conarthach caighdeánach maidir le malartú agus scor

Chun cás a réiteach nach n-éiríonn le malartú agus nach féidir an Comhaontú a fhoirceannadh, féadfaidh na Páirtithe gearán a chur faoi bhráid an údaráis inniúil faoin nGníomh um Shonraí, ionas go ndéanfaidh an t-údarás cinneadh. Ba cheart a thuiscint, áfach, gur féidir leis na Páirtithe aon mhodh dlíthiúil atá ar fáil laistigh dá ndlínse a úsáid freisin (e.g. éileamh a chur isteach, urghairí a iarraidh ó chúirteanna sibhialta, etc.).

Dhá chás breise: Tá clásail 1.4 agus 1.5 roghnach, agus cuirtear i láthair iontu dhá chás breise atá le meas ag na Páirtithe. Cé nach luaitear go sainráite iad sa Ghníomh um Shonraí, d'fhéadfadh na cásanna sin tarlú sa chleachtas agus áirítear iad sna clásail chun cuidiú leis na Páirtithe iad a réiteach. Is iad seo a leanas na cásanna sin:

— Is mian leis an gCustaiméir síneadh a chur le hinfhaighteacht a chuid Sonraí ón Soláthraí Foinseach nó an Conradh leis an Soláthraí Foinseach a choinneáil ar bun agus úsáid á baint as rogha chun seirbhís nua a cheannach ar bhonn tréimhse níos faide, cibé acu a dhéantar nó nach ndéantar seirbhís a mhalartú roimh ré nó an tseirbhís a fhoirceannadh go simplí gan aon mhalartú. D'fhéadfadh sé nach mbeadh ach seirbhís feidhmiúlachta teoranta ón Soláthraí Foinseach ag teastáil ón gCustaiméir i.e. infhaighteacht a chuid Sonraí ar feadh na tréimhse níos faide sin a áirithiú nó conradh a bheith i bhfeidhm aige sa chaoi go mbeifear in ann an tseirbhís nua a ordú (*Teagmhas C*).

Sa chás sin, ós rud é go mbeidh na Sonraí ar fáil trí sheirbhís feidhmiúlachta teoranta, ba cheart don Soláthraí Foinseach agus don Chustaiméir Comhaontú nua a thabhairt i gcrích le haghaidh na seirbhíse breise sin nó an Comhaontú atá ann cheana a leasú (féach clásal 1.4.2). Go sonrach, ba cheart do na Páirtithe tréimhse nua a chomhaontú le haghaidh Aisghabháil Sonraí. I gcás Comhaontuithe ginearálta (creat-chomhaontuithe), d'fhéadfadh sé gur mhian leis an gCustaiméir an caidreamh conarthach leis an Soláthraí Foinseach a choinneáil i bhfeidhm chun go mbeidh sé in ann seirbhísí nua a cheannach go tapa gan dul tríd an bpróiseas chun Conradh nua a thabhairt i gcrích, rud a d'fhéadfadh a bheith ina phróiseas fada casta in eagraíochtaí móra.

Sampla le haghaidh Theagmhas C: D'onnmhairigh agus d'aistrigh an Custaiméir a chuid Sonraí go rathúil ón Soláthraí Foinseach chuig an Soláthraí Cinn Scríbe ar cuireadh na Sonraí in úsáid ina thimpeallacht. Sampla eile ba ea go bhféadfadh an Custaiméir cinneadh a dhéanamh an tseirbhís leis an Soláthraí Foinseach a fhoirceannadh gan ascnamh chuig Soláthraí eile ina dhiaidh sin. Sa dá shampla, áfach, ní mian leis an gCustaiméir go léirscriosfaí a chuid Sonraí agus b'fhearr leis go ndéanfaí cóip chúltaca díobh go sábháilte leis an Soláthraí Foinseach a mhairfidh níos faide ná an tréimhse chomhaontaithe chun Sonraí a aisghabháil. Aon seirbhís bhreise den sórt sin arna cumasú ag an Soláthraí Foinseach, ní chuireann sí cosc ar fhoirceannadh an Chomhaontaithe bunaidh agus bheadh soláthar na seirbhíse bunaithe ar Chomhaontú nua nó leasaithe.

— Téann conradh ar théarma seasta in éag sula dtarlaíonn an próiseas malartaithe nó sula gcuirtear i gcrích é (Teagmhas D)

Sampla le haghaidh Theagmhas D: Sampla de sin is ea cás nach dtugann an Custaiméir fógra luath go leor roimh ré. Sa chás sin, níor aistríodh na Sonraí chuig an Soláthraí Cinn Scríbe ar an dáta a rachaidh an Comhaontú leis an Soláthraí Foinseach in éag.

Ba cheart do na Páirtithe a bheith ar an eolas go bhféadfadh sé go gcuirfí seirbhísí ar fionraí le linn an phróisis malartaithe. Sa chás sin, tá feidhm ag an gclásal ginearálta maidir le seirbhísí a chur ar fionraí a áirítear sa Chomhaontú. Tá díolúintí ann do sheirbhísí saincheaptha áirithe. Féach an míniú a ghabhann leis na clásail chonarthacha chaighdeánacha maidir le malartú agus scor.

1. **Foirceannadh**

1.1. **An próiseas foirceanta**

1.1.1. Measfar an Comhaontú a bheith foirceanta idir na Páirtithe i gcás ina dtarlaíonn ceann de na teagmhais seo a leanas:

(a) i gcás inarb infheidhme, ar an bpróiseas malartaithe a thabhairt chun críche go rathúil. Má chuirtear an próiseas malartaithe i gcrích go rathúil sula rachaidh fad comhaontaithe an Chomhaontaithe in éag, beidh feidhm ag na táillí luathfhoirceannta a leagtar amach sa Chomhaontú seo; nó

(b) ag deireadh na huastréimhse fógra i gcás nach mian leis an gCustaiméir a chuid Sonraí in-onnmhairithe agus a chuid Sócmhainní Digiteacha a mhalartú ach iad a léirscriosadh ar fhoirceannadh na seirbhíse.

1.1.2. Má tá aon téarma sa Chomhaontú maidir le foirceannadh faoi réir an dlí is infheidhme, mar a luaitear thíos:

(a) tá Páirtí ag déanamh iarratais ar íocaíochtaí a chur ar fionraí, nó dearbhaíodh Páirtí a bheith féimheach;

(b) níor chomhlíon Páirtí, ar bhealach tráthúil, aon oibleagáid a eascraíonn as an gComhaontú a bhfuil foirceannadh an Chomhaontaithe mar thoradh air nó a bhféadfadh foirceannadh an Chomhaontaithe a bheith mar thoradh air (de réir conartha nó dlí);

(c) bhain athrú úinéireachta nó rialaithe do Pháirtí a bhfuil foirceannadh an Chomhaontaithe mar thoradh air, nó a bhféadfadh foirceannadh an Chomhaontaithe a bheith mar thoradh air, de réir conartha nó dlí;

(d) dearbhaítear go bhfuil an Comhaontú ar neamhní go hiomlán de dhroim sárú nó athrú ar an dlí éigeantach is infheidhme; nó

(e) aon chás eile a bhfuil foirceannadh an Chomhaontaithe mar thoradh air nó a bhféadfadh foirceannadh an Chomhaontaithe a bheith mar thoradh air, de réir conartha nó dlí;

fiú má tharlaíonn aon fhoras le haghaidh foirceannadh le linn an phróisis malartaithe, ní dhéanfar an Comhaontú agus na seirbhísí agus na feidhmeanna comhaontaithe a fhoirceannadh ná ní rachaidh siad in éag sula gcuirfear an próiseas malartaithe i gcrích go rathúil (féach clásal 1.1.1(a)) nó ag deireadh na huastréimhse fógra, i gcás nach mian leis an gCustaiméir ach a chuid Sonraí In-onnmhairithe agus a chuid Sócmhainní Digiteacha a léirscriosadh ar fhoirceannadh seirbhíse (féach clásal 1.1.1(b) mura bhforáiltear a mhalairt leis an dlí éigeantach. Ní dhéanann sé sin difear d'aon cheart ná leigheas eile atá ar fáil do Pháirtí i leith an Pháirtí eile. Tá feidhm aige sin freisin má chuirtear tús leis an bpróiseas malartaithe tar éis don Soláthraí fógra um fhoirceannadh an Chomhaontaithe a thabhairt.

1.1.3. Gan dochar do leigheasanna eile dlí atá ar fáil faoin dlí is infheidhme, ní dhéanfar an Comhaontú a fhoirceannadh ná ní rachaidh sé in éag sula gcuirfear an próiseas malartaithe i gcrích go rathúil, nó sula ndéanfaidh cúirt inniúil cinneadh ábhartha nó sula mbeidh comhaontú idir na Páirtithe.

1.2. **Foirceannadh ar chur i gcrích an mhalartaithe**

1.2.1. Ní dhéanfar an Comhaontú a fhoirceannadh go dtí go mbeidh an próiseas malartaithe curtha i gcrích go rathúil. Nuair a thabharfaidh an Custaiméir fógra don Soláthraí gur cuireadh an próiseas malartaithe i gcrích go rathúil, tabharfaidh an Soláthraí fógra don Chustaiméir gan moill mhíchuí faoi fhoirceannadh an Chomhaontaithe.

1.2.2. Mura dtabharfaidh an Custaiméir fógra don Soláthraí faoin malartú a bheith curtha i gcrích go rathúil nó gan bheith, agus má bhíonn foras ag an Soláthraí, a bhfuil údar leis, lena chreidiúint gur chuir an Custaiméir an malartú i gcrích go rathúil, féadfaidh an Soláthraí iarraidh a sheoladh chuig an gCustaiméir lena n-iarrfar air a dheimhniú cé acu ar cuireadh nó nár cuireadh an malartú i gcrích go rathúil. Mura ndeimhneoidh an Custaiméir laistigh de 30 lá oibre ón iarraidh sin gur cuireadh an malartú i gcrích go rathúil, measfar nár éirigh leis an malartú, agus ní fhoirceannfar an Comhaontú agus leanfar de ar na téarmaí atá ann cheana.

1.3. **Foirceannadh gan mhalartú**

1.3.1. Mura mian leis an gCustaiméir a chuid Sonraí In-onnmhairithe agus a chuid Sócmhainní Digiteacha a mhalartú ach iad a léirscriosadh ar fhoirceannadh na seirbhíse, mar a leagtar amach i gclásal 1.1.1(b), ní féidir go dtarlóidh sé sin ná go measfar é a bheith curtha i gcrích murab amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) tá an [uas]tréimhse fógra chomhaontaithe dulta in éag agus;

(b) tá iarrtha go sainráite ag an gCustaiméir ar an Soláthraí an Léirscriosadh Sonraí a fhorghníomhú, agus mar fhreagairt air sin léirscriosadh na Sonraí go rathúil agus dheimhnigh an Soláthraí é sin;

(c) ag deireadh na tréimhse fógra comhaontaithe, thug an Soláthraí fógra don Chustaiméir faoi fhoirceannadh an Chomhaontaithe.

Cásanna eile [Clásail roghnacha le meas]

1.4. **Síneadh leis an gcoinneáil Sonraí**

1.4.1. Ag deireadh na hidirthréimhse, féadfaidh an Custaiméir cinneadh a dhéanamh gan a chuid Sonraí In-onnmhairithe agus a chuid Sócmhainní Digiteacha uile a léirscriosadh ag deireadh na tréimhse [íosta]/chomhaontaithe chun Sonraí a aisghabháil agus a áirithiú go mbeidh siad ar fáil, lena n-áirítear chun seirbhís feidhmiúlachta teoranta a sholáthar, ar feadh tréimhse fhadaithe shonraithe.

1.4.2. Sa chás sin, comhaontaíonn an Custaiméir agus an Soláthraí (i) an Comhaontú atá ann cheana a leasú chun an tréimhse fhadaithe le haghaidh aisghabháil Sonraí a chumhdach, nó (ii) Comhaontú nua a thabhairt i gcrích le haghaidh seirbhís feidhmiúlachta teoranta.

1.5. **Dul in éag conartha ar théarma seasta roimh mhalartú**

1.5.1. Má tugadh an Comhaontú i gcrích ar bhonn tréimhse sheasta agus i) má shroichtear an dáta éaga sula gcuirtear an próiseas malartaithe i gcrích, agus ii) murar iarr an Custaiméir go léirscriosfaí a chuid Sonraí In-onnmhairithe agus a chuid Sócmhainní Digiteacha, ansin:

(a) tosaíonn an idirthréimhse ar dháta éaga an Chomhaontaithe; tugann an Soláthraí cúnamh réasúnta mar a leagtar amach sna clásail chonarthacha chaighdeánacha maidir le malartú agus scor;

(b) ar an bpróiseas malartaithe a chur i gcrích go rathúil, tá feidhm ag clásal 1.2 agus;

(c) i gcás nach gcuirtear an próiseas malartaithe i gcrích go rathúil, beidh feidhm ag clásal conarthach caighdeánach 1.7 maidir le malartú agus scor faoi Rogha A nó ag clásal 2.6 faoi Rogha B.

1.6. **Fógraí**

Comhaontaíonn na Páirtithe go bhfuil aon fhógra eatarthu i leith na gclásal sin maidir le foirceannadh le tabhairt [*Líonfaidh na Páirtithe isteach an modh cumarsáide roghnaithe lena n-áirítear trí mhodhanna leictreonacha leordhóthanacha]*.

1.7. **Ord tosaíochta**

I gcás ina mbeidh aon choinbhleacht nó neamhréireacht idir na clásail sin maidir le foirceannadh agus aon socrú conarthach, téarma, coinníoll nó Comhaontú eile is infheidhme a bhaineann le foirceannadh an Chomhaontaithe a bhuntacaíonn le soláthar na Seirbhísí Próiseála Sonraí, beidh tosaíocht ag na clásail sin.

IARSCRÍBHINN VIII

CLÁSAIL CHONARTHACHA CHAIGHDEÁNACHA

maidir le slándáil agus leanúnachas gnó

Luaitear in aithris 94 de Rialachán (AE) 2023/285 (dá ngairtear an Gníomh um Shonraí anseo) gur cheart ardleibhéal slándála a choinneáil ar bun i gcaitheamh an phróisis malartaithe, agus gur cheart don Soláthraí gníomhú le cúram cuí chun leanúnachas gnó a choinneáil ar bun agus soláthar na bhfeidhmeanna nó na Seirbhísí faoin gComhaontú a áirithiú, chomh maith le faisnéis shoiléir a sholáthar maidir le rioscaí aitheanta don leanúnachas.

Leis an nGníomh um Shonraí, leagtar síos oibleagáidí ar an Soláthraí chun ardleibhéal slándála agus leanúnachais gnó a áirithiú i ndáil leis an bpróiseas malartaithe. Go sonrach, baineann sé sin le slándáil Sonraí le linn a n-aistrithe agus le slándáil leanúnach na Sonraí le linn na tréimhse aisghabhála (Airteagal 25(2)(a)(iv) den Ghníomh um Shonraí). Cé go n-áirítear ábhair slándála agus leanúnachais gnó go ginearálta sa Chomhaontú maidir le Próiseáil Sonraí agus i ndoiciméid chonarthacha eile, díríonn na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo ar shlándáil agus ar leanúnachas gnó i ndáil leis an bpróiseas malartaithe agus scoir de réir na gceart agus na n-oibleagáidí a thugtar isteach leis an nGníomh um Shonraí.

Leis na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo, comhcheanglaítear clásail maidir le saincheisteanna sonracha slándála agus leanúnachais gnó i gcaitheamh an phróisis malartaithe mar gheall ar an gcomhthéacs agus spiorad comhchosúil a bhaineann leis an tslándáil agus an leanúnachas gnó araon. Cé go n-áirítear forálacha maidir le slándáil agus leanúnachas gnó sa Chomhaontú Seirbhísí, tá roinnt sainiúlachtaí ann a bhaineann leis an bpróiseas malartaithe nach mór léiriú a thabhairt orthu.

D'fhéadfadh an próiseas malartaithe a bheith ina chúis le rioscaí slándála ar leith a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn céimeanna éagsúla den phróiseas malartaithe i ndáil le gnéithe éagsúla de, nach mór aird ar leith a thabhairt orthu, amhail:

i. Próiseáil sonraí;
ii. bainistiú céannachta agus rialú rochtana;
iii. Aistriú sonraí;
iv. Aisghabháil sonraí;
v. rúndacht, sláine agus infhaighteacht leanúnach Sonraí; agus
vi. rioscaí eile a bhaineann le hullmhú do phróiseas malartaithe éifeachtach agus lena fhorghníomhú.

Ar an gcaoi chéanna, ní mór aird ar leith a thabhairt ar rioscaí áirithe leanúnachais gnó i ndáil leis an bpróiseas aistrithe agus machnamh ar leith a dhéanamh orthu. D'fhéadfadh baint a bheith acu sin leis na nithe seo a leanas:

i. leanúnachas gnó a choinneáil ar bun chun ardleibhéal slándála seirbhíse a áirithiú;
ii. leanúint de sholáthar na Seirbhísí faoin gComhaontú;
iii. faisnéis shoiléir a sholáthar maidir le rioscaí aitheanta don leanúnachas i soláthar na Seirbhísí.

I ndáil leis sin, le hAirteagal 25(2)(a)(ii) den Ghníomh um Shonraí, cuirtear d'oibleagáid ar an Soláthraí gníomhú le cúram cuí chun leanúnachas gnó a choinneáil ar bun agus chun soláthar na bhfeidhmeanna nó na Seirbhísí faoin gconradh a áirithiú. Tá sé d'oibleagáid ar an Soláthraí freisin faisnéis shoiléir a sholáthar maidir le rioscaí aitheanta don leanúnachas i soláthar na bhfeidhmeanna nó na Seirbhísí ar thaobh an tsoláthraí fhoinsigh a sholáthraíonn na Seirbhísí Próiseála Sonraí (Airteagal 25(2)(a)(iii) den Ghníomh um Shonraí).

Slándáil rioscabhunaithe agus leanúnachas gnó: I gcás ina ndéanann na clásail chonarthacha chaighdeánacha foráil maidir le socruithe conarthacha, tugtar le tuiscint le cur chuige rioscabhunaithe agus uile-ghuaise maidir le slándáil cur chuige dinimiciúil comhthéacsúil i leith na Seirbhísí agus na samhlacha cur in úsáid is infheidhme agus i leith na húsáide, na riachtanas agus na rioscaí gaolmhara. Is faoin gCustaiméir agus faoin Soláthraí atá sé na bearta agus na rialuithe gaolmhara a shainaithint, a chomhaontú, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu go comhpháirteach chun a áirithiú go mbeidh feabhas ar athléimneacht agus sláine na Seirbhíse ar an iomlán.

Mar shampla, ní mór féachaint chuige go speisialta go mbeidh leibhéil leanúnacha iomchuí agus leibhéil chuntasacha de na nithe seo a leanas ann:

i. Sláine sonraí;
ii. athléimneacht in aghaidh na leochaileachtaí aitheanta uile agus Sonraí á gcur ar fáil lena n-aisghabháil;
iii. sínithe criptiúcháin;
iv. bainistiú speisialta ar rochtain ilfhachtóra;
v. fíorú céannachta, lena n-áirítear údarú;

vi. slándáil an tsuímh gréasáin, na tairsí, an ardáin agus na gComhéadan Feidhmchláir (APInna) gaolmhar;
vii. slándáil ar thaobh an tSoláthraí;
viii. soláthar agus dearbhú thaobh an Chustaiméara, lena n-áirítear slándáil an tSoláthraí (na Soláthraithe) Cinn Scríbe ábhartha;
ix. gníomhaíocht líonra;
x. clárú lántrialach;
xi. Slándáil Sraithe Iompair (SSI), agus slándáil idirthurais eile;
xii. cosaint ar dhiúltú seirbhíse dáilte (DDOS); agus
xiii. beartais agus cleachtais láidre maidir le léirscriosadh Sonraí.

Ba cheart don Soláthraí a bheith in ann a léiriú, ar mhaithe leis an gCustaiméir, go ndéantar na bearta teicniúla, oibríochtúla agus eagraíochtúla maidir le slándáil agus cosaint Sonraí a sholáthar ar bhealach leanúnach iomchuí.

Tá an smaoineamh sin comhchosúil leis an struchtúr agus leis an gcur chuige (i) in Airteagal 25 RGCS agus Airteagal 32 RGCS [Rialachán - 2016/679] faoi seach; (ii) sa Dara Treoir NIS [EUR-Lex)], (iii) sa scéim um dheimhniú cibearshlándála faoin nGníomh um Chibearshlándáil (AE) 2019/881.

Ar shamplaí díobh sin ba cheart don Soláthraí a léiriú, tá:
i. slándáil inmheánach, faireachán dearbhaithe agus beartais maidir le sárú slándála nó beartais eile maidir le láimhseáil teagmhas
ii. comhlíonadh caighdeán áirithe neamhdhílsithe oscailte mar a úsáidtear go coitianta san earnáil ábhartha;
iii. deimhniú nó dearbhú eile i gcomhréir leis an dlí náisiúnta ábhartha is infheidhme nó le scéimeanna Eorpacha ábhartha um dheimhniú cibearshlándála a fhorbraítear faoi Rialachán (AE) 2019/881 (an Gníomh um Chibearshlándáil), nó comhlíontacht eile leo; nó
iv. caighdeáin theicniúla rialála, más infheidhme agus i gcás inarb infheidhme san earnáil (sna hearnálacha) ábhartha.

Rialacháin rioscabhunaithe: I gcás roinnt mhaith Soláthraithe a oibríonn san Aontas, agus i gcás roinnt Custaiméirí, d'fhéadfadh rialacháin rioscabhunaithe áirithe a bheith i bhfeidhm. Is é an toradh a bhíonn air sin de ghnáth leibhéil mhéadaithe oibleagáidí agus freagrachtaí slándála, agus bíonn iarmhairtí níos tromchúisí ag sáruithe agus teagmhais eile, idir iarmhairtí dlíthiúla, clú agus eile. Dá bhrí sin, moltar go mór na rialacháin rioscabhunaithe sin a bhreithniú sula ndéanfar Comhaontú Seirbhísí agus le linn a fhorghníomhaithe.

Seo a leanas roinnt samplaí de rialacháin rioscabhunaithe a bhféadfadh feidhm a bheith acu: an Dara Treoir NIS (NIS2), an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil (CER), an Rialachán maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais (DORA), an Gníomh um Chibear-Athléimneacht (CRA), an Gníomh um Chibearshlándáil agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) chomh maith le rialacha a d'fhéadfadh a bheith ann faoi dhlíthe náisiúnta.

Úsáidtear an téarma 'Teagmhas' sna clásail chonarthacha chaighdeánacha seo i ndáil le slándáil agus leanúnachas gnó araon (*féach an roinn 'Sainmhínithe'*).

Cuimsítear freisin le clásal 1.4, mar shampla, fógraí a thabhairt faoi Airteagal 33 de RGCS, Airteagal 23 den Dara Treoir NIS.

I gceangal leis seo tá clásail chonarthacha chaighdeánacha eile a mholann an Coimisiún agus cumhdaítear leo ábhair shonracha eile seachas slándáil agus leanúnachas gnó. Moltar do na Páirtithe machnamh a dhéanamh ar na clásail eile sin a úsáid freisin, toisc gur forbraíodh iad chun go mbeidís comhleanúnach agus go dtreiseoidís a chéile.

1. **Slándáil agus Leanúnachas Gnó**

1.1. **Ginearálta**

1.1.1. Geallann an Soláthraí go gcuirfidh sé i bhfeidhm na bearta teicniúla agus eagraíochtúla is iomchuí chun a áirithiú go mbeidh an leibhéal slándála agus athléimneachta comhréireach leis na rioscaí a bhaineann leis na Seirbhísí agus leis an úsáid atá beartaithe dóibh agus atá intuartha le réasún maidir leis an bpróiseas malartaithe.

1.1.2. Thairis sin, geallann an Soláthraí go gcoiscfidh sé an cur isteach ar Sheirbhísí agus go gcoinneoidh sé leanúnachas na Seirbhísí ar bun le linn an phróisis malartaithe. Áirítear sa mhéid sin bainistiú leordhóthanach leanúnachais gnó a bheith ann agus a choinneáil ar bun ina n-áirítear pleanáil theagmhasach agus bearta athshlánaithe ó thubaiste bunaithe ar dhea-chleachtas seanbhunaithe agus ar chaighdeáin mhargaidh. Ní mór don Soláthraí na bearta sin a choimeád cothrom le dáta agus a athbhreithniú agus a thástáil go tréimhsiúil.

1.2. **Slándáil**

1.2.1. De bhreis ar chlásal 1.1.1, ní mór don Soláthraí bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur chun feidhme chun a áirithiú go gcoinneofar ardleibhéal slándála ar bun le linn an phróisis malartaithe. Baineann sé sin, go háirithe, le slándáil Sonraí le linn a n-aistrithe agus le slándáil leanúnach na Sonraí le linn na tréimhse chun Sonraí a aisghabháil.

1.2.2. Ní mór don Soláthraí bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur chun feidhme chun leibhéal slándála atá comhréireach le leibhéal na rioscaí a choinneáil ar bun le linn an phróisis malartaithe. Áirítear sa mhéid sin: rioscaí ábhartha a bhaineann le slándáil na Próiseála Sonraí, bainistiú céannachta agus rialú rochtana, iniomparthacht sonraí, aisghabháil sonraí, rúndacht leanúnach sonraí, sláine agus infhaighteacht chomh maith le haon riosca eile a bhaineann le malartú éifeachtach.

1.2.3. Ní mór an méid seo a leanas ar a laghad a áirithiú, gan teorainn, le bearta a chumhdaítear i gclásail 1.1.1 agus 1.2.1:

(a) rúndacht leanúnach, sláine, infhaighteacht na Sonraí agus athléimneacht na Seirbhísí, na Sonraí In-onnmhairithe agus na Sócmhainní Digiteacha;

(b) infhaighteacht agus sláine na Sonraí agus rochtain orthu a athbhunú ar bhealach réasúnta tráthúil i gcás Teagmhais; agus

(c) faireachán leanúnach chomh maith le tástáil, measúnú agus meastóireacht thráthrialta ar éifeachtacht beart teicniúil agus eagraíochtúil chun slándáil na Seirbhísí, na Sonraí In-onnmhairithe agus na Sócmhainní Digiteacha a áirithiú.

1.3. **Leanúnachas gnó**

1.3.1. De bhun chlásal 1.1.2, ní mór don Soláthraí an méid seo a leanas a dhéanamh go háirithe:

(a) gníomhú le cúram cuí chun leanúnachas gnó a choinneáil ar bun agus leanúint de na Seirbhísí faoin gComhaontú a sholáthar; agus

(b) faisnéis shoiléir a sholáthar maidir le rioscaí aitheanta don leanúnachas i soláthar na Seirbhísí.

1.4. **Fógraí**

1.4.1. Comhaontaíonn na Páirtithe go bhfuil aon fhógra eatarthu i leith na gclásal sin maidir le slándáil agus leanúnachas gnó le tabhairt *[líonfaidh na Páirtithe isteach na modhanna cumarsáide roghnaithe lena n-áirítear trí mhodhanna leictreonacha leordhóthanacha]*.

1.4.2. Ní mór don Soláthraí fógra a thabhairt don Chustaiméir faoi aon Teagmhas. Ní mór don Soláthraí fógra a thabhairt gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de 72 uair an chloig ó thagann sé ar an eolas faoin Teagmhas, mura gceanglaítear le hoibleagáidí rialála go dtugtar rabhadh nó fógra comhchosúil laistigh de thréimhse níos giorra.

1.4.3. An fhaisnéis a bhfuil gá ag an gCustaiméir léi chun measúnú a dhéanamh ar iarmhairtí an Teagmhais, ní mór í a áireamh san fhógra ón Soláthraí. Ní mór don Soláthraí cúnamh a thabhairt don Chustaiméir agus dul i gcomhar leis (lena n-áirítear le tríú páirtithe atá údaraithe ag an gCustaiméir) go pras, go héifeachtach, go réasúnta agus gan aon chostas breise a ghearradh maidir le haon ghníomhaíocht imscrúdaithe a bhfuil an Custaiméir i dteideal a dhéanamh i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta is infheidhme.

1.4.4. I gcás ina ndéanann Teagmhas difear don Soláthraí nó inar dócha go ndéanfaidh Teagmhas difear dó, ní mór don Soláthraí an ghníomhaíocht is iomchuí is gá a dhéanamh chun tionchar an Teagmhais a íoslaghdú agus a atarlú a chosc. Ní dhéanann sé sin difear do chearta eile a d'fhéadfadh a bheith ag an gCustaiméir faoin gComhaontú nó faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta is infheidhme.

1.5. **Nithe ilghnéitheacha**

1.5.1. Arna iarraidh sin don Chustaiméir, ní mór don Soláthraí, gan moill mhíchuí, achoimre a sholáthar don Chustaiméir ar phríomheilimintí bhearta slándála an tSoláthraí agus ar an mbainistíocht slándála ghaolmhar a dhéanann sé, ar an mbainistíocht leanúnachais gnó agus teagmhasachta ghaolmhar a dhéanann sé agus ar aon athrú ábhartha ar aon cheann de na nithe thuas.

1.5.2. Arna iarraidh sin don Chustaiméir, ní mór don Soláthraí mionsonraí breise a sholáthar don Chustaiméir gan moill mhíchuí lena gcomhlánófar an achoimre thuasluaite, amhail torthaí tástála agus fianaise dearbhaithe. Sa chás sin, féadfaidh an Soláthraí a cheangal ar an gCustaiméir Comhaontú rúndachta a shíniú sula roinnfidh sé na mionsonraí sin. Mar sin féin, ní mór eisceachtaí an ghnáis a áireamh sa Chomhaontú rúndachta sin agus ní mór gan aon éifeacht a bheith aige ar théarmaí eile na míre seo, ar an gComhaontú nó ar dhlí an Aontais nó ar an dlí náisiúnta is infheidhme. Tá sé de cheart ag an Soláthraí a iarraidh go roinnfí na mionsonraí ar bhonn riachtanais eolais amháin, lena n-áirítear lena Sholáthraí (Sholáthraithe) Ainmnithe nó le soláthróirí tríú páirtí ábhartha eile de chuid an Chustaiméara.

Áirítear ar eisceachtaí sin an ghnáis aon (chuid ábhartha de) fhaisnéis (i) atá san fhearann poiblí cheana féin, (ii) a bhfuil sé d'oibleagáid ar an gCustaiméir a nochtadh i gcás ina bhfuil sé éigeantach déanamh amhlaidh (a) leis an dlí is infheidhme, nó (b) faoi réir aon údarás rialtais nó údarás rialála eile (áirítear gan teorainn sa dá cheann dheireanacha sin ordú cúirte, RGCS, an Dara Treoir NIS).

1.6. **Ord tosaíochta**

Gan dochar do na clásail chonarthacha chaighdeánacha faoi RGCS, i gcás ina mbeidh aon choinbhleacht nó neamhréireacht idir na clásail sin maidir le slándáil agus leanúnachas gnó agus aon socrú conarthach, téarma, coinníoll nó Comhaontú eile is infheidhme a bhaineann le slándáil agus leanúnachas gnó, beidh tosaíocht ag na clásail sin.

IARSCRÍBHINN IX

CLÁSAIL CHONARTHACHA CHAIGHDEÁNACHA

maidir le neamhscaipeadh

Is minic a bhíonn doiciméid choimhdeacha éagsúla i gComhaontuithe Próiseála Sonraí ina dtagraítear d'ábhar agus d'fhaisnéis bhreise is féidir a scaipeadh go forleathan ar fud stórtha éagsúla. Fágann sé sin go bhfuil sé deacair do Chustaiméirí ionchasacha teacht ar an bhfaisnéis uile a theastaíonn uathu chun measúnú a dhéanamh ar oibleagáidí conarthacha agus dlíthiúla na 'bPáirtithe' agus ar impleachtaí na n-oibleagáidí sin.

I gcomhthéacs an phróisis malartaithe, tá an trédhearcacht an-tábhachtach. Ní mór rochtain éasca a bheith ag Custaiméir ionchasach ar fhaisnéis, doiciméid, ábhair agus sonraí teagmhála ábhartha atá cothrom le dáta, fiú sula dtabharfaidh sé conradh i gcrích leis an Soláthraí. Leis na clásail chonarthacha chaighdeánacha maidir le neamhscaipeadh, déantar foráil maidir le siméadracht faisnéise agus cumarsáide.

Cuidíonn na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo leis an gCustaiméir agus leis an Soláthraí araon rochtain éasca phraiticiúil a bheith acu ar fhaisnéis, doiciméid, ábhair agus sonraí teagmhála ábhartha atá cothrom le dáta. Tá sé d'aidhm acu timpeallacht trédhearcachta a chruthú idir na Páirtithe, agus a áirithiú nach mbeidh aon bhacainn chonarthach ar mhalartú ann, trí chaoi a thabhairt don Chustaiméir teacht ar an bhfaisnéis ábhartha nuashonraithe uile maidir lena chearta agus a oibleagáidí sa Chomhaontú. Rannchuideoidh sé sin le caidreamh dlíthiúil cóir cothrom idir an Custaiméir agus an Soláthraí agus, go ginearálta, le cothroime chonarthach, mar a mholtar i Rialachán (AE) 2023/285 (dá ngairtear an Gníomh um Shonraí anseo).

I gceangal leis seo tá clásail chonarthacha chaighdeánacha eile a mholann an Coimisiún agus cumhdaítear leo ábhair shonracha seachas scaipeadh. Moltar do na Páirtithe machnamh a dhéanamh ar na clásail eile sin a úsáid freisin, toisc gur forbraíodh iad chun go mbeidís comhsheasmhach agus go dtreiseoidís a chéile.

1. **Neamhscaipeadh**

1.1. **Coinníollacha & socruithe tosaigh**

1.1.1. Áirithíonn an Soláthraí go mbeidh gach socrú conarthach ar fáil go héasca agus go leanúnach agus go mbeidh rochtain ag an gCustaiméir orthu (a) in aon suíomh slán tiomnaithe amháin ar líne, agus (b) i bhformáid intuigthe atá inléite ag an duine agus inléite ag meaisín chomh maith. Ina theannta sin, áirithíonn an Soláthraí go mbeidh na socruithe conarthacha in-íoslódáilte nó in-onnmhairithe ar bhealach eile ag an gCustaiméir ar bhealach iomlán agus struchtúrtha.

1.1.2. Ní mór an méid seo a leanas, ar a laghad, a áireamh i socruithe conarthacha:

(a) **Ainm & seoladh:** ainm corparáideach oifigiúil iomlán an tSoláthraí mar eintiteas dlítheanach, lena n-áirítear, gan teorainn, a fhoirm dhlíthiúil oifigiúil, a uimhir chlárúcháin náisiúnta, a sheoladh oifigiúil iomlán agus uimhir chlárúcháin CBL;

(b) **Comhaontú cothrom le dáta:** an Comhaontú atá i bhfeidhm faoi láthair, a bhfuil stampa ama air (agus cóipeanna forghníomhaithe den Chomhaontú i gcás ina bhfuil siad ar fáil), lena n-áirítear gach téarma, tairiscint ar glacadh léi, coinníoll, beartas, faisnéis, doiciméadacht, sceideal, foilseán agus iarscríbhinn is infheidhme idir an Soláthraí agus an Custaiméir;

(c) **Taifead stairiúil:** taifead stairiúil de na Comhaontuithe a bhfuil stampa ama orthu, in éineacht, más féidir, le haon téarma coimhdeach agus coinníoll, lena n-áirítear aon bheartas, faisnéis, doiciméadacht, sceideal, foilseán, iarscríbhinn nó aon ní eile is infheidhme idir an Soláthraí agus an Custaiméir

i) lena n-áirítear fianaise ar Athruithe Aontaobhacha Ceadaithe agus dhátaí éifeachtacha na nAthruithe Aontaobhacha Ceadaithe faoi seach mar atá leagtar amach leis na clásail chonarthacha chaighdeánacha maidir le neamhleasú.

I gcás Athruithe Aontaobhacha Ceadaithe agus dhátaí éifeachtacha na nAthruithe Aontaobhacha Ceadaithe faoi seach, féach na clásail chonarthacha chaighdeánacha maidir le neamhleasú.

(d) **Éiceachóras próiseála agus soláthair Sonraí:** an taifead stairiúil cothrom le dáta agus liosta mionsonraithe d'fhochonraitheoirí, próiseálaithe sonraí agus/nó páirtithe leasmhara ábhartha eile de chuid an tSoláthraí in éiceachóras an tslabhra soláthair, lena n-áirítear ainmneacha agus seoltaí mar atá i gclásal 1.1.2 (a) thuas;

(e) **Sonraí teagmhála:** sonraí teagmhála reatha an tSoláthraí lena n-áirítear sonraí maidir le feidhmeanna an phríomhtheagmhálaí, an phríomhtheagmhálaí theicniúil agus an phríomhtheagmhálaí conartha agus riaracháin, lena n-áirítear na teidil feidhme, na huimhreacha teileafóin agus na seoltaí ríomhphoist faoi seach arna gcomhaontú ag na Páirtithe;

(f) **Tuairisciú feidhmíochta oibríochtúla:** i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil, forbhreathnú cothrom le dáta agus stairiúil ar an tuairisciú feidhmíochta oibríochtúla a rinne an Soláthraí maidir leis an tSeirbhís a sholáthraítear agus oibleagáidí eile faoin gComhaontú; agus

(g) **Fógra:** aon fhógra dlíthiúil agus aon fhógra ábhartha eile a bhfuil stampa ama air, ar fógra é idir na Páirtithe nó chuig Páirtí agus a bhaineann leis na socruithe conarthacha mar atá i gclásal 1.1.2 (a) agus (b).

I roinnt cásanna, cuireann an Gníomh um Shonraí d'oibleagáid ar an Soláthraí an fhaisnéis is gá a sholáthar don Chustaiméir. Léirítear na hoibleagáidí sin sna clásail chonarthacha chaighdeánacha ábhartha. Mar shampla, áirítear faisnéis maidir leis na nósanna imeachta atá ar fáil chun Sonraí a mhalartú agus a aistriú (Airteagal 26 den Ghníomh um Shonraí) sna clásail chonarthacha chaighdeánacha maidir le malartú agus scor; léirítear sna clásail chonarthacha chaighdeánacha maidir le slándáil agus leanúnachas gnó agus sna clásail chonarthacha chaighdeánacha maidir le malartú agus scor an oibleagáid faisnéis shoiléir a sholáthar maidir le rioscaí aitheanta do sholáthar leanúnach feidhmeanna/seirbhísí.

1.2. **Ord tosaíochta**

I gcás ina mbeidh aon choinbhleacht nó neamhréireacht idir na clásail sin maidir le neamhscaipeadh doiciméadachta conarthaí is infheidhme agus aon socrú conarthach, téarma, coinníoll nó Comhaontú eile is infheidhme a bhaineann le hábhar na gclásal sin, beidh tosaíocht ag na clásail sin.

IARSCRÍBHINN X

CLÁSAIL CHONARTHACHA CHAIGHDEÁNACHA

maidir le dliteanas

Cé go n-áirítear clásal maidir le dliteanas de ghnáth sa Chomhaontú ginearálta idir an Custaiméir agus an Soláthraí, tugann forálacha na gclásal conarthach caighdeánach seo maidir le dliteanas léiriú ar spiorad Rialachán (AE) 2023/2854 (dá ngairtear an Gníomh um Shonraí anseo feasta) a mhéid a bhaineann lena thábhachtaí atá cearta agus oibleagáidí cothroma, réasúnta agus neamh-idirdhealaitheacha, agus dá réir sin d'fhéadfaidís a bheith ina gcomhlánú úsáideach ar fhorálacha caighdeánacha Comhaontaithe maidir le dliteanas.

Dá bhrí sin, moltar clásal den sórt sin a áireamh toisc go bhfuil sé fíor-riachtanach do chothromaíocht an chaidrimh chonarthaigh idir na Páirtithe agus go soláthraíonn sé dreasachtaí chun na cearta agus na hoibleagáidí arna gcomhaontú ag na Páirtithe a chomhlíonadh. Go sonrach, d'fhéadfadh na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo a bheith ina gcuidiú le cuideachtaí beaga agus meánmhéide agus le heagraíochtaí eile nuair a chomhaontaíonn siad forálacha dliteanais ina gComhaontuithe. Tá sé de shaoirse ag an gCustaiméir agus ag an Soláthraí cearta agus oibleagáidí breise a chomhaontú ina gConradh. Agus úsáid á baint as an gclásal seo, ní scaoiltear na Páirtithe óna áirithiú go gcomhlíonfar aon fhoráil éigeantach is infheidhme de dhlí an Aontais nó den dlí náisiúnta agus í a oiriúnú dá réir.

Sula dtabharfar Comhaontú i gcrích, féadfaidh an Custaiméir an margadh árachais a sheiceáil le haghaidh an táirge árachais is iomchuí dá riachtanais. Moltar comhairle a lorg ó shaineolaí atá speisialaithe san árachas.

I gceangal leis seo tá clásail chonarthacha chaighdeánacha eile a mholann an Coimisiún agus cumhdaítear leo ábhair shonracha seachas dliteanas. Moltar do na Páirtithe machnamh a dhéanamh ar na clásail eile sin a úsáid freisin, toisc gur forbraíodh iad chun go mbeidís comhleanúnach agus go dtreiseoidís a chéile.

Dliteanas neamhtheoranta

Mar riail, ba cheart dliteanas neamhtheoranta a bheith ar gach Páirtí sa Chomhaontú i gcásanna intinne, mí-iompair thoiliúil nó mórfhaillí, lena n-áirítear sárú Páirtí ar oibleagáidí rúndachta i leith Shonraí an Pháirtí eile nó ar oibleagáidí gan Sonraí a úsáid chun críoch seachas na críocha sin a chomhaontaigh na Páirtithe go sainráite.

Leis na clásail chonarthacha chaighdeánacha, moltar go ndeighlfear na cásanna ina ndéantar an sárú d'aon ghnó, agus i gcás inarb é mí-iompar toiliúil is cúis leis, agus go soiléireofar go gcumhdaítear gach gníomhaíocht d'aon ghnó, gan beann ar an dlí lena rialaítear an Conradh. I ndlínsí áirithe, d'fhéadfadh mí-iompar toiliúil a bheith comhchiallach le hintinn. Sna cásanna sin, féadfaidh na Páirtithe a chinneadh gan idirdhealú a dhéanamh idir mí-iompar toiliúil agus intinn.

Tarscaoiltí dliteanais neamhtheoranta

Seirbhísí Próiseála Sonraí a sholáthraítear mar leaganacha neamhtháirgthe chun críoch tástála agus meastóireachta agus ar feadh tréimhse theoranta (Airteagal 31(2) den Ghníomh um Shonraí), ní bheartaítear leo de ghnáth sonraí íogaire a phróiseáil (mar shampla, rúin trádála, sonraí pearsanta nó Sonraí táirgthe iarbhír). Go ginearálta, ní bhíonn na leaganacha neamhtháirgthe sin sách forbartha chun próiseáil den sórt sin a dhéanamh agus bíonn in easnamh iontu cumais, rialuithe agus cumraíocht a bhféadfadh coinne réasúnta a bheith leis go mbeidís sa leagan táirgthe. Moltar go láidir don Chustaiméir gan Sonraí táirgthe iarbhír a phróiseáil i leaganacha neamhtháirgthe den sórt sin. Moltar leis na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo, má chinneann an Custaiméir déanamh amhlaidh, go ndéanfaidh sé ar a riosca féin é agus nach mbeidh an Soláthraí faoi dhliteanas má tharlaíonn sárú ar rúndacht Sonraí sna cásanna sin. Sa chás sin, féadfaidh feidhm a bheith ag socruithe sonracha dliteanais arna gcomhaontú ag na Páirtithe.

Ar an gcaoi chéanna, beartaítear leis an nGníomh um Shonraí cásanna nach bhfuil feidhm ag oibleagáidí áirithe maidir le seirbhísí a bhfuil formhór a bpríomhghnéithe saincheaptha, i gcás inar forbraíodh na comhpháirteanna uile le haghaidh Custaiméir aonair, nó maidir le seirbhísí a sholáthraítear i dtimpeallacht neamhtháirgthe. Dá thoradh sin, ba ghá an dliteanas i leith na gcásanna sin a chomhaontú go sainráite freisin.

Dliteanas teoranta

Is é an cleachtas gnó atá ann faoi láthair go gcomhaontaíonn na Páirtithe a ndliteanas a theorannú (go háirithe, an Soláthraí) i gcásanna áirithe. Leis na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo, moltar trí phríomhrogha chun dliteanas a theorannú:

— **Rogha A:** Tá dliteanas teoranta don mhéid a shainaithníonn na Páirtithe bunaithe ar mheasúnú riosca. Faoin rogha seo, déanann an dá Pháirtí measúnú riosca agus cuireann siad a dtorthaí ar fáil don Pháirtí eile sa chéim réamhchonarthach. Féadfaidh an Páirtí eile diúltú don mheasúnú riosca a fhaigheann sé. Má dhiúltaítear don mheasúnú riosca, féadfaidh na Páirtithe ceann de na roghanna eile a chur i bhfeidhm chun dliteanas a theorannú.

D'fhéadfadh sé go n-athrófaí an líon seirbhísí a fhaightear ón Soláthraí, agus go n-athrófaí an raon feidhme freisin (seirbhísí nua a chur leis nó roinnt seirbhísí a bhaint de). D'fhéadfadh sé gur ghá an measúnú riosca a athrú dá bharr sin agus ba cheart do na Páirtithe an teorainn dliteanais a oiriúnú chun an staid riosca iarbhír a léiriú. Moltar do na Páirtithe an sampla sa teimpléad measúnaithe riosca faoi Rogha A a sheiceáil sa chaoi go mbeidh siad ar an eolas faoi na rioscaí a bhaineann le Seirbhísí Próiseála Sonraí dá ngnó ar leith.

— **Rogha B**: Tá dliteanas teoranta do dhamáistí díreacha. Eisiatar damáistí iarmhartacha amhail caillteanas brabúis nó easnamh coigiltis. Is féidir an rogha seo a chomhcheangal freisin le Roghanna A agus C (i.e. dliteanas a theorannú do dhamáistí díreacha ach gan é a bheith níos airde ná méid arna shocrú ag na páirtithe tar éis measúnú riosca a dhéanamh nó arna chinneadh ar bhonn eile).

— **Rogha C:** Tá dliteanas na bPáirtithe teoranta d'uasmhéid réamhaontaithe is féidir a ríomh, mar shampla, ar bhonn (i) coibhéis táillí bliantúla aonair/iomadúla a d'íoc an Custaiméir leis an Soláthraí nó atá dlite aige dó;; (ii) an chumhdaigh árachais arna bhaint amach ag an Soláthraí a bhaineann leis na seirbhísí;; (iii) an uasmhéid a chumhdaítear le hárachas ginearálta dliteanais ghairmiúil an tSoláthraí;; nó (iv) meascán d'fhoirmlí éagsúla, e.g. foirmle a bhaineann le luach airgid na seirbhísí arna iolrú faoin méid atá cothrom leis na táillí bliantúla foriomlána (a íocadh nó atá dlite (nó nach bhfuil dlite fós) faoin gComhaontú) as na seirbhísí.

Slánú: Ní áirítear forálacha maidir le slánú sna clásail chonarthacha chaighdeánacha seo. Moltar do na Páirtithe a mheas cé acu a bheadh nó nach mbeadh gá ag Páirtí an Páirtí eile a shlánú ó aon éileamh ó thríú páirtithe, agus an t-éileamh sin a shéanadh air, arb é sárú ábhartha ar oibleagáidí faoin gComhaontú ba chúis leis nó a bhaineann le sárú ábhartha ar oibleagáidí faoin gComhaontú trí ghníomhartha nó neamhghníomhartha an Pháirtí faoi dhliteanas, a fhostaithe, a ionadaithe nó a fhochonraitheoirí, agus dá mbeadh gá leis sin, a mhéid a bheadh. I gcás Custaiméirí, féadfaidh an slánú a bheith infheidhme maidir le sárú an tSoláthraí ar a oibleagáidí rúndachta gan cearta maoine intleachtúla tríú páirtí a úsáid nó a shárú, mar shampla. I gcás Soláthraithe, féadfar a chumhdach leis an slánú sárú an Chustaiméara ar chearta maoine intleachtúla tríú páirtí nó éilimh tríú páirtí ar an Soláthraí as ábhar neamhdhleathach a bheith á óstáil ag an gCustaiméir.

1. Dliteanas

1.1. Dliteanas neamhtheoranta

1.1.1. I gcásanna ina sáraítear na hoibleagáidí faoin gComhaontú d'aon ghnó nó de dheasca mí-iompar toiliúil nó mórfhaillí, is é an Páirtí a dhéanann an sárú atá faoi dhliteanas i leith gach damáiste, faoi réir chlásal 1.2 thíos. [ROGHA] [Ach amháin mar a shonraítear i gclásal 1.2, tá an Soláthraí faoi dhliteanas gan teorainn i leith gach damáiste a dhéantar don Chustaiméir i ngeall ar shárú ar rúndacht Shonraí an Chustaiméara a phróiseáiltear faoin gComhaontú seo.]

1.1.2. I gcás ina sáraítear an oibleagáid gan Sonraí Páirtí a úsáid chun críoch seachas na críocha sin a chomhaontaigh na Páirtithe go sainráite, is é an Páirtí a dhéanann an sárú atá faoi dhliteanas i leith gach damáiste gan teorainn.

Is é an rún atá taobh thiar den rogha a áirítear faoi chlásal 1.1.1 rúndacht Shonraí uile an Chustaiméara a ráthú i gcomhréir leis na cearta agus na hoibleagáidí rúndachta agus a mhéid a chomhaontaítear sa Chomhaontú. De réir an dlí is infheidhme (mar shampla, RGCS, an Dara Treoir NIS, etc.), d'fhéadfadh oibleagáidí áirithe a bheith ar fhaighteoir faisnéise rúnda faisnéis áirithe a nochtadh do dhaoine/d'eagraíochtaí áirithe chun críoch a chomhaontaítear agus a thuairiscítear go sainráite sa Chomhaontú.

1.2. Tarscaoiltí dliteanais neamhtheoranta

1.2.1. Má chomhaontaíonn na Páirtithe dliteanas neamhtheoranta de réir chlásal 1.1.1, níl feidhm ag dliteanas neamhtheoranta an tSoláthraí maidir le Sonraí Custaiméara i leagan neamhtháirgthe de Sheirbhísí Próiseála Sonraí an tSoláthraí.

Féach Airteagal 31(2) den Ghníomh um Shonraí agus an nóta míniúcháin 'Tarscaoiltí dliteanais neamhtheoranta' de na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo.

1.2.2. Níl an Soláthraí faoi dhliteanas i leith na nithe seo a leanas:

(a) oibleagáidí nach bhfuil infheidhme maidir le Seirbhísí Próiseála Sonraí faoi (i) Airteagal 23(d) den Ghníomh um Shonraí (coibhéis fheidhmiúil a bhaint amach); (ii) Airteagal 29 (muirir mhalartaithe a tharraingt siar de réir a chéile); nó (iii) Airteagail 30(1) agus (3) den Ghníomh um Shonraí (gnéithe teicniúla den mhalartú) má tá formhór na bpríomhghnéithe i Seirbhísí Próiseála Sonraí an tSoláthraí saincheaptha chun freastal ar riachtanais shonracha an Chustaiméara nó i gcás inar forbraíodh na comhpháirteanna uile chun críocha an Chustaiméara, agus i gcás nach gcuirtear na Seirbhísí Próiseála Sonraí sin ar fáil ar scála leathan tráchtála trí chatalóg seirbhíse na Seirbhísí Próiseála Sonraí. Tá feidhm ag an tarscaoileadh má chuir an Soláthraí in iúl don Chustaiméir roimh thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Seirbhísí Próiseála Sonraí nach bhfuil feidhm ag na forálacha thuas den Ghníomh um Shonraí maidir leis na seirbhísí sin;

(b) sárú ar na hoibleagáidí a bhaineann le malartú idir Seirbhísí Próiseála Sonraí agus Seirbhísí Próiseála Sonraí a sholáthraítear mar leagan neamhtháirgthe chun críoch tástála agus meastóireachta, agus ar feadh tréimhse theoranta ama.

1.3. **Dliteanas teoranta**

Rogha A: Méid arna chinneadh trí mheasúnú riosca

1.3.1. Comhaontaíonn na Páirtithe a ndliteanas a theorannú i gcás sárú faillíoch ar oibleagáidí faoin gComhaontú seo do mhéid [...] in aghaidh an teagmhais, lena n-áirítear i gcás ina mbeidh feidhm ag sraith teagmhas nasctha mar theagmhas amháin. Is é an Páirtí éagóirithe a chinneann an méid de mheon macánta ar bhonn measúnú riosca nó meastacháin eile arna gcomhaontú ag na Páirtithe in Iarscríbhinn 1 (Teimpléad measúnaithe riosca). Déantar an measúnú riosca agus soláthraítear don Pháirtí eile é [... lá] sula dtugtar an Comhaontú i gcrích. Mura ndiúltaíonn an páirtí eile don mheasúnú riosca, tugtar an Comhaontú i gcrích ar an mbonn sin.

Féadfaidh na Páirtithe a chomhaontú aon tráth athmheasúnú a dhéanamh ar na rioscaí chun athruithe ar an staid riosca i ndáil leis na seirbhísí a léiriú. Chuige sin, féadfaidh siad úsáid a bhaint as an teimpléad a leagtar amach sa sampla [Teimpléad measúnaithe riosca]. Má thagann méadú nó laghdú ar an riosca don Pháirtí mar thoradh ar an athmheasúnú, féadfaidh an Páirtí sin a iarraidh go ndéanfar caibidlíocht ar an uasteorainn dliteanais i leith na seirbhísí chun léiriú a thabhairt ar an athrú ar an riosca a bhaineann leo nó ar choinníollacha breise ba cheart a chomhlíonadh, lena bhféadfaí praghsáil a áireamh nó leasuithe ar an gComhaontú ar Leibhéal Seirbhíse a comhaontaíodh. D'fhéadfadh na Páirtithe a chomhaontú, mura dtiocfar ar chomhaontú laistigh de [3 mhí tar éis iarraidh an Pháirtí], nach n-athrófar an uasteorainn dliteanais a comhaontaíodh ar dtús.

Rogha B: Damáistí díreacha

1.3.2. Comhaontaíonn na Páirtithe a ndliteanas a theorannú i gcás sárú faillíoch ar oibleagáidí faoin gComhaontú seo d'aon damáiste díreach a dhéantar.

1.3.3. Áirítear na nithe seo a leanas freisin ar dhamáistí díreacha: (i) costais arna dtabhú chun cúis agus méid na ndamáistí a chinneadh; (ii) costais arna dtabhú ag an bPáirtí éagóirithe chun damáistí díreacha a chosc nó a theorannú, ar choinníoll gurbh é an toradh iarbhír a bhí ar na costais sin gur coisceadh nó gur teorannaíodh na damáistí; (iii) damáiste i ngeall ar Shonraí a éillíodh, Sonraí nach raibh ar fáil nó Sonraí a cailleadh; agus (iv) costais arna dtabhú ag Páirtí amháin chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na seirbhísí na leibhéil úsáide a chomhaontaítear sa Chomhaontú, mura mbeidh an sárú sin leigheasta ag an bPáirtí eile laistigh den am a chomhaontaítear.

1.3.4. I gcás ina mbeidh feidhm ag sraith teagmhas nasctha mar theagmhas amháin, beidh dliteanas comhiomlánaithe an Pháirtí amháin i leith an Pháirtí eile as na damáistí sin mar a leagtar síos san abairt roimhe seo teoranta do mhéid [...].

Rogha C: Uasmhéid

1.3.5. Comhaontaíonn na Páirtithe a ndliteanas a theorannú i gcás sárú faillíoch ar oibleagáidí faoin gComhaontú seo, lena n-áirítear i gcás ina mbeidh feidhm ag sraith teagmhas nasctha mar theagmhas amháin, go huasmhéid [...].

1.4. **Fógraí**

Comhaontaíonn na Páirtithe go bhfuil aon fhógra eatarthu i leith na gclásal sin maidir le dliteanas le tabhairt (*líonfaidh na Páirtithe isteach na modhanna cumarsáide roghnaithe lena n-áirítear trí mhodhanna leictreonacha leordhóthanacha*).

1.5. **Ord tosaíochta**

I gcás ina mbeidh aon choinbhleacht nó neamhréireacht idir na clásail sin maidir le dliteanas agus aon socrú conarthach, téarma, coinníoll nó Comhaontú eile is infheidhme a bhaineann le dliteanas laistigh de raon feidhme na gclásal sin, beidh tosaíocht ag na clásail sin.

Foscríbhinn 1

Teimpléad measúnaithe riosca

Chun na rioscaí a bhaineann leis an tseirbhís a chinneadh, déanann Páirtí measúnú agus na rioscaí sonracha a bhaineann le neamhchomhlíonadh faillíoch ag an bPáirtí eile faoin gComhaontú á gcur san áireamh.

Ní mór an measúnú riosca sin a dhéanamh de mheon macánta. Ba cheart léiriú réalaíoch a thabhairt leis sin ar dhamáistí féideartha. I gcás ina mbeidh na méideanna measta ró-íseal, eisiafar dliteanas i leith damáistí níos airde. I gcás ina mbeidh na méideanna measta ró-ard, féadfaidh an Páirtí eile diúltú dliteanas a ghlacadh nó costais níos airde a éileamh.

Féadfar rioscaí breise a áireamh i gcás inar gá.

Tuairisc ar riosca		Meastachán ar dhamáiste
Briseadh gnó Caillteanas láimhdeachais de dheasca sárú conartha. Féadfar aga neamhfhónaimh seirbhíse féideartha agus na himpleachtaí a bheadh aige sin ar ghnó nó ar oibríochtaí an Pháirtí a mheas.	EUR	
Aisghabháil Sonraí Costais arna dtabhú as Sonraí a cailleadh, Sonraí nach raibh ar fáil nó Sonraí a éillíodh a aisghabháil. D'fhéadfaí a cheangal ar Pháirtithe bearta a chur chun feidhme chun a rioscaí a mhaolú, e.g. trí Shonraí cúltaca a bheith acu ag Soláthraí eile nó san áitreabh.	EUR	
Fíneálacha rialtais Is é atá i bhfíneálacha rialtais in aghaidh gnólachtaí, mar shampla, fíneálacha as sárú a dhéanamh ar dhlíthe cosanta sonraí nó ar fhorálacha rialála a eascraíonn as an Soláthraí a bheith ag oibriú na seirbhíse.	EUR	
Caillteanas rún gnó Is féidir go gcaillfear deiseanna gnó má nochtar rúin ghnó. Féadfar damáistí den sórt sin a ghnóthú le dlí.	EUR	
Sárú ar shonraí pearsanta agus gníomhaíochtaí feabhsúcháin Is féidir roinnt cineálacha costas díreach a bheith mar thoradh ar shárú ar shonraí pearsanta, ar costais iad a bhaineann le táillí dlí, costais dlíthíochta chomh maith le hiarrachtaí feabhsúcháin sonraí chun fadhbanna cáilíochta sonraí a bhaineann leis an sárú a cheartú.	EUR	
Caillteanas clú Féadfaidh páirtithe an tionchar ar chlú na cuideachta a mheas chomh maith leis na bearta a mbeidh gá leo (e.g. fógraíocht agus feachtasaíocht chun an tionchar ar chlú a chúiteamh). D'fhéadfadh sé a bheith deacair na costais sin a ghnóthú go hiomlán in imeachtaí cúirte.	EUR	
Dliteanas tríú-páirtí Le dliteanas tríú páirtí cumhdaítear dliteanas féideartha, mar shampla i leith soláthróirí, custaiméirí, fochonraitheoirí agus tríú páirtithe.	EUR	
An riosca iomlán a bhaineann le damáistí féideartha (suim)	**EUR**	

Ós rud é go soláthraítear Seirbhísí Próiseála Sonraí ar bhealach inscálaithe leaisteach, d'fhéadfadh sé go dtiocfaidh athrú le linn an Chomhaontaithe ar an úsáid a bhaintear as an tseirbhís a sholáthraíonn an Soláthraí agus ar an riosca dliteanais, go minic laistigh den raon sna comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse. Agus measúnú á dhéanamh ar na rioscaí tráth a thugtar an Comhaontú i gcrích nó ar bhonn athfhillteach, moltar do na Páirtithe cineál agus méid athraitheach na seirbhísí a léiriú i dteannta na ndamáistí teoiriciúla uasta a d'fhéadfadh a bheith ann. D'fhágfadh sé sin go mbeadh luach níos réalaíche ann don mheánúsáid seirbhíse nó don úsáid seirbhíse lena bhfuil coinne. Ba cheart do na Páirtithe an measúnú a ailíniú lena bpleanáil inmheánach freisin. D'fhéadfadh sé nach mbeadh feidhm chomhionann ag gach catagóir riosca a liostaítear maidir le Custaiméir agus Soláthraí ná maidir le réim ghnó shonrach Custaiméara.

IARSCRÍBHINN XI

CLÁSAIL CHONARTHACHA CHAIGHDEÁNACHA

maidir le neamhleasú

Tá sé tábhachtach go mbeidh na Páirtithe in ann brath ar na cearta agus na hoibleagáidí a chomhaontaítear sa chonradh agus nach n-athrófar na cearta ná na hoibleagáidí sin go haontaobhach, ach amháin faoi choinníollacha arna gcomhaontú go soiléir agus go frithpháirteach. Is fíor sin go háirithe i gcás fiontair bheaga agus mheánmhéide nó eagraíochtaí eile nach mbeadh acmhainní leordhóthanacha acu, b'fhéidir, chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na hathruithe aontaobhacha sin ar a ngníomhaíochtaí agus ar a misean. Is é is aidhm do na clásail chonarthacha chaighdeánacha maidir le neamhleasú tuilleadh soiléireachta agus muiníne a thabhairt do na Páirtithe agus téarmaí a bhaineann le leasuithe aontaobhacha á gcomhaontú acu. Leis na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo, tugtar aghaidh ar chásanna ábhartha agus ar shocruithe conarthacha a d'fhéadfadh a bheith bainteach leo. Tá sé beartaithe leo a áirithiú nach ndéanfaidh na leasuithe aontaobhacha sin dochar do leasanna ceachtar Páirtí.

Cur chuige i leith leasuithe aontaobhacha

Mar riail ghinearálta, ní féidir le ceachtar Páirtí an Comhaontú (lena n-áirítear na clásail chonarthacha chaighdeánacha) a leasú go haontaobhach agus ní mór é a chomhaontú go frithpháirteach. Ní cheadaítear leasuithe aontaobhacha áirithe ach amháin faoi choinníollacha diana dá bhforáiltear sna clásail chonarthacha chaighdeánacha seo. Léirítear é sin i gclásail 1.1.1 go 1.1.3 de na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo.

Leis na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo, aithnítear gur cheart an Soláthraí a bheith in ann leasuithe aontaobhacha ar na seirbhísí a sholáthraítear a mholadh in imthosca áirithe. Leasú Aontaobhach (Leasuithe Aontaobhacha) Ceadaithe a thugtar orthu sin agus leagtar amach iad i gclásail 1.1.3 go 1.1.6 de na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo. Ní féidir Leasú Aontaobhach (Leasuithe Aontaobhacha) Ceadaithe a mholadh ach aon uair amháin agus ba cheart na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh leis (leo):

(1) Cuireann sé (siad) feabhas ar sheasamh an Chustaiméara i leith na húsáide a bhaineann sé as an tseirbhís ón taobh conarthach, airgeadais, eagraíochtúil nó oibríochtúil de nó ó thaobh leibhéal na seirbhíse nó chomhlíonadh an dlí de nó ó thaobh eile de; agus

(2) Tugtar fógra don Chustaiméir faoi (fúthu) tráth nach déanaí ná 30 lá féilire sula dtiocfaidh aon Leasú Aontaobhach Ceadaithe den sórt sin atá beartaithe i bhfeidhm don Chustaiméir.

Leis an tréimhse fógra, beidh an Custaiméir in ann measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis, agus ar a indéanta a bheidh an Leasú ag an gCustaiméir agus ag páirtithe leasmhara, córais agus seirbhísí an Chustaiméara agus ar an tionchar a bheidh aige orthu.

I gceangal leis seo tá clásail chonarthacha chaighdeánacha eile a mholann an Coimisiún agus cumhdaítear leo ábhair shonracha seachas neamhleasú. Moltar do na Páirtithe machnamh a dhéanamh ar na clásail eile sin a úsáid freisin, toisc gur forbraíodh iad chun go mbeidís comhleanúnach agus go dtreiseoidís a chéile.

1. **Neamhleasú**

1.1. **Leasú**

1.1.1. Ní mór aon leasú ar an gComhaontú ('Leasú') a dhéanamh i scríbhinn, lena n-áirítear trí mhodhanna leictreonacha leordhóthanacha, agus beidh sé faoi réir toiliú frithpháirteach roimh ré, lena n-áirítear trí mhodhanna leictreonacha leordhóthanacha.

1.1.2. D'ainneoin chlásal 1.1.1, tá an Soláthraí i dteideal an Comhaontú a leasú má cheanglaítear sin chun go gcomhlíonfar an dlí éigeantach is infheidhme nach raibh i bhfeidhm cheana roimh dháta éifeachtach an Chomhaontaithe.

1.1.3. Ach amháin mar a fhoráiltear i gclásal 1.1.2, níl an Soláthraí i dteideal Leasú Aontaobhach ar na seirbhísí a mholadh ach amháin ar choinníoll:

(a) go bhfuil an Leasú sin tairbhiúil don úsáid a bhaineann an Custaiméir as na seirbhísí próiseála sonraí, mar shampla trí nuashonruithe feabhsaithe ábhartha a dhéanamh ar an tSeirbhís nó má tá gá leis ar chúiseanna slándála; agus

(b) gur comhlíonadh na coinníollacha uile a leagtar amach i gclásail 1.1.4 go 1.1.6 ('Leasú Aontaobhach Ceadaithe').

1.1.4. Ní fhéadfaidh an Soláthraí aon Leasú Aontaobhach atá beartaithe faoi chlásal 1.1.3 a úsáid chun athruithe cúlghabhálacha a chur chun feidhme nó a fhorfheidhmiú go díreach nó go hindíreach, ná chun leasú a dhéanamh ar chlásail sa Chomhaontú a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na gnéithe seo a leanas:

(a) rogha an dlí is infheidhme agus rogha fóraim;

(b) leasuithe nó nós imeachta um an gComhaontú a leasú;

(c) téarma agus foirceannadh;

(d) dliteanas;

(e) rúndacht;

(f) modhanna chun fochonraitheoireacht a úsáid agus modhanna chun fochonraitheoirí a athrú;

(g) cearta rochtana agus faisnéise;

(h) cuspóirí cáilíochtúla leibhéil seirbhíse;

Athruithe maidir le spriocanna feidhmíochta seirbhíse cainníochtúla agus cáilíochtúla a comhaontaíodh cheana féin laistigh de na leibhéil seirbhíse a comhaontaíodh mar aon le pionóis agus/nó creidmheasanna seirbhíse gaolmhara, féadfar iad a mholadh mar Leasú Aontaobhach Ceadaithe de réir chlásal 1.1.3.

(i) rialacha praghsála nó rialacha airgeadais eile;

Féadfar athrú ar na táillí comhaontaithe a mholadh mar Leasú Aontaobhach Ceadaithe de réir chlásal 1.1.3 ach ní mór do na Páirtithe na rialacha foluiteacha féin, amhail an mhodheolaíocht innéacsaithe praghsanna, a chomhaontú go frithpháirteach.

(j) an suíomh ina ndéantar na Sonraí a phróiseáil nó a stóráil má tá an suíomh sin lasmuigh den Aontas.

Is féidir leis na Páirtithe athruithe idir suíomhanna san Aontas a chomhaontú ó thús a gcaidrimh chonarthaigh nó is féidir leis an Soláthraí iad a mholadh mar Leasú Aontaobhach Ceadaithe. Mar sin féin, i gcás ina n-athrófar an suíomh ina ndéantar sonraí a phróiseáil nó a stóráil ó shuíomh laistigh den Aontas go suíomh lasmuigh den Aontas nó ó shuíomh lasmuigh den Aontas go suíomh eile lasmuigh den Aontas, ba cheart do na Páirtithe an t-athrú sin a chomhaontú go frithpháirteach.

1.1.5. I gcás Leasú Aontaobhach Ceadaithe atá beartaithe, ní mór don Soláthraí an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) fógra a thabhairt don Chustaiméir tráth nach déanaí ná 30 lá féilire mura gceanglaítear a mhalairt leis an dlí is infheidhme sula dtiocfaidh an Leasú Aontaobhach Ceadaithe atá beartaithe i bhfeidhm;

(b) faisnéis a sholáthar don Chustaiméir ar bhealach soiléir sothuigthe, lena n-áirítear:

i) raon feidhme, mionsonraí agus amlínte an Leasaithe Aontaobhaigh Cheadaithe atá beartaithe;

ii) an fáth a bhfuil gá leis an Leasú Aontaobhach Ceadaithe atá beartaithe, lena n-áirítear i ndáil leis an gcaoi a rachaidh sé chun tairbhe don úsáid a bhaineann an Custaiméir as na seirbhísí próiseála sonraí;

iii) an difríocht idir an staid atá i réim agus an staid a bheidh ann tar éis an Leasaithe Aontaobhaigh Cheadaithe atá beartaithe. Áirítear sa mhéid sin, go háirithe, aon iarmhairt chonarthach, airgeadais, eagraíochtúil nó oibríochtúil don Chustaiméir agus aon iarmhairt don Chustaiméir ar leibhéal na seirbhíse nó iarmhairt a bhaineann le comhlíonadh an dlí, más ann di;

Leis an tuairisc ar an difríocht sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar an staid lena bhfuil coinne a mhéid a bhaineann leis na cineálacha ábhartha custaiméirí atá ann cheana, agus na catagóirí a léirítear faoi chlásal 1.1.5(b)(iii) á gcur san áireamh. Déantar é sin chun a áirithiú go bhfeicfear don Chustaiméir agus go dtuigfidh sé na himpleachtaí is dóchúla a bheidh ag Leasú Aontaobhach a dtugtar fógra faoi. I ndáil leis sin, ní cheanglaítear leis an gclásal seo ar an Soláthraí fógra a thabhairt faoi mheasúnú atá saincheaptha do Chustaiméirí aonair.

iv) an amlíne atá beartaithe maidir le cur in úsáid agus cur chun feidhme, agus an dáta éifeachtach gaolmhar an Leasaithe Aontaobhaigh Cheadaithe atá beartaithe.

1.1.6. Má chomhlíonann an Soláthraí coinníollacha chlásal 1.1.5, measfar gur ghlac an Custaiméir leis an Leasú Aontaobhach Ceadaithe atá beartaithe ar dháta éifeachtach an Leasaithe Aontaobhaigh Cheadaithe.

1.1.7. Má sháraíonn an Soláthraí clásail 1.1.2 go 1.1.5 i ndáil leis an gComhaontú a leasú, beidh sé de cheart ag an gCustaiméir an Comhaontú a fhoirceannadh gan aon chostas breise agus cúiteamh a fháil as an damáiste a bhain dó (lena n-áirítear na costais as malartú chuig soláthraí eile seirbhísí próiseála sonraí). Ní dhéanann sé sin difear do chearta agus leigheasanna eile an Chustaiméara, lena n-áirítear maidir le hurghaire a lorg in aon chúirt inniúil is infheidhme chun ordú a thabhairt don Soláthraí leanúint de na seirbhísí a sholáthar mar a comhaontaíodh agus cúiteamh a fháil i leith damáistí a bhain dó, más ann dóibh.

Mura bhfuil leasú an Chomhaontaithe ag an Soláthraí i gcomhréir leis na forálacha conarthacha, ba cheart an ceart a bheith ag an gCustaiméir é a fhoirceannadh, rud ba cheart a thabhairt le tuiscint freisin, sa chleachtas, go dtabharfaí fógra um malartú chun an próiseas malartaithe a thionscnamh (féach Rogha A faoin gclásal conarthach caighdeánach maidir le malartú agus scor más rud é gur chomhaontaigh na Páirtithe Plean Malartaithe agus Scoir agus Rogha B i gcás malartú uathoibrithe féinseirbhíse). Mar sin féin, sna cásanna sin, ba cheart an Custaiméir a bheith i dteideal cúiteamh a fháil i leith na ndamáistí a bhain dó mar gheall ar ‘iallach’ a bheith air malartú chuig soláthraí eile, lena n-áirítear na costais a thabhaigh sé agus damáistí gaolmhara eile (féach an clásal conarthach caighdeánach maidir le dliteanas).

1.2. **Fógraí**

Comhaontaíonn na Páirtithe go bhfuil aon fhógra eatarthu i leith na gclásal sin maidir le neamhleasú le tabhairt (*líonfaidh na Páirtithe isteach an modh cumarsáide roghnaithe lena n-áirítear trí mhodhanna leictreonacha leordhóthanacha*).

1.3. **Ord tosaíochta**

I gcás ina mbeidh aon choinbhleacht nó neamhréireacht idir na clásail sin maidir le neamhleasú agus aon socrú conarthach, téarma, coinníoll nó Comhaontú eile is infheidhme a bhaineann le hathruithe ar an gComhaontú laistigh de raon feidhme na gclásal sin, beidh tosaíocht ag na clásail sin.

IARSCRÍBHINN XII

CLÁSAIL CHONARTHACHA CHAIGHDEÁNACHA

Sainmhínithe

Chun críoch na gclásal conarthacha caighdeánach, déanfar na téarmaí a úsáidtear a shainmhíniú mar a leanas:

Ciallaíonn 'Comhaontú' an Comhaontú i scríbhinn idir na Páirtithe i leith seirbhísí a sholáthar, aon leasú air nó aon fhorlíonadh a ghabhann leis, chomh maith leis na gníomhartha uile a bhaineann le comhlíonadh an Chomhaontaithe (na gComhaontuithe), lena n-áirítear, go háirithe, na Foscríbhinní a ghabhann leis;

Ciallaíonn 'Foscríbhinn' foscríbhinn, sceideal nó foilseán dá dtagraítear go sainráite sa Chomhaontú;

Ciallaíonn 'Custaiméir Seirbhísí Próiseála Sonraí (Custaiméir)' mar a shainmhínítear in Airteagal 2(30) den Ghníomh um Shonraí duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil caidreamh conarthach déanta aige le Soláthraí Seirbhísí Próiseála Sonraí chun Seirbhís Próiseála Sonraí amháin nó níos mó a úsáid;

Ciallaíonn 'sonraí' mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) den Ghníomh um Shonraí aon léiriú digiteach ar ghníomhartha, ar fhíorais nó ar fhaisnéis agus aon tiomsú de ghníomhartha, d'fhíorais nó d'fhaisnéis den sórt sin, lena n-áirítear i bhfoirm taifid fuaime, amhairc nó closamhairc;

Ciallaíonn 'an Gníomh um Shonraí' Rialachán (AE) 2023/2854;

Ciallaíonn 'muirir imeachta sonraí' mar a shainmhínítear in Airteagal 2(35) den Ghníomh um Shonraí táillí aistrithe Sonraí a ghearrtar ar Chustaiméirí as a gcuid sonraí a bhaint tríd an líonra ó bhonneagar TFC Soláthraí Seirbhísí Próiseála sonraí chuig córas soláthraí éagsúil nó chuig bonneagar TFC san áitreabh;

'Seirbhís Próiseála Sonraí' mar a shainmhínítear in Airteagal 2(8) den Ghníomh um Shonraí: ciallaíonn sé seirbhís dhigiteach a sholáthraítear do Chustaiméir agus lena gcumasaítear rochtain uileláithreach agus rochtain ar líonra ar éileamh ar chomhthiomsú comhroinnte d'acmhainní ríomhaireachta inchumraithe, inscálaithe agus leaisteach de chineál láraithe, dáilte nó an-dáilte, ar féidir iad a sholáthar go tapa agus a scaoileadh leis an méid is lú iarracht bhainistíochta nó idirghníomhaíocht soláthraithe seirbhíse. Chun críocha an Chomhaontaithe seo, baineann na Seirbhísí Próiseála Sonraí leis na seirbhísí sin a sholáthraíonn an Soláthraí don Chustaiméir nó atá le soláthar ag an Soláthraí don Chustaiméir mar a chomhaontaítear faoin gComhaontú;

Ciallaíonn 'Soláthraí Cinn Scríbe', mar a luaitear in Airteagal 2(34) den Ghníomh um Shonraí, soláthraí cinn scríbe na Seirbhísí Próiseála Sonraí a malartaíonn Custaiméir Seirbhísí Próiseála Sonraí chuige chun Seirbhís Próiseála Sonraí eile den chineál céanna Seirbhíse, nó Seirbhísí eile, a úsáid;

Ciallaíonn 'Soláthraí Foinseach', mar a luaitear in Airteagal 2(34) den Ghníomh um Shonraí, an t-eintiteas dlítheanach a bhfuil caidreamh conarthach déanta ag an gCustaiméir leis maidir le soláthar Seirbhísí Próiseála Sonraí agus Seirbhísí eile ag an Soláthraí faoin gComhaontú, agus a bhfuil sé beartaithe ag an gcustaiméir malartú uaidh anois chuig soláthraí eile;

Ciallaíonn 'sócmhainní digiteacha', mar a shainmhínítear in Airteagal 2(32) den Ghníomh um Shonraí eilimintí i bhfoirm dhigiteach, lena n-áirítear feidhmchláir, a bhfuil an ceart úsáide ag an gCustaiméir lena n-aghaidh, go neamhspleách ar an gcaidreamh conarthach leis an tSeirbhís Próiseála Sonraí a bhfuil sé beartaithe aige nó aici athrú uaithi;

Ciallaíonn 'sonraí in-onnmhairithe', mar a shainmhínítear in Airteagail 2(38) den Ghníomh um Shonraí, na sonraí ionchuir agus aschuir, lena n-áirítear meiteashonraí, a ghintear go díreach nó go hindíreach, nó a chomhghineann an Custaiméir, tríd an úsáid a bhaineann sé as an tSeirbhís Próiseála Sonraí, cé is moite d'aon sócmhainní nó Sonraí atá faoi chosaint ag cearta maoine intleachtúla, nó arb ionann iad agus rún trádála, de chuid Sholáthraithe Seirbhísí Próiseála Sonraí nó de chuid tríú páirtithe;

Ciallaíonn 'Teagmhas' sárú slándála fisiceach, teicniúil nó eagraíochtúil nó teagmhas comhchosúil a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith aige ar shlándáil agus leanúnachas gnó toisc go raibh sé ina chúis le mórshuaitheadh ar aon chóras agus oibríocht TF is infheidhme a úsáidtear idir an Soláthraí agus an Custaiméir le linn an phróisis malartaithe, nó ar an úsáid a bhaineann an Custaiméir as na Seirbhísí nó as Sonraí In-onnmhairithe agus Sócmhainní Digiteacha an Chustaiméara, nó go bhféadfadh sé a bheith ina chúis le mórshuaitheadh den sórt sin. Féach na clásail chonarthacha chaighdeánacha maidir le slándáil agus leanúnachas gnó

Ciallaíonn ‘idir-inoibritheacht’, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(40) den Ghníomh um Shonraí, cumas dhá cheann nó níos mó de spásanna sonraí nó de líonraí, córais, táirgí nasctha, feidhmchláir, Seirbhísí Próiseála Sonraí nó comhpháirteanna cumarsáide a bheith in ann sonraí a mhalartú agus a úsáid chun a gcuid feidhmeanna a dhéanamh;

Ciallaíonn ‘meiteashonraí’, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) den Ghníomh um Shonraí, tuairisc struchtúrtha ar ábhar nó úsáid na sonraí lena n-éascaítear aimsiú nó úsáid na sonraí sin;

Ciallaíonn ‘sonraí neamhphearsanta’, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(4) den Ghníomh um Shonraí: Sonraí seachas sonraí pearsanta;

Ciallaíonn ‘bonneagar TFC san áitreabh’ mar a shainmhínítear in Airteagal 2(33) den Ghníomh um Shonraí, bonneagar TFC agus acmhainní ríomhaireachta atá faoi úinéireacht, ar cíos nó ar léas ag an gcustaiméir, atá lonnaithe i lárionad sonraí an chustaiméara féin agus atá á n-oibriú ag an gcustaiméir nó ag tríú páirtí;

Ciallaíonn ‘Seirbhísí Eile’ gach seirbhís ghairmiúil d’aon chineál a sholáthraíonn an Soláthraí don Chustaiméir faoin gComhaontú mar a shainmhínítear ann, nach Seirbhísí Próiseála Sonraí iad;

Ciallaíonn ‘Páirtí’ an Custaiméir nó an Soláthraí;

Ciallaíonn ‘Páirtithe’ an Custaiméir agus an Soláthraí araon;

‘Sonraí Pearsanta’ mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), de Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (‘RGCS’));

Ciallaíonn ‘Plean’ an plean malartaithe agus scoir dá dtagraítear i Rogha A faoin gclásal conarthach caighdeánach maidir le malartú agus scor, mar a chomhaontaítear idir na Páirtithe faoin gComhaontú;

Ciallaíonn ‘próiseáil’, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 7 den Ghníomh um Shonraí aon oibríocht nó tacar oibríochtaí a dhéantar ar shonraí nó ar thacair sonraí, trí mhodhanna uathoibrithe nó trí mhodhanna eile, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, ceadú, úsáid, nochtadh trí tharchur, trí scaipeadh, nó trí mhodhanna eile lena gcur ar fáil, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, léirscriosadh nó díothú;

Ciallaíonn ‘Soláthraí Seirbhísí Próiseála Sonraí (Soláthraí)’ duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil caidreamh conarthach déanta aige le Custaiméir a bhfuil sé de chuspóir aige Seirbhís Próiseála Sonraí amháin nó níos mó a sholáthar;

Ciallaíonn ‘Cineál Céanna Seirbhíse’, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(9) den Ghníomh um Shonraí, tacar Seirbhísí Próiseála Sonraí a bhfuil an príomhchuspóir céanna, an tsamhail Seirbhíse Próiseála Sonraí céanna agus na príomhfheidhmeanna céanna acu;

Ciallaíonn ‘Seirbhísí’ na Seirbhísí Próiseála Sonraí chomh maith le gach Seirbhís Eile mar a chomhaontaíonn na Páirtithe faoin gComhaontú;

Ciallaíonn ‘Táille Seirbhíse’ na táillí atá dlite ag an gCustaiméir don Soláthraí mar chomaoin as Seirbhísí a sholáthar mar a chomhaontaíonn na Páirtithe faoin gComhaontú;

Ciallaíonn ‘malartú’, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(34) den Ghníomh um Shonraí, an próiseas a bhaineann le Soláthraí foinseach Seirbhísí Próiseála Sonraí, Custaiméir Seirbhíse Próiseála Sonraí agus, i gcás inarb ábhartha, Soláthraí Seirbhísí Próiseála Sonraí cinn scríbe, lena n-athraíonn custaiméir Seirbhíse Próiseála Sonraí ó Sheirbhís Próiseála Sonraí amháin a úsáid go Seirbhís Próiseála Sonraí eile den chineál céanna seirbhíse a úsáid, nó go seirbhís eile, arna tairgeadh ag soláthraí éagsúil Seirbhísí Próiseála Sonraí, nó go bonneagar TFC san áitreabh, lena n-áirítear trí na Sonraí a asbhaint, a chlaochlú agus a uaslódáil;

Ciallaíonn ‘muirir mhalartaithe’ muirir, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(36) den Ghníomh um Shonraí seachas táillí Seirbhíse caighdeánacha nó pionóis luathfhoirceannta, arna ngearradh ag Soláthraí Seirbhísí Próiseála sonraí ar chustaiméir as na gníomhaíochtaí a shainordaítear leis an nGníomh um Shonraí seo maidir le malartú go córas soláthraí éagsúil nó go bonneagar TFC san áitreabh, lena n-áirítear muirir imeachta Sonraí.